xix. (35) Adub*airt*[11] esp*ucc* Mac Cuirp fri Barrai : 'Madh mo chorp sa dech fon tálmain sun*n ar* t*ús*, ⁊ madh mh'anam dheachus[12] dochum[13] nimhe[14], gach aon iar*amh* atbéla i ccuairt[15] Corc*aigh*e nís léicceabh sa i nifern[16].' *Con*idh é iar*amh* esp*ucc* M*ac* Cuirp cedna m*ar*bh docuaidh fo úir Corc*aigh*e.

xx. (36) Ro ba[17] sniomh la Barrai beith cen an*mcar*ait iar mbás a shenora. *Con*idh iarsin[18] docuaidh do saigidh Eolaing, ⁊ ro fhoillsigh Día do Eolaing Barrai do rochtain cuicce. *Co n*eb*er*t ría muin*n*tir : 'Ticf*a*t aidhedha uaisle sun*n* aniu, ⁊ frithailid[19] iat im biadh ⁊ im fot*r*accadh.'

(37) Ro siacht B*arrai* iarsin, ⁊ dorala fertigis Eolaing dó, ⁊ ro fher failte fris, ⁊ adub*airt* : 'As fáilidh an senoir fribh[20] ; gatar[21] dibh ⁊ dén*aidh* bhar ffotracc*adh*.' Adub*air*t Barrai : 'As túiseacha dúin*n*[22] an senoir d'accallaimh.' Doch*úaid* an ferthigis do accallaimh Eolaing, ⁊ ro in*n*is dó aithescc Bharrai. Adub*air*t Eolang : 'Denadh Barrai a fothruccadh ar tús ; ⁊ doghénam iomaccallaimh iarsin. Táed chena[23] imb*ar*ach dia reiccles, ⁊ ricciubh[24] sa cuicce hi cind sea*cht*maine.'

f. 126$^b$ xxi. (38) *Ocus* is*edh* on ro comhailledh ; | oir tainic Eolang hi ccin*n* sea*chtmain*e co Corcaigh, ⁊ ro shlecht foc*ét*oir do Bharra, ⁊ is*edh* adub*air*t : 'Edbraim si duit si mo chill, ⁊ mo chorp, ⁊ m'anmai*n*.' Ro chái Barrai iarsin, ⁊ isedh adub*air*t : 'Ni hedh sin ro imráidhi*us*a, *acht* gomadh mé ro edhbradh duit si mo chill.' Atrub*air*t Eolang : 'Bidh amhail atb*er*im si bías ; óir as hí toil De. *Ocus* at ionmhain si ag Dia, ⁊ at móa inú sa[1]; *acht* cuinghim si logh m'edhb*ar*ta cuccat sa .i. g*ur*ab i naen baile bhes ar neiseirge.' Adub*air*t Barrai: 'Rot bia sa si*n*; acht am sniomhach sa fós imon anmchairdes.' Adub*air*t Eolang: 'Rot gebha an*m*chara do dhiongmala dom laim si aniu.'

---

[1] Conaire St. ; Ir.$^2$ [2] Liubhair St. ; Ir.$^2$ (12) ; Lubhar Ir.$^2$ (168). [3] Cill Fiacha Ir.$^2$ (12). [4] Seancheall Ir.$^2$ [5] Broices St. ; Buircheas Ir.$^2$ [6] Miotoine St. [7] Mocholmog St. [8] *om.* St. [9] This is the reading both of Br. and St., and also of Mart. Don. March 6, p. 64, which quotes this chapter ; Ir.$^2$ reads Cill an Atain ; but probably the text should be corrected by LL 360 left margin : Muadan o *Chill Muadain* i Sleib Coirpri, where the names of both the bishops mentioned in the text seem to be preserved. For the passage 'Fingin . . . Nuaitin' Ir.$^2$ (12) reads : Fingin ⁊ Trian ro ghabhsad Domnach Mór .i. í Miotaine, Mocholmog ro gabh Ros Oilithre, Rubhán ⁊ da easbog eile do gabh Cill an Atain ; Ir.$^2$ (168) only has : Fingin ⁊ da easbog eile do gaib Cill an Atain. [10] oir robdar daltadha uile do Bharra iad, *add.* St. [11] § 35 = M § 13$^b$. [12] rechas St. [13] St. p. 13. [14] as fochedoir *add.* St. [15] gach aon dogeabha bás 'san reilic so St. [16] go brach St. [17] §§ 36-39 = M § 14. [18] aire sin St. [19] fritheoilter St. ; frithealtar Ir.$^2$ [20] réomhad ⁊ read chuideachtain Ir.$^2$ [21] bentar St. [22] linn St. ; Ir.$^2$ [23] téighedh iaram St. [24] reaghad St.

(39) *Ocus* is*edh* ón ro comhailledh; úair dorad Eolang lamh Barrai hi llaimh in Coimdhedh budéin ag ulaidh Eolaing hi fiadhnaisi aingel ⁊ archaingeal, ⁊ as*edh* adub*air*t: 'A Coimdhe, geibh cuccat an duine firén so.' *Ocus* ro ghabh iarsi*n* an Coimdhe lamh Barra cuicce[2] for nemh. Adub*air*t im*morro* Eolang: 'A Choi*m*de, na beir uai*m* anosa anti Barrai, go ti aims*er* a tuaslaicthe a curp.' Ro leicc an Coimdhe úadh iarsi*n* lamh Barrai. *Ocus* on ló si*n* ni cáemhnacc*air* nach nduine feghadh a laimhe ara taitneimhche[3]; conadh aire sin no bídh lámhan*n* ima laimh dogrés[4].

xxii. (40) Tainicc for menm*ain* do Bharrai tormach taisi naomh do chuinghidh dia reilicc. Tainicc iar*amh* an taingel dia accallaimh, co neb*ert* f*r*iss: 'Eircc si amárach hi ccrich Ua cCriomhtain*n*[5] súas, ⁊ ataid taissi espucc[6] an*n*.' Docuaidh B*ar*ra i*ar*nam*ar*ach do Dhisiurt Mór. *Co n*aca an*n*sin senadh[7] acc adhnacal na ttaisi dia ndeachaidh siumh d'*iarraidh*. 'Maith sin', *ar* B*ar*ra fri Fia*m*ma m*ac* nEoghain; 'cidh dognither lat an*n*sin?' 'Is*edh* so', *ar* Fiama; 'aingel Dé tainic do*m* accallai*m*h aráeir, *co n*eb*er*t f*r*im tea*cht ar* cean*n* na ttaisi so ait irrabhatar, *conus*[8]tucc*us* ass.'

(41) 'Assí sin caingen domfucc sa[9] om tigh', ol Barrai. 'Cidh bías an*n* di*no*?' *ar* Fiam*m*a. 'Ni conntab*air*t', ol B*ar*ra, 'leiccfitther duit si na taissi.' 'As maith sin', | ar Fiama, '⁊ rot fía sa[10] a logh. f. 127$^{a}$ Bidh lat an baile so, *con*a taisibh oníu co brath.' 'As ced', ol Barra, 'bidh maith an baile, ⁊ bidh airmittn*ech* a co*m*h*ar*ba i ttalamh.' *Con*adh aire sin ro airiltnighestair Fiama tiodhnacal[11] cuirp *Crist* do Bharrai hi llaithe a eitsechta[12].

xxiii. (42) As lir tra tuirim ˋ⁊ aisneisˊ a ndoróine Dia d'fertaibh ⁊ mirbhuilibh ar naemh B*ar*ra. Ar ni fhuil neach ele *con*ís*edh*[13] a faisnéis uile mina tís*edh* féin no aingel Dé dia nin*n*isin. As lór im*morro* araidhe an becc so dibh[14] ar deismire*cht* a betha inmedhon*aigh*, ⁊ a airb*ert* bith cach laithi, a inísle ⁊ a umhla, a chendsa ⁊ a cáenbharraighe, a ainmne ⁊ a ailgine[15], a dheirc ⁊ a t*r*ocaire ⁊ a dhilgaidhchi, a áeine ⁊ a apstanaint, a ern*aigh*the grésach, a fhrithaire ⁊

---

[1] ina misi St. [2] ag altóir ⁊ ag uladh Eoluinn fein, *add.* Ir.$^2$ [3] niorb fheidir le haon nech fechain aran laim sin le med a deallraidh St. [4] dognaith St.; Ir.$^2$ adds: ⁊ as uime sin dligeas gach easbog da mbiaid a cCorcadh coiméad do bheith ar a lamhuin*n* (laimh 168) aige Ir.$^2$ [5] Ó gCobhthuinn Ir.$^2$ [6] naom St. [7] seannóir Ir.$^2$ [8] St. p. 15. [9] an cuis tug misi St. [10] dogebhair si St. [11] aire sin fuair F. tabairt St. [12] bháis St. [13] aon duine lé modh (= le mbudh) eidir St. [14] nach fuláir an beagán so do smúaineamh Ir.$^2$ [15] ailgenuighe St.

a menma innithmheach[1] i nDia dogrés[2]. Ni fhuil nech aile *con*ic a innisin, acht mina tísadh budéin, nó aingel Dé dia in*n*isin.

(43) Ar robt*ar* ili buadha antí naemh B*ar*rai, ar fa fer firen go ngloine aiccnidh amhail uasal-ath*air*; ba fír-ailithir é amhail Abram; ba cen*n*ais, diuit, dilgadhach[3] o chr*idh*e amail Móysi; ba psalm-cetl*aidh*[4] molbt*ach* tog*aidh*i am*ail* D*aui*d; fa hestadh eccna ⁊ eolais am*ail* Sholm*an* m*ac* nD*aui*d. Fa lest*ar*[5] tog*aidh*e f*r*i fóccra firin*n*e am*ail* Pól naps*tal*. Ba fer lan do rath ⁊ do deolaidhe*cht*[6] an Spirta Náeimh am*ail* Eoin m*ac*an. Ba leoman *ar* nert ⁊ ar chum*ach*ta, ba rí *ar* órdan ⁊ airech*us*, fri saeradh ⁊ dáeradh, fri m*ar*b*adh* ⁊ bethucc*adh*, fri cuibh*rech* ⁊ túaslaccadh[7]. Ba nat[h]*air* ar tuaicle ⁊ treab*air*e[8] im gach maith; ba colum *ar* cennsa ⁊ diuite [a naghaidh gacha huilc[9]].

(44) Ba he an lubgort cáin lán do luibhibh sualcha. Ba he an top*ur* glainidhe t*r*iasa nighthe pectha in phopail ro erb Dia dó, do lessucc*adh* ó ghloine a fhoircetail. Ba he di*no* an nell nemh*dha* t*r*iasa t*us*midhthea[10] talamh ina heccailsi .i. anman*n*a na firen o bráenaibh a f*or*cetail sidhaigh sualtaigh[11]. Ba hé di*no* an lochran*n* órda ro hadnadh on Sp*irut* Naemh, asa teichit dorcha ⁊ t*ar*gabal[12] i tegdais an
f. 127b Coimdedh .i. isin ecclais. Ba he[13] di*no* | an teine taidhleach[14] go ng*r*is goirthi[15] ⁊ fhadaidh déirci hi cc*r*idibh na mac mbeth*ad*. Ba he fós an b*ar*c bith-buadhach no laadh slogha na nil-phop*al* t*ar* ainbhtine an domhain co t*r*acht na heccailsi nemhda. Ba he di*no* an fethal coisrecctha an righ nemdha dognídh sídh ⁊ ca*on*-com*r*ac et*er* Dia ⁊ duine.

(45) Ba he di*no* an t*ar*d-máer ⁊ an recht*air*e ro-úasal ro fháid an taird-ri nemhdha do thobach císa[16] sualach ⁊ soighnío*m*h o clan*n*aibh na nGaeidel. Ba he di*no* an lia loghm*ar* o ccu*m*hdaighthea an ruir'th'éch nem*dha*. Ba he di*no* an lest*ar* glainidhe t*r*iasa todáilte fín breithre Dé dona hil-poiplibh filet i*ar*na cul. Ba he di*no* an morbhrugh*aid* sona sobh*ar*tanach an eccna ⁊ in eolais nó ícad bo*cht*a na firinne o iom*at* a f*or*cetail. Ba he di*no* gescca na fír-fínemhna .i. Cr*ist* do th*ar*cudh bethaidh ⁊ sásadh don domhan. Ba hé di*no* an fír-liaigh no ícadh gallra ⁊ tedhman*n*a cuirp ⁊ anma gach duine irisigh isin ecclais. Ropt*ar* iomdha t*r*a buadha antí naomh Barrai *co n*a cu*m*aing duine a tuiremh ar a niomat.

xxiv. (46) Atad[17] sea*cht* míorb*uil*i rele sun*n*, ite ro tion*n*laic Dia do Bairri naemh seach na huile naemha ele .i. labhra dó ríana ghein i mbroinn a mháthar; 7 lab*air*t di*no* fhol*lus* ele focettóir iarna ghein ria nai*m*sir cóir; 7 edhb*air*t dó riana bhathais; 7 ferta do den*amh* dó gan a ett*ar*guidhe impu; 7 aingil no beirtis hé[1] gach *con*air no téighedh, 7 no bíttis ina coimhitteacht; 7 Eolang do thab*air*t a laimhe i llaimh nDé; 7 dá lá décc don gréin iarna écc gan a dorchugh*ad* o nellaibh; 7 dreimire óir do bheith ina ecclais do airicill na nanmand naemh t*r*it docu*m* nimhe, am*ail* at*connair*c Fursa craibt*ech* indsin.

---

[1] shiorruidhe St. [2] dognaith St. [3] cennais caoin-maithfiodhach St. [4] sailm-chiallach Ir.2 [5] soithech St. [6] ⁊ d'eolas St. [7] St. p. 16. [8] gliocas St. [9] From St.; *om.* Br. [10] budh sáoi é a néaluibh nimhe trésa bfaicthear Ir.2 [11] Ba he an topur . . . sualtaigh *om.* St. [12] dorcha cionad St. [13] From this point down to 'sásad don domhan' in § 45 *om.* St. [14] theilgtheach Ir.2 [15] gorúidhe Ir.2 [16] MS. císa ⁊; a chiosa suibhailceadha Ir.2 [17] §§ 46–50 = M § 15; St. omits § 46.

xxv. (47) O thainic tra laithi etsechta[2] an fhir fora rabhat*ar* na hilbuadha sin .i. antí naemh Barra, i*ar* níc do dall 7 clamh 7 bacach 7 bod*har* 7 amlob*har*, 7 áesa gacha hinlubhra[3] *ar*cena; i*ar* fotucc*adh* ceall | 7 recclés 7 mainistreach imdha do Dia; 7 iar noirdnedh f. $128^a$ in*n*tibh sein eps*cop* 7 shaccart 7 áesa gacha g*r*aidh *ar*cena, fri hong*adh*, 7 cosmadh, 7 coisreccadh, 7 bennach*ad* tuath 7 cenel, fri bathais, 7 chomna, 7 an*m*chairdes, 7 foirchetal, 7 coimhett irse 7 creidmhe isna criochaibh sin dogrés[4], dochúaidh iar*amh* Barrai do Chill na Cluaine do accallaimh Corm*aic* 7 Baithine.

(48) Dorocht im*morro* Fiam*m*a ina comhdhail siu*m*h go Cill na Clúaine, go ro bhen*n*ach cach dibh dia'roile[5] ina mbraithribh naemhaibh; 7 do raidh Barra f*r*iu somh: 'As mith*ig* damh sa[6] mo thúasluccad a carcair cuirp[7] 7 tea*cht* dochum an righ nemh*dha* fil occam thogairm[8] cuicce anosa[9].' Ro gabh iar*amh* Barrai sacarfaic an*n*sin do laimh Fiama, 7 ro fáoidh a spir*at* dochum nimhe occan ccrois i medhon Cille na Cluaine.

xxvi. (49) Teccait[10] iarsi*n* a mhanaigh 7 a dheiscip*uil*, 7 senadh[11] ceall Desmum*an* do thórromha 7 d'onórucc*adh*[12] cuirp a maighistreach .i. antí naemh Barra, 7 non berat léo co hionad a eiseirghe .i. Corcach.

xxvii. (50) Ro sínedh trá dona sruithibh an lá sin .i. lá eitsechta antí náem B*ar*ra; nír leícc Día gréin fo talmai*n* [co cend[13]] da la *décc* i*ar*si*n* .i. an céin[14] ro bhatt*ar* senadha cheall Desmum*an* im corp a maighistreach d'iomnaibh[15] 7 psalmaibh, 7 aifren*n*aibh 7 ceilebh*ar*taibh. Teccait di*no* aingil nimhe i frestal[16] a anma, 7 nos berat leo co nonóir 7 *air*mittin docum nimhe, bail i ttaitne am*ail* grein i naentaidh uasal-aithr*ech* 7 fáthu, i naent*aidh* apstal 7 deiscip*ul* Ísa, i naent*aidh* noi ng*r*adh nimhe na dernsat im*ar*b*us*, i naent*aidh* diadh*acht*a 7 daen-

---

[1] 7 aingeal Dé ag deanamh tréora dhó Ir.$^2$

[2] báis St.

[3] tedhma St.

[4] fri hongadh . . . dogrés *om.* St.

[5] dia cheile St.

[6] lemsa St.

[7] sgarad rem corp budhesta St.

[8] cuired St.

[9] Here Fer. resumes after the lacuna.

[10] From here to 'ceilebhartaibh' in § 50 is omitted by St. at this point, and inserted at the end of § 50.

[11] coimthionol St.

[12] d'anoir Fer.; St.

[13] From Fer.

[14] fedh St.

[15] co nimnaib Fer.; St.

[16] a gcuinni St.

*nachta*[1] M*ei*c De, i náent*aidh* as uaisle gach náent*aidh*, i náent*aidh* na naemh T*r*inoitte, Ath*air*, M*a*c, 7 Sp*ir*at Naomh[2]. Amen. Finit.

(51) An brath*air* bo*cht* Michel o Clerigh ro scc*r*iobh an bhetha so Bharrai i cCorcaigh i cconueint na mbrath*ar* as leabh*ar* memruim le Domhnall o nDuinnín, 24 Iunii 1629.

---

[1] St. p. 17. [2] St. inserts from above (v. p. 21, note 10); then adds: iar mbreith buadha o demhan 7 doman dó. Ailim trocaire Dé uile-cumachtaigh go roisium 7 go ro aitreabham uile amhluigh sin in secula seculorram (*sic*). Amen. Finit. Ir.[2] (168) has the following colophon: Agsin betha Barra do réir mur fua[i]r an tatha[i]r Eoghan ó Caoim i a leabur hI Cruimin o Achadh Bolg, 7 'arna haithsgriobhadh (MS. haithigiobh) le Seagan o[g] ó Conaill a mBale Putéil 1772, 7 'arna treas-sg[r]iobh[adh] le hEogan Caomhánach an 18 mad la d'earrach i[n] oidche oio innide (?) 1817. The copy of Ir.[2] in King's Inns MS. No. 19 has a similar colophon: Agso beatha Bara do rer mar fuarus sgriobtha a leabar hI Cruimin o Achad Boln— (?).

# Betha Beraigh.

f. 71a

i. (1) *Ego sitienti dabo de fonte aquae uitae gratis* .i. antí shan*n*taighes in fhírin*n*e dobér sa dó ind ascuidh do top*ur* in uiscce bíi. *Qui uicerit possidebit hec* .i. anti chlófes, as do dobértar na neithi si. *Et ero illi Deus*; 7 as meisi b*ús* Dia do. *Et ille erit mihi filius*; 7 bidh mac eisiumh damhsa. Íosa C*riost*, M*a*c De bí, ticcerna na nuile dúla, an tres[1] p*er*sa na dhiadhachta, medhon-sídhaighthi[d] muin*n*tire nimhe 7 talm*an*, slainícidh an cinedha daonna, isé ro raidh na briath*r*a sa do tioncoscc in mor-maithesa tidhnaices dia naemhaibh, 7 dia fírenaibh, 7 don[2] foirin*n* doberatt mor-g*r*ád do isin ecclais abh*us*.

(2) Eoin im*morro* m*a*c Zebedei, comh*ar*ba na hoighi, and*ar*a haps*tal déc* ro togh Iosa ina apstalacht, in cetram*adh* fer ro scriobh an soisc*él*a coimdhetta, antí ro suidhig[3] top*ur* in fhir-eccna do ucht[4] an tslainicedha, ise ro scrioph na briatra sa, *co n*a farocaibh a ccuimne lasin ecclais co dei*redh* an dom*ain*, co nab*air* hi sund: *Ego sitienti dabo de fonte aque uitae gratis.* Intí shan*n*taighes an fhirin*n*e dobér sa dó ind ascaidh do thop*ar* ind *us*ci bíi.

(3) Comúaim im*morro* na briat*har* sa ise leth ataebi la hEoin co dú i nerbairt Íosu reimhe: *Ego sum alpha 7 ó, Ego initium et finis* .i. as me tos*ach* na nuile dul, 7 as mé as [f]orbha. *Con*idh for sliocht a maghistreach Iosu. *Ego sitienti dabo de fonte aquae uitae gratis.* Intí san*n*taighes an fírinne, | dobér sa ind ascaidh dó do top*ur* in uiscce bí. f. 71b *Qui uicerit possidebit hec* .i. antí clofes, as dó dobérth*ar* na neithe si. *Et ero illi Deus* . 7 as meisi b*us* Día dó . *Et ille*[5] *erit mihi filius.* 7 bidh mac eisiumh damhsa.

(4) Is on top*ar* sa tra .i. o Íosa C*riost*, as top*ar* fír-eccna, ro lionadh ina huile naemha o rath eccna 7 faistine, o fertaibh 7 miorbuilibh, ó cumachtaibh díaisneidhe, ó ion*n*arbadh demhna 7 eitritec*dha*, oc traeth*ad* ingrein*n*te[6] 7 iodhal-adh*ar*ta, 7 m*a*c mallachtan, amail ro lionadh antí diatá líth 7 foraithmet ind eccmaing na ree si 7 na haimsere .i. an lasair lain*n*erdha, 7 an lochrand sol*us*ta, 7 an ruithen taitnemhach, 7 an lía lógm*ar*, 7 an gescca tóirtech co cclann*aibh* sualach .i. Berach[7] m*a*c Nemhnaill[8], m*ei*c Nem*ar*gein, m*ei*c Fintai*n*, m*ei*c Mail, m*ei*c Dobhtha, m*ei*c Áeng*us*a, m*ei*c Erca d*ei*rg, meic B*r*iain, m*ei*c

---

[1] andara F. [2] MS. do don. [3] = suig; suidighestair F. [4] so F; MS uiscce. [5] MS. illi. [6] ? -tide; so F. [7] = R § 2. [8] This might be read Nemhuaill.

Each*ach* Muighmedhoin. Finmait ingen C*ar*th*aigh* .i. deirbhsíur do c*r*uimther Fráoch, math*air* Beraigh. Is an*n* iar*amh* atfiadh*ar* ní do f*er*tuibh ⁊ miorbuilibh anti naemh Beraigh.[1]

ii. (5) Mór[2] tra an onoir ⁊ in *air*mitt*iu* dorad Dia do naemh Berach, co ro foillsicch*edh* *tri*asin taircettal ro thirchan Patraicc occan proicept ‵dorinne′ do *Connacht*uibh, ⁊ occa mbaist*edh*. *Conus* tarla Pat*r*aicc[3] do tigh Dobhtha m*ei*c Aeng*us*a. Ferais iar*omh* Dobhtha mór fáilte f*r*ia Pat*raicc*; ⁊ ferais a seithche ⁊ a clan*n* an c*ed*na fris.

f. $72^a$ (6) I*ar*sin asbert a seitche fri Dobhtha dol do sheilcc. | Doluidh iar*omh* Dobtha *con*a m*a*cuibh do sheilcc. Is an*n*sin iar*omh* do toirbhir an Coimdiu tri domha alltai ⁊ mucc all*aidh* do Dobhtha foc*ét*óir, ⁊ da m*a*cuibh. *Ocus* ruccs*a*t leo dochum a tighe, go háit hi raibhe Pat*raicc* cona cleirchibh.

(7) Is an*n*sin di*no* ro forbhanadh an la aca, ⁊ tangatt*ar* dorchata na hoidce, ⁊ ni frith lochrand no coin*n*el frisan dingentai an fiadach do cosc*c*radh, nó do lucht*air*echt hi llios no a tegdais Dobhtha. Ro ba toirrsech di*no* Dobhtha *con*a mhuintir donní hí sin. Is an*n*sin im*morro* dorin*n*e Pat*r*aicc an mór-mhiorbhail .i. doraithne in grian ina frithing dar colair fhuinidh, go ro shoillsigh d'feraibh Er*enn*, ⁊ go ro urlamhaigh Dobhtha guna muin*n*tir an proin*n* dona cléircibh, ⁊ co ro caithset na cleirigh ⁊ Dobhtha *con*a mhuin*n*tir an proin*n*; ⁊ doronsat altucc*adh* buidhe do Día, ⁊ ro mór-molsat an Coimde et*er* cle*rech* ⁊ laoch; *con*adh desin ain*m*nigther Ach*adh* nGréine beos.

(8) An tan im*morro* ro baoi an coire forsan teine, ⁊ meic Dobhtha imo*n* tene, is an*n*sin a*tr*acht Dobhtha do fadudh na teinedh, ⁊ dorad lasair fuirre focéttóir. Is an*n*sin do raidh Pat*r*aicc fri Dobhtha: ‘ni bía aen cenn*acht* dot siol féin úas do chin*iud* co tí an brath.’ ‘Pudh*ar* sin, a cleir*igh*’, ar Binen, ‘ar is maith doroine Dobhtha a nderna .i. ar umhalóitt duin*ne*.’ Is an*n*sin do raidh Pat*r*aic gomadh cenn ar thotacht, ⁊ gom*adh* flaith gach laoch úasal no biadh dia síol, gom*adh* *ar* f. $72^b$ iomatt an dagh-laoch na raibhfitis | fo aon cin*n*[4].

iii. (9) Arnamh*ar*ach da*no* doroine Pat*ra*icc p*ro*cept na hirsi catoilica ó incollucch*adh* m*ei*c Dé có a eseirghe do Dobhtha. Iar forbadh in proicepta do ráidh Dobhtha fri Pat*r*aicc: ‘Dént*ar* mo bhaisttedh sa fes*ta*, ⁊ baisttedh mo muin*n*tire.’ ‘Nocha tó’, ol Pat*r*aic. ‘Cind*us* cena?’ ol Dobhtha. ‘Mac gheinfes on cethram*adh* fer do tor*udh* do shliasta sa a cin*n* *sescat* b*liadhan*’, ol Pat*raicc*, ‘as é nod baisttfe, ⁊ bidh lán Éiri ⁊ Alba dia chlú, ⁊ dia fhertaibh, ⁊ dia míorbuilibh; bidh nath*ar* neimn*ech*, bidh saighnén áighthidhe, adhuathm*ar*, loiscn*ech*, bidh ton*n* brátha do m*ar*b*adh*, ⁊ do losc*cedh*, ⁊ do badhadh na ningrin*n*ti[5]; bidh umhal, inísel, cennais, dilgadach, dércach fri muin*n*tir an Coimd*edh*, bidh óir-lest*ar* tocc*aidhe*, lán d'eccna, 7 d'airmittin, 7 d'óighi, 7 dona huilibh shubailcibh 7 shoighniomhaibh.'

---

[1] Rather over a line left blank in MS. [2] = R § 3. [3] The words *no* Patraicc are interlined; the text has Fintan. [4] MS. cinedh [5] ? ingrinntidi.

(10) Cíar bó faóil*idh* da*no* Dobhtha do*n* t*air*cetal sin, ro ba bronach, 7 doróine fodhord mor fri Pat*r*aicc. Asbert Pat*r*aic fri Dobhtha: 'Biaidh fodhord go brath it dheg*aidh*.' Asb*er*t Binén fri Pat*r*aicc: 'Is *ar* maith riot sa doróine Dobhtha an fodord.' Asb*er*t Pat*r*aicc: 'Madh laoch nos cobhradh an fodhord, buaidh ngaiscc*idh* fair; madh ben, son[as] cuiledh; madh cleir*ech*, buaidh foghlama 7 cráb*aidh*. *Ocus* da*no* ni racha Dobhtha don tsaoghal, go ro baistte an mac thairng*er*tach é.' *Ocus* ro ba mór forbailte Dobhtha donní si*n*; *ocus* is on fodhord sin atá fodord mui*n*tire Beraigh aníu; 7 is a maisi téitt dóibh.

(11) Forfhagaibh t*r*a Pat*r*aicc fágbála maithe iom*dha* do Dobhtha 7 dia chlannmaicne .i. forfagaibh doibh ina | fhoc*r*aibh buaidh nein*igh* f. $73^a$ 7 sobhartai*n* for a mnaibh, 7 buaidh ngaiscc*idh* for a laochaibh, buaidh nein*igh* 7 crab*aidh* 7 foghlama for a ccléircibh, buaid ngar-inghion 7 ng*ar*-mac 7 daltadh léo, acht co nderndáis réir an mh*ei*c thairngert*aigh*. *Ocus* forfaccaibh go mbeittís oirdn*idh*e laoch 7 cleir*ech* dia siol go brath.

iv. (12) Is an*n*sin asb*er*t Dobhtha fri Pát*r*aicc: 'Citne man*aigh* fágbá don m*a*c so?' Asb*er*t Pat*r*aicc: 'Cran*n* as gach tene uime fora theinidh; 7 crand ó mo theinidh si fora theine.' i. Idh m*a*c Oéng*us*a, ar isé Pat*r*aicc ro bhaistt Idh. *Ocus* forfaccaibh a ttindscetal man*ach* do Bherach. Is an*n* ro ord*aigh* Pat*r*aicc gomadh isin Clúain ar brú an locha no chumhdaigedh an m*a*c tairngert*ach* a chathraigh. *Ocus* ro ordaigh gom*adh* a terman*n* a bfuil et*er* in móna 7 in loch .i. an magh *con*a cluai*n*tibh caille, 7 co ndoiribh móntaigh. *Ocus* forfáccaibh go mbíadh sobh*a*rta*n* isin chathraigh sin, 7 go mbeith tene béo in*n*te co dheir*edh* an dom*ain*; 7 gom*adh* hí an treis teine deighenach no bhíadh i ní*ar*th*ar* an bhetha.

(13) Is an*n*sin ro raidh Dobhtha: 'As doirbh an tionadh anta.' Asb*er*t Patraicc: 'Anní as doirbh la daoinibh, as soirbh la Día, 7 biaidh a saoth*ar* imaille risan mac; 7 beid a naoimh áontad*aigh* ag dítten a cathrach. *Ocus* bidh cenn cathrach niom*dha* a chathair. *Ocus* gibé tí i nacch*aidh* an meic si*n*, gét*ar* nemh 7 talamh aire, 7 ara chloin*n*, 7 ara íartaighe, muna dherna aithrighe nobain*n*.'

(14) Ceileabhrais Pat*r*aicc do Dobhtha an*n*sin, 7 fagbhais benn*acht*ain fair, 7 fora chloinn, 7 fora iartaighe, 7 fora tir, 7 fora talamh, 7 foran mac thairngert*ach* re cach, | 7 imaraen ri cach, 7 a ndegh*aidh* f. $73^b$ cáich. *Ocus* luidh for a chuairt phroiccepte.

v. (15) Dobhtha da*no* ro tócaith a shaogal i mbeth*aid* sainem*ail* co cend *sescat* bl*iadhan*. Mac don Dobhtha sa Mál; mac dosidhe Fin*n*tan; mac dósidhe Nemhnall[1]. Isé da*no* in Nemhnall sin dorad Finmaith, inghen C*ar*th*aigh*, do mnáoi. Asi rucc do Nemhnall an mac sin ro thairngir Pat*r*aicc a ccion*n* *sescat* bliadh*an* i*ar*san taircetal .i. naemh Berach.

---

[1] This is clearly Nemhnall. Note that Nemargen is omitted; cf. § 4.

(16) Is an*n* dano ruc*cadh* anti náemh Berach ag brathair a mhath*ar* .i. Cruimter Fraoch, m*ac* C*ar*thaigh, i nGurt na Luachra a ccomhfhocc*us* Cluana *Con*m*ai*cne. *Ocus* ata an*n*oid 7 cros an*n*san ion*adh* si*n*; 7 atá an lec fora ruc*cadh* naemh Berach. *Ocus* ro edhbair Cruimther Fraoch an feran*n* sin i*ar*tain do Bherach. Cruimther Fráoch da*no*, ise ro bhaist naemh Berach, 7 isé ros ail gur bó mith*ig* dó leighenn do dénamh. Ise da*no* ain*m* baiste Ber*aigh* .i. Fintan, am*ail* asb*er*t an tegn*aidh* 'san rann :

Fintan, fer buadhach bear*ach*,
Gerbh uallach a cCluain C*air*pthi
Roces *et reliqua*.

Berach im*morro* ai*nm* fuair trésin rin*n*-áithe 7 tre géire a fhert 7 a míorbal.

vi. (17) Rucc[1] da*no* Finmaith inghen do Nemhnall .i. naem-ógh úas*al* airmid*nech* .i. Midhab*air*; 7 isí ro benn*aigh* a mBuimlin*n*. Ise dano Berach aon nduine isin dom*un* roba tocha fri Crui*mter* F*r*aoch do neoch ro aerfhaemh doen*n*acht, cenmotá Criost a aen*ar*. *Con*idh *ai*re si*n* dorad Cruimt*her* F*r*aoch na tri bean*nacht*a dorad Colum Cille dó, *ar* a g*ar*-m*a*caibh, 7 *ar* m*a*caibh a seth*ar*, 7 *ar*a daltaibh *ar* daigh in Beraigh.

vii. (18) O robtar slána im*morro* sea*cht* mbli*adhna* do náemh Berach, rucc*adh* go Daigh mac Cairill o dénamh leighin*n*, go ro fhoglaim f. 74$^a$ eccna m*ei*c Dé, | gur bó sáoi, 7 ro báoi rath Dé *ar* forbairt ina coimhitte*cht* i fe*r*taibh 7 a míorbuilibh gach día. *Ocus* doghnídh umhalóitt día oide .i. do Dhaigh m*ac* Cairill.

viii. (19) I naraile aims*er* tangatt*ar* aidhedha uaisle go Daigh, 7 ni ra bhatt*ar* na man*aigh* na lucht na humalóitte isin reicles an tan si*n*, 7 ni raibe nech ele *acht* Daigh 7 Berach a ndís. *Ocus* doroine Berach umhalóitt 7 osaicc dona haidhedhaibh, 7 ni raibhe biadh isin recles *acht* dá mheidh do ghrán cruithnechta. *Ocus* ro raidhedh fri Berach dol co muilen*n* i Muigh Mhuirtemhne do bleith an da meidhe si*n*. *Ocus* docúaidh Berach frissan umalóitt sin g*us*in muilenn.

(20) Is annsin doróine an Coimdhe fe*r*ta móra 7 míorbhuile tre Berach .i. ro báoi araile ben agin muil*enn*, 7 m*a*caomh i*m*maille fria, 7 ro ba mac fir soiceinél*aigh* é, do *Con*aillibh M*ur*teimhne eisei*n*, 7 ro ba la a ath*air* an muilen*n*, 7 in feran*n* irraibhe. *Ocus* ro báoi bolcc corca agan mnaoi fon muilen*n*; 7 ro raidh Berach frisan mnáoi :

---

[1] = R § 4.

‘Sccuir an muilenn, 7 beir chugat th’ *ar*bh*ar*, go ro meilt*er* an becc so; ar atád aidhedha úaisle ag*ár* nernaidhe, 7 siad gan biadh.’

(21) Ní namá na ro leicc an ben do Berach a arbh*ar* do bhleith, *acht* ro cháin go mór, 7 ro cháin an senóir o ttainic. At*r*acht Berach go hopan*n* 7 dorad a *ar*bhar i mbél in mhuilin*n*, 7 ro búi an ‵ben′ 7 Berach ag comhtairb*air*t an mhuilin*n*, ar ní ro léicc necht*ar* dibh día ceile é. Is an*n*sin ro deiligh na cumh*acht*a diadha min na cruithnechta *ar* ind*ar*a leith don mhuilen*n*, 7 min in choirce do taoibh ele.

(22) Is andsin do |-rochair an m*a*caomh i ĺothaig in mhuilin*n*, go f. $74^b$ ro báidhedh. *Ocus* tainic támh oban*n* don mnaoi, go ro dheiligh a hanam 7 a corp re ’roile. Daoi*n*e ele da*no* ro bhatt*ar* agin muilen*n* ro eirgset, 7 dorua*cht*at*ar* mui*nt*er na mna 7 in m*a*caoimh dochuaidh, 7 rob ail leo Berach do mh*ar*badh. Is an*n*sin ro sheacsat 7 ro fhéodhaighset a ccosa 7 a lamha, 7 ruccadh a sedh asta, *conar* bó calma gach duine dibh ina ben sheola.

(23) Do rochtat*ar* da*no* na scc*él*a sin go hathuir in m*a*caoimh, 7 do rocht *con*a óighreir leis do Bherach. Slechtuis foa chosaibh, 7 cíidh go hanbáil. Slánaighidh Berach a mhuinnter, 7 ro athbeoaigh in m*a*caomh, 7 in mnaoi. Is an*n*sin ro edb*air* ath*air* an mheic a muilean*n* do Bherach, 7 in baile imalle. *Con*idh é sin Raen Beraigh i Maigh M*ur*teimhne, 7 Muilend Eil*en*d. Ro moradh da*no* ain*m* Dé 7 naoimh Beraigh tresna f*er*taibh si*n*, 7 tresna míorbhuilibh.

ix. (24) Doluidh Berach iarsin go hInis Cáoin, 7 a *ar*bh*ar* meilti lais. *Ocus* ro sásadh na háidhidh 7 na man*aigh* 7 na boi*cht*. Ro foillsigedh da*no* do Dhaigh na ferta 7 na míorbuile dorin*n*e Berach. Is an*n*sin ro raidh Daig fri Berach: ‘A mic nit ailfiter[1] iffos ri immat ‵do′ mhíorbaili 7 ferta; 7 dé*n*a dul go con*air* aile.’ Is an[n]sin dorad Daigh in mbachuill ngirr do Be*ar*ach, 7 dorad in céolan do fhuighioll *secht* mion*n* *cethrachat ar* c*ét*; 7 forfaguibh Daigh ratha na mion*n* sin uile forin ccéolan, 7 isé sin Clog Be*araigh* aniúdh i nGlin*n* da lacha. Dorat Daigh móir-bhen*nacht*uin an*n*sin do Be*ar*ach, 7 ro fáoidh go Caoimhgei*n*.

x. (25) Doluigh[2] dano Be*ar*ach[3] tair Mhagh | Mu*ir*theimhne[4] f. $75^a$ i ccrich Rois d*ar* Bóinn i mBhreaghuibh. Is an*n*sin dorónadh móir-fleadh ag rí Breagh do ri Teamhrach. T*ar*uill da*no* Be*ar*ach g*u*sin mbaile iraibhe in fhleadh, 7 dochuaidh a teach na fleidhe. *Cáega* dabhach dano ro bhátt*ar* forna deasguibh i ttigh na fleidhe. Ro chuin*n*ig Be*ar*ach digh for coi*m*héuduighi in lean*n*a, 7 ni t*ár*dadh dó. Is an*n*sin ro raidh B*erach*: ‘Ni bú lughuide in fhleadh cía dobe*ar*th*ar* deoch d’fhior do mhuintir in Choi*m*dheadh.’

(26) Imthighis roime for séatt, 7 dorocht foc*ét*oir rí Tea*mhr*ach

---

[1] MS. failfaist*er*; ailfiter on margin. [2] = R § 17. [3] The scribe seems to have written at first: oc dol don Berach. [4] A change of hand here.

docum na fleidhe. Is an*n*sin foc*ét*óir ro raidh in rí: ‘Tab*ar*th*ar* f*r*omadh in lean*n*a duin*n*.’ Dochós i tech na ndabhach, ⁊ ni fríth aen dheoch don rí isin cháega dabhach, ⁊ ni frith slio*cht* in leanna i náon dhabh*ach*, ná for urlár, na for leastor istigh; ⁊ ro hin*n*isedh don rí inní sin. *Ocus* ro fhíarf*aigh* in ri cia dosf*ár*aill, ⁊ ro raidheast*air* coimh*edaigh*e an lean*n*a n*ach* feidir, ‘a*cht* tainic áon foghluin*n*tigh cco gcéolan ⁊ go mbhachuill cugui*nn* isin teach, ⁊ ro chuin*n*igh digh i nain*m* in Choimdhedh, ⁊ ni tug*adh* dó, ⁊ ro imthig fó bhrón.’

(27) Ro raidh in rí: ‘Isé sin ro mhill in fhleadh. Gabhth*ar* na heich, ⁊ tiagh*ar* go luath ina deaghaidh, gibe baile i mbherth*ar* f*air*; ⁊ ná tabh*air*thear éigion f*air*, a*cht* aitchither ainm in Coimdhe fris, ⁊ tiu‘c’fa ina f*r*ithing’; ⁊ dorónadh amhl*aidh*, ⁊ tainic B*erach* ina f*r*ithing, ⁊ ro shlecht in rí do B*erach*, ⁊ dorad a oighréir do; ⁊ dochúaidh f. $75^b$ B*erach* go tech na fleidhe, ⁊ | ro bean*naigh* na dabhcha, ⁊ dorad *airr*dhe na c*r*oiche don chlog ⁊ don bhachuill d*ar*na dabhcha, ⁊ robt*ar* lána foc*ét*óir do lion*n* shaine*mh*uil. Ro mor*adh* ainm Dé ⁊ naoimh Be*araigh* trésin fe*art* sin, ⁊ t*r*esan míorbh*uil*.

(28) Is an*n*sin ro eadhb*air* in ri in baile cona chrích ⁊ gona f*er*an*n* don Coimdhe ⁊ do Bhe*ar*ach. C*on*idhe si*n* Dise*ar*t Be*araigh* i mB*r*eghaibh; ⁊ tug a err*edh* fein[1], ⁊ erredh gach rígh Er*enn* ina díaigh go brath ‘gacha treas bl*iadhna*’[2], ⁊ screpall *gacha* cathrach o chloin*n* Colmain gacha tres bl*iadhna* osin amach go brath.

xi. (29) Doluidh[3] iarsin Berach i lLaighnibh go Glen*n* da lacha, ⁊ docuaidh isin tegh naoidhedh, ⁊ dorónadh a ósaic an*n*. Isin aimsir sin ro ba m*ar*bh an coicc ro báoi ag Caoimhghin. Ro ba toirs*ech* da*no* Caoi*mh*gi*n* donní sin, ar ni fhidir cia b*adh* cóir i llos proin*n*e na man*ach*. *Co n*eb*er*t an taingel fris, a tab*airt* i llaimh na naoidhedh gach noidhce dia hurlamhucch*adh*, no go ttárda Día neach b*us* iomcub*aidh* fria. *Ocus* doron*adh* amhlaidh sin ag Caoimhghin, ⁊ ruccadh an oidhce si*n* go Berach, ⁊ ro roin*n* Berach ar dó an proin*n*, ⁊ ro erlamhaigh a leth in oidhce sin, ⁊ ro ba ferr go mór dona mancaibh in oidhce si*n* ina gach oidhce isin mbl*iadhain*.

(30) Ruccadh da*no* in oidhce ro ba nesa p*r*oin*n* na manach go Berach dia herlamhucc*adh*. Is an*n*sin ro raidh Bear*ach* frisan timthirigh: ‘Atá sun*n* leth na proin*n*e aréir urlamh do*na* mancaibh, ⁊ beir let inní sin.’ *Ocus* doróine amhlaidh. *Ocus* gér bó maith an chéd-aghaidh, ro ba ferr go mór in oidhce deighenach.

f. $76^a$ (31) *Ar*namarach dano rucc*adh* naémh Berach go Caoimhgin. Ferais Caeimhgin failte fri Berach, ⁊ fiarfaighis de in bó lon*n* leis beith a llos proinne na manach. *Ocus* ro raidh Berach go ndiongn*edh* gach ní no fhurailf*edh* Caeimgin fair. *Ocus* ro ghabh do laimh beith a llos proin*ne* na man*ach*. *Ocus* ro mhór-molastair Caeimghin an Coimdhe tr*é*san sobh*ar*than dorad for proin*n* na manach tre rath mBeraigh. Gonadh dó sin ro raidh Caoimhghin:—

---

[1] Here the former hand resumes. [2] Added above the line by rather later hand. [3] Cf. R § 7.

As ferr *gach* proin*n* mesrucc*adh*
  In úair tig go long*adh*;
As ferr áradhu immat
  Atcota bith-bron*n*adh.

xii. (32) Isan aimsir si*n* t*r*a ro batar léigióin imdha na ndemhan i nGlion*n* da lacha ag cathucc*adh* fri Caoimgin ⁊ fria mhanchaibh; ⁊ dobeirdís c*r*ith ⁊ omha*n* imna daoinibh fan*n*a, ⁊ dognídis urcoid doibh, ⁊ dobheirdis tedhman*n*a ⁊ galair iom*dha* isin nglion*n*, ⁊ ni ro cuimgedh a ndíochur ‘go tainicc Berach’.[1] Is an*n*sin tainic Berach timcell na cathrach, ⁊ ro bhen a clocc, ⁊ ro chan psalma easccaine forna demhnaibh, ⁊ ros díochuir asan nglean*n*. *Con*idh de sin ro chan an fili:

Cluiccín Beraigh, buan an séud;
Doní deabh*aidh* fri claoin-céd;
Atclos go Fearn*n*a na ccéud,
Tafon*n* demhna asa náomh-tséud.

*Ocus* as dósi*n* dob*erar* Clocc Beraigh gach dia timcheall Glinne da lacha, ⁊ ní bía nert demhan, na teidm, na díghail innte, airet bías Clocc Ber*aigh* in*n*te. Ro móradh ain*m* De ⁊ Beraigh tresin f*er*t sin.

xiii. (33) Dalta ro báoi ag Caoimhgin .i. Fáolan m*a*c Colmai*n* mac righ Laig*en*; | ⁊ ro bói an m*a*caomh ag cáoi for[2]san ccleir*ech*, .i. for f. 76$^{b}$
Caeimhgi*n* ag iarr*aidh* lemhlachta; ⁊ ro ba doi*ligh* le Caeimhghin inní sin. *Ocus* amhail ro baoi aga radha, sénais Berach an sliabh, ⁊ atbert: ‘Is ced don eilit cona láegh fil isin tsleibh toide*cht* gonicce so’; ⁊ tainicc an eilitt focéttóir *con*a laégh ina diaigh; ⁊ así sin ro blighthea gach día d’Faolan.

(34) Tainic[3] im*morro* an cú all*aidh* i naroile ló, ⁊ ro m*ar*bh láegh na heilte, ⁊ aduaidh; ⁊ ni tharatt an eilit a loim a neccmais a láeigh. Ba toirs*ech* da*no* Caeimhgin do*n*ní sin. Sénuis da*no* Berach an sliabh, ⁊ adub*ert*: ‘As ced don anman*n*a dorin*ne* anumhaloid, ce dogné umhalóitt.’ Tainic iarsin an mac tire, ⁊ deisidh for a chon-righthibh hi fiadhn*us*e na heillte, ⁊ ro ligh an eilit an mac tire, ⁊ dorad a loim f*air*; ⁊ no thiccedh an mac tire gacha tratha go mbligti an eilit fair.

xiv. (35) I naraile[4] aims*er* ro cí Fáolán isin fhuigleach ag iarr*aidh* samhaidh ar Chaoimghin. Ro ba doil*igh* le Caeimhghin inní sin, ⁊ doroine a comhradh fri Berach. Sénais Berach an charracc atá a ccomhfhocc*us* na cathr*ach* fil i mull*uch* an tsleiphe, ⁊ ro fás samhadh im*dha* t*re*ithe, ⁊ dorádadh d'Fáolan; ⁊ fogabh*ar* sam*adh* fos gacha fuighligh[1] a mull*uch* na cairrge, ⁊ fogebhthar go ttí an bráth, a ccomh*ar*ta na mor-mírb*uile* sin.

---

[1] These three words are on the margin by a rather later hand. [2] MS. for for. [3] Cf. R § 8. [4] = R § 9$^{b}$.

xv. (36) I naraile[2] aims*er* tainic Berach ⁊ Fáolan seach sailigh nalain*n* fil i nGlion*n* da lacha. *Ocus* ciis Fáolan ag iarr*aidh* ubhall do f. $77^a$ th*air*birt | don soiligh dó. 'As tualaing Día cidh edh on,' ol Berach; ⁊ senuis Berach an sailigh, go raibhe fo lán-tor*adh* d'ubhlaibh, ⁊ doradadh ní dona hubhlaibh sin d'Faolán. *Ocus* gach tan bíos tor*adh* ar g*ach* crand tortach, bídh a lan-tor*adh* uirre si bhéos, ⁊ biaidh no go ttí an bráth, a ccomh*ar*ta na mór-míorbhuile sin.

xvi. (37) O'tchuala[3] im*morro* Caineach, les-math*air* Fáolain, gurbo mac sainemhail Faolán, ro ghabh tnuth ⁊ f*or*mat issi fris; ar rob eccail le, anní ro bói de iarttain .i. an flaitheas do breith d'Faolan ona cloin*n* féin. Doluidh c*on*a ban*ntracht* cu*m*achta go Glenn da lacha, d'imirt draoidhe*cht*a, ⁊ tuaichle, ⁊ gein*n*tlechta, ⁊ ealadhan díab*ail* foran m*a*caomh, dia aidhmill*iudh*.

(38) *Ocus* ro fhoillsigh aingel inní sin do Caeimhgin, ⁊ ro raidh Caeimhgin fri Berach dol do thoirmescc na ccumh*acht* ndemn*idhe* sin; ⁊ docuaidh Berach frisanní sin. *Ocus* at*con*nairc Caineach uás mull*uch* in tsléiphe ag adhradh díabail, ⁊ acc dénamh draidhe*cht*a. *Ocus* doroine Ber*ach* slechtana ⁊ ern*aigh*the, ⁊ ro raidh fri Cáinech ⁊ fri a ban*ntracht*: 'As ced dáibh dol fon talmai*n*.' Sluiccis an talamh go hopand Caineoch guna ban*ntr*acht. *Con*adh aire sin ain*m*nighte*r* Laithrech Caineoch a nGlind da lacha. *Con*idh ina cenn chacait coin na cath*rach* osin amach go brath.

(39) Tainic iarsi*n* Berach co hait irraibhe Caeimhgin. Iarf*aigh*is Caoimhgin caidhe a iomth*us* ⁊ Caineoch. Is an*n*sin ro raidh Berach fri Caeimhghin:

Docuirisi Caineoch,
A cleirigh áin, irsigh,
Cona banntr*acht* baindsigh
Síos fo*n* talm*ain* *tr*illsigh.

f. $77^b$ Conadh amlaidh sin ro saoradh Fáolán, ⁊ ro traothadh Coineoch tre rath De, ⁊ Beraigh, ⁊ Caoimgin.

xvii. (40) I naraile oidhce ro batt*ar* na man*aigh* isin p*r*oin*n*tign ag i*arraidh* uiscce the. Cuiris Berach cloich gacha manaigh foran teine do denamh in uiscce. *Ocus* cuiris da cloich d'iom*arcraidh*. Fiarfaighis Caeimhgin fochan*n* na ccloch. Do raidh Berach: 'Días manach fuilit gose um chomhairemh proin*ne* sun*n*, ⁊ ricfit a les an dá cloich sin, do thég*adh* uiscce doibh.' *Ocus* dorónadh an tuiscce te, ⁊ doradad cloch gacha manaigh 'san viscce.

---

[1] The words 'gacha fuighligh' are written in a smaller hand on a space originally left vacant in the MS. [2] = R § $9^a$. [3] = R § 10.

(41) *Ocus* ro bhatt*ar* an da cloich sin isin tene dá loscc*adh*. Do raidh Caoimhgin: 'Tab*hair*ther aníos na clocha', ⁊ ni tharatt Berach. Do raidh Caeimhgin doridhisi na clocha do tabhairt asin teine. *Ocus* ni th*ar*ad Berach. *Ocus* do raidh Caoi*mh*gi*n* an c*et*na an tres fea*cht*. Is an*n*sin tainic da mhanach a tíribh cíana d'ion*n*saighe tes*da* Caeimhgin; ⁊ dorónadh ósaic doibh, ⁊ tucc*adh* chuca an tuiscce te, ⁊ tucc*adh* an dá cloich doibh inn. *Ocus* ro adhamh*raigh* 'Caoimhgin' go mor 'Berach t*r*it' sin.[1]

xviii. (42) As lía[2] tra tuiremh ⁊ faisneis ina nderna Berach d'fertaibh ⁊ do míorbhuilibh i nGlin*n* da lacha. Secht mb*liadhn*a dó oc umhalóitt do Chaoimhgin. Doluidh Caoimghin la Berach go esp*oc* Etcen. *Ocus* dorad esp*oc* Etcen g*r*adha for Berach, ⁊ doronsat áent*aidh* ⁊ codach andsin .i. esp*oc* Etcen ⁊ Berach.

(43) Dolot*ar* iarsin Caoimhgin ⁊ Berach go Glenn da lacha. *Ocus* gach 'tan' no thriall*adh* Berach tichtai*n* | dia tír do comhall breithre f. 78^a Pat*r*aic, nó fhast*adh* Caeimhgin *con*a manchaibh é. Co tarfaidh aingel do Caeimghin i naroile oidhche, *co n*eb*ert*: 'As mith*ig* do Berach dol dia tír, do comhall breithre Patr*a*icc.' *Ocus* ro cedaigh Caeimhgin do Berach dul dia tír, ⁊ doronsat iarsin a mór-aent*aidh*, Berach ⁊ Caeimhgin. *Ocus* is an*n*sin ro raidh Caoimhgin an rann:

Manaigh Beraigh, is íatt mochen,
It*er* a nócc is a sean;
Cia nom tiosat, fir, mnaoi, meic,
Ni ragh *ar* nemh, co ndiccset.

(44) Ro faccaibh Berach airmberta maithe i nGlinn da lacha. Forrofhaccaibh búaidh foghlama ⁊ cráb*aidh* in*n*te; forfágaibh gan teidhm gan dioghail in*n*te, céin no beith a chlocc féin in*n*te, '⁊ ro fagaibh ein*ech* fir sheisrighe ag fior tighe in*n*te' *acht* co nionnla a lamha asin Casan. Con*idh* desi*n* ro raidh an file:

Forfáccaibh Berach béil-bhin*n*
I nglean*n* manach gan créidhim
Eineach fír-seghuinn[3] séire
Ag fir tégtha isin náoim-glionn;

Cidh goill, cidh druith, cidh crosain,
Co tí an brath brúite bresain,
Ní bía gan einech niom*dha*,
Acht go nion*n*la asin Casan.

(45) Is an*n*sin dorad Caoimghin a c*ar*pat fo leabhraibh Beraich, ⁊ ro sén an sliabh ⁊ dorad an damh allaidh as d'iomch*ar* an charpuit.

---

[1] The scribe at first wrote: ro adhamraigh Criost go mor inni sin.

[2] = R § 11.

[3] The scribe seems to have written at first: sedhuim.

*Ocus* ro raidh 'Caoimgin', gibe baile a laighfedh an damh fon cc*arpat*, gomadh an*n* no cumdaigedh Berach a cathr*aigh*. *Ocus* ro raidh, gach neiccen no tiucf*adh*, go mbiadh somh immaille fri Bear*ach* aga fulang. *Ocus* dorad mór-ben*n*achtain dó.

xix. (46) Doluidh[1] Berach iaramh dochum a tire, ⁊ Maolmoltach immaille fris do ghiolla; do Chian*n*achta dóis*idh*e i*ar* ccinel. *Ocus* f. 78$^{b}$ an | damh allaidh fon cc*arpat* ag iomchar na leabhar. *Ocus* ní ro luidh[2] in *da*mh fo*n* c*ar*p*at* co rócht an tion*adh* ro thircan Patraicc. *Ocus* luighis an damh ain*n*sein. *Ocus* ro raidh Berach re Máolmothlach: 'As annso ro cinnedh duin*n* anadh. Eirigh, ⁊ sir an clúain.' Docuaidh dano Maolmothlach risanní sin, ⁊ ro shir an cluana[3].

(47) Isin ló sin forcaemnacc*air* ár mór in*n*te .i. da rídhamhna ro fersat cath in*n*te in lá sin .i. Don*n*ch*adh* a Temhraigh, ⁊ Tíopraitte m*ac* Taidhg a Cruachain; ⁊ dorochrat*ar* a ndís ar lár an lis fil in*n*; ⁊ ár mór umpa. Ro m*ar*b*adh* do raith Tiop*r*aite; ⁊ ro bai ainim i nDon*n*ch*adh*, ⁊ ni ro féd eirge asin ármhach. O'*tconnair*c da*no* Maolmothl*ach* in ár, ros gab omhan mór é. *Ocus* ro siacht go tin*n*easn*ach* co háit a raibhe Berach. I*ar*faighis Berach: 'Cionn*us* cluain an clúain si?' 'Nocha soirbh-clúain im*morro*', *ar* Maolmothlach, 'acht cluain coirp[th]i uile.' 'Bidh edh a hain*m* ó so amach', ol Berach. 'i. Cluain Coirpthi.' *Ocus* ro in*n*is sgela na cluana ósin amach; dobher*edh* Cluain m*ac* Lilcon im*morro* a hain*m* conuicce sin.

(48) Doluidh da*no* Berach g*us*an ármach, ⁊ ro thaithbeoaigh uile do neoch ro m*ar*badh isi*n* cath. *Ocus* ro shlanaigh Donnc*hadh*; conidh desin ro raidh an fili:

Don*n*chadh *ocus* Tiopraite,
  Guna tt*r*omsluagh dis,
Rotuitset [i]na nall-c*r*ó
  Ar cert-lár an lis.
Ce*ch* brat oll, ce*ch* lene ndeircc,
  Ce*ch* aladh i*ar* nguin,
*Acht* luir*ech* na nepisle
  No bíodh for amuin.
Ro slechta slogh ngléisi nglan
  Ce*n* on[4] . . .
*Acht* luirech na neipisle
  No bíodh for a muin.

xx. (49) Is an*n*sin[5] dorad Tiopraitte mainchine f. 79$^{a}$ | a bí ⁊ a mairbh, ⁊ manchine a shil ⁊ a shemen do Berach go b*r*ath, ⁊ ro athain a chorp ⁊ a anam *ar*a com*air*ce, ⁊ dorad i naimsir braith, ⁊ iar mbrath. *Ocus* ro in*n*is do Bherach an mór-pían at*con*airc i nif*urn*, ⁊ ro atlaigh do Dhia a saor*adh* féin eiste; ⁊ ro raidh na tái*nic* i nErin*n* tareis Pat*r*aicc nech b*údh* amhra nó b*údh* umhla ina Berach; ⁊ ro raidh: ' 'Antí dobeir anman*na*',[1] ⁊ dosbeir isna corpuibh doridhisi dochum beth*adh*, as mairce do tuillf*edh* a fhercc, ar gét*ar* nem ⁊ talamh air, ⁊ ara shiol ⁊ ara shém*en* go brath, ⁊ i*ar* mbrath, *ach* muna dherna aith*r*ighe ndiochra.' *Ocus* ro mhor-molsat*ar* in Coimdhe an*n*sin .i. Berach *con*a cleircibh, ⁊ Don*n*ch*adh* ⁊ Tiop*r*aite, *con*a mórshl*uaghaibh*. Ocus ro dheilighsett an*n*sin Don*n*ch*adh* ⁊ Tiop*r*aite, ⁊ doluidh cach dibh dochum a thire; ⁊ gér bo san*n*tach a ccomrac, rob ao*n*tad*ach* a scc*aradh* tre cumachtaibh an Choimdedh, ⁊ t*r*e miorbuilibh Beraigh.

---

[1] = R § $12^{a}$. [2] = luigh. [3] *sic* MS.; *lege* cluain. [4] Evidently this line is defective, but there is no lacuna in the MS. [5] = R § $12^{b}$.

xxi. (50) I*ar*si*n* dorocht Cruimter Fraoch ⁊ Daigh m*a*c Cairill go Berach, ⁊ ro choisreccatt*ar* an ccathr*aigh*, ⁊ ro chumhdaighset hí. *Ocus* ro ráidset gibé no inghreimfedh nech dibh, go mbeittis a ttriur 'na naimhdibh dó, ⁊ go mbiadh an Choimdhe ⁊ muint*er* nimhe. Is an*n*sin ra raidh C*r*uimt*er* Fraoch: 'Bidh í so i*ar*thar cluana, ⁊ bidh i mo cheall sa a hoirthir.' *Ocus* ro fáccbat*ar* na senor*aigh* naemtha sin benn*acht*uin ag Berach, ⁊ doluidh cách dibh dia cill féin.

xxii. (51) Is an*n*sin doluidh Berach go hairm irraibhe Dobhtha i sentattaidh sainemhail. Doróine da*no* procept dó, ⁊ día cloin*n*, ⁊ día chinedh aile, ⁊ ro baistestair Dobhtha *con*a chloinn, ⁊ *con*a i*ar*taige,
eter fhiru ⁊ mná. *Ocus* is an*n*sin ro co*mh*ailledh | an faistine ro f. 79$^b$
thircan Pat*r*aicc do Dobhtha. Doluidh da*no* Berach dia catraigh.

xxiii. (52) Isin aimsir sin[2] da*no* ro aittrebh Di*ar*ma*i*t eicces ⁊ a moirsheis*er* brath*ar* i rRathund .i. Di*ar*ma*i*t, Tromra, Belech[3], Colu*m* d*er*g, Cruin*n*icen, Brandub ⁊ Dubhan .i. an cleirech; do Ci*ar*raigibh Luachra[4] doibh iar ccinél. Fer sochr*aidh* da*no* Diarm*ai*t, ⁊ primh-eicces ⁊ ard-maigist*ir* druidechta Aodha[5] m*ei*c Each*ach* Tírmcarna ro ba rí *Con*nacht an tan si*n*. Ocus isé dorad Rathon*n* do Di*ar*ma*i*t i ffiachaibh molta doroine dó.

(53) *Ocus* do raidh Berach fri Diarm*ai*t an feran*n* ro thiomna Pat*r*aicc do d'faccbáil. *Ocus* ni ro fáccaibh Diarm*ai*t an feron*n*. Mor t*r*a d'imnedh fu*air* Berach ag cosnumh an fhearain*n* sin do mhuin*n*tir an Choimde, ⁊ dona m*a*caibh eccailsi no bheittis tara eís ina cathraigh ag fogn*um* do Dhia. Dolott*ar* da*no* Berach ⁊ Diarm*ai*t go ri *Connacht* .i. Aedh m*a*c Each*ach*, do den*amh* breithe doibh. *Ocus* ro raidh Di*ar*ma*i*t fri hAedh, damadh do Bhearach dobher*edh* an feran*n*, *co n*dingnedh a áoradh, *co n*eirsitis tri bulcca fora dreich, ⁊ co mbeith on ⁊ ainimh ⁊ aithis fuirre. Ní derna da*no* Aedh breth doibh, *ar* rob-

---

[1] The words 'Antí . . . anman*na*' are written over the words 'risna hanman*n*aibh dober*edh*', which have been deleted. [2] = R §§ 13–16, 19–23. [3] He is called Belach below. [4] *no Con*nacht, interlined. [5] A marginal note here: Aedh do éc, marbadh (the latter is correct historically).

eccail leis ‘Di*ar*m*ai*t dia ghlamadh, ⁊ rob eccail leis’[1] Berach da*no* ar imat a fhert ⁊ a míorbal.

(54) *Ocus* ro shir Berach ⁊ Di*ar*m*ai*t Éire ‘fo trí’, ⁊ ni fu*ar*att*ar* i nEr*inn* nech doneth breth doibh, *ar*na fáthaibh c*ét*nạ. ‘Tiagham i nAlbai*n*,’ ar Diarm*ai*t. ‘Tiagam’, *ar* Berach. Dolot*ar* da*no* i nAlbai*n*, go hAedan m*a*c Gabr*a*in, go rígh Alban, do den*amh* breithe doibh.

(55) Dorala móir-fledh an tan sin ag Aedhan ⁊ ag maithib Alban, ⁊ ro báoi m*a*cr*aidh* mór ag cluiche for faithche an dúna[i]dh. Di*ar*m*ai*t f. 80$^{a}$ im*morro* ro báoi | cu*m*d*ach* mor d’édach uime, ⁊ ro bói delb deg-duine leis. Berach im*morro* ro baoi sidhe ag cumd*ach* a anmha, ⁊ ni raibhe ag cumd*ach* a cu*ir*p, ⁊ ro báoi go deróil. *Ocus* ro imthigh Di*ar*m*ait* go hopan*n* résan clei*rech*, ⁊ ro raidh frisan m*a*craidh: ‘Chuccaibh an breccaire; geibidh otrach ⁊ maidedha ⁊ clocha dó.’ *Ocus* ro gabsat an m*a*craidh do laimh i*n*ní si*n*, ⁊ ruccs*a*t ruath*ar* dochum an clei*righ*. Dercais an clei*rech* forra. ‘As cett daoibh’, ar an clei*rech*, ‘gion go ffedtáoi anní t*r*ialltaoi.’ Ro lensat a ccosa don talamh, ⁊ ro lensat a lamha dona ceppaiph[2] ⁊ do*n*a c*r*an*n*aibh ro bat*ar* inntibh. *Ocus* ro sói cruth ⁊ dealbh doibh, ⁊ ro fhast Dia fon samhla sin iatt.

(56) *Ocus* dochuaidh Berach ⁊ Diarm*ai*t iarsi*n* go dor*us* an dún*aidh*, ⁊ ros gabh fuacht mor isi*n* dor*us*. *Ocus* ro bat*ar* da charn nó dá mhul mora don s‘n’*echt*a i ndor*us* an dún*adh*. Ro raidh Di*ar*m*ai*t: ‘A b*r*eccaire, dia mbat ‘fír’-chlei*rech*, do dhénta tene do*n* da mhul snechta ud, go ndernmáis *ar* ngor*adh* fris.’ ‘As ced doibh’, ar Berach, ‘teine do dénamh dhibh. Eircc si ⁊ séitt íatt.’ Dochuaidh Di*ar*m*ait*, ⁊ ro seit an dá mhul shnechta, ⁊ ro lasatt*ar* amhail crion*n*, ⁊ doróine Di*ar*m*ait* ⁊ Berach a ngor*adh* fríu.

(57) Ro hin*n*isedh da*no* do Aedhan na ferta sin ⁊ na miorbuile; ⁊ doráidh Aedhan fría druidhibh: ‘Fion*n*ta libh cia doroine na ferta sa ⁊ na miorbuile.’ *Ocus* dochúat*ar* na draoithe ara ccliathaith cáerthain*n*, ⁊ tucc*adh* dano nua corma doibh. Cethr*ar* da*no* líon na nd*r*uadh, ⁊ ro raidh an cétna fer dibh:

Berach go mbith-buadaibh,
  Bruth óir a hoireanac[h],
Er*iu* ina rig-rathaib
  Ina roim ráin[3] brathaibh
        Ina roimh [ráin].

Ro raidh andara fer dibh:

Ní fhuil náemh n*ár* ett*r*ocht,
  Na naemh-ogh adhamra,

---

[1] ‘Di*ar*m*ai*t . . . leis’ added on margin. [2] MS ce*ph*aiph. [3] The words ‘Bruth . . . ráin’ are interlined. All these verses are very corrupt; text and translation are alike uncertain.

Rosoisedh co*im*hfherta
Fri | Berach mbith mbuadhach f. 80b
Ón Badhgna báin.

Ro raidh da*no* an tres drái:

Berach m*ac* Nemhnaill,
M*ei*c Nem*ar*gen nert-niadaigh,
Ní mar cin talm*ain*,
T*r*om, t*r*én, tairpt*ech*, tabh*art*ach,
Fris tibhre a fhercc.

Ro raidh an chethramhadh d*r*áoi:

A luaithe faillsighther,
A thrici tintoth*ach* uilc,
Airc Oeng*us*sa, m*ei*c Erca deircc.

(58) *Ocus* do raidhsett na draoithe fri hÁedán: 'Berach naom úasal airmittn*ech* dodeach*aidh* a hiath*aibh* Er*enn* .i. on Badhgna a criochaibh *Connacht*. *Ocus* fer dana immaille fris dot ion*n*saigh*idh* si do dén*amh* réire ferain*n* doibh. Ise doroine na ferta sa 7 na miorbuile, 7 atad i ndor*us* an dún*aidh*.' *Ocus* doradadh isin dún fo chettóir; 7 dorad Aedhan a oigh-reir do Berach, 7 doroine sléchtain dó. *Ocus* ro slán*aigh* Berach an macr*aidh*.

(59) *Ocus* ro edhbair Aodhan an dun do Bherach. *Con*adh hí sin Eperpuill .i. cathair atá ag Berach i nAlb*ain*. *Ocus* ro edbair an rí a rígh-err*edh* féin, 7 o gach rí ina diaigh dó, 7 mór-cuairt Alban, 7 día shamhadh ina dhíaigh. *Ocus* ro edhb*air*set an mhacr*aidh* a mancine fein, 7 maincine a síl 7 a seim*en* go bráth *con*a c*r*ich 7 *con*a feran*n* do Bherach. *Ocus* do raidh Aedhán gomadh é, Aodh m*ac* Brénain*n*, ri Tethba, 7 Aodh dubh, mac Fercena, rí Breifne, do dénad breth doibh i nEirin*n*.

(60) *Ocus* dolottar dochum nEr*enn* doridhisi .i. Berach 7 Díarm*ai*t. Is an*n*sin tarlat*ar* co hÁedh ndubh m*ac* Suibhne .i. ri Ul*adh*. Arroétt da*no* Aedh dubh co failte móir inní naemh Bherach; 7 dorad onóir móir dóibh. *Ocus* ro edhbair an dún irraibhe do Bhear*ach*. *Con*adh ísin Clúain na Cran*n*cha i nUlltaibh, 7 ataid manaigh im*dha* in*n*te[1]. *Ocus* fa lía rea faisnéis ina sin i ndénan*n* Berach d'fertaiph 7 do mhiorbhuilibh in*n*te.

(61) *Ocus* dodechat*ar* i*ar*sin co hÁedh ndubh mac F*er*g[n]a, | 7 go f. 81a hAedh m*ac* Brénain*n*, do dénamh rere doib. *Ocus* doronsat comdáil do ló cin*n*ti. *Ocus* is an*n* doronsat in comdáil si*n* oc Lios Ard Abhla a Muigh Tethba. Doluidh Berach 7 Diarm*ai*t cách dibh dia níath feissin in oidhce resin comhdáil. *Ocus* doronsat frithcomhdail arnamharach aga*n* sgíaich ata iT*ir*[2] Tromra a Rathan*n*; 7 ni dhechaidh

---

[1] 'innte' on margin, for 'friu' deleted in the text. [2] MS. et*ir*; the scribe misread *i tir* as *itir* = etir; cf. § 68 for Tromra.

Berach isin f*r*ithcomhdáil acht doluidh focettoir g*us*in ccomhdáil go Lios Ard Abhla.

(62) Ro báoi da*no* socr*aidh*e mór isin comhdáil sin .i. ro báoi Aodh dubh m*ac* Ferccna, ⁊ sluagh Breifne maraen ris. Ro báoi Áedh m*ac* Brénain*n*, ⁊ sl*uagh* Tethbha maráen ris. Ro batar soch*aidh*e do naemaibh isin dáil sin. Ro bai Daigh m*ac* Cairill, ⁊ Cruimter Fráoc[h], Mancán, ⁊ Cíaran, Mael ⁊ Aelitir, Failbe find, ⁊ Dhacúa, Samhtan*n* ⁊ Arnáin ; ⁊ ro battar náeimh im*dha* ele asin ccomhdáil sin.

(63) Doroine da*no* Bear*ach* mór do fhertaibh ⁊ míorbuilibh isin comhdáil sin, ⁊ rainic Di*ar*m*ai*t *iar*sin isin cco*mh*dáil, ⁊ doróine éccn*ach* Beraigh. *Ocus* do raidh inní so: 'A bhreccaire, ní scé fan dernsam comdáil i Rathun*n*.' In an*n*sin do raid Ber*ach* : 'As tualaing Dia a tab*airt* co*n*icce so.' *Ocus* tu*ar*ccaibh an chumhachta diada an scíaich i naírde isin áer, ⁊ nell impe, ⁊ ros fucc iarsin go raibhe uas in comdáil. *Ocus* ro raid Berach fri Di*ar*m*ai*t: 'Féch i náirde'; ⁊ ro fech Di*ar*m*ai*t, ⁊ at*connair*c an scíaich, ⁊ ro an da égnach. I*ar*sin ro leigeadh an scíach go foill docu*m* talm*an*, con*us* tarla foran clad araibhe Aodh m*ac* Brenain*n* ina suidhe, ⁊ is amlaidh ro báoi an sccé forsan cladh, amhail as an*n* no fasf*adh* tre talmai*n*.

(64) *Ocus* dodheach*aidh* imdherccadh mór an*n*sin d'Aedh m*ac* f. 81$^{b}$ Brenain*n*. | *Ocus* ro aghsatt na sluaigh inní sin, ⁊ ro mhor-molsat an Coimdhe ⁊ Berach ; conadh dósin ro ráidh an file :

Toccb*ais* Berach leis an sciaich
Don muigh ara mbittis na sl*úaigh*;
For érim g*us*in cladh caemh,
Fora mbiodh Aedh m*ac* Brenain*n* buain.

Ticc a ruidhedh Aodha aird
Risin firt maerdha gan meircc ;
Gnuis rígh Tethbha, druim d*ar* úir,
*Conus* tarla 'na dlúim ndeircc.

(65) Iarsin tainic álgh*us* codalta d'Aedh dubh m*ac* F*er*gna, do rí Breifne. 'A Shamhtan*n*, mo chen*n* it ucht, a chaill*ech*, go ndernar codl*adh*.' Do raidh Samthan*n* fri hAedh ndubh mac Ferccna : 'Eirigh go Berach, ⁊ cuin*n*igh f*air* do dhath do chlaochlódh.' Doluidh da*no* Aedh go Berach, ⁊ ro raídh fris go | ndingnedh a oigh-réir, dia cáemhcloidhedh a dath. 'As tualaing Dia', *ar* Berach. 'T*arr*, ⁊ tucc do chenn fam chocaill, ⁊ codail.' Doratt Aedh a chenn fo cochall Ber*aigh*, ⁊ ro chodail ; ⁊ ro fer cioth flech*uid* focettóir. *Ocus* tu*ar*gaibh Aodh a chenn on cochall amach, ⁊ ise laoch ro ba fin*n*e do laochaibh dom*ain* é. Is an*n*sin ro raidh aoin-fer da muin*n*tir fein fris : 'Dar lim as Aodh fion*n* anosa antí rop Aodh dubh o chían*aibh*.' Ro raidh Berach : 'Bidh Aodh finn a ain*m*, ⁊ ain*m* a shíl ⁊ a shem*en* óso amach go ttí an brath.' *Co*nadh desin ain*m*nigt*er* slio*cht* Aodha finn

o ttad riogr*adh* oirthir[1] *Connacht*. *Ocus* ro edbair Aodh fin*n* a righ-err*edh* 7 righ-err*edh* gach rígh ina diaigh go brath, 7 screpall gacha cathrach óa síol 7 oa seim*en* go brath do Bheruch.

(66) Dochuatt*ar* iarsin na sluaigh a muinighin na Trinoide, go ruccadh an fír-Dhía breth fírén et*er* Bherach 7 Di*arma*it. Is an*n*sin ro raidh | an taingeal uasna sluagaibh: 'La Berach a dúth*aigh* f. 82$^a$ oniu co tí an b*ra*th.' Is an*n*sin ro raidh Aodh m*a*c Brenain*n*: 'Atchluinti go rucc an taing*eal* an mbreith .i. a tír la Berach go tí an brath.' Ro ferccaighedh Di*arma*it donní si*n* fri hAedh m*a*c Brénain*n*. '*Ocus* dar lem atátaoi si aga radha ina diaigh.' *Ocus* ro fhoslaic Di*arma*it a bél do den*amh* gláimhe dígin*n* d'Aedh m*a*c Brenain*n*. Ro raidh Aodh m*a*c Brénainn fri Berach: 'Ar do chumairce damhsa, a cleirigh, riasan ffer ndana.' Eírgis Berach go Diarm*ai*t, 7 dob*er*t a bhois fría bél, 7 ro raidh: 'Ní thí áoir na mol*adh* tar an mbel san tre bhithbe, 7 foclaim bad comhain*m* an láoi so a ccion*n* mbl*iadhn*a th'oidhidh'; 7 ní ro fétt áoir na mol*adh* do den*amh* osin amach. *Ocus* ro sáeradh Aedh m*a*c Brénain*n* andsin tre rath mBeraigh.

(67) *Ocus* ro edhbair Aedh a righ-err*edh* fein, 7 righ-er*redh* gach righ ina diaigh, 7 screpall gacha cathrach ó airther Tethba, 7 oa shíol fein, 7 óa seim*en* do Berach go brath. Is an*n*si*n* ro raidh Berach: 'As ced don scíaich dol go a hion*adh* fein doridhisi.' *Ocus* ro thóccaibh cumh*achta* Dé an sgiach goa hion*adh* fein doridhisi i rRathon*n*. *Ocus* ro sccaoil*edh* an comhdail fon ion*nus* si*n*.

(68) Doluidh da*no* Ber*ach* dia cathraigh. Doluid Di*arma*it go Rathon*n*, 7 e tuirs*ech*. *Ar*namárach dano doluidh Berach go hait irraibhe Di*arma*it, 7 ro raidh fris an feran*n* d'fagbáil. Forofáccaibh Di*arma*it an f*e*ron*n* do Bherach; 7 forrofaccaibh Cruinicéin, 7 forfaguibh Dubá*n* a*n* cleir*ech*. Doluidh Berach go háit irraibhe Tromra, 7 ro raidh fris an f*e*ron*n* d'fágbail. *Ocus* ro raidh Tromra nach fáicfedh go brath. | Ro raidh Berach fri Tromra: 'As ced duit dol f. 82$^b$ fon talm*ain*.' Sluicis an talamh fochettóir Tromra. Doluidh Berach go Belach, 7 ro ráidh fri san feran*n* d'fagbáil. Ro raidh Belach, nach fúicf*edh* go brath. 'Is cett duit si', ar Berach, 'dol fon talm*ain* fód comh*air*.' Sluiccis an talamh go hopan*n* Bélach. Doluidh Berach go Colum nd*erg*, 7 ro raidh f*ri*s an feron*n* d'fágb*ail*. *Ocus* ni ro fháccaibh. Ro chuir Berach Colum fon talm*ain*. Doluidh roimhe Berach go Brandubh. *Ocus* do ráidh f*ri*s an feran*n* d'fáccb*ail*, 7 ní ro fháccaibh. Ro chuir*edh* da*no* Brandubh fo*n* talm*ain*.

(69) Doluidh da*no* Di*arma*it *ar* chom*air*ce espuic Soichill go Baislic. Anais an*n*sin co cend mbl*iadhn*a. An lá a ccioud bliadhna ro gabh Di*arma*it for éccnach Ber*aigh*. *Ocus* ro raidh: 'Is aníu ro gheall an, bréccaire bás damh sa.' Increchais epscop Soichill inni Di*arma*it:

---

[1] The scribe at first wrote: iarthair.

'An doigh lat sa na fil co hoidhce fedh frisa ttios*adh* bás duit? Eirigh si isin ecclais, ⁊ dúin fort hí.' Doluidh da*no* Di*ar*m*ai*t isin ecclais, ⁊ dúnais fair hí.

(70) Tarf*aidh* im*morro* damh all*aidh* do lucht iarthair an fherain*n*, ⁊ dolott*ar* ina degh*aid*, et*er* cois ⁊ each, et*er* choin ⁊ duine. Doluidh an fiadh i mBaslec, ⁊ anaiss allanoir don ecclais fo comh*air* na fenistreach. Ro báoi mór g*air* ag cách im*m*on fiadh. At*r*acht Di*ar*m*ai*t co hopan*n* dia fhios cidh ro búi an*n*; ⁊ tainic gusan seinistir, ⁊ ro báoi ag fég*adh* t*r*ithe amach. *Ocus* ro teilcc fer don lu*cht* ro bhat*ar* i ndegh*aid* an fhiadha urchar do ghae sealcca frisan ffiadh. *Conus* tarla tresin
f. $83^a$ seinistir do Di*ar*m*ai*t ina braghaitt, co torchair *ar* lár na hecclaisi, | co fuair bás ⁊ oidedh la breithir mBeraigh isin ló a ccionn bliadhna iarsan ccomhdail. Terna im*morro* an fiadh, ⁊ hé slán.

(71) O'tchuala im*morro* Cúallaidh m*a*c Di*ar*m*a*ta sin, ⁊ doluidh do féghadh[1] Rathon*n*, ⁊ da mallachadh ná fásadh arbh*ar* tre talm*ain* an*n*, ⁊ na beith blio*cht* ag boin, ⁊ na beith mes for cran*n*aibh ina coilltibh, do fheghadh a suil. Naenbar da*no* diberccach dó.

(72) Is an*n* dorala Berach i nDún Imgáin i Maigh na fFert, ⁊ Conchennán ina fharr*adh*. Ro foillsighedh do Bherach Cúallaidh do dhol frisan toiscc sin. *Ocus* ro fáidh Berach Coincen*n*án ina dhegh*aid*. *Ocus* ro ráidh Berach fris: 'Fúaccair si iad sin ar t*ús*.' Doluidh da*no* Coincen*nán* a ndegh*aid* na ndíberccach, ⁊ rucc forra a slighid an ch*ar*p*ai*t; ⁊ ni ro fúac*air* forra an*n*sin, *acht*[2] ro theilcc forra inní ro búi ina laimh. Co ro iompo Cúallaidh a agh*aid*, co ttarla do a ttul a édain, co ndeachaidh trena chend, co torc*air* et*er*a mhuin*n*tir. *Co n*eb*er*t: 'Tóccb*aidh* mé go luath go mull*ach* an tsleiphe, go ffaicer uaim ferann*n*[3] Ber*aigh*, co ro mallach*ar* é go luath do mull*ach* an tsleibhe.' *Ocus* ro toccbatt*ar* é g*us*an máoil-sliab, ⁊ ro ba m*ar*bh Cúall*aidh* an*n*sin; ⁊ ni fac*adh* ní acht daire ndímain, ⁊ as éttorthach sei*n* dogrés; ⁊ ro theichsett a mhuin*n*ter uadh.

(73) *Ocus* doruacht Conchen*n*án chuicce, ⁊ ro ben a trilis de, ⁊ rucc leis do chomhartha; ⁊ rob eccail lais da*no* an cleirech, ar ni eb*er*t fris duine do mh*ar*b*adh*. Ro bhen slait, ⁊ ro chor*aigh* an trilis fuirre
f. $83^b$ arin ach*ad* *'ar* ndol asin ccoill. *Con*idh |[4] desin ainmnighther Ach*ad* Cuileb*arr*. Doluidh dan*o* Coinchend*án* go háit iraibhe B*erach*; ⁊ ro foillsigheadh do Berach an gniomh dorin*n*e *Con*ceand*án*, ⁊ ro bá ro-olc la B*erach* duini do mh*ar*bhadh; ⁊ doroine *Con*cend*án* aithrighe. Docuatt*ar* im*morro* muin*nter* Conalltadh *ar* seachrán, *conus* t*ar*latt*ar* go háit iraibe B*erach*, ⁊ ro slechtsattar do B*erach*, ⁊ doronsat aithrighe, ⁊ doradsat a maincine do B*erach*; ⁊ is íad sin muint*er* Cille Lallóg, ⁊ isé B*erach* ro faguibh inte iad.

xxiv. (74) I naroile ló da*no* doluidh seisr*ech* B*eraigh* ar dhasacht asinn[1] cathraigh a'c' Rathand ; ⁊ dolotar á Cluain C*air*pthi, ⁊ dolot*ar* t*air* Sionaind a Cluai*n* Deoinsi, ⁊ a Chluain Inchais, ⁊ a Chlúain Dártha, ⁊ eiste sidhe gonuighe Ath na nDham. Sois Cí*ar*an maol fora annsin ; ⁊ desin ainmnighther Ath na nDamh ; ⁊ dolott*ar* ina frithing i Túaim Us*ci*, ⁊ t*ar* Sionain*n* siar ; go rabatt*ar* tuirsigh (.i. na man*aigh*) co mor desin. *Ocus* do raidh B*erach*, cidh mór no sirdís na daimh, co ndingnittís a llaa ríana[2] óiche.

---

[1] MS. fáegadh. [2] 'ni' added below the line, wrongly. [3] MS. ferainn.
[4] Here the inferior hand resumes.

(75) Dolot*ar* im*morro* na daimh fon dithrebh i nE*ar*ed Lara, ⁊ go Ed*ar*gabhail, ⁊ go Raith Fe*ar*chon, ⁊ co Cluain in Buicc fin*n*, co Caill na nGlasán, ⁊ co Lios Dúnabhra, ⁊ co Fan na mBhachall, ⁊ co Cl*ar* Lis m*ic* Cíaráin i Maigh Ái, ⁊ co Cluain Ingreac, ⁊ co Clúain Cái ⁊ go Léna Ghlúin áin, ⁊ isin sliabh, ⁊ i Dubhcaill, ⁊ a Rin*n* Daire Abréni, ⁊ a Tuaim Achad, ⁊ a Rathon*n* doridhisi, ⁊ doronsat a lá ria[3] naidhche. *Ocus* ro bháoi a c*r*andach forra, ⁊ an i*ar*on*n* na ndheaghaigh in comhfhad sin uile, ⁊ ro dhe*ar*gs*a*t isna hionaduibh sin uile ; ⁊ is lá B*erach* g*ach* ion*adh* in ro dheargs*a*t, ⁊ is ón sgat t*ár*faidh dona damhuibh in la si*n* ainmnighther | Sgathoch i Rathon*n*. f. 84$^{a}$

xxv. (76) I n*ar*aile aims*er* doluidh Coluim Cille m*ac* Feidhlim*idh*, i*ar* mbhris*edh* chatha Chúile Dreimne, go B*erach*, *ar* ni fh*uair* fáilte ag náomh aga t*ar*aill conige sin. Teagmuing da*no* g*ur* bo adh*aigh* domn*aigh* an adhaigh sin. *Ocus* ro bean in taistire moch-trath in clog i cCluain Coirpthe. Is an*n*sin doluidh Col*uim* Cilli dar Magh Ráthoin*n*, ⁊ suidis i ccin*n* desc*er*tach in tóch*air* ; ⁊ ata cros ⁊ an*n*oit an*n*sin. Ro foillsigheadh do B*erach* anní sin, ⁊ doluidh a ccomdhail Col*uim* Chille, ⁊ bean*n*achais do. Beann*ach*uis Coluim Cille dó san, ⁊ ro fear Be*arach* mór-fhailti f*r*i Coluim Chille, ⁊ ro ráidh fris 'Tíagham fodechta don chathraigh'. 'Nocha ragh sa dom chasaibh anno*cht* dhi', *ar* Coluim Cille, 'ar tainic an agh*aigh* domhnaigh.' 'Berat sa liom tú', *ar* Be*ar*ach, '*ar* mo mhui*n*.' 'Ni bher*air*', *ar* Colui*m* Cille, 'an agh*aidh* si reamhom ano*cht* di.' 'Bérat sa', ar B*erach*, 'tú, ⁊ do chúl reamhat.' Ro iomch*uir* dan*o* Be*ar*ach Col*uim* C*ille* ar a mhuin, ⁊ cúl cáich dibh f*r*ia cheile, go rochta*tar* in p*r*ain*n*teach, ⁊ ro léig ar l*ár* annsin.

(77) *Ocus* ro m*ar*bh*adh* in tseisr*ech*[4] an aidhchi sin dó, ⁊ doronsat aont*aidh* ⁊ cotach, B*erach* ⁊ Col*uim* C*ille* ; ⁊ forfhagaibh C*oluim* C*ille* fagbhala maithe imdha i cCluain Coirpthe ; forofhagaibh neam dia sagart, ⁊ dia hab*aidh*, a*cht* go ndea*r*na ern*aigh*the fo trí ag crois Coluim Chille co coibhérta ; ro fagaib co tibhértha c*um*maidh f*r*is féi*n* *ar* neam dá gach manac B*earaigh* nó rachadh día ailithre chuca. Ro fhagaibh in soisg*él* ro sc*r*iobh día láim feisin, a ccom*ar*ta a áenta ⁊ B*earaich* ; ⁊ farofhagaibh moir-bhean*nacht*ain ag B*erach*, ⁊ ro luidh fora shétt.

---

[1] Altered from 'os cinn'.

[2] The scribe at first wrote : rianda.

[3] The scribe at first wrote : ríaan.

[4] 'damh' is added above the line, unnecessarily.

xxvi. (78) I naraile aims*er* dodeach*aidh* dochma mór i nÉrin*n*. Is f. 84$^{b}$ an*n*sin ro boi | Laeghachan ar Loch Laeghacan ina inis fein, ⁊ ni raibhe biadh aicce. Doluidh da*no* d'iarr*aidh* bidh *con*a ceithirn, ⁊ ro fhaccaibh a séit*chi* isin inis, ⁊ si torr*ach*, ⁊ oen ben ina farr*adh*; ⁊ ro raidh ria, dia mbeiredh lenamh dara a aeisi, a mh*ar*b*adh*, ar ni raibhe aca acfaing a lesaighthe.[1] *Ocus* rucc an ben mac dar a éisi, ⁊ ro fiarf*aigh* an ben ro báoi ina farr*adh*, cr*ét* do b*adh* indénta f*r*isan m*ac*; ⁊ ro raidh si: 'A mh*ar*badh.' Ro raidh an ben ele: 'As cora a breith go cleir*ech* na cille si thi*ar* dia bhaisttedh. *Ocus* tabh*ar* a mhancine dó ar a beth*ugh*adh.'

(79) Deisidh dano leo an comhairle sin, ⁊ tucc*adh* go Berach; ⁊ ro bhaistt Berach an m*ac*, ⁊ asé ain*m* tucc*adh* air, Ineirge, ⁊ ro hedhbradh mancine a bhí ⁊ a mhairbh, ⁊ mancine a síl ⁊ a seim*en* co bráth do Berach, ara leasucch*adh*. *Ocus* ro raidh Berach: 'Berar an mac dochum a mhath*ar*, ⁊ ticf*adh* cob*air* coda ⁊ máine dóibh.' Ruccadh an macan docum a mhath*ar* la breithir an cleirigh.

(80) M*ar* ro bhatt*ar* na mna an*n* co ccúalat*ar* in fuaim isin osn*adh*. Doluidh an bhen dia fechain, ⁊ ní facagt*air* nach ní an*n*. An cualatar da*no* an tres fea*cht*[2] in fúaim, ⁊ docuaidh an ben an tres fecht dia dechai*n*, ⁊ ro báoi brádan mor an*n*, ⁊ dobhrán aga tharraing i ttír. *Ocus* docuaidh an bhen, ⁊ ro tarraing an bradán for tír, ⁊ nír cu*mh*aing a iomch*ar* ara m*ét*, ⁊ ro gair an mnáoi ele, ⁊ ruccs*at* ina ndis *ar* f. 85$^{a}$ eiccin leo an bradan, ⁊ ro urlamhaighsett, | ⁊ ro tocaithsett*ar* a ndáethain, ⁊ ro lionsat*ar* focettoir cíche math*ar* an meic do loim, ⁊ ro saoradh an m*ac* amlaidh sin.

(81) Laeghachan immorro doluidh i cciana, ⁊ dorala baile dó, ⁊ a dhaoine uile 'ar nécc, ⁊ a bhae ⁊ a bhuár uile[3] an*n*, ⁊ dorochtattar leis dochum a thíre, ⁊ cuiris nech reimhe dia fhios an rucc a bhen lenamh, ⁊ má ruc, in[4] ro mh*ar*bh*adh*; ⁊ fu*air* an m*ac*, ⁊ é béo, ⁊ docuaidh go hair*m* irraibhe Laeghachan, ⁊ ro i*n*nis dó. *Ocus* ro ba faoil*idh* Laeghacan don sccel sin, ⁊ doluidh dia inis; ⁊ ro fhi*arfaigh* fochan*n* beth*ad* an meic, ⁊ ro in*n*is a mathair gurab é Berach ro bheth*aigh* é; ⁊ go ro hedbradh a mhanchine dó. *Ocus* doluidh Laegach[an] go Berach *con*a oigh-réir dó, ⁊ ros cind manchine an meic go brath do Bherach.

xxvii. (82) Araile aims*er* dochuatt*ar* hÍ Briuin na Sion*n*a ⁊ Cucathfaidh a ri do dol d'orccain ina focland ro bhatt*ar* ar com*air*ce Ber*aigh*. *Ocus* dolott*ar* do denamh na hoirccne. Is an*n* ro baoi Berach i cCluain Coirpthe, ⁊ ro foillsicc*edh* dó inní sin; ⁊ doluidh a frithsétt don tsluagh. *Ocus* imacomhraic doibh ⁊ do*n* tsl*uagh*[5] ag Bun Sruthra. Is aml*aidh* ro baoi Berach, ⁊ an glasan ina laimh, ⁊ ro raidh re *Con*cathfadh ⁊ risan sluagh anadh occa. *Ocus* ni ro ansat, *acht* dochuatar seocha dia sharucc*adh*, co rochtatar[1] na cathae co ra batt*ar* ar in mónaidh[2] allandes do Bhun Sruthra. Feghais Berach uadha íatt. Benais a clocc forra. Sluicis an mhóin íatt focettoir *con*a righ, ⁊ doróine loch don mon*aidh* g*an* fu*irech*; | ⁊ docíther la f. 85b tascc righ an sluagh sin, ⁊ a ngai fria nais.

---

[1] 'leo' added above the line, needlessly.

[2] The second occasion has been accidentally omitted; probably through homoiotel.

[3] MS. uile uile.

[4] MS. ní.

[5] Added above the line by a later hand, unnecessarily.

(83) Dolott*ar* da*no* Dicholla ⁊ Toranach uatha a ndegh*aidh* an tsluaigh, co t*ar*la Ber*ach* doibh. 'An accam', *ar* Berach fri Dícholla. 'Anfad', ar Diocholla; ⁊ ro raidh fri Toranach anadh aige, ⁊ ro an. Is an*n*sin ro cualat*ar* mor-gháir an tsluaigh aga slucc*udh* do*n* món*aidh*, ⁊ loch ar tte*cht* t*ar*sa. *Ocus* ro fhiarf*aigh*set cidh dosfaraill. *Ocus* docuaidh Berach doibh anní dosfaraill. *Ocus* dodhechaidh omhan mór doibh focéttoir, ⁊ ro shlechtsat do Bherach, ⁊ ro raid Ber*ach* fri Dicolla: 'An flaithi*ns* irraibhe Cucathb*aidh*, biaidh occ*ut* sa ⁊ 'gutt síol go dheiredh an dom*ain*.' *Ocus* dorad benn*acht*ain do Dhícholla ⁊ do Thoranach ⁊ dona húaitibh ro battar immaille fríu.

xxviii. (84) Is an*n*sin tainic oen scolocc terno on tslog chuca. *Ocus* do ˋraidhˊ fri Berach: 'Ar do choma*ir*ce damh, a chleir*igh*.' Dechais Berach co hopan*n* he, ⁊ t*r*iall*aidh* an cloc do bein air, dia cor fo*n* talm*ain*, ⁊ ro aitchestair[3] Dicholla ⁊ Toranach ain*m* De fri Ber*ach*, na ro mhalartnaighedh an scolóc; ⁊ ro raidhset: 'Is uathadh duin*n* anosa, ⁊ reccmait a les hé.' *Ocus* ní ro mill Berach he. Doroine ˋan fer sinˊ[4] aith*righe*, ⁊ dorad a ogh-réir do Bherach. Ro fhaccaibh Berach do gan dol t*ar* nonb*har*, ⁊ fer leapta righ uathaibh, acht go mbeittis da réir. Is an*n*sin targaidh Díocholla ⁊ Toranach a mancine do Bherach, ⁊ ni ro gabh inní sin. Ro cin*n*sett an*n*sin righ-err*edh* a rígh, ⁊ screpall gacha cathrach | ⁊ gacha gar-m*e*ic, ⁊ gach meic f. 86a sethar, ⁊ ce*ch* dalta dobéradh gacha tres bliad*hna*; ⁊ ro saerait am*laidh* sin.

xxix. (85) Araile[5] aims*er* do Berach a cCluain Coirpthi, fáidhis man*ach* fri humhalloitt uadh i Rathond, Sillen a ain*m*. *Conus* tarlatt*ar* dó naenb*ar* diberccach, tangat*ar* a hairther Tethba do dhenamh fogla i cCon*nachta*, ⁊ ro marbhsat an manach, ⁊ tangattar iter a cend ⁊ a cholan*n*. Ro foillsighed do Berach inní sin, ⁊ doluidh co hopan*n* dia nion*n*saig*idh*. *Ocus* tarraidh iatt os cind a*n* m*air*bh. O't*conn*cat*ar* *immorro* na diberc*caigh* inní Berach, docúaidh do ráith léo a mh*ar*badh, ⁊ ros gabsat a ngaei dia m*ar*b*adh*. Ro lensat a la*mh*a dia ngaoibh, ⁊ ro lensat a ngai don charraicc bói a ccomhfochraibh doibh, ⁊ méraitt slechta a nurlan*n* in*n*te go brath.

(86) Doron*sat* aith*righe*, ⁊ ro raidhsett fri Berach: 'Na gad nem forain*n*, ⁊ h'og-réir duit, a cleirigh.' Ros anaic Berach an*n*sin iad.

---

[1] MS. rocht. [2] MS. móna. [3] aitchiotar m. pr. [4] Added man. sec. above the line. [5] = R § 24.

*Ocus* ro raidh friu: 'Coraighidh an cenn frisin meidhe'; 7 doronsat amlaidh. *Ocus* ro gabh Berach simhin luachra asi*n* port-lin*n* luachra ro bói a ccomhfocc*us*; 7 doroine ern*aigth*e ind, 7 ro coraigh im bragaitt in m*air*bh, 7 atracht focéttoir; *conidh* desin atad sibhne Beraich[1] go brath. *Ocus* forfaccaibh Berach mór-rath forra; forfaccaibh da*no* dona diberccaibh gan a siol do dhol t*ar* naenbh*ar* go brath, f. 86b 7 forfaccaibh fer umhaloitte uadhaibh i cCluain Coirpti; 7 | gach tan no biadh, gú na biadh *acht* aoinfer a ndegh*aid* a ceile dibh. *Ocus* is*edh* on comaillter fós, 7 comhaillfider go brath. *Ocus* doluidh fer umhaloitte la Berach, 7 ro deilighset amhl*aidh* sin.

xxx. (87) Araile[2] aimser ro cin*n* Colman caol Cluana hIngrech dol do Roimh; dalta da*no* do Ber*ach* eis*id*e. *Ocus* ise Berach ro·ordaigh e i cCluain Ingrech. Taraill aga oide 7 aga maigistir .i. ag Berach. Fuabrais Berach a fhostt*adh*, 7 ní ro fett. Imthigis Colmán caol, 7 doluidh Berach leis sealat 'san slighidh. Comraicit[3] doib 7 do Chiarán maol i cind na faitce. *Ocus* fuabraid 7 Ciar*an* maol Colmán cáol d'fosttadh doridhisi. Ocus ro raid Colmán cáol, na hanfadh no co ffaicedh dia suilibh in Roimh. Sénais Berach an táer, 7 dobert air*r*de na croiche d*ar* roscc Cholmáin caoil, 7 at*conn*cat*ar* a ttríur, Berach, 7 Colman cáol, 7 Cíar*an* máol, inní Roimh, 7 ro molsa*tar* an Coimde an*n*sin, 7 doronsatar cros 7 an*n*oid an*n*sin do Bherach, 7 do Chiaran máol, 7 do Colman cáol. *Ocus* doronadh cros ele do Pol 7 do Pettar; 7 as ionan*n* do neoch ion*n*saigidh na ccros sin 7 do imeochadh a coi*m*hmeit do shligidh na Romha. *Ocus* ro fosd Colman caol annsi*n*.

(88) *Acht* ata ní chena; no go nairemhter gainemh m*ara*, 7 rettlan*n*a nimhe, 7 an fér 7 na huile luibhe fhás*us* tre talmain, 7 an drucht fás*us* *no* an*us* forsan fér 7 forna luibibh, ni hairemhthar uile ferta f. 87a naomh Beraigh. Fear firen t*ra* an fer sa. | Aon-gloine aicnid, am*ail* uasal-at*hair*. Fir-ailithir (.i. o cr*idh*i 7 o anmui*n*), am*ail* Abram; cennais, dilgadach, am*ail* Maoisi. Salmcetl*aidh* molbtach, amail D*aui*d. Escca[4] egna[5] 7 eolais, am*ail* Sholmai*n*. Least*ar* tocc*aidh*e fri fuaccra firinne, am*ail* Pol naps*tal*. Fer lán do rath 7 do deolaigecht an Spir*ai*t Naeim, am*ail* Eoin m*a*can. Lubh-gort cain co cland*aibh* súalach, gescca finemhna co tort*aigh*e. Tene thaidlech go ng*r*is ghoir*tigh*e 7 tesaigte na m*a*c mbeth*ad* im andadh 7 im ellscoth deirce. Leo tria nert 7 cumh*ach*ta; colum ar cennsa 7 diuite, nathair ar treabhaire 7 tuaicle fri maith; cennais, umhal, áilgen, inísiol, fri m*a*caibh beth*ad*; fordorca eiccennais fri m*ac*cu báis; mogh sáeth*air* 7 foghnama do Criost. Ri ar ordan 7 cumhachta fri cuimreach 7 fuaslaccadh, fri saor*adh* 7 daeradh, fri m*a*rb*adh* 7 beoucc*adh*.

---

[1] MS. Berach. [2] = R §§ 25, 26. [3] *no* dorala inserted above the line.
[4] *no* estad inserted above the line, which is probably the true reading.
[5] This word is very uncertain.

(89) I*ar*sna mor-miorbuilibh si t*r*a, iar todusc*cadh* m*ar*b, iar níoc clam 7 dall 7 bac*ach*, 7 gach tedma *ar*cena, 7 i*ar* noirdnedh esp*oc* 7 sacc*art* 7 deochan, 7 áesa gacha graidh isin ecclais *ar*cena, i*ar* *for*cetal soch*aidh*e 7 iarna mbaistedh, iar fothuc*cadh* cell 7 mainistrech, iar ttraethadh ealadhan iodhal, 7 druidechta, ro comfoiccsigh laithe a etsechta antí naemh Beraigh, 7 a techta dochum nimhe; 7 ro art*r*aigh aingeal dó ria ndol dochum nime, 7 ra raidh ris, co raibhe mór deithite in Choimdhe ime, 7 imo mhancaibh, 7 imo cathraigh; 7 ro raidh cidh cia *con*aitcedh aitche fíren foirbhte aire, co tibertai dó, 7 ro foillsigh do laithe a thechta dochum nimhe.

(90) Ro thocaith im*morro* Berach a bheth*aid* i naoinibh 7 i nurnaighte 7 i nalms*an*aib, hi fiadhnaisi an Coimdedh. Arroet immorro 'Berach'[1] comain '7 sac*ar*faic o Thalmach'[1] [7 ro athain] a foirb 7 cennacht a cathrach[2] 7 a mhac neccailsi dó. Ro fáid a sp*ir*at dochum nime, 7 ro hadna*cht* a chorp an*n*sa tigh dorcha co nonóir móir, 7 co nairmittin, co f*er*taibh 7 co miorbuilibh abh*us*. Bidh mo go mó*r* a ndail brátha an tan thaitnifes am*ai*l grein i nnimh i náont*aidh* apstol 7 deisciop*al* Iosa, i naont*aidh* daon*nacht*a 7 diadachta m*ei*c Dé, i naent*aidh* na naemh-T*r*inoide uaisle, Ath*air*, Mac, 7 Spir*at* Naemh. Ailim *trocaire* m*ei*c De uile-cum*acht*aigh tre imp*idh*e naemh Beraigh dá ffuil líth 7 foraithmet i neccailsibh úaisle im*dha* isin laithe si, corisam, co ro airiltnighem, 7 co ro aitreab*am* in riced, *in secula seculorum*.[3] Amen. *Finis*. f. 87$^{b}$

Sl*ich*t droich-leab*hair* shenda meambrui*m* le cloin*n* Báin oig Úi Máol*conair*e in*n*sin. A cconueint na mbrath*ar* ag D*r*obhaois 6 Februarii, 1629. An b*rathair* b*ocht* Míc*el* o Clei*righ* ro sg*r*iobh.

---

[1] Added above the line man. sec. [2] The words in brackets are conjectural; the words 'a foirb . . . cathrach' have been deleted, but are still legible, and are necessary to the sense. [3] MS. scecula sceculorum.

f. 224$^{a}$

# Betha Brenainn Clúana Ferta.

## i. BEATUS[1] UIR QUI TIMET[2] DOMINUM; IN MANDATIS EIUS UOLET NIMIS.

(1) Is fechtnach firenta, 7 is find-b[e]athach foirbhthe, an fer forsmbí eccla 7 imuamhan an Coimdhedh cumhachtaigh, 7 occobhrus go dermair timna 7 foircetal Dé do chomalladh, amhail luaidtir hi canoin pett*ar*laici 7 nua-fhiadhnaisi. Soch*aidh*e t*r*a do uasal-athrachaibh, 7 do fhadhibh 7 do apstalaibh an Coimdedh na ndula f*r*issi ndebrath i fet*ar*laic 7 i n*n*úa-fhiadhn*ais*e ind aitescc sa, a mbeith fechtnach, firían, foirfi *ar* accobh*ar* 7 ar ailcci*us* na tiomna 7 i*n*d foircetail diadha do chomhalln*adh*, 7 run eccla ` in Coimdedh co ′ foirfi ina ccridibh, 7 ina *men*mannaibh, ci*n* scrutai*n* aile *acht* madh sin nama.

(2) Oen[3] iaramh di*n* lucht sai*n* in*n*a hua[4] bfin*n*-bfegtach bfechtn*ach* sin i *n*nua-fiadhnaise, inti dia ttá lith 7 foraithmet i ndecmaing 'na ree si .i. a seised *dec* do mi Iuin[5] .i. Brenain*n* m*a*c Findloga. Cend creidme 7 crab*aidh* urmóir in domain inti noemh Brenain*n* amail Ab*r*am nirisech; salm-cetl*aidh* primh-fathachdai am*ail* D*au*id m*a*c Iase; eccnaidh dersccaighthi amhail Solamh m*a*c D*au*id; rechtaidh cedach amhail Moysi m*a*c Am*r*a; tindtadach tidhlaictech amhail Cirine; indtlecht*ach* amhra amhail Aug*us*tin; mór-leignidh primh-coitchen*n* amḥail Origon; og é amhail Eoin bruin*n*e-dalta an Coi*m*dedh; súisccél*aidh*e é amhail Mathae; forcettl*aidh* é amhail Pol; p*r*imh-apstal cendais dilgadhach é amail Pettor; ditrebach é amhail Eoin mbaubtaist;
f. 224$^{b}$ | tractaire e amhail G*r*igoir Roma; tect*air*e trebh*ar* am*r*a m*ar*a 7 tire he amhail Nóe isind airc, [uair amail ro thoccaib Noe inn airc,][6] uas tondgh*ar* na dílen*n* i nairde, is amhl*aidh* sin toicceb*us* Brenain*n* m*a*c Findlogha a manaigh 7 a muin*n*ter i nairde os tene brátha, *co n*a ria céo, no *cr*ithir, na dé iatt tre cu*macht*aibh 7 cáen-c*r*ab*udh* Brenain*n* m*ei*c Fi*n*dlogha.

(3) I naimsir[7] Oeng*us*a m*ei*c Natfráich, righ Mum*an*, is an*n* ro gen*air* inti naemh Brenain*n*. Do Chiarr*aigh*e Luachra dó .i. do Allt*r*aighibh Caille do shundr*adh*, don fior shoer shoicenel*ach* c*r*aibhdech irisech, do ath*air* ind fir si*n* .i. Findlogh. Is aml*aidh* do bat*ar* an lanamhain sin hi smacht 7 hi coblighe dligtigh do[8] riaghail esp*oicc* Eirc. At*con*n*air*c da*no* math*air* Brenain*n* aislingthi riasiu ro gen*air* Brenain*n*

---

[1] = L 3304. [2] MS. timmet. [3] = LS 3315. [4] *om.* L (*recte*). [5] It should be Maii, or else xuii Kl. Iuin. [6] From L. [7] = L 3331; R § 1; S$^{1}$ § 1$^{a}$; S$^{2}$ § 1; M c. 1; Capg. i. 136, 30. [8] fo L (*recte*).

.i. lan a hochta d'ór glan do beith aici, ⁊ a ciche do taitnemh amhail tsnechta. I*ar* nindisin na haislingthi si*n* do esp*ucc* Eirc atrubairt co n̄gein*fedh* gein amhra uaithe, búd lán do rath an Spiortu Noeimh .i. Brenain*n*.

ii. (4) Araile[1] fer mor-saidbir occa mboi a ait*r*eabh co fatta o thigh Findlogha .i. Airdi m*ac* Fidhaigh. Tainic p*r*iom-faidh na hEr*enn* co tech ind Airdhi sin m*ei*c Fidaig .i. Becc m*ac* De eissidhe. Iarsin ro imchomhairc Airdhi: 'Cidni as nesa duin*n* anosa?' Atrubhairt Becc m*ac* De fris: 'Geinf*idh* do rí díles diongmála fein ano*cht* etratt ⁊ bochna[2]; ⁊ bidh soch*aid*e do rioghaibh ⁊ do ruirechaibh aidhéor*us* de[3], | ⁊ ber*us* leis dochum nimhe.' f. 225$^a$

(5) Isin oidhche sin geine Brenain*n*, ruccatt*ar* *tricha* ferbu (.i. bo[4]) tricha láegh do Airdhi m*ac* Fidhaig; ⁊ boi occ iarr*aidh* an tighe ina rucc*adh* in naoidhe becc; ⁊ fu*air* [tech Findlogha, ⁊ in naidhiu ann, ⁊ ro shlecht co duthrachtach][5] 'na fiadnaisi, ⁊ ro edhbair an *trich*ait loiligh *con*a triochait laegh dō. *Ocus* ba hí sin ced-almsa Brenain*n*. Iarsin t*r*a ro gabh an b*rucc**aidh* an m*ac* ina laimh, ⁊ atb*ert*: 'Bidh dalta damhsa so', *ar* sé, 't*r*ia bithe.'

(6) In oidche[6] im*morro* geine Brenain*n* at*con*nairc esp*occ* Eirc Alltraige Caille fo óen-lasair dermair, amhail na hacas riamh roimhe; ⁊ timthirect na nain*gel* i néttaighibh glé-ghelaibh im*m*on tir imma ccuairt. I*ar*sin ro eir*igh* co moch '*ar*nam*ar*ach esp*occ* Eirc, ⁊ tainic co tech Fi*n*dlogha, ⁊ ro gabh in m*ac*camh ina ucht; *co* *n*deb*er*t f*r*is: 'A dhuine Dé, ⁊ a dhuine foighen*us* do Dia, gabh meisi cuccat amhail manach ndiles; ⁊ cidh so*chaidh*e as forbailidh rétt gheinemhai*n*, is forbhfailtighe mo chroidhe si ⁊ m'anam', ol esp*occ* Eirc he.

(7) *Ocus* Mobí a chéd-ainm *ar* t*ús* ó thuistigibh. Is an*n*sin ro fher*us*tair braen find f*air* .i. dona nemhdaibh, co ro líon an fheoran*n*[7] é. *Con*idh desin ba Braen-find .i. B*r*enain*n* a ain*m* osin amach. Fi*n*d im*morro* do radh fris, ar ba fi*n*d ó ch*ur*p ⁊ ó anam uile é.

(8) I*ar*sin[8] ro lingestair tri muilt asin tiop*r*ait in ro baistedh, *con*idh iatt sin feich baist*edh*a Brenain*n*.

iii. (9) Iarsin[9] ron uccsat a muin*n*ter leo hé, co mbói | bliadai*n* occa aga altrom. A ccin*n* bliadhna i*ar*si*n* rucc eps*cop* Eirc he for ammu*s* a *m*uimi fēin .i. co hIte; ⁊ boi bliadhain[10] occ Ite. Tucc an chaill*ech* gradh derm*air* dó, u*air* atchídh timtirecht na naingel uasa, ⁊ rath an f. 225$^b$

---

[1] = L 3341; R § 2; S$^2$ § 2; M c. 2; Capg. i. 136, 35. [2] muir L. [3] he L. [4] Interlined. [5] From L. [6] = L 3354; R § 3$^a$; S$^2$ § 3$^a$; M c. 3$^a$; Capg. i. 137, 7. From this point to § 42 infra inclusive, the division and numbering of the chapters have been altered in the MS., in some cases more than once. I have restored the original divisions and numbers, as the only way of obtaining a consistent series. [7] in Fhianann L (i.e. Fenit). [8] This section only in L 3374. [9] = L 3380; R § 3$^b$; S$^2$ § 3$^b$; M c. 3$^b$. [10] coic bliadne L (*recte*); cf. § 11 infra.

Spiorta Naoi*m*h f*air* co foll*us*. *Ocus* no bidh Brenain*n* oc sír-gáire frisin chaill*igh* cech u*air* atchíd hí.

iv. (10) Araile[1] la im*morro* ro fi*ar*facht Íta dó: 'Cidh dogní failte duit a náidhe noebhdhai?' or si. Atb*ert* somh iarsin: 'Tu sa', or se, 'atchim occ labhra f*r*im coidhche, 7 ogha im*dha* díairmhe aile amhail tu sa, 7 iatt ocu*m* altrom as ce*ch* laimh diaraile.' Anggil im*morro* i ndelbaibh na nogh batt*ar* annsin.

v. (11) Iarsin[2] ro legh Brenain*n* occ esp*ucc* Eirc a ccion*n* a chuicc mbliad*ne*; 7 ba fada le hItae a beith ina feccmais. 'Arsin im*morro* ro legh a salma; 7 ni raibhe loim no blechtach oc esp*ucc* Eirc an tan sin, u*air* ní ghabadh almsana o nech acht o bheccan do dháoinibh riaghalta. Tarla do Brenain*n* laithe náen a beith occ iarr*aidh* lom*m*a fora oide. 'Is tualai*ng* Dia sin', ol esp*occ* Eirc. Iarsin no ticcedh agh all*aidh* gach lái do tSleibh Luachra *con*a laegh lé, co mblighthea do samh hí; 7 no theiccedh a hoen*ar* *gus*in sl*eibh* c*et*na iarttai*n*.

vi. (12) Is[3] an*n*sin bai Bríg i*ngen* Findlogha ina fharradh, deirbhsiur dó, 7 ba dermair med a g*r*adha fuirre, ar ba foll*us* dó timthirecht na naingeal uaisti. *Ocus* ro fegh gnuis a hoide 7 at*con*n*air*c amail ruithin gréine samhrata é.[4]

f. 226$^{a}$ vii. (13) Araile[5] la do esp*ucc* Eirc ag dol do p*ro*cept | breithre Dé. Luidhis Brenain*n* lais isin c*ar*p*u*t. Is an*n*sin ropt*ar* slana a dheich mbliadhna do Bhrenain*n*. Faccab*ar* a aen*ar* Brenaind isin c*ar*p*u*t iar ndol do*n* cleir*ech* don p*ro*cept. Suidhis Brenain*n* isin c*ar*pat, 7 hé occ gabhail na salm a oen*ar*. 'Arsin t*r*a ticc inghen occ do chenel ríogh*dha* *gus*in ccarp*at*. Sillis fair siu*m*h, 7 feg*aidh* a ghnuis ro-álain*n*. Fobrais leim cuicce isin c*ar*pat fochettoir, 7 a cluiche do denamh f*r*is. Is an*n*sin at*ber*t somh: 'Imtigh dot tigh', ar se, '7 cidh rot tucc ille?' *Ocus* gabaidh ialla an ch*ar*pait ina laimh, 7 gabhaiss fora sraigledh, co raibhe occ caoi co riacht co hairm irraibhe a hathair 7 a math*air* .i.[6] an ri 7 an rioghan.

(14) Impaidhis iarsi*n* esp*occ* Eirc, 7 gab*aidh* for inchrechad a dhalta co mór, 7 fora cairiucchad go ger im bual*adh* na hoighe neimh-eillnighthe. 'Dogensa aitricche isin ngniomh sin', *ar* Brenain*n*, '7 ab*air* si f*r*im hí.' 'Tair isin úam*aidh* so co mattain', ol esp*occ* Eirc, '7 bí att oen*ar* in*n*te ceín co tora sa cuccat am*arach*.' I*ar*sin suidhis Brenaind isin uam*aidh*, 7 bói oc gabhail a psalm 7 a iom*mann* molta don Choimdhe in*n*te. Airisis t*r*a esp*occ* Eirc hi ffarr*adh* na huam*adh* ag eistect fri Brenain*n* gan fios do Bhrenain*n*.

(15) Ro closs[7] t*r*a foghar gotha Brenain*n* ag gabhail a psalm mile

---

[1] = L 3384; R § $3^{c}$; M c. $3^{c}$. [2] = L 3393; R § $4^{a}$; S$^{2}$ § $3^{c}$; M c. $4^{a}$; Capg. i. 137, 14. [3] = L 3400; R § $4^{b}$; M c. $4^{b}$. [4] Here O'Clery has written the date: 8 M*arta*, 1629. [5] = L 3403; R § 5; S$^{2}$ § 4; M c. 5; Capg. i. 137, 18. [6] MS. 7. [7] 'Ro closs . . . leth,' not in Latin Lives.

ceimend for ce*ch* leth. '*Ar*sin im*morro* at*con*nair*c* an cleirech, esp*occ* Eirc, buidhne aingel suas co nemh ⁊ anuas co talm*ain ar*in uam*aidh* co matai*n*. On lo sin amach ni ro fhett | nech gnuis Brenainn d'faicsi*n* f. 226$^b$ riamh ar métt a ratha díadha, acht Fionan cam a aenor, *ar* ba lan do rath an Spiortu Naoi*m*h eissidein. *Ocus* assedh fodera a fhaicsin siumh seoch cach.

viii. (16) Araile la[1] batt*ar* occ imtecht forsan slicc*idh* .i. Brenain*n* ⁊ easp*occ* Eirc. Teccaimh oen occlach ina cuidechta forsa*n* slicc*idh*. Teccmaid im*morro* na naimhdi bat*ar* occa sidhe doibh .i. morfeisiur laech. Gabhais eccla co mor rempu he, ⁊ atb*ert*: 'M*air*bfitt sutt meisi anosa,' ar se. 'Eircc for sccath an choirthe cloiche útt', ol Brenaind, '⁊ sin tú fora sccath.' Dogní siumh amhlaidh sin, ⁊ toccbaidh[2] Brenain*n* a laimh fri Día d'ern*aigh*the co ro saertha an toeclach.

(17) I*ar*sin teccait na naimhde g*us*i*n* coirthe, ⁊ benaitt an coirte ina tháebh, ⁊ faccbaitt in cloich i*ar*na dichend*adh*, ⁊ beiritt an cion*n* leo a riocht cin*n* a nam*at*; ⁊ m*araidh* fós an cloch si isin lucc *cet*na. *Con*idh aml*aid* sin dorin*n*e Brenain*n* dui*n*e do*n* chloich, ⁊ cloch do*n* duine. 'Dénaidh aitricche', ol esp*occ* Eirc friu, 'u*air* cend na cloiche fil accuibh, ⁊ do imthigh bh*ar* namha féin imlan uaibh.' Dogniat i*ar*sin aitricche nderm*air* fo ríagh*ail* esp*oicc* Eirc ósin amach.

(18) Iar ffoglaim[3] im*morro* na canoine fett*ar*laice ⁊ nua-fhiadhnaisi do Bhrenain*n*, dob ail leis riaghail naomh Er*enn* do sccriob*adh* ⁊ d'foglaim. Cettaighis tra esp*occ* Eirc do somh dol d'foghlaim na riaghla sin, ar ro fhittir g*ur*ab ó Dhia ro boi an chomhairle sin do somh. | *Ocus* f. 227$^a$ atb*ert* esp*occ* Eirc fris: 'Tair arís cucc*am* sa, ⁊ na riaghla si*n* lat, co ngabha tu gradha uaim si.'

(19) Iar ndola[4] do somh do accall*aimh* a muim*m*i .i. Itea, iss*edh* atbert si an céttna friss .i. riaghail noe*m*h E*renn* d'foghlaim. *Ocus* atb*ert* fris: 'Na dena foghlaim ag mnaibh na acc oghaibh; ⁊ na[5] dern*tar* hécnach fríu. Imtigh si', ol si, '⁊ teiccem*aidh* laech suaitn*idh* soicenelach duit foran slicch*id*.' Ecmaing da*no* ba he Mac Lenín in laech sin.

ix. (20) I*ar* nimtecht[6] im*morro* do Bhrénain*n*[7] teccm*aidh* Mac Lenin dó. 'Déni at*r*icche', or Brenain*n* fris, 'u*air* ata Dia agat tog*air*m, ⁊ bid mac diles dó oso amach tú.' Impoidhis iar*am* Colman m*ac* Lenin dochum an Choimdhedh iarsin; ⁊ cumdaigther ecclas lais i*aramh* fochéttóir.

(21) Iarsin[8] ro siacht Brenain*n* crioch *Con*n*acht* fo clú *ar*aile fhir c*r*aibhdigh boi in*n*te .i. Iarlaithe m*ac* Loga, m*ei*c Treoin, m*ei*c Féicc

---

[1] = L 3435 ; R § 6 ; S$^2$ § 5$^a$ ; M c. 6 ; Capg. i. 137, 26. [2] ⁊ toccbaidh *bis* m. pr. [3] = L 3449 ; R § 8$^a$ ; S$^2$ § 6$^a$ ; M c. 8$^a$ ; Capg. i. 138, 1. [4] = L 3453 ; R § 8$^b$ ; M c. 8$^b$. [5] cu nach L. [6] = L 3458 ; R § 8$^c$ ; M c. 8$^c$. [7] do mac Lenin, m. pr. [8] = L 3484 ; R § 9 ; S$^2$ § 6$^b$ ; M c. 9 ; Capg. i. 138, 4.

m*ei*c Mochta ; ⁊ ro foghlainn ina huile riaghlu aicce. Is an*n*sin atb*ert* Brenain*n* fri hIarlaithe: 'Ni han*n*so bhias t' eserge itt*er*,' or se. Is ann atb*ert* Iarlaithe : 'A mheic naemtha, cidh ara bfoilge foirn rath in Spiortu Náeimh fil in*n*ut co foll*us*, ⁊ cu*m*achta díairmidhe De, ⁊ in Choimdhedh, ica cleith it menmai*n* neimh-eilln*ighth*e. Tu ssa t*ra* tainic d'foglaim cuc*am* sa, ⁊ meisi bhías occ*at* sa o sun*n* amach', *ar* Iarlaithe. 'Geibh da*no* meisi it mhanchuine tre bithe', or Iarlaithe ; 'acht chena ab*air* frim, cait ina mbia m'eseirghe.'

(22) Atb*ert* Brenain*n* friss : 'Dentor carpott núa lat', or sé, 'uair is f. 227$^b$ senoir tú ; | ⁊ eirigh in*n* foran slicc*hid*, ⁊ cibe ionad a meabhaidh da f*er*tais an charpaitt, as an*n* bhías h'esérghe, ⁊ soch*aid*e ele im*m*aille f*r*it.' I*ar*sin t*ra* téid an senóir isin cc*ar*patt ; ⁊ ní fada dochuaidh, an tan ro mheabh*aigh*set feirtsi in ch*ar*paitt edh natgairitt ett*urr*a ; occ*us* ise is ain*m* don ionad sin, Tuam da [Gh]ualan*n*.

x. (23) I*ar* ffaccbháil[1] Iarlaithe an*n*sin, gabhais Brenain*n* roimhe fo Magh nÁi. Teccm*aidh* im*morro* aingiol dó forsan slicc*idh*, ⁊ is*edh* atb*ert* friss : 'Scriobh', *ar* se, 'briat*hr*a in chrab*aidh* uaim si.' Scriobais Brenain*n* a gion an aingil ina huile ríacchla na noemh-eccalsa, ⁊ m*araid* fós na riaghla sin huile.

(24) In ta*n*[2] *tr*a batt*ar* oc imtecht Maighe Ái, at*con*ncat*ar* in fúatt, ⁊ duine m*ar*bh ind ; ⁊ a charaitt occa cháoinedh. 'Tairisnighidh isin Coimde', ol Brenain*n*, '⁊ bidh beo an duine fil accaib.' I*ar* nden*amh* im*morro* ern*aighth*i dosomh, eirgis an tocclach, ⁊ beraitt a muin*nter*, leo hé co ffóilti nderm*áir*. I*ar*sin *tr*a gabaitt cách occ fégadh Brénain*n* co mór, ⁊ beraitt leo he co dú i mbói ri an moighe sin ; ⁊ tairccis an ri feran*n* dó in bhail i nbadh ail lais ; ⁊ nír gabh Brenain*n* sin uadha, ú*air* nirb áil leis beith isin maighin sin.

xi. (25) I*ar* sccriben*n*[3] t*ra* riaghla na náemh *con*a mbesaibh, ⁊ *con*a ccrabhadh do Brenain*n*, impois co hesp*occ* Eirc doridhisi, ⁊ gabhais gradha uadha.

(26) Is an*n*si*n*[4] ro chuala somh isin tsoisccel : '*Qui relinquit*[5] *patrem et matrem aut sororem, centuplum*[6] *in presenti*[7] *accipiet*[8], *et uitam eternam possidebit.*'[9]

f. 228$^a$ xii. (27) Is iarsin[10] t*ra* ro fhás gradh derm*air* don Choimdhi ina chridhe siu*m*h, ⁊ ba hail lais a thír ⁊ a thalamh, ⁊ a thuist*idh*e ⁊ a athar*dha* d'fagbáil. Ro thothlaigh go du*thr*achtach forin cCoimdhe co tt*ar*dadh talamh ndeirrit ned*ar*scc*ar*ta ó dhaoinibh dó.

(28) *Ocus*[11] is an*n* t*ar*la do Bhrenain*n* a bheith in uair sin isind ion*adh*

---

[1] = L 3542 ; R § 10 ; $S^1$ § $1^b$ ; $S^2$ §§ $6^c$, $7^a$ ; M c. 10 ; Capg. i. 138, 12.

[2] = L 3546 ; R § 11 ; $S^1$ § 2 ; $S^2$ § $7^b$ ; M c. 11 ; Capg. i. 138, 16.

[3] = L 3554 ; $S^1$ § 3 ; $S^2$ § $7^c$ ; Capg. i. 138, 20.

[4] = L 3556 ; $S^1$ § $4^a$ ; $S^2$ § $8^a$.

[5] MS. relingguit.

[6] MS. centtublum.

[7] MS. precenti.

[8] MS. accipiat.

[9] MS. possidebat.

[10] = Capg. i. 138, 22.

[11] = M p. 85 *ad calcem* ; R § $13^a$ ; Capg. i. 138, 27.

d*ar*b ain*m* Leim na Subhalt*aigh*e, ⁊ tainic nech naemh*t*a d*ar*bh ain*m* Barri*ntus*,[1] mac meic Neill rígh, dá ion*n*saigh*ed*. *Ocus* 'ar bfi*ar*faicc*edh* moráin sccel do Brenain*n* do*n* neoch si*n*, do leicc dochum lair é maille le tuirsi ⁊ le d*ér*aibh. Do toccaibh Brenainn do l*ar* hé, ⁊ adub*airt* fris acc tabh*air*t póicci dó: 'Dob oirchisi duit si subhaltaighe do den*amh* ina t*ur*si. *Ocus ar* son páisi Dé frit, in*n*is duin*n* ní do briat*hr*aibh Dé ; ⁊ sás *ar* nanman*n*a.'

(29) *Ocus* 'ar radh na ccomráitedh sin doibh, do tion*n*sgai*n* an tocclach sccela oiléin d'áir*ithe* do in*n*isin do. *Ocus* assedh adub*airt*. 'Do bi mac accamsa dárb ain*m* Mernócc, ⁊ do theich uaim, ion*nus* narb ail leis beith i naen ionad f*r*im. *Ocus* fú*air* oilén a bfocc*us* do shlíabh air*ith*e díar bho comhain*m* Sliabh na Cloiche. *Ocus* aims*er* fada ina diaigh sin, i*n*d uair do foillsicc*edh* dam sa go mbiadh móran do mhancaibh aicce, ⁊ co foillseochtaoi miorbaile iom*dha* t*r*id, dochuadh*us*a ar cu*airt* cuicce, ⁊ m*ar* do badh*us* uidhe trí la dom slicc*idh* 'na gh*ar*, tainicc *con*a b*r*aithribh im choin*n*e, u*air* do fhoillsigh Día dó mo rochtain cuicce.

(30) '*Ocus* 'ar ndol dochum an oilein duin*n*, tangatt*ar* na braithre chuccain*n* asa selladhaibh amach, am*ail* saithe bech ; ⁊ ger sccáilte | f. 228$^b$ ind aittrebh si*n*, do ba nemh-sccaoilte a cconuersaid, ⁊ a ccoccús, ⁊ a ngradh. *Ocus* ni raibhe do bheth*ad* aca *acht* ubhla, ⁊ cna, ⁊ fremha ce*ch*a cenéoil luibhe da bfaghdais. *Ocus* no theiccdis na b*r*aitre dochum a selladh féin ó chompleitt go gairm an choil*igh*.

(31) '*Ocus*[2] do badh*us*a ⁊ mo mhac *ar* fad an oilein, ⁊ t*ar*eis cuart*aigh*the a*n* oiléi*n* dúin*n*, rucc leis me dochum na t*r*agha m*ar* a raibhe an long ; ⁊ adub*air*t riom : "A ath*air* ion'mhain', eirigh isin luing", *ar* se, "co ndeacham*m* d'fechain an oilein da ngoirter Talamh na Na*om*h, neoch atá Dia do gheall*adh* dona dáoinibh tiucf*us* in*ar* ndiaigh." *Ocus* 'ar ndol isin luing duin*n* t*ar*la céo duin*n*, ion*nus* gurab *ar* eiccin dochon*n*cam*ar* corr thos*aigh* ar luinge.

(32) '*Ocus* '*ar* mbeith duin*n* m*ar*sin re hedh uaire don ló do chaithemh, t*ar*la sol*us* ro-mór *chu*gain*n*, ⁊ at*con*ncam*ar* an toilen ro-bregh*dha* ro-thaithnem*ach*, ⁊ sé lán d'ubhlaibh cumhra, ⁊ do blath ; ⁊ ní raibhe en luibh na *cr*and aca gan a lan do thor*adh* air. *Ocus* dochuirem*ar* an long fo tír isin oilén i*ar*sin. *Ocus* do bam*ur* re hedh cuicc lá ndécc occa imtecht ; ⁊ nír fétsam an c*r*ioch d'fáccbáil. *Ocus* is íad do ba clocha dó .i. lecca loghm*ara*. *Ocus* a ccion*n* an choicc*idh* lai décc fu*ar*am*ar* sruth tre *lar* an oilein ; ⁊ ní raibhe a fhios aguin*n* créd dodhénmais[3] fa dhul t*ar*an sruth. *Ocus* do anam*ar* le com*air*le n-Dé.

(33) '*Ocus*[4] m*ar* do bham*ar* ag tea*cht* 'arsin, dochon*n*cam*ar* cuccain*n* fer dealraighth*ech* dess, ⁊ dochuir failtedha romhain*n* in*ar*

---

[1] Later marginal note : Vide an sit B*air*fion*n* m*ac* mic Muiredh*aigh*, mic Each*ach*, mic Co*n*uill Gulban, mic Neill N. [2] = M p. 87 ; R § 13$^b$ ; Capg. i. 138, 41. [3] ghenmais m. sec. [4] = M p. 87 ; R § 13$^c$ ; Capg. i. 139, 12.

f. 229$^{a}$ nanman*n*aib dilsiph fein, ⁊ adub*air*t: “Do fhoillsigh | Dia an talam sa daoibhsi, a bhraithre g*r*adacha. *Ocus* isé so leth an oiléín ; ⁊ ni ced daoibhsi dul thairis so, ⁊ fill*idh* ’san ait asa ttangab*air*.” *Ocus* m*ar* adub*air*t seision sin, do fhi*ar*faighemair ne dhe ca hionad asa ttainic, no ca hain*m* é fein.

(34) ‘Asbert an toccl*ach*: “Crét dobeir *dom* fhi*ar*faighidh si sibh, u*air* do ba córa daibh in toilen sa ⁊ a sccela d’i*arraidh*, ina mo sccela sa; u*air* dochí sibh anossa é gan teirce tor*aidh* na blátha; ⁊ is m*ar*sin o t*ús* dom*ain* ata sé. *Ocus* ni reccann [1] sibh a leass biadh no deoch do chaithemh, u*air* ata sibh bliad*ain* isin talamh so, ⁊ nir chaitheabh*air* biadh nó deoch risan ccomfad sin; ⁊ fós ní ra*n*gabhair a les súan no codl*adh*, ⁊ ní fhacabh*air* agh*aid* no dorcatt*us* ele risan aimsir sin. Mass*edh* beraidh [2] an lá gan dorchad*us* an*n*so tre bithe, gan chrích, gan foircen*n*, u*air* isé ar tTig*er*nai nc Iosa *Criost* is solas ⁊ is delradh dó. *Ocus* muna bhristis na dáoi*n*e aithnedha a tTiccerna, do mh*air*fittis isin aoibhnes so co suthai*n* siorr*aid*he.”

(35) ‘*Ocus* m*ar* dochualam*air* ne sin, dorin*n*em*ar* toirrsi mór, ⁊ ait*hr*icche diochrae. *Ocus* i*ar* sccur duin*n* d’*ar* ttoirsi, do thion*n*sccnam*ur* fill*edh* docu*m* *ar* luinge. *Ocus* tainic in nech naemhta sin lin*n* go hor na t*r*agha, ⁊ ’ar ndol dúin*n*e inar luing, doruccad somh as*ar* bfiadhnaisi, *co n*ach fettam*ur* ca hionadh in*ar* gabh sé úainn.

(36) ‘*Ocus* [3] i*ar* ndol uain*n* amhlaidh sin, tangamair ne t*r*esan ceo cédna si*n* ro raidhem*ar* romhain*n*. *Ocus* ni dhernam*ur* foss nó comhn*uidh*e, nó go rangam*ar* go hor na hin*n*si as*ar* t*r*iallamar róimhe sin. *Ocus* m*ar* dochon*n*catt*ar* na braithre sin*n*, do gabh luathghaire ⁊ *gair*-
f. 229$^{b}$ deach*us* doimhesta iatt remhain*n* t*r*e n*ar* ttoidhecht *chucu*; | ⁊ [4] do gabhatt*ar* occ fi*arfaigh*e sccel dín*n* re fedh *ar* natheccmaissi, ⁊ iss*edh* adeirdis: “A aithrecha noemh, cr*éd* f*ar* treiccebh*air* b*ar* ccáoir*igh*? ⁊ síad gan buachaill aca, *acht* íatt ar seachran isin oilen sa. *Ocus* as meinic docuaidh ar nabb*adh* ne ar cu*air*t mís, no coictigisi, no sea*cht*muine, no ní as lugha ina sin.”

(37) ‘*Ocus* do thion*n*sccn*aidh* sé beith ag comhfhurtacht na mbrat*har*. *Ocus* adub*ar*t sa riu i*ar*sin’, ol B*ar*in*n*t*us*, ‘ “Na brethnaighidh si ní acht ni maith gan con*n*tab*air*t, óir as maith b*har* cconuersaid, ⁊ is a ndor*us* p*arr*tais ata bh*ar* naittreabh; ⁊ as focc*us* daoibh an toilen da ngoirter Talamh aithgellta na Naemh. *Ocus* is an*n* nach bion*n* agh*aid* go brath, ⁊ nach criochnaigher lá. *Ocus* téid Mernócc .i. an tap, co minic in*n*te; ⁊ atát aingil Dé occ iomcoimhett na hin*n*si sin. Inné nach*ar* athain sibhsi *ar* degh-bholadh ar nédaigh gurab hi p*arr*t*us* do bham*ar*?” Adub*r*att*ar* na braithre: “A ath*air* ionmain”, or siatt, “do aithnigem*ar* g*ur*ap hi p*arr*t*us* De do bí sibh, *ar* feab*us* bolta-

---

[1] *no* ní riccenn (interlined). [2] Probably for: méraidh. [3] = M p. 88; R § 13$^{d}$; Capg. i. 139, 25. [4] ⁊ iss*edh* m. pr.

n*aighthe* bhar nettaighedh ; *uair* is meinic roimhe so dochúaid *ar* nab féin and, ⁊ gomadh sasadh duinne co cenn da fichet lá boltanug*adh* a e*daigh*." *Ocus* a Bhrenain*n*', ol Barin*ntus* 'do an*us*a co cenn coictighisi isin maighin sin a bfochair mo mheic gan biadh, gan digh ; ⁊ a ccion*n* da fichet lá do impáides dochum mo brait*rech* ⁊ mo shella fein arísi.'

(38) Iarna cluinsin[1] do Brenain*n* *con*a bhrait*hr*ibh, do cromatt*ar* a ccin*n* dochum talman, ⁊ do mholatt*ar* Dia go mór, ⁊ adubhratt*ar*: '*Benedictus Deus in donis suis.* | i. as ben*n*aighthi Dia ina thiodhlaic- f. 230$^{a}$ tibh fein, ⁊ as naemhta ina oibrightibh uile e; óir do foillsigh an lán miorbuil*edh* sin dia muin*n*tir, ⁊ do*no* do sás sin*n*e fein aniu do shás*adh* sp*ir*atalta.' *Ocus* iar radh na ccomhraitedh sin doibh dibhlinaibh, do raidh Brenain*n* fria a muin*n*tir toidhecht lais dochum shas*aidh* comhsp*ir*atalta[2] f*r*is si*n*, ⁊ docum na hathnuadhaighe. 'Ar ndol na hoidhce tarsa, ⁊ iar ngabhail benn*acht*an Brenain*n* do Bharrin*n*tus, do fhill roimhe da ionad comn*uidh*e fodéin.

(39) *Ocus*[3] iar nimtecht do, do thionoil Brenain*n* ceithre braithre decc[4] asa choimhtionol féin chuicce, ⁊ docuaidh i nionadh foiadhadh[5] leo; ⁊ is orra si*n* do bí neach occ tocc*aidh*e ro-sho*lus* i ndegh-oibrightibh, ⁊ hé occ moladh De o tús a aoisi goa deiredh. *Ocus* gibe lénab áil fios a ghniomh*ar*tadh do beith aicce, lecch*ad* a m*ac*-gniom*ar*thai; ⁊ asse an neach sin adubram*ar* .i. Macutes. Do labhair Brénain*n* frisna braithribh, ⁊ iss*edh* adubhairt: 'A comhcath*ar*dhai g*r*adhacha', ol sé 'atu sa occ iarraidh com*air*le ⁊ comhfurt*acht*a oruibh; úair ata mo croidhe ⁊ mo smuaintighthe '*ar*na ccomhsadhadh i noen toil amáin, mas hi toil Dé i .i. an talamh do labh*air* Bairrin*n*tus rin*n* dol da iarr*aidh* .i. an talamh do gheall Día do*na* daoinibh thiucf*us* inar ndiaigh. *Ocus* cret hí an comh*air*le dobhértaoi si damh sa uime sin?'

(40) '*Ar* naithne toile B*r*enain*n* dona braitribh, adubrat*ar* o aen ghuth uile: 'A athair ionmai*n*', ar siatt, 'an comhairle as toil let sa, is hí as toil ⁊ as co*m*h*air*le | duin*n*e. *Ocus* inné nach*ar* threiccem*air* ne f. 230$^{b}$ ar naithre dilsi fortsa? ⁊ inné fós nar treiccem*ar* ar noighrecht fort fadhéin? *Ocus* nach*ar* th*air*bhir sin*n* ar ccuirp it lamhaibh? *Ocus* as *ar*na hadhb*ar*aibh sin atámaid ullamh dochum báis no beth*ad* d'fagáil immaille friot sa. *Acht* oen ní amhain chena. Iárrmaitt toil ind Ath*ar* noemhtha d'fogbhail ⁊ do coimhlionadh duinn.' Do c*r*iochn*aigh* im*morro* Brenain*n* *con*a muin*n*tir an*n*sin trosccadh da fhicet lá *con*a noidhcibh do dhenamh frisin cCoimd*edh* fa shoirbheachadh doibh, ⁊ fa eolas gacha *con*aire no cingfitis do chur go crích doibh.

(41) Codlais[6] Brenain*n* iarsi*n*; ⁊ atchuala guth ind aingil do nimh,

---

[1] = M p. 89; R § 13$^{e}$; Capg. i. 139, 30. [2] Read: corporda, = corporis. [3] = M p. 89; R § 14$^{a}$; Capg. i. 139. 33–140, 4. [4] Marginal note: 14 socii S. Brendani. [5] *sic* MS.; read foiatta. [6] = L 3562; R § 12$^{b}$; S$^{1}$ § 4$^{b}$; S$^{2}$ § 8$^{b}$; Capg. i. 138, 25–26.

⁊ iss*edh* at*bert*: 'Eirigh, a Brenain*n*', or se, '⁊ inní ro athchuinghis doghebh*air* ó Día e .i. Tir Tairngire do thadhall fodheoigh.'

xiii. (42) Éirgis[1] Brenain*n* iarsin, ⁊ ba maith lais a mhenma don aithescc sin ro raidh an taingel. *Ocus* téitt i nionad fo leith a oen*ar*, ⁊ feghaidh an taiccen uadha for ce*ch* leith. *Ocus* at*connairc* inis álain*n* adhamhra forin occían co timtirecht aingel impi. I*ar*sin anais Brenain*n* isin ionadh sin ath*aid* fada .i. isin inis at*connairc*, ⁊ codlais becc in*n*te doridhisi. Ticc aingel Dé dia accallaimh afrithisi; ⁊ atb*er*t fris: 'Bett sa', or se, 'o sun*n* amach maráen frit sa tre bithe sír; ⁊ múinfett deitt u*air* eiccin in inis nálain*n* at*connar*cais, ⁊ as mian let d'fogh- f. 231$^a$ bháil.' Cüs iaramh Brenain*n* go dermh*áir* ar fhóilte fri | haithescc an aingil; ⁊ dogni altucc*adh* buidhe fri Día.

xiv. (43) Éirghis[2] Brenain*n* *con*a muin*n*tir i*ar*si*n*, ⁊ faccbaitt benn*acht* ag p*r*epoist na mainist*r*each adubhram*ar* romhain*n* .i. neoch do báoi i nionad Brenain*n* ag na braitribh da éis. *Ocus* dochuaidh Brenain*n* iarsin isin ran*n* siar, ⁊ ceithre braithre *dec* maille f*r*is, co riacht oilén ind ath*ar* naemhta di*ar* bo hain*m* Enda Airne; ⁊ doroine comn*uidh*e tri lá ⁊ teora noidhce isin oilen hisein. *Ocus* do 'fhág'bhatt*ar* benn*acht* occ Enda noebh.

xv. (44) *Ocus*[3] annsin docuaidh Brenain*n* *con*a muin*n*tir 'san cuid dob foide úadh d'feran*n* a ath*ar*. *Ocus* nir bho hail lais a athair no a mháth*air* do thaobhadh, ná a dhul a cco*m*fhocc*us* doibh, *acht* doch*úaid*[4] ar mullach aird-sleibhe do báoi a bfog*us* do*n* fair*r*cce, m*ar* a raibe an long do bháoi oca. *Ocus* ise fa hain*m* don ionad sin osin amach, Suidhe Brenain*n*. Adubhratt*ar* gur mith*ig* doibh an toilen sin d'faccbáil; ⁊ dochúatt*ar* d'ion*nsaigh*e a luinge dá daingniucc*adh* le hi*ar*an*n* ⁊ le seichedhaibh damh; ⁊ dochuirett*ar* daethain da long aile da gach cinél ullm*aigh*thi *ar*chena i lluing Brenain*n* in u*air* sin. Do chuimlett*ar* da ccenglaibh amuigh ⁊ astigh mirr ⁊ bidomain, pic ⁊ róisi*n*.

(45) *Ocus* an uair dob ullamh í, adubhairt[5] Brenain*n* fria muin*n*tir dul in*n*te i nainm in Ath*ar* an Mheic ⁊ an Spior*ai*t Naeimh. Do an fein in*n*a oen*ar* arin traigh da néisi, ⁊ do bhenn*aigh* an port da gach taobh de. *Ocus* ina dhiaigh sin dochon*n*airc Brenain*n* t*r*iar manach f. 231$^b$ da muin*n*tir fein chuicce; ⁊ doleiccett*ar* a ngluine | fri lar ina fiadhnaisi, ⁊ asedh adubrat*ar*: 'A ath*air* noemhta', or íett, 'leicc sinne lat m*ar* a tteighe féin ar gradh Dé, no rachmáitt ne do ghorta bíd ⁊ dighe; úair tuccsamar moid im beith occ dénamh *ar* noilithre it fochair si *ar*fedh ar naimsire.'

(46) An u*air* docon*n*airc a*n* tath*air* .i. Brénainn, an airc do bói orra

---

[1] = L 3564; R § 12$^c$; S$^1$ § 4$^c$; S$^2$ § 8$^c$.
[2] = M p. 90; R § 14$^b$.
[3] = M p. 90; R § 15.
[4] = Capg. i. 140, 4.
[5] = S$^1$ § 5$^b$, which here passes to the text of the Nauigatio.

san, adub*air*t ríu : ‘ Teighidh ’san luing, ó ata a fhios occum sa cion*nus* tainic sibh. Ata oibrighthi maithe agin fhior so díbh, ⁊ do ullmaigh Dia ionad maith dó ; ⁊ do ullm*aigh* do*no* méducc*ad* peine daoibh si.’ Dochuaidh im*morro* Brenain*n* dochum a luinge iarsna comraitibh si*n* ; ⁊ docuatt*ar* a mhuin*n*ter isin da luing aile batt*ar* aca. Is aml*aidh*[1] im*morro* batt*ar* na longa sin Bhrenain*n*, ⁊ tri sretha do ramaibh for gach luing dibhsein, ⁊ a seolta do croicnibh bethad*ach* nallta ⁊ ríatta ; ⁊ do batt*ar* fiche fer i ngach luing aca.

(47) Is an*n*sin[2] *immorro* tainic crosan go Brenain*n*, ⁊ slechtais ina fhiadhnaisi, ⁊ is*edh* ro raidh ris : ‘ A Brenain*n* ’, or se, ‘ gabh meisi cucc*at* ar Dhia, ⁊ airchis dom t*r*oicche *co n*diccsiur lat.’ Beiris Brenain*n* lais é ar Dhia ; ⁊ téitt sescca fer lais ina longaibh, amhail asberatt na sccribhen*n*a :

Sescca fer doibh isin coblach,
Níbtar saothr*aigh* in domnach ;
A menmanna ’san Duilem dil
Occ mol*adh* rig an rictigh.

xvi. (48) I*ar*sin[3] t*r*a tiaccaitt *ar* muinchin*n* m*ar*a ⁊ mór-f*air*rge, ⁊ do thoccbatar a seolta osna longaibh co ros iomluaidh gaeth iatt | f. 232$^{a}$ go port Áron*n* doridhisi. Doriacht Pupa, ⁊ Énda Áron*n*, ⁊ Ronad do fheghadh an choblaigh.[4]

### xvii. SCCEL OILEIN NA LOCHADH SIOSANA COLLÉICC.

(49) Ceileabrais[5] Brénain*n* do náomhaibh Áronn, ⁊ fáccbais bennachtai*n* aca ; ⁊ seolaitt rompa do thaisteal an mh*ar*a si*ar* gach ndirech, *co* facat*ar* iar*amh* oilén ard aoibhin oiregh*dha* úatha. *Ocus* do sheols*a*t a longa dá ion*n*saicchidh, no go rancatt*ar* co hor an oilein. *Ocus* at*con*ncattar an t*r*aigh aga lionadh do lochaibh fion*n*fadhachaibh fíorgrán*n*a mar cattaibh[6] com*m*ora. Fiarf*aigh*itt na braithre Brenain*n* : ‘ Cidh áilit na lochaidh utt ? ’ ar síatt. ‘ Ar nithi ne, ⁊ ar slucc*adh* dob áil léo sutt ’, ol Brenain*n*.

(50) Is iarsin ro foillsicc*edh* do Bhrenain*n* u*air* eitsechta an crossain boi occai isin luing. Co*n*idh an*n*sin ro raidh Brénain*n* fris : ‘ Eirigh ’, ol se, ‘ ⁊ caith corp *Crist* ⁊ a fhuil, ⁊ eircc docum na bethad suthaine, uair atchluinim si claiscettal aingel ’gud gair*m* ara nam*mus*.’ Ba maith da*no* lásin crossan a mhenma do b*r*igh an scceoil sin ; ⁊ is*edh* atb*er*t : ‘ A thiccerna ’, *ar* se, ‘ ca maith doronasa an t*r*ath domb*erar* dochum nimhe a phraipi sin ? ’ Ros frecc*ar*t B*r*enain*n*, ⁊ is*edh* ro raidh, gur bo cub*aidh* dó somh toil Dé do choimhlíon*adh*.

(51) I*ar* ccaitemh im*morro* chuirp *Crist* ⁊ a fhola dó, lingis a spior*a*t anma ass, ⁊ ber*ar* hí focettóir co ffóilti nderm*air* dochum nimhe, uail

---

[1] = L 3574. [2] = L 3736 ; R § $71^{b}$. [3] = L 3741 ; R § $71^{c}$. [4] Here the scribe adds : ceilebrais, &c. ; i.e. he began to write the beginning of the next chapter in continuation of this. [5] = L 3743 ; R § 72. [6] MS. cathaibh.

ittá Iosa *Críost* co *noi* ng*r*adaibh nimhe immaille friss. Focert*ar* trá a chorp forsin traigh, *co n*duatt*ar* na loch*aid* é, *co nar* faccaibset *acht* f. 232$^b$ a cnamha loma aran t*r*aigh. Adnaicitt | muin*n*t*er* Brenain*n* a chnamhredhaigh iarsin; ⁊ scc*r*iobht*ar* a ainm a mmart*ar*laicc, uair ba mairtir amhra eissiumh. As foll*us* i*n*dsin *co*inircle in Coimdedh tresan pect*hach* tainic fadeoigh dochum na luinge, do thogha dó dochum nimhe for t*us*.

xviii. (52) Asahaithle[1] sin t*r*a do thóccbhat*ar* muin*n*ter Bhrenain*n* na seolta a nairde, ⁊ dob aims*er* shamraidh an*n* an ionb*aidh* sin. *Ocus* fuaratt*ar* gaeth go dess degh-tap*aidh* leo gach ndírghe, ion*nus* nach rangatt*ar* a les iomramh do dhenamh, *acht* na seolta do chongmhail a náirde. Iar ccaithemh *deich* la doibh m*ar* sin, do thoirin*n* an ghaeth a gredhan ⁊ a g*ar*bh-ghlór uatha; ⁊ 'ar ttairccsin a brighe, dob éiccen doibh siumh iomramh do dhenamh.

(53) Do labhair Brenain*n* fríu, ⁊ asedh adub*airt*: 'Na bíodh eccla oruibh', ol se, 'u*air* ata ar nDía féin 'na threoraighteoir ⁊ 'na furtachtaighteoir aguin*n*. *Ocus* tairrngidh bh*ar* rá*m*ha astech; ⁊ na dénaidh ob*air* na saethar; ⁊ treorochaidh Día a long ⁊ a muinnter fein m*ar* as áil leis.' Is an*n* doghnidh Brenain*n* *con*a muin*n*tir a suiper gacha heasp*ar*tan. *Ocus* fu*ar*att*ar* go di*rech* in gháeth[2]; ⁊ ní raibhe a fhios aca bheos cait g*us*a rucc an gháeth iatt.

### xix. SCCEL OILEIN NA SRIAN.

(54) Iar ccaithemh[3] da fhichet la dhoibh fon ion*nus* sin, ⁊ 'ar ttairccsi*n* a lóin, do*chon*ncatt*ar* oilen ard uatha, ⁊ sé clochach gainmhighe. *Ocus* 'ar ndrud doibh risin oilen, is amhlaidh ro bhaoi, ⁊ bruach[a] ur*ar*da aicce, ⁊ srotha gorma glan-uiscce ag snighe dona f. 233$^a$ bruachaibh sin amach isin bfairrge, ⁊ ni fhuaratt*ar* | port hi rachdáis fo tír 'san oilen. *Ocus* do bhatt*ar* na braithre 'arna mbuaidhredh ⁊ '*ar*na meirtniucc*adh* d'easbhaidh bidh ⁊ dighe. *Ocus* do shan*n*taighettar na braithre uisccedha na srothann sin do gabhail ina soidhtighibh féin, ⁊ a mbreith leo. Atb*er*t Brenain*n* friu an u*air* sin: 'Na dénaidh cabocc ar uiscce an oilein, uair foillseoch*aidh* Dia duin*n* a ccion*n* trí la port ina bfuighbhem sásadh d'*ar* ccorpaibh anbhan*n*aibh ettréorachaibh.'

(55) Iar ttimcheall*ad* an oilein hisin doibh fri hedh trí lá, fuaratt*ar* port ina rach*ad* aon long i ttír an*n*. Do eirigh Brenain*n*, ⁊ do bhenn*aigh* an port re ndol i ttír doibh. *Ocus* do bhatt*ar* na cairrge ina múraibh árdaibḥ ˋarˊ gach taoibh dhe. *Ocus* 'ar ndol i ttír doibh, adubhairt Brenain*n* lena muinntir: 'Na beiridh a bhecc da bhar nettaighibh libh asin luing.'

---

[1] = M p. 91; R § 16; S$^1$ § 6; Capg. i. 140, 21.

[2] 'in gaeth' added on margin, but probably by same hand.

[3] = M p. 92; R § 17; S$^1$ § 7; Capg. i. 140, 30.

(56) Oc imtecht[1] an oilein doibh iarsin, at*con*ncattar gadh*ar* becc ina ccoin*n*e, 7 dorin*n*e umhla fo chosaibh Brenain*n*. Adubhairt Brénain*n* léna braithribh : ‘Inné nach maith an techtaire so dochuir Día chuccaibh? 7 lenaidh é, no co mbeire sé docum baile sibh.’ *Ocus* ro lenatt*ar* na braithre é am*ail* ro raidh B*r*enain*n*. [Ocus ro raidh Brenainn][2] fríu: ‘Faichlidh co maith nach meallfa an tainspiorat sibh. *Ocus* dochím féin an taidberseoir aga furail aran trí*ur*[3] brat*ar* do len on mainistir sin*n*, gadaighecht do dhenamh. *Ocus* guidhidh si co duthrachtach ar anmain an tres bráth*ar* dibh, uair ata a chorp ar cum*us* an diabhail.’ Is amhl*aidh* do bí an tech sin irrabhatt*ar* dothu*arus*ccbhála ara fhad 7 ara fhairsinge, co niom*at* soidt*ech* cumhdaighthi, 7 sríant*aibh co n*ór an*n*.

(57) *Ocus*[4] issedh adubhairt Brenain*n* an*n*sin frissin ccleirech | no f. $233^b$ gnathaighedh bheith acc tabairt a ccodha doibh : ‘Frithái l dúin*n* an chuid docuir Dia chuccain*n*.’ *Ocus* ’ar neircche go luath do*n* cleir*ech*, is aml*aidh* fu*air* na buird ’arna bfolach d’ilradh gacha datha, 7 arán co ngile nemh-gnath*aigh* orra, maille le hiomatt eiscc eccsamhail. Is an*n*sin do ‘bheann*aigh*’ Brenain*n* an bord, 7 adubhairt risna braithribh : ‘Den*aidh* onoir 7 reuerens do Dhía na nuile cumhacht, dobheir sasadh bídh 7 dighe dona huilibh cretuiribh.’ Do shuidhett*ar* dochum an buird an*n*sin, 7 do molatt*ar* Dia go mór, 7 do bhennaighset an deoch 7 an biadh, 7 docaithett*ar* an méid ba lór leo de.

(58) *Ocus* iar ccaithemh a suipeir doibh, atbert Brenain*n* fríu: ‘A braithre’, or se, ‘den*aidh* cottladh 7 cíun*us*, úair átathaoi tuir*sigh* a ndiaigh b*ar* siubhail 7 bh*ar* loingseorachta.’ *Ocus a’r* ccodl*adh* doibh, at*con*nairc Brenain*n* an tanspioratt ’na crétuir bhecc gran*n*a, 7 srian or*dha* ina laimh, 7 teilccis i nucht an bhrathar. Do mhosccail an brathair asa codladh, 7 do bháoi ag guidhe Dé no co ttainic an la arnam*ar*ach ; 7 iar ttecht an lai cuca, adub*air*t Brenain*n* fria mhuin*n*tir: ‘Denam dochum ar noibre .i. ar tt*r*ath’; 7 tiacchait iar*amh*. *Ocus* ’ar ccriochnucc*adh* a ttrath doibh, adub*air*t Brenain*n* fríu: ‘Dénam dochum ar luinge anoss.’ *’Ar* néirghe da niomdhadhaibh doibh, fuaratt*ar* na buird cedna suidhighthi m*ar* b*údh* gnath leo. *Ocus* do bhatt*ar* san aran orducc*adh* sin co cenn trí lá 7 teora noidhce.

(59) Ina dhiaigh sin[5] do gabh Brenain*n* *con*a muin*n*tir lamh ar imthecht; 7 adub*air*t siumh lena braithribh : ‘Fecaidh libh, a chairde gradacha, n*ar* thoccaibh nech uaibh áon réd do chuid | an oilein so f. $234^a$ ina ffuilmit.’ Adubhratt*ar* san uile: ‘Nar léicce Muire duin*ne*, a athair gradaigh, go mbiadh gadaighecht ar *ar* siubhal.’ Adub*air*t Brenain*n*: ‘Ata srian órtha fo oxail an bhrath*ar* adub*art* sa ribh araeir, tucc an diabhul i ngadaighea*cht* dó.’ ’Arna cluinsi*n* sin don

---

[1] = M p. 92; R § 18; S¹ § 8; Capg. i. 140, 40.

[2] Conjectural emendation.

[3] *sic* MS.; read: ‘ar aon don triur’.

[4] = M p. 93; R § 19; S¹ § 9; Capg. i. 141, 8.

[5] = M p. 94; R § 20; S¹ § 10; Capg. i. 141, 15.

brathair, do theilcc an srían uadha, ⁊ doléicc ina luighe hi fiadnaisi Brénain*n* é, ⁊ ass*edh* adub*airt*: 'A ath*air* ionmain, do pec*aigh* meisi gan con*n*tab*air*t, ⁊ dena sa t*r*ocaire oram, ⁊ guidh for mh'a*n*mai*n*, ion*nus* nach daiméont*ar* m'anam na mo corp.'

(60) I*ar*na cluinsi*n* si*n* dona braithribh, doleiccett*ar* fora ngluinibh iatt, ⁊ do guidhettar ar anmai*n* an bhrath*ar*. *Ocus* acc eircce óna nurn*aigh*the doibh do*con*ncatt*ar* an fer gorm becc doidelb*dha* acc tuitim a foc*r*as an bhrathar, ⁊ hé acc com*ar*caibh go hard; ⁊ is*edh* atbeiredh: 'Crétt far ion*nar*bais me, a chleirigh, asin oighre*cht* ⁊ asi*n* aittreibh ina bfuilim re sea*cht* mbliadhnaibh im comhn*uidh*e?' Do freccair Brénain*n* hé, ⁊ iss*edh* adubhairt: 'Cuirim m*ar* aithne ort i nain*m* in Tic*cer*na, Iosa *Crist*, gan aon duine do ghortucc*adh*, nó do bhuaidr*edh* go lá an bhreithemhnais.' Luidh as an diabhal iarsi*n*.

(61) Adub*air*t Brén*ainn* fós frisan mbrathair: 'Caith corp ⁊ fuil do Thiccernae .i. Iosa *Crist*, ⁊ bidh anos sccérfus do spior*a*t red chorp, ⁊ is an*n*sa lucc so ata ionad th'adhnaicthe; ⁊ an brathair táinic let asin mainistir, is i niff*r*ion*n* bhías a eiséirghe i*ar* nathgairitt.' Dochuaid iar*amh* a spir*a*t anma asin mbrathair hisin, iar ccaithemh na sac*r*am*ain*te dó; ⁊ tangatt*ar* aingil ina chomhaircis, ⁊ ruccattar leo hé dochum nimhe. *Ocus* do hadhnaicedh a chorp i*ar*sin go honorach ag Brenain*n* *con*a muin*n*tir.

f. 234$^b$ (62) *Ocus*[1] i*ar*si*n* tangat*ar* | fein gusin traigh, mar a raibhe a long; ⁊ acc dol do Brenain*n* ina luing, t*ar*la nech óce dó, ⁊ soidtheach lán d'arán aicce, ⁊ soidhtheach ele lan d'uiscce; ⁊ atbert friu: 'Gabhaidh in asccaidh so as lamhaibh bhar nócclaich fein, oir atá slighidh fhada romhaibh. *Ocus* gidh edh, ni bia esb*aidh* aráin no uiscce oruibh co caiscc.' Iar cceilebradh da cheile daibh dochótt*ar* ina longaibh; ⁊ do bhatt*ar* acc loingseor*acht* for fairrge athaid fhada i*ar*sin.

xx. (63) La eiccin[2] da rabhatt*ar* acc siubhal na fairrge, at*con*ncat*ar* oilén uatha edh imchian. *Ocus* do sheolatt*ar* a long chuicce, ⁊ dochúatt*ar* fo tír an*n*. *Ocus* i*ar* ttimcheall*adh* an oilein dóibh, fú*ar*att*ar* srotha examla an*n*, ⁊ iatt lan d'iasccach. Adub*air*t Brenain*n* lena bhraithribh: 'Denmáitt ob*air* dhiadha an*n*so, ⁊ coisreccam úan nemh-urchóid*ech* do Dhia an*n*; uair isé aníu senaid an Ticcerna .i. Iosa *Crist*.' *Ocus* do bhatt*ar* m*ar*sin go satharn cáscc, ⁊ fú*ar*att*ar* iol*ar* tred do chaorchaibh móra aen-gealae an*n*, ion*nus* nach ffacatt*ar* *acht* madh becc don talmai*n* tairsibh o iom*a*t na ccaor*ach*. Adub*airt* Brénain*n*: 'Beiridh libh, a bhraithre, an mheitt recctáoi a les dona tréttaibh útt dochum na cascc.' Dogabhatt*ar* na b*r*aith*r*e caora dona cáorchaibh in u*air* si*n*. *Ocus* m*ar* do cenglat*ar* hi, do lens*a*t na cáoi*righ* osin amach iatt.

---

[1] = M p. 94; R § 21; S$^1$ § 11; Capg. i. 141, 36. [2] = M p. 95; R § 22; S$^1$ § 12; Capg. i. 141, 40.

(64) *Ocus*[1] do bhatt*ar* ag ulmucc*adh* dochum an láoi oirmittn*igh* sin na cascc ce*ch* ní rangatt*ar* a les aca. At*con*ncatt*ar* an u*air* sin aoin nech chuca, 7 soidht*ech* lán d'árán aicce, 7 gach ní ele dá rangatt*ar* a les do caithemh immaille fris. Dochuir sion hi ffiadhnaisi Brenain*n* he, 7 doléicc he fein | dochum láir an uair si*n*, 7 dorin*n*e ait*r*icche go f. 235$^a$ dioc*r*a, 7 adub*air*t: 'A athair, gion g*u*rab diongmála meisi dochum tu sa do sásadh d'ob*air* mo lámh, gabh sásadh an*n*sna laithibh naemhtha sa uaim.'

(65) *Ocus* do thoccaibh Brenain*n* do lar hé, 7 tucc póicc dó, 7 do fhiarf*aigh* de: 'Cáit in*ar* ordaigh ar tTiccerna .i. Iosa *Criost* dhuin*n* an chaiscc do ceileabhr*adh*?' Do freccair an nech naemhtha é, 7 iss*edh* atb*er*t friss: 'Is an*n* so eistfes sibh an satharn 7 an uiccil so, 7 is arin oilen ud, atchi sibh uaibh anossa, cheilebhr*us* sibh na hoif*r*in*n* 7 in chaiscc.' *Ocus* 'arna radh si*n*, do thion*n*sccain seirbís do denamh do Brenain*n* 7 do*na* b*r*aithribh archena. *Ocus* do bhatt*ar* iarsi*n* ag líon*adh* a long da gach ni rangatt*ar* a les. *Ocus* adub*air*t an tócclach an*n*sin, fri Brenain*n*: 'Ni fhéttan*n* sibh ni as mó ina so d'iomch*ar* i nbh*ar* longaibh; 7 cuirfett sa a ccion*n* ocht lá chuccaibh gach ní riccfes sibh a les do bhiadh 7 do digh co cingcigis.'

(66) Adub*air*t Brenain*n* fris siumh: 'An bfuil a fhios acc*at* sa, ca hion*adh* ina mbia sin*n*e a ccion*n* ocht la?' Isbert in nech naemhta: 'Biaidh sibh ano*cht* isin oilen útt atchí sibh, 7 go medhon-láe amarach; 7 rach*aid* sibh ain*n*sein g*us*in oilen d'a ngoirther Parrth*us* na nén, 7 biaidh sibh ain*n*sein co hochtáib na cingtighisi.' Asbert Brenain*n*: 'C*réd* dobheir na caoir*igh* útt a comhmór so? 7 siad 'san oilen so'; uair bá mó gach caora dibh ina da*m*h bíata. Adub*air*t an nech naomhtha: 'Isé fodera inni si*n*; nach tionoilt*er* bain*n*e uatha, 7 nach bent*ar* a ffion*n*a dibh, 7 nach cuirenn gemr*adh* no dorchatt*us* orra tria bithe. *Ocus* is arna hadhb*ar*aibh sin ata an mheid im*ar*c*r*adhach útt forra, *ar*a mbeith amuigh ar fér dogrés. *Ocus* is uime sin as mó an*n* so íad ina i ngach talamh ele | isin doman.' f. 235$^b$

xxi. (67) Cuiris Brénain*n* a long o thír an úair sin, 7 imriss fein *con*a muin*n*t*ir* hí, no co rangatt*ar* Parrt*us* na nén. *Ocus* o rangatt*ar* an toilen sin, dochuat*ar* fo thir an*n*.[2] *Ocus* dob eccsamail lena fhécc*adh* he, uair do bhatt*ar* tortha iom*dha* eccsamhla an*n*, 7 enlaith iongantach ag lab*air*t go luathgairech do bharraibh a c*r*and, 7 beich bhecca acc tionol 7 acc tiomsucc*adh* a ttac*air* 7 a ttigedhais da nait*r*ebhaibh dilsi; 7 srotha aille iongantacha ag tep*er*sain an*n* lán do clochaibh uaisle adhamr*a* gacha datha; 7 eccalsa iom*dha* an*n*, 7 mainist*ir* i llár in oiléin lán d'iolradh ⁊ d'examl*acht* gacha datha; ⁊ ord *ar*saidh eladhanta cun*n*ail craibht*ech* in*n*te.

---

[1] = M p. 96; R § 23; S$^1$ § 13; Capg. i. 142, 6.

[2] Here there is a marginal note: Hic pretermissa sunt errore librarii que in Latina uita narrantur ab introitu S. Brandani in Paradisum auium usque ingressum insulae familiae S. Albei.

(68) *Ocus*[1] is aml*aidh* ro báoi an mhainistir hisin, ⁊ a sol*us* féin for adhn*adh* in*n*te .i. ceithre soillse hi ffiadnaisi na haltora moire, ⁊ tri solais hi fiadhn*ais*e na haltora medhonaighe. *Ocus*[2] as do chriostal doronadh na coilche aifrin*n* do bí aca. *Ocus* fós do búi ceithre suidheócca *dec* ar comh*air* a cheile 'san coraidh, ⁊ ionad an abbadh ettorra ar medhón; ⁊ an u*air* do thion*n*scnadh an tabb fersa do radh, do freccradh an chora go humhal hé; ⁊ ní lamhadh nech aca en fersa do gabhail *acht* an tabb fein, ⁊ ni labradh nech aca gan cett, *acht* an tan do bídis ag mol*adh* an Ticcerna, mu*n*a ccettaigedh an tabb doibh; ⁊ ni labhradais an*n* sin fein o bhreithir, *acht* o chomh*ar*tha resunta d'foillseach*ad* le suil, no le bel, no le laimh, do thab*airt* forsanní b*údh* mian léo do radha. *Ocus* do s*cr*iobh*adh* an tabb hi cclar le steil gach freccra dobheiredh orrae.

(69) *Ocus* adub*airt* an tabb le Brenain*n* iarsi*n*: 'Do badh mithidh dúin*n* dol dochum an chodail-tighe fil occain*n*.' *Ocus* 'na díaigh si*n* | f. 236ª dochuatt*ar* dochum na compléitte. *Ocus* iar ccantain na compléitte doibh, dochuatt*ar* na braithre da sealladhaibh fein, ⁊ ruccattar muint*ir* Brenain*n* leo .i. fer le gach brathair aca.

(70) *Ocus*[3] do an Brénain*n* ⁊ an tabb isi*n* mainistir. Ocus m*ar* do bhatt*ar* an*n*, do fiafr*aigh* Brenain*n* don abb, cion*nus* do fhedatt*ar* an silens no an ciunas sin do chongmail hi ccolain*n* dáenda. Do freccair an tabb é maille le humhla, ⁊ adubhairt: 'Admhaim i ffiadnaisi Criost, go fuilit ceithre fichit bl*iadhan*[4] ó thangam*ar* 'san ionad so, ⁊ nachar labhair nech accain*n* fein fri araile do guth dáen*n*aighe, *acht* an uair bhímitt acc mol*adh* Dé; ⁊ as tre comh*ar*tha méoir nó súl foillsighter guth ettrain*n*. *Ocus* fos, ni fhuil esláinte c*uir*p no anma no spioraitte ar nech accain*n* risan ré si*n*.'

(71) '*Ar*na cluinsin sin do Bhrenain*n* do labhair maille le deraibh, ⁊ issedh adub*air*t: 'An ced dúin*n*e anmhain an*n*so am bliadhna?' Adubhairt an tabb: 'As ced chena. *Ocus* inné nach ffuil a fhios accatt sa cret do hordaighedh duit fein do dhenamh ria ttecht an*n*so duit? Uair as éiccen duit fill*edh* dochum th'ion*aidh* féin maille led ceithre braithribh *dec*; ⁊ an días oile ata at foch*air* 'na diaigh sin, rach*aid* nech aca dia oilitre an*n*san oilen da ngoirt*er* Antorii[5], ⁊ an nech ele dibh droch-bás, uair daiméont*ar* co hifrion*n* he.' Ocus do fior*adh* sin uile.

(72) Do fiarf*aigh*[6] Brenaind: 'Cia mhuchas na soillsi útt acc tocht na maidne?' Adub*air*t an tabb: 'Fech fein, a Bhrenain*n*, gach aon ní

---

[1] = M p. 105; R § $32^b$; $S^1$ § 15. [2] = Capg. i. 145, 18. [3] = M p. 106; R § 33; $S^1$ § 16. [4] Marginal note: 80 anni ibi erant. [5] *sic* MS.; *lege* Antonii; insula anacoritalis M, anachoritarum R, &c. [6] = M p. 107; R § $34^b$; S § $17^b$.

dibh sin do réir th'eolais 7 th'aithne fein. *Ocus*[1] inné nach ffaicend tú na soillsi an*n*sna lainderaibh, 7 gan énní da losc*cadh* aca, 7 ga*n* | iad fein acc t*r*aoth*ad*? *Ocus* beid marsin co madain; 7 ni fhaicfe f. $236^b$ nech i*ar*sma dibh o tosach laoi no co tti siatt ina soightibh tein*ntidh*e tresan ffuin*n*eoicc útt, ara ttecaitt go gnáth*ach*.' Adub*air*t Brenain*n*: 'Cion*nus* fhet*us* cretuir nemh-chorp*ardha* sol*us* corp*ar*da do dhenamh?' Do fhreccair an tab é, 7 is*edh* adub*air*t: 'Inné nach cual*aidh* tú, 7 inné n*ar* leghais, an mui*n*e do bháoi for lasadh *ar* sliabh Sínai fri ré na hoidhce, 7 nach raibhe dighb*áil* no uireasb*aidh* *ar*nabh*ar*ach air?'

(73) *Ocus*[2] do bhat*ar* san co mattai*n* m*ar*sin. *Ocus* do iarr Brenain*n* ced imthechta an*n*sin; 7 ni fu*air* é on naemh, *acht* adub*air*t: 'Dligidh tu fuir*ech* maille rin*ne*, no go neiste sin*n* an nodlaic ata in*ar* ngoire, 7 no go nderna sibh comhsolas lin*n*e co hoctaif na hEipifanie.' Do an Brenain*n* maille lena braitribh risan aimsir si*n* an*n*san oile*n* da ngoirter Albei. Iar ccoimlion*adh* na haimsire si*n* do B*r*enain*n*, do cheilebhair don abb 7 dona brait*hr*ibh battor occa, 7 dochuaidh dochum a long, 7 do batt*ar* acc siubhal na f*air*rge co tús an chorghais baoi ar cind.

### xxii. Scel oilein in uiscce mesccta siosana.

(74) La eiccin[3] da rabhatt*ar* occ imtecht na haibhéisi eoch*ar*ghuirme, at*con*ncatt*ar* oilen uatha edh imcian, 7 do thion*n*sccnat*ar* dol da ion*n*saicc*edh* go luathgairech, uair ní fhacatt*ar* oilen le fada d'aimsir *con*uicce sin; 7 do thráoth*adh* a lón teora laithe roimhe sin. *Ocus* dochuatt*ar* fo tir 'san oilén, 7 fu*ar*attar top*ur* solas-ghlan an*n*, 7 il*ar* gacha luibhe olchena, 7 cenéla iom*dha* d'iasccach occ siubhal 7 occ imtheacht an tsrotha | do bí acc tep*er*sai*n* assi*n* top*ur* hisin dochum na f. $237^a$ f*air*rge. Adub*air*t Brenain*n*: 'Co deimhin', or sé, 'tucc Dia sólas daoibh taréis bh*ar* saothair; 7 gab*aidh* an mheid recctái a les don iascc, 7 tionoilidh luibhe iom*dha* an mhéid as ail libh.' Do ghabhat*ar* na braithre ag ol uiscce na haban*n* m*ar* a nditcell, 7 acc tionol luiben*n* m*ar* adubhairt a maighistir riu.

(75) Iss*edh* as*bert* Brenain*n* friu: 'Gabaidh occaibh, a braithre, nach ibhe sibh móran don uiscce, ar eccla go mbuaidhéradh se sibh ní as mó ina m*ar* atathai.' *Ocus* nir anat*ar* na braithre acc aithne a nath*ar*, *acht* do ibhett*ar* go lór, oir do ibh fer dibh da dhigh, 7 do ibh *ar*aile tri deocha, 7 do ibh an tres ran*n* deoch. *Ocus* is aml*aidh* do reidhigett*ar* frisan ól sin; do thuit d*r*ong aca hi suan 7 i ttromluighe tri la 7 teora 'n 'aidhce, 7 suan dá lá 7 da oidce *ar* druing ele dibh; suan 7 trom-luighe lái *co n*oidhce aran tres ran*n*. Is an*n*sin ro bái Brenain*n* ag guidhe a Thiccerna fána dithceall ar son a muin*n*tire, óir is a nainffios tarla an p*er*iacail sin doibh.

---

[1] = Capg. i. 145, 32. [2] = M p. 107; R § 35; S¹ § 18. [3] = M p. 107; R § 36; S¹ § 19; Capg. i. 145, 35.

(76) *Ocus*[1] '*ar* ndol na hai*m*sire sin tairsibh, atbert Brenain*n* lena muin*n*tir: 'Uair tucc Dia sásadh dúin*n*, 7 dochuirebhair si d'esb*aidh* orain*n* é, triallaidh dúin*n* anosa asan oilen so, 7 beiridh libh an mheid as ail libh don iascc 7 don uiscce go fedh tri lá 7 tri noidchi.' *Ocus* dorin*n*ett*ar* am*ail* adub*air*t Brenain*n* friu, 7 do lionat*ar* an long dona neitibh adub*air*t an tathair ríu. *Ocus* i*ar*sin doghluaisett*ar* *ar*an muincin*n* muiridhe, 7 docuired doinen*n* dermair doibh. A ccion*n* *tr*i lá 7 teora noidhche i*ar* ffaccbhail an oilein adubhram*ar* doibh, do sccuir an tan*fadh* 7 an doaims*er*, 7 do bi an muir 'arna cen*n*succadh f. 237b doibh, | 7 adub*air*t Brenain*n* fríu: 'Leicc*idh* bh*ar* ffoirend isin luing isteach, no co seola Dia sin*n* 'san ionadh i nba hail leis fein.' *Ocus* do bhatt*ar* m*ar*sin co cenn fichet la 7 fichet oidche[2].

### xxiii. TECCASC AN PROCUTTORA DO BHRENAIN*N* AN*N*SO, 7 FAGHBHAIL P*AR*RTHAIS NA NEN ANDARA FECHT.

(77) Is an*n*sin[3] at*con*ncat*ar* oilen a bfad uatha, 7 do fhi*arfaigh* Brenain*n* da mhuin*n*tir: 'An aithnighen*n* sibh an toilen utt atciamaid anosa?' *ar* sé. 'Ni aithnighem amh', or iatt san. 'Ni he si*n* damhsa', bh*ar* Brenaind, 'ise sud an toilén ina rabham*ur* lá senaid in Ticcerna anur*aidh*; 7 is an*n* ata an procuttoir i bfail a rabham*ur*.' M*ar* docualat*ar* na braithre an comhradh sin, do bhatt*ar* occ iomramh co das*acht*ach.

(78) *Ocus* adubairt Brenain*n* friu: 'Na buaidhr*idh* 7 na bris*idh* bhar mboill; 7 inné nach é Dia as mairnelach 7 as mar*aidh*e duin*n*, 7 an tionadh i nba hail leis féin, cuiredh an*n* sin*n*.' *Ocus* dorin*n*ett*ar* san am*ail* adubhairt Brenain*n* ríu; u*air* doleiccett*ar* an long *ar*a cum*us* fein, 7 do seol Dhia dochum an oilein sin an phrocatóra iad. *Ocus* 'ar ndol fa thír doibh an*n*, tainic an procattoir maille le hiol-ghairdhech*us* mór chuca; 7 do phócc cosa Brenain*n* 7 na mbrath*ar* archena, 7 do gabh ag moladh an Ticcerna co mór. *Ocus* '*ar* sccur don moladh sin, do ullm*aigh* fot*hr*accadh go luath doibh, uair is hí an tsenaid do bai aca in uair sin. *Ocus* dochuir ett*aigh*e nua impae uile, 7 do cheilebhrat*ar* pais an Ticcerna an*n*sin co sath*ar*n cascc.

(79) *Ocus*[4] 'ar radha na seirbísi doibh dia sathairn, adub*air*t an procutóir le Brenain*n*: 'Eirigh it luing, 7 eist an chaiscc m*ar* do eistis anur*aidh*. *Ocus* ó chaiscc amach eirgidh go P*ar*rt*us* na néun, 7 f. 238a b*er*idh bh*ar* | ria*cht*an*us* libh do bhiadh 7 do dhigh. *Ocus* doghen sa cu*air*t accaibh and*ar*a domnach thiucf*us* da bh*ar* saicc*edh*.' Dochuatt*ar* na braithre leisan aithescc si*n* dochum an oilein a ndernatt*ar* in chaiscc in bliadhai*n* roimhe.

xxiv. (80) *Ocus*[5] dochuatt*ar* assin go P*ar*rth*us* na nén, 7 dorinett*ar* comn*uidh*e an*n* go hoctaif na cingcichtisi. *Ocus* tainic an procatóir cuca am*ail* ro gheall; ⁊ tucc leis gach ní do bhái 'na chás orra; ⁊ dorin*n*ett*ar* forbailtech*us* mór re 'roile, am*ail* b*údh* gnath leo.

---

[1] = M p. 108; R § 37; S¹ § 20.
[2] MS. oidche oidhce.
[3] = M p. 109; R § 38; S¹ § 21; Capg. i. 145, 43.
[4] = M p. 109; R § 39; S¹ § 22; Capg. i. 146, 4.
[5] = M p. 110; R § 40; S¹ § 23; Capg. i. 146, 5.

(81) *Ocus*[1] m*ar* dochuatt*ar* dochum an bhuird, tainic én an uair sin *ar* cuirr thos*aigh* na luinge, ⁊ dorin*n*e ceol sír-bhin*n* amhail organ da scciathanaibh, aga mbual*adh* ar taobhaibh na luinge. *Ocus* do aithin Brén*ainn* *gur*ab ag in*n*isin sccel do bí sé; ⁊ adub*air*t an tén: 'Do ordaigh*edh* ceit*hr*e haims*er*a dhaibh re fedh bh*ar* tturais .i. sénáid an Ticcerna hi ff*arradh* an procutóra, ⁊ an caiscc ar druim an mhíl móir, ⁊ o chaiscc go cingtigis occain*n*e, ⁊ in nodlaic i ninis Albei no co tí féil Muire na ccoin*n*ell. *Ocus* a ccion*n* an sechtm*adh* bl*iadhna* bérth*ar* dochum an talman atathai d'i*arraidh* sibh, ⁊ biaidh sibh da fichet la an*n*; ⁊ 'na diaigh sin dobért*ar* dochum bhar ttalman fein sibh.' 'Arna clúinsin sin do Bhrenain*n*, do cro*m* 'chum lair, ⁊ dorin*n*e toir*r*si ⁊ aithr*icch*e, ⁊ tucc mol*adh* ⁊ buid*echus* do Dhia, ⁊ do Cruthaighteóir caich uile. Do fhill an tén an u*air* sin dochum a ionaid féin, 'ar ccriochnucc*adh* gach en neithe díbh sin doibh.

(82) Adub*air*t[2] an procuttóir: 'Rachatt sa uaibh anosa, ⁊ tiucfat chuccaibh arís maille risna neithibh ricefes sibh a les, amail tainic an Procutóir naomtha dochum na naps*tal* roimhe.' Do imtigh an procuttoir an u*air* sin, iar bfaccbhail benn*acht*an ag Brenain*n*, ⁊ ag cach arcena; ⁊ do an Brén*ainn* | f. $238^b$ isin lucc sin *ar* fedh na haimsire ro hordaig*edh* dó. *Ocus* 'ar ccriochnucc*adh* na ree sin, do gabh Brenain*n* lamh *ar* imtecht, ⁊ dochuir a long o thír, ⁊ dochon*n*airc an procutoir chuicce, ⁊ long lán do bhiadh leis, ⁊ tucc sin do Bhrénain*n*; ⁊ do fhill féin 'na diaigh sin isi*n* *conair* asa tainic. *Ocus* do bí Brenain*n* *mar*sin *ar* f*air*rgi co cenn da fhicet lá, ⁊ da fichet oidhche.

## XXV. CEILEBHRADH NA CASCC FOR DROMAIM*M* AN MHÍL MHÓIR.

(83) In tan[3] im*morro* ba comfhoc*r*aibh don chaiscc, batt*ar* a muin*n*t*er* occa rádha fri Brenain*n* dol for tir do cheilebhradh na cascc. 'Is tualaing Dia', ol Br*enainn*, 'talamh d'fagbhail duin*n* i ngach dú b*ús* ail dó.' I*ar* ttichtai*n* t*r*a na cásccae, toccbais bleidhmíl mór muiridhe a fhormna a nairde uas trethan na tton*n*, gur uo talam tirim. *Ocus* tiaghait iarsi*n* forsin talamh, ⁊ ceilebhraitt an chaiscc an*n* iarsin. *Ocus* batt*ar* isin maighin sin aen lá ⁊ da oidhci. Iar ndol doibh siumh ina longaibh, sceindis in bleidhmil fon muir fochettoir. Cidh t*r*a *acht* is amh*laidh* si*n* do cheilebrattais in chaiscc go cenn secht mbl*iadan* for druim an bleidhmil muiridhe; úair an tan ba comhfhocraibh don chaiscc gacha bliadhna, no toccb*adh* a dhruim uasin muir, co mba talamh techtaige tirim.

---

[1] = M p. 110; R § 41; S¹ § 24; Capg. I. 146, 11. [2] = M p. 111; R § 42; S¹ § 25. [3] = L 3601.

### XXVI. FUABAIRT BÁITI LOINGSI BRENAINN DONA SAOBH-COIREDAIBH INDSO.

(84) Araile t*ra* aims*er*[1] dia mbatt*ar* forin aiccén niongant*ach* neoch*ur*gor*m* *co* facatt*ar* na srotha doimhne dilenda ⁊ na saobh-choiredha dubha dermora. *Ocus* is an*n* ba mesta na longa dia mbát*adh* fri f. 239$^a$ métt | na hanfine. Gabhais cach dibh an*n*sin for fecch*ad* ind acch*aid* B*r*enain*n*, uair ba dermair métt in gháb*aidh* irrabhatt*ar*. Toccbais Brén*ainn* a ghuth go hard, ⁊ atbert: ‘As lor, a muir mhór sa, meisi im aen*ar* do bhádadh; ⁊ leicc úait an lucht so.’ Is an*n*sin t*ra* féthn*aigh*is an muir fochéttóir, ⁊ toirnidh fiuch*adh* na saobh-coired; ⁊ osin amach ni ro ercoidighestair do nach aile.

### XXVII. CUAIRT AN DIAB*AIL* FOR CUIRR LUINGE BRÉNAIN*N* DIA RO FOILLSIGH DÓ PIANA IFFRIND.

(85) Araile lá[2] batt*ar* foran muir, tainic an diab*al* i ndeilbh senta aduathm*air*, *co n*deisidh forin seol hi ffiad*nais*e Brenain*n*; ⁊ ní facaidh neach díbh sa*n* é, *acht* Brenain*n* a aen*ar*. Fi*arfaigh*is Br*enainn iar*sin do*n* diabhal, cidh ima ttainic riana aimsir chóir .i. ria naimsir na héirghe móire, lái an bhrátha. Atb*er*t diab*al* focettoir: ‘Is aire tanacc’, or se, ‘d’iarr*aidh* mo piantae i fudomhnaibh in m*ar*a duibh dorcha sa.’ Fi*ar*f*aigh*is Brenain*n* deisiumh iarsi*n*: ‘Cidh do*no*, cait ina fuil in locc if*er*naighe sin?’ ‘Truagh sin’, or diabhal, ‘ni cumhaing nech a nin*n*isin[3], ⁊ e béo i*ar*sin.’ Cidh t*ra* acht foillsighis diabhal dor*us* iff*ir*n do Brenain*n*, *co n*aca a phiana ⁊ a dhocamhal.

(86) Is an*n*sin[4] fi*arfaigh*it a mhuin*nter* don mhan*ach* naemhtha: ‘Cuich aiccille?’ or siatt. In*n*isis Brenain*n* a nat*connairc*, ⁊ i*n*nisidh beccán dona pianaibh at*con*nairc, amh*ail* adubhram*ar*, ⁊ amhail fofrith hi scribhen*n*aibh na fett*ar*laice. Is an*n*sin atb*er*t fer día mhuin*n*tir fri Brenain*n*: ‘Leicc damhsa *co n*ac*ar* ní dona pianaib sin.’ Iar ccettucc*adh* dó il-pían if*ir*n d’faicsi*n*, fa marbh focettoir, ⁊ is*edh* asb*er*t occ écc: ‘Maircc, maircc’, or se, ‘tainic ⁊ ticfa[5] ⁊ ticc isi*n* c*ar*c*air* si.’ Iarsin dogní Brenain*n* ern*aigh*the, ⁊ ro aithbeoaigh an fer si*n* boi m*ar*bh día mhuinntir.

f. 239$^b$

### XXVIII. SCEL NA MNA M*AIR*BHE AN*N*SO B*U*DESTA.

(87) Ni fada[6] dochuatt*ar* assin, an tan fu*a*rat*ar* inghen min m*ac*cdacta mong-bhuidhe, gilither sne*cht*a no úan tuin*n*e hí, ⁊ sí m*ar*bh i*ar* ttab*air*t buille do ghae dhi tréna formna, *co n*dech*aid* et*er* a da cích. Ba dermair im*morro* m*ét* na hi*ngin*e sin; ced t*r*aig*idh* ina hairde, ⁊ *noi* ttroigthi et*er* a dá cích, ceit*hr*e t*r*oighthi i ffod a srona, ⁊ secht t*r*oighti hí ffod a méoir medhoin. I*ar*si*n* t*ra* tathbeoaighis Brenain*n* hí, ⁊ baistt*idh* foc*et*oir. I*ar*faig*edh* im*morro* a cen*él* di. Atb*er*t si: ‘D’ai-

---

[1] = L 3617.
[2] = L 3625; R § 67$^a$.
[3] a faicsin L (*recte*).
[4] = L 3669; R § 67$^b$.
[5] ⁊ ticfa *bis* m. pr.
[6] = L 3678; R § 68.

ttrebhtach*aib* in m*ar*a damh sa', ol sí '.i. don lucht oilit 7 ernaigit eserghe doibh.' Iarfaighis Brenain*n* dissidhein, cidh ba hail di .i. 'an dochum nimhe raghae focetto*ir*, no docu*m* th'ath*ardha*?' Do fhreccair si iar*amh* tre berla na ro thuicc neach ele *acht* madh Brenain*n*, 7 is*edh* asb*er*t: 'Dochum nimhe im*morro*', or sí, 'óir atcluinim gothae na naingeal ac co*mm*ol*adh* in Coimdedh cumh*acht*aigh.' Iar ccaithemh im*morro* cuirp *Criost* 7 a fhola dhi atbail an*n* cen nach snímh, 7 adhnaict*er* co honor*ach* hi la Brenaind.

### xxix. FAGHAIL IN CHLAIR CI*AR*TA INA MBÓI IN SCC*R*IBHEN*N* IN*N*SO.

(88) Araile[1] la da*no* batt*ar* forin muir, 7 síatt occ iomramh co sóinmech, *co n*acat*ar* araile inis nálainn, 7 sí ard; *acht* chena ni fu*aratar* port reidh aice da hion*n*saicc*edh*. Atb*er*tat*ar* a mhuin*n*ter fri Brenain*n* anadh co cend sea*cht*maine 'na timcell. Ro ans*at*, 7 ni ro fhéts*at* dol in*n*te f*r*isin re si*n*. Atchualat*ar* im*morro* gotha daoi*n*e in*n*te occ mol*adh* a*n* Choimd*edh*, 7 at*con*ncatt*ar* ecclas álain*n* oiregh*dha* inte. I*ar* ccloiste*cht* doibh siumh fogh*ar* gotha lochta na hin*n*si, cotlais Brenain*n* *cona* mhuin*n*tir ina suan spir*a*talta.

(89) Uair na ro leiccitt siu*m*h t*r*a docu*m* na hin*n*se, cuirther cl*ar* ci*ar*tai doibh anúas, 7 sé sccriobhtha; 7 is*edh* bói an*n*: 'Na dén*aidh* saoth*ar* frisan inis so do thecht in*n*te, *ar* ni tiucf*aid*he dog*r*és. | f. 240$^{a}$ Acht an inis iarrtái, fogebhtai; 7 ni hí so hí. Erigh dod tír féin, a Bhrenain*n*, u*air* atád soch*aid*e occut i*arraidh* an*n*, ris b*udh* áil t'faixin. *Ocus* túr na sccrioptuire noibhe, *quibus dictum est: "mansiones Dei multe sunt."* Amhail b*udh* edh atber*edh*: "Is iom*dha* ait 7 adba occon cCoimdhe i ffecmais in oilein[2] so."' Iarsin t*r*a iompoid siumh on inis si*n*; 7 beraitt leo an tabhall ciartha ud a ccomh*ar*ta fóilti 7 deititin lochta[3] in oilein tucc doibh; 7 no herleghta aca som hí gach día, am*ail* bidh ó Dhia dobértha doibh í.

### xxx. TAIRCCSIN MHEALLTA MUIN*N*TIRE BRENAIN*N* DON DIABHAL HI LLOSS ÍTAN INDSO.

(90) Araile lá[4] batt*ar* forin ffairrge occ iom*r*amh in m*ar*a, gabhais íota dermh*air* íatt, gur uo comhfochraibh bás doibh. Is an*n*sin at*con*ncat*ar* na s*r*otha aille uisccidhe acc tep*er*sai*n* 7 acc snighe asna c*air*rgibh. I*ar*faighitt na braithre: 'In níbham ní don uiscce uccat?' or siatt. 'Bennachaidh for th*us* he', or Brénain*n*, 'dia fhioss cr*éd* he.' I*ar*na bhennach*adh* im*morro* an uiscce, 7 i*ar* ccantai*n* all*elú*ia úasa, t*r*aigitt iarsi*n* focettoir na srotha sin; 7 is an*n*sin att*con*ncatt*ar* diab*a*l acc sceinm uadh, 7 no muirfed an lucht no iobhtáis hé. Sóerth*ar* t*r*a tre chumh*acht*aibh Brenain*n* a muin*n*ter, 7 irchradhais a niota focéttoir.

---

[1] = L 3691; R § 69; S$^{2}$ § 9.

[2] *no* inis, interlined.

[3] lochta *bis* MS.

[4] = L 3707; R § 70.

Foriadthar in loc sin f*or* diab*al*, *co n*a dernad olc fri duine riamh osin amach.

### xxxi. Iompodh Brenain*n* da chett-loinges co hEirind indso.

(91) Iar mbeith [1] im*morro* do Brénain*n* coicc [2] bliadhna forin loinges si*n*, io*m*poidhis dorísi cóa tír 7 coa thalamh fein, amhail [3] ro for*con*gradh fair isin inis adubram*ur*. Is an*n*sin t*r*a do dechatt*ar* lucht a f. 240$^b$ thire | 7 a thuaithe fein ina aighidh ; 7 batt*ar* occa fhi*ar*faighe de, cidh poi*n*d bói dó dia longaibh [4] ; 7 tuccatt*ar* maoine 7 aisccedha dó, amhail dobérdais do Dhia. I*ar* ffaccbáil im*morro* do ilibh díbh an tsáog*ail*, lenaitt i*ar*si*n* Criost. *Ocus* doghnidh somh im*morro* ferta 7 miorbhailedha iomdha an*n*sin, 7 nó shlánaighedh aes galair 7 cuimrigh, 7 no ion*nar*badh demhnu 7 dúailche. Aiccillis i*ar*sin esp*occ* Eirc .i. a oide.

(92) Tainicc i*ar*sin co du a mbói a buime .i. Ita, 7 fiarf*aigh*is di cidh dodhenadh fria loinges. Ferais Ita failte fris, am*ail* do chanadh [5] fri *Criost con*a apstalaibh, 7 is*edh* atbert fris : 'A mheic ionmhai*n*, cidh immo ndechadhais for loinges cen comhairle f*r*im sa ? u*air* an talamh 'ca taoi d'i*arraidh* for Dhia, nochan faghbaidh é i*ar*na [6] croicnibh m*ar*bdai moglaidhibh sin, oír talamh noemh coiserectha é, 7 nir doirt*edh* fuil dui*ne* an*n*si*n* riamh. Acht chena dent*ar* longa cranda lat. Is doigh is amhl*aidh* si*n* fogebha an tir si*n*.' I*ar*sin luidh Brenain*n* hi ccrich *Connacht*, 7 dogníter long d*er*scc*aightech* derm*air* lais ; 7 teitt innte *con*a muin*n*tir, 7 *con*a phop*ul* ; 7 ber*ar* luibhe 7 síl[a] examhla leo, dia chur in*n*te, 7 sáeir 7 gaibhne iar natach Brénain*n* ima leccadh maraón fris.

### xxxii. Andara loinges budhesta.

(93) Iarsin t*r*a luidh Brenain*n* *con*a mhuin*n*tir for muincin*n* m*ara* 7 mor-fairrge ina frithing dorísi. Nír bo cian [7] doibh o*con* iom*r*amh sin, an tan tainic gal*ar* oban*n* dochum an ghabhan*n* boi occo, co mbo comfocc*us* bás dó. Atb*ert* B*renainn* friu : 'Cidh machtnaighti [8] ?' *ar* sé ; 'Eircc dochum na flatha nemh*dha* amail ro thuiris deit fein *gus*aníu ; no, madh ail deit beith isin saegal béos dogen sa ern*aigh*the f. 241$^a$ ort fri Día, 7 bidh e b*ar* slainte.' Atb*ert* a*n* gabha : | 'Atchluinim guth in Choimdedh occum ghairm.'

(94) I*ar* ccaitem im*morro* cuirp *Criost* 7 a fhola 7 a fheola teid dochum nimhe. Bói t*r*a ceist mhór et*er* na braithribh cáit i ndingéntai an corp d'adhlac*adh*, úair ni raibhe feoran*n* no talamh hi ccomhfocc*us* doibh. Is an*n*sin atb*ert* Brenain*n* f*r*íu a adhnacal i tton*n*aibh in mh*ara*, 'uair anti doroine nemh 7 talamh 7 na dúile archena, as

---

[1] = L 3717 ; R § 71$^a$ ; S$^2$ § 10 ; M c. 12. [2] secht L. [3] amhail *bis* m. pr. [4] loingius L. [5] no feradh L. [6] ? arna. [7] = L 3760 ; R § 73. [8] fris : Cidh machtnuighi L (*recte*).

tualaing he ton*n*a in m*ar*a d'fostadh cuirp ion*n*ta go nemh-cumhscaighti.' Cidh t*ra* *acht* adhnaict*er* an gaba et*er* ton*n*aibh an m*ara* ce*n* roctain co talm*ain*, ⁊ gan roctai*n* ar uacht*ar* an tsáile, cen cumhsccucc*adh* inon*n* in*n*a ille, am*ail* no beith i ttalamh ; *ut dixit* :

> Adhnaicit siumh, gerb aiccméil,
> In gobain*n* isin aiccen ;
> Et*er* ton*n*aibh mara mir,
> Gan roctain dó fo ton*n*gair.

### xxxiii. SCEL OILEIN NA NABAC INDSO.

(95) Iar ffaccbáil[1] im*morro* doibhsiumh an ionaid sin at*conn*cat*ar* ʽtala*m*h′ becc d*er*oil i ccomhfocc*us* doibh. Iar ngabhail im*morro* doibhsiumh an ionaid sin, liontar an port forra do demhnaibh i ndelbhaibh abhac, ⁊ luchurpá*n*, ⁊ a ngnuisi comhdubha fri gual. Is an*n*sin atbert Brén*ainn* : ‘Cuiridh ind angcaire amach, uair ní fhett nech dula isi*n* tír si act nech cuirfes cath dáen*n*a fri demhnaibh, ⁊ doirtfes fola toraibh.' Batt*ar* an*n*sin co cenn secht lá ⁊ secht noidhche ; ⁊ nír fétsat a nangcaire do tarraing aníos, ⁊ fáccbhaitt an*n*si*n* é et*er* na cairrgibh i llenm*ain*, ⁊ imthigit iarsi*n* asin cua*n*.

(96) Batt*ar* somh t*ra* i ndoca*m*hol mor d'esb*aidh* a nangcaire, ⁊ do dith an ghaban*n* doghneth doibh é. Is an*n*sin atb*er*t Brenain*n* fri sacc*ar*t dia mhuin*n*tir : ‘Déini si', ar se, ‘gniomh an gabhan*n* go | cenn mís duin*n*e.' Bennachais t*ra* Brenainn lama an tsacc*airt*, u*air* f. 241$^b$ ni ro foglainn goibhne*cht* riamh. Is an*n*si*n* im*morro* dorin*n*e an saccart angc*air*e derscaighth*ech*, ⁊ ni frith riamh roimhe ina inadecch*aid* a chosmailes *ar* feabhas a dhenma.

### xxxiv. SCCEL AN BHRATHAR DO FUADAIGHEDH O BRÉNAIND ANDSO.

(97) La ele[2] do Bhrenain*n* occ siubhal na bochna, *co* facae sliabh mor ifernda ; ⁊ is amlaidh do bháoi ; lán do nellaibh ⁊ do detaigh fana mull*ach*. *Ocus* do fhuadaigh in ghaeth íatt maille le rith foirreiccn*ech* go t*r*aigh in oilein ara raibhe in sliabh, ion*nus* co ndech*aid* an long a ccomfhocc*us* do thir. *Ocus* is amlaidh do bí bruach an oilein si*n*, ⁊ airde aidbs*ech* an*n*, ion*nus* g*ur*ab *ar* eiccin do fhetatt*ar* a faicsi*n* uatha. *Ocus* is amhl*aidh* do bi se, lan do aithin*n*ibh ⁊ d'aoibhlibh d*er*cca, ⁊ do ba coimhdir*ech* le múr he.

(98) *Ocu*s doch*úaid* nech don t*riar* brat*ar* do len Brenain*n* asin mainistir, amach asi*n* luing, ⁊ dochuaidh se go himel an brúaich, ⁊ ní fada do bói ann an u*air* do eigh co h*ar*d ⁊ co truagh, ⁊ adub*airt* : ‘Is t*r*uagh damsa, a ath*air*, u*air* atáth*ar* 'com b*r*eith uaibh, ⁊ ni fhuil cumh*acht*a impoidh cuccaibhsi occam.' Occ*us* '*ar*na fhaixin sin dona

---

[1] = L 3774 ; R § 74.

[2] = M p. 121 ; R § 59 ; S$^1$ § 42 ; Capg. i. 148, 43.

braithribh, do gabh eccla mor iatt, 7 dochuirettar in long amach, 7 doghoirett*ar* com*airc* *ar*in Ticcerna nemh*dha*, 7 is*edh* adubhrat*ar*: '*Miserere nobis Domine, miserere nobis Domine*' .i. A Ticcerna dena t*r*oc*air*e orain*n*, dena t*r*oc*air*e oruin*n*.

(99) Do fech im*morro* Brénain*n* air, 7 at*con*nairc iom*a*t demon ina thimceall, 7 he aga losccadh ettorra; 7 adub*airt*: 'As t*r*uag duit, a bhoi*cht* nemh-*con*aich, in chrioch doghabhais ort fein, 7 *ar* do f. 242$^{a}$ beth*aid*,' 7c. | *Ocus* inadiaigh sin do fhuadaigh in gaeth uadha iatt, 7 do gabhattar isin aird thes. *Ocus* do fechat*ar* inandiaigh aran oilen, 7 is amlaidh at*con*ncattar he, le lassadh, 7 acc leiccen a lasrach dochum in*n* aióir, 7 ag gabhail lasr*ach* aris chuicce, ion*nus* co raibhe in sliabh ina ubhall-mheall teindtidhe uile.

## XXXV. SCCEL IUDAIS BUDHEASTA, 7 ROIMHE TICC SCCEL FUASLAICCTHI AODH GU*AIR*E.[1]

(100) Laithe náen [2] do Bhrenain*n* acc siub*al* in m*ara*, t*ar*eis in oilein sin in*ar* fuattaigedh in brat*air* uadha d'fágb*ail*. At*connairc* in taidbsi a ffad uadha arin bfairrge; 7 'ar ndol a bfocc*us* di doibh, adubhratt*ar* cuid dona braithribh and*ar* leo gomadh duine do bái an*n* *ar* carraicc; 7 adub*airt* cuid ele dibh n*ar*bh edh, 7 g*ur*ab en do bói an*n*. Adub*airt* Brénain*n*: 'Scc*ar*aidh re bh*ar* ccoin*n*tin*n*, 7 druid*idh* in long i ng*ar* di, ion*nus* go raibhe a fhios accain*n* cret ata an*n*.' 'Ar ndol 'na g*ar* dóibh at*conn*cat*ar* gne duine 'na suidhe for cloich an*n*, 7 cosmailes bhruit no éd*aigh* ele i n*áir*de *ar* dá gabhail íarain*n* ina fiadhnaisi; 7 is amh*laidh* do bói occa pian*adh* et*er* na tonnaibh, 7 an brot ag buain fona suilibh dó; 7 u*air* ele acca theilccen don ch*ar*raic, 7 and*ara* fea*cht* aga teilccen uirre dorísi.

(101) Do fhiarf*aigh* Brénain*n* de: 'C*réd* f*ár* cuir*edh* na piana si*n* ort? nó cía tú féin?' Atb*er*t san ris: 'As meisi an droch-cend*aigh*e', or se, '.i. Iudás, 7 is me do th*air*bhir an Ticcerna, Iosa *Criost*, fo lamhaibh 'na nIodhal; 7 ní *ar* luaighidhe*cht* ata an tionad sa accam, *acht* ar t*r*ocaire an Ticcerna, 7 i nonóir na heiséirghe atá an soch*ar* sa accam; 7 ni f. 242$^{b}$ fhuil f*ur*t*acht* d*am*h de | go laithe an bratha, *acht* beith m*ar*so. *Ocus* as ionan*n* liom 7 do bhein*n* i bP*ar*rt*us* beith m*ar*so, a bf*ar*r*adh* m*ar* bhím 'na féccmais, 7 m*ar* iméorth*ar* ano*cht* oram arin sliabh tein*tidhe* at*conn*cabh*air* si, m*ara* bfuil Leuitan 7 a chompan*aigh*, marar fúadaighedh an brath*air* uaibh.

(102) 'Ticcther cuccamsa an*n*, 7 leghtar mé amhail luaidhe hi croccán chríadh, 7 do bhadh*us* immaille f*r*íu an tan doch*úaid* an brathair chuca, 7 do ghairett*ar* co mór aga fhaix*in* tre luathg*aire* *Ocus* is m*ar*si*n* doníad an t*r*ath téid anam miot*r*oc*air*ech chuca. *Ocus*

---

[1] See the heading of c. lxii *infra*.

[2] = M p. 122; S$^{1}$ §§ 43-5; Capg. i. 149, 12; cf. p. 100 *infra*; R § 97; M c. 25.

go raibhe fis trocaire Dé accaibhsi, ⁊ in*n*isim si daibh anoss, co ffuil soch*ar* mór accam gacha domhn*aigh* .i. o esp*ar*ta dia sathairn co hesp*ar*ta oidhce luain, ⁊ ó nodlaic co hEpifain, ⁊ o chaiscc go cingtigis, ⁊ an*n*sna feiltibh Muire uile. *Ocus gach* uile lá ele osi*n* amach crocht*ar* ⁊ piant*ar* me maille le Piláitt, ⁊ le Caipas, ⁊ le hAnas i nif*ur*n; ⁊ guidhim sibhsi fa guidhe ar mo shon fa mo leiccen m*ar*so go héirge g*r*eine am*ar*ach.'

(103) Adub*air*t Br*enainn*: 'Ni bérth*ar* assin go mattain tú.' Ocus do fhi*arfaigh* Brén*ainn* arís de: 'Cr*éd* an tédach sin atath*ar* do bhual*adh* fád tsúilibh?' 'Edach tuccusa do dhuine bhocht do chuid mo Tig*er*na antan do badhas im sheomrattoir aicce; ⁊ ó n*ar* lem féin é, is a ndioghbáil damh téid anosa, ⁊ ni a soch*ar*. *Ocus* in cloch so ara bfaicti si im shuidhe mé, cloch dochuiresa for slicc*idh* choitchin*n* hí, an tan do badh*us ar*an tsáog*ul*, suil do bí mé im dheiscip*ul* agi*n* Tig*er*na.'

(104) M*ar* thanicc t*r*ath esp*ar*tan chuca, at*conn*cat*ar* sl*úagh* adhbhalmór do demhnaibh dia soig*edh*, ⁊ adub*r*attar: 'Fácc sin anois, a óccl*aigh* Dé, ⁊ tuicc nach fétmaitt ne dol docum *ar* ccompan*aigh* an fad beithí si ina cho*m*hgh*ar*; ⁊ ni fhuil *ar* cumm*us* duin*n* *ar* tticc*ern*a d'faix*in*, no co tt*u*cam | a charaitt fein dó. *Ocus* tabh*air* si ar ngreim f. 243$^a$ fein ano*cht* duin*n*, ⁊ na ben dín*n* ni b*ús* mo he.' Is*edh* atb*er*t Brén*ainn*: 'Ni meisi choimhétt*us* ano*cht* he. *Acht ar* tTiccerna, Íosa *Criost*, do chedaigh dó a bheith ano*cht* m*ar* atá.' Adub*air*t an demon ba foirfe aca: 'Cret fa ngoiren*n* tu ain*m* an Ticcernae *ar* son an fhir útt? ⁊ g*ur*ab é do thoirbir an Ticcerna fri c*r*oich ⁊ césadh.'

(105) Adub*air*t Brenain*n*: 'Cuirim m*ar* aithne a hu*cht* Críst oruibh, gan pian na dochar d'imirt ano*cht* f*air*.' Do imghett*ar* na demhai*n* uadh leissin; ⁊ '*ar* ttecht an lai chuca, ⁊ acc imthecht do B*r*enain*n*, do foscc*ladh* dorsi if*ir*n, ⁊ tangatt*ar* slu*aigh* dírimhe do demnaibh amach as, ⁊ do labhratt*ar* do ghothaibh arda adhuathm*ar*a, ⁊ iss*edh* adubhratt*ar*: 'A óccl*aigh* De, as mallaighthi do thoiscc chuccai*n*, úair do eassonoraigh *ar* ttigerna fein inn, do chin*n* nach*ar* thaispe*n*am*ar* a occlach diles féin do gose.' Adub*air*t Br*enainn*: 'Rach*aid* b*ar* mall*acht* a mbenn*acht*ain diamhsa; u*air* cibe mallaighes sibhsi, budh ben*n*aighthe hé, ⁊ gibe benn*aigh*es sibh, bidh mall*aigh*thi é.'

(106) Adubratt*ar* na demna: 'Pianfamaid ne co dúbalta isin tsechtmain si hé do chin*n* a ndech*ad* lais araeir.' Adub*air*t Brénain*n*: 'Ni fuil chum*acht*a aguibh féin, nó aga bh*ar* tticcerna air, *acht* ag Dia na nuile cumhacht. *Ocus* cuirim si mar aithne a hu*cht* De oruibh, ⁊ *ar* bh*ar* tticcerna, gan pian anois do thab*air*t do, *acht* m*ar* do thuccabhair riamh roimhe.' Adubh*air*t an demhon oirbhertach bói aca: 'An t*us*a ticc*er*na cáich uile?' 'As me', ol Brénain*n*, 'ócclach Ticcerna na nuile cumh*acht*, ⁊ inní aitheon*us* mé asa ucht, dogént*ar* inni si*n* fom thoil.' *Ocus* '*ar* radh na mb*r*iat*har* sin doibh, do tóccbhatt*ar* i nairde

isi*n* áer é maille le g*air*fedh*aigh* ro-moir. *Ocus* gidh edh, dob eiccen doibh aithne B*r*enain*n* do choimhlionadh. |

### f. 243$^b$ xxxvi. Sccel oilein Póil ditreab*aig* innso.

(107) Laithe náen[1] dia raibhe Brén*ainn* co*n*a muin*n*tir ag siub*al* na haibhéisi, *co* facat*ar* oilen a ffatt uatha; ⁊ amhail do*conn*cat*ar* na b*r*ait*hr*e he, do sheolatt*ar* a long go luathg*air*ech chucce. *Ocus* adub*air*t Brenain*n* ríu: 'Na cuiridh t*ar* modh a saeth*ar* sibh, u*air* atád se*cht* mbliadhna ó do fáccbam*ur* *ar* ttalamh féin g*us*in ccaiscc si a bfuilti; ⁊ dochife sibh go hathgoiritt anosa ditreab*ach* an*n*san oilen so d*ar*ab ain*m* Pol, ⁊ gan sásadh corp*ardha* bídh no dighe aicce fri re tri fichit bli*adan*, *acht* betha fhichet bl*iadan* do gab*ail* dó ó pheist air*ithe*.'

(108) M*ar* docuatt*ar* a bfócc*us* don t*r*aigh, nir fhetatt*ar* dol isi*n* oilén ara airde; ⁊ dob anshocair *ar*d a bhrúaich, ⁊ do ba becc c*r*uin*n* an toilen féin osin amach; ⁊ ni raibhe talamh for a mhullach, *acht* *car*racc lom cloiche; ⁊ dob ionan*n* tomh*us* *ar* airde ⁊ ar leithett dhi. *Ocus* 'ar ttimcell*adh* an oilein doibh, fu*ar*att*ar* slighe *cum*ha*n*g 'san mb*r*uach, ion*nus* g*ur*ab ar eiccin fu*air* corr thosaigh na luinge ion*adh* ind. *Ocus* ba decra ina sin dol súas in*n*te. *Ocus* atb*er*t B*r*enain*n* risna braitribh: 'Dén*aidh* comn*uidh*e an*n*so, nó co tecc*ar* sa chugaibh, úair ní ced daoibh dol isin oilen so gan cettucc*adh* do mogh díles Dé ata an*n*.'

(109) *Ocus* m*ar* tainic Brenain*n* *ar* mull*ach* an oiléin, dochon*nair*c an da uaimh ar comhair a cheile; ⁊ dochon*n*airc top*air* becca ag snighe asi*n* charraicc *ar* agh*aid* na huam*adh*. *Ocus* m*ar* dochoidh Brénain*n* for dor*us* na huama, at*connair*c nech *ar*saídh ag toidhecht asin uam*adh* ele amach chuicce; ⁊ adub*air*t: '*Ecce quam bonum et iocundum habitare fratres* [*in unum*]' .i. is foll*us* g*ur*ab maith na braithre do rochtain i náen ionad. *Ocus* '*ar*na radha si*n* dó, atbert fri Brénain*n* na braitre do gh*air*m asin luingg. |

f. 244$^a$ (110) Mar[2] dórin*ne* Bre*nainn* sin, do phócc ócclach De íad uile, ⁊ dochuir failte ina nanman*n*aib dilsibh rempu. *Ocus* do gabh ion*n*gant*us* mor na braitre fo aibítt in fhir naemhta; uair ni raibhe d'err*edh* uime *acht* grúag a chin*n* ⁊ a fhésócc, ⁊ fion*n*a a chuirp uile osin amach. *Ocus* is amhl*aidh* do bái an fion*n*a sin; nir gile snea*cht*a ina sé tre *ar*saigheacht i*n*d fhir naemhta. Adub*air*t im*morro* Brenain*n* ag tuirsi ⁊ ag cnettaigh: 'As t*r*uagh damhsa', or se, 'beith i mpecthach, ⁊ aibítt mhan*aigh* imum, ⁊ morán ele do mhanchaibh fariom isin aibitt céttna, ⁊ occlach sdaide aingl*idh*i ina shuidhe hi ccolain*n* lom-nochta, ⁊ hé nemh-ghortaighthi o chairthibh na colla.'

(111) Adub*airt* occlach Dé .i. Pól, fri Brenain*n*: 'A ath*air* onoraigh,

---

[1] = M p. 125; R § 60; S$^1$ § 46; Capg. i. 150, 34.

[2] = M p. 126; R § 61; S$^1$ § 47; Capg. i. 151, 1.

as diairmhe im*m*att na miorbuil*edh* do foillsicc*edh* duitsi, nach*ar* foillsiccedh d'ath*air* náemhta da ttainic rom*at*; ⁊ adeir tusa an*n* do croidhe, *co n*ach diongmála tú féin dochum aibítte man*aigh* d'iomch*ar*; uair adeirim si rit, a ath*air*, *gur*ab mo tusa na man*ach* oilter ⁊ bethaigther do shaeth*ar* a lamh féin. Do oil ⁊ do ettaigh Dia tusa ⁊ na manaigh fri ré secht mb*liadan* da sheicréitt fein.'

(112) Do fi*arfaigh*[1] Brenain*n* do Phol, cion*n*us tainicc 'san oilen nó 'san ionad sin, no ca haittrebh irraibhe roimhe, no ca fad do fhulaing an betha sin he. Do fhreccair Pól e, ⁊ attb*er*t: 'A athair, do hoiledh meisi i mainistir Patt*r*aicc fri re *deich* mb*liadan* ⁊ da fhichet, ac coimhett reilcce na mbrath*ar*. *Ocus* do i*ar*r*us* *ar* mo deccanach ionad adhnaicthi do co*m*h*ar*tucadh do neoch do bhadh*us* d'adhnacal. *Ocus* iarna comh*a*rtachadh sin da*m*h, tainic nech *ar*saidh anaithn*idh* dom ion*n*saigh*edh*, ⁊ iss*edh* asb*er*t frim: | "Na dena do tochailt an*n*sin, a f. 244$^{b}$ bhrath*air*, uair as uaigh fhir ele fil an*n*." Adub*ar*t sa fris: "Cia tusa, a athair?" "Crétt nach aithnicchenn tusa mé? ⁊ *gur*ab me as abb duit." Adub*ar*t sa rision: "Ni heth, *acht* Pat*r*aicc as abb damhsa." "As meisi sin", or se, "⁊ inné dochuadh*us* on tsaoghal sa. *Ocus* isé so as ion*adh* adhnaicthi damh."

(113) '*Ocus* i*ar*na radha si*n*, do chomh*ar*taigh ionad ele damh in u*air* sin, ⁊ atb*er*t: "Adhnaic do brathair an*n*so, ⁊ na hin*n*is do neoch ele anní adub*ar*t sa f*r*iot. *Ocus* eirigh am*ar*ach *gus*an f*air*rgi, ⁊ dogebhair long an*n* bhér*us* tú i nionad ina fuireochair go la do bháis." '*Ar* ttoide*cht* na maidne i*ar*nabh*ar*ach, do t*r*iall*us*a dochum na fairrgi doréir aithne an ath*ar*; ⁊ fu*arus* mar do geall*adh* damh an*n*; ⁊ '*ar* ndol 'san luing damh, doron*us* loingseor*acht* tri lá ⁊ tri noidhche, ⁊ do sccuires an*n*sin, ⁊ doleicces don luing dol m*ar*a seolfadh an gháoth dhi toidhe*cht* fo tír. Ocus isi*n* sechtm*adh* lá iarsi*n* fu*arus* an characc sa, ⁊ doch*uaid* in long fo tir innte. *Ocus iar* ffaccbáil na lui*n*ge damh, do iompo go lúath reimpe doridhisi dia tir féin; ⁊ do an*us*a an*n*so on laithe si*n* *gus*aniu.

(114) '*Ocus* an cétt lá tanacc an*n*so, tainic an peist danab ainm luath dom ionsaicc*edh*, ⁊ tucc iascc chuccam, ⁊ gainemh do thell*ach* do dhenamh tein*edh* et*er* a da cois tos*aigh*, ⁊ í occ imtecht for a cosaibh deiridh; ⁊ m*ar* dochuir si*n* im fhiadhn*ais*e, do iompo reimpe da hion*adh* féin. *Ocus iar* niompodh dhi, do ben*us*a teine, ⁊ doron*us* a fadodh leisan ngainemh do fáccb*adh* occam, ⁊ do ullmaiges an tiascc, ⁊ dochaithes he, m*ar* b*ú*dh lór liom. *Ocus* do ticc*edh* an tea*cht*aire c*et*na sin chuccam gacha tres la leisan bproin*n* sin. *Ocus* do bhadh*us* go cenn t*r*iochat bl*iadan* m*ar*si*n* | gan esbaidh bídh no dighe. f. 245$^{a}$ *Ocus* do shiledh sruth uiscce asin carraicc chuccam gacha domhnaigh, asan ion*n*lain*n* mo lamha, ⁊ asa nibhin*n* digh do chosce mo th*ar*ta.

---

[1] = M p. 126; R § 62; S$^{1}$ § 48; Capg. i. 151, 16.

(115) ‘*Ocus* inadiaigh sin fu*arus* an da uaimh so, ⁊ na topair, ⁊ isiatt as betha damh gan substaint bídh ele ri ré t*ri* fichet bliad*an*, ⁊ is nonagenari*us* me *ar*in oilen sa .i. *tricha* bl*iadan* for sasadh in eiscc, ⁊ *sesca* bl*iadan* *ar* sásadh an top*air*, ⁊ cáecca bl*iadan* do badh*us* im thalamh féin ; ⁊ is íad mo bliadhna uile, edhón dá fichet ⁊ ced bliad*an* g*us*aniu ; ⁊ atáim ag fuir*ech* gose hi ccolain*n* daen*n*a re lá mo bhreitemhnais.’

(116) Inadhiaigh sin[1] atb*ert* an senóir n*a*emhtha: ‘Gabh, a Brénain*n*, lámh *ar* imthecht ; ⁊ beiridh ní d'uisscce an top*air* libh i nbh*ar* soidhtighibh, uair ata slighi fhada remhaiph .i. uidhe da fhichet lá co sath*arn* cáscca. *Ocus* dogéna sibh an caiscc si mara ndernabh*air* hí leisna secht mbliadnaibh ele si ; ⁊ rach*aid* sibh inadiaigh si*n* go talamh as ro-naemhtha ina gach uile tal*am*, ⁊ biaidh sibh an*n*sin go cenn da fichet la ele. *Ocus* inadiaigh sin bér*idh* Dia slan sibh go talamh b*ar* ngeinemhna.’

xxxvii. (117) I*ar*si*n*[2] t*r*a ceileb*r*ais Brenain*n* d'ócclach Dé a haithle na hiomagallma si*n* ; ⁊ fagbait benn*acht*ain occa, ⁊ do imghettar maille le siothcáin, ⁊ do sheolat*ar* a long i nacch*aid* na des-airde, ⁊ do bhattar m*ár*si*n* *ar* fedh a*n* chorguis. *Ocus* dob*er*thi an long anon*n* ⁊ anall ar fud an aigéin ; ⁊ ní r*aibh*e do bhíadh acasan *acht* an tuiscce ruccsat léo ó oilén óccl*aigh* Dé. *Ocus* do bhatt*ar* go sub*ach* gan iotai*n* gan oc*arus* ar fedh tri lá, no go rangat*ar* go hoilen an phrocuttóra sath*arn* cascca i*ar*ttain.

(118) *Ocus* m*ar* do*connair*c an procuttoir iadsomh, tainicc ina
f. 245$^{b}$ nairrcis maille le lúathgáire ⁊ le hiol-gháirdeach*us* | mór dochum an puirt. *Ocus* do gabh lamh gach fir aca ina laimh féin ag dol asin luing. *Ocus* 'ar cc*r*iochnucc*adh* oiffici an tsath*air*n doibh, tucc an procutóir a suipér chuca ; ⁊ m*ar* doricc an oidhche orra, dochuat*ar* 'san luing c*et*na, ⁊ an procuttoir maille fríu. *Ocus* fu*ar*att*ar* an míol mór isin ion*adh* ina cclect*adh* beith, ⁊ dochanatt*ar* san mol*adh* Dé in oidhche sin, ⁊ adub*r*att*ar* na haif*r*in*n* isin maidin.

(119) *Ocus* '*ar* cc*r*iochnucch*ad* na naiffrion*n* doibh, dochúaidh an bethad*ach* mór lena ghnouighibh fein, ⁊ iadsan uile fora drui*m* 'na sesamh. M*ar* dochon*n*cattar na braithre si*n*, doghoirett*ar* uile com*air*c, ⁊ is*edh* adeirdis: ‘*Exaudi nos Deus salutaris noster*’ .i. eist linn a Dhe *ar* slanaightéoir na subhalt*aigh*e. Do baoi im*morro* Brenain*n* aga ccomhfurt*acht* fa gan eccla do beith orra. Tainic an míl mór remhe co di*rech*, co ráinic co t*r*aigh an oilein di*ar* bo hain*m* Inis na nEn ; ⁊ dochuir dhe an*n*sin uile iatt gan diogbhail. *Ocus* doronsat comn*uidh*e isi*n* ionad si*n* co hoctaibh na cingtigisi.

(120) *Ocus*[3] i*ar* ndol saoire na cingtighisi tairsibh, adub*air*t an procuttoir le Brén*ainn* : ‘Eirghidh i nbh*ar* luing anosa, ⁊ lionaidh b*ar*

---

[1] This section is not in Capg. [2] = M p. 128 ; R § 63 ; S$^{1}$ § 49. [3] = M p. 129; R § 65$^{a}$ ; S$^{1}$ § 50$^{a}$.

mbuidéil asi*n* top*ar*; 7 bett sa féin libh occ denamh eo*lus*a duibh, u*air* ni fédtai an talam atáthai d'i*ar*r*aidh* d'fágail, muna rabhar sa occaibh.'

### xxxviii. SCCEL NA CCOLAMHAN, 7 FAGHBHÁIL AN CHOI*LIGH* AIFFRIND ANDSO.

(121) Lá éiccin[1] dia raibhe Brenain*n* t*ar*eis aif*r*in*n* do radha ina luing, co ffaca féin *con*a muin*n*tir columai*n* mór uatha an*n*san ffairrge. D*ar* léo féin a ccomhfoc*cus* doibh, acht aon ní dob uidhe trí lá 'na thaibh é. M*ar* dochuatt*ar* i ccomhfhocc*us* dó, docon*ncus* | doibh a oirett shin ele f. 246$^a$ d'airde do beith an*n*, ion*nus* co raibhe a bh*ar*r a bfocc*us* don fhirmam*ain*t, 7 he uile ar dath an chriostail ó mull*ach* go lár, 7 do bái cosmailes babhdúin uime da c*ech* leith fo dath airccitt no gloine. *Ocus* do báoi an uirett sin do sheimighea*cht* an*n*, go ffaicedh 'cach' ce*ch* enní t*r*it amuigh 7 astigh, 7 do ba cruaidhe hé ina an gloine; 7 he la*n* do doirrsibh mora, ionn*us* go rach*adh* bád no lo*n*g bhecc for gach ndor*us* dibh. *Ocus* adub*air*t Brénain*n* réna mui*n*ntir, an cran*n* 7 an séol do leccadh, 7 a rámha do tharraing, 7 a long do sheol*adh* tar dor*us* dibhsin istech. *Ocus* doronadh amhl*aidh* sin.

(122) *Ocus* do bí cosmailes míle d'fairrge on bhadbdhun si*n* da gach leith go soiche in columa*n*. Dochuatt*ar* fana bhún, 7 do bhatt*ar* fedh an lái occ imtecht re cois en cethramhan de. *Ocus* 'arna thimcell*adh* m*ar*sin uile, fúar*a*t*ar* *ar*in cet*h*ram*adh* lá coilech aiff*r*in*n* i fform*aid* i ttaobh an colamai*n*. Do ghlac Brén*ainn* an aisccidh sin dó mar comh*ar*ta; 7 adub*air*t Brén*ainn* risna manchaibh mo*ladh* an Dúilemhai*n* do dhénamh, óir nír chuir dith bídh no dighe orra, ona méd do sholás fúar*a*tt*ar* an*n*sa cholaman. *Ocus* aran cóic*cedh* la do imghett*ar* t*ar*in dor*us* ce*t*na amach, 7 do thoccbatt*ar* a séolta ósa ccran*n*aibh, 7 doghluaisett*ar* rompu iarsin.

### xxxix. SCEL OILEIN NA GAIBHNECHTA DEMN*AIDHE*.

(123) Lá ele[2] do Bhrénain*n* acc siub*al* na fairrge, *co* fac*aidh* oilén hi ccomhfhoc*cus* dó, 7 é grán*n*a, dorcha, sleibhtemhail, cairrgech, cen*n*garbh, gan croin*n*, gan luibhe an*n*; *acht* lan do thigibh amhail cherdcadaiph. 'Arna faicsi*n* sin don ath*air* naemhta .i. do Brenain*n*, atbert lena bhraithribh 'mun amh si*n*: 'A braithre ionmaine', ar se, 'as eccal | lem in toilen sa daibh, óir ní fhuil mo thoil lem fa dhol an*n*, dá f. 246$^b$ ffétamais a shechna, oir atá an ghaeth go dir*ech* agár séol*adh* chuicce.'

(124) *Ocus* ní mó na fedh urch*air* cloiche bicce do bhatt*ar* uadha an ta*n* si*n*, an u*air* dochúalatt*ar* toran*n*-glés na mbolcc acca seidedh, 7 comthu*ar*ccain na nord ag bual*adh* na nindéon. Do ghabh eccla mór iad, 7 do thógaibh an tath*air* naomhtha a laimh, 7 dochuir comh-

---

[1] = M p. 118; R § 56; S$^1$ § 39; Capg. i. 148, 4. [2] = M p. 120; R § 57; S$^1$ § 40; Capg. i. 148, 16.

artha na croiche naoi*m*h fona ceithre h*air*dibh ina timceall, ⁊ adub*airt*: 'A Thiccerna, a Iosa *Criost*, sáer sin*n* *ar* muin*n*tir an oilein si.' Asahaithle si*n* iaramh do*con*ncat*ar* dias dubh-gran*n*a *ar* dath an ghuail gaibhn*idh*e ag tea*cht* amach asna cerdchadhaibh amhail do beittis ag dol do dhenamh saeth*air* éiccin.

(125) *Ocus* m*ar* do*con*ncatt*ar* muin*n*t*er* Dé, do fillett*ar* astech irís 'sna cerdcaibh, ⁊ tuccatt*ar*[1] léo da cáeir d'i*ar*an*n* aithlegtha, ⁊ iad *ar* dercc-las*adh*, i ndá thench*air* ina lamhaibh ; ⁊ doghluaisett*ar* go díoghair dochum na t*r*agha, ⁊ do theilccett*ar* iatt forsan luing ; ⁊ ní derna sin, m*ar* n*ar*b áil le Día, erchóid doibh, óir dochúatt*ar* ósa ccion*n* t*ar*an luing sealat fada. Inadhiaigh sin do seol Dia in gháeth inandiaigh do muin*n*t*ir* Bren*ainn* do lettaoíbh an oilein. *Ocus* do éirgett*ar* amach asna cerdchaibh c*e*tna d*r*ong gr*án*na díáirmidhe diabhl*aidh*i, ⁊ caora tein*n*t*idh*e i ttenc*air*ibh leo da tteilccen orrasan. *Ocus* an tionadh i mbendáis na caora sin an*n*san bf*air*rge, do biodh fiuch*ad* mór ard uasa, m*ar* do beith as coire no a haighen fo mbeith teine adhbal-mhór.

(126) *Ocus* m*ar* n*ar* fedatt*ar* urchóid do den*amh* doibh, do fhillett*ar* dochum na ccerdchadh ; ⁊ dochuirett*ar* go léir le dercc-lasadh íatt, f. 247$^{a}$ ⁊ do ghabhatt*ar* ag telgen na ccaer | ndercc si*n* fora cheile. *Ocus* docluinti ní as foide na fedh radhairc uatha na gáirthe ⁊ na nuall-gubha dognítis. *Ocus* is m*ar*si*n* do sáer Día a mhuin*n*ter fein *ar* mhuin*n*tir an diabhail, u*air* as foll*us* g*ur*ab do muin*n*tir if*irn* uile iattséin. *Ocus* adub*air*t Br*enainn* rena muin*n*tir menma maith do beith aca, ⁊ creidemh daingen, ⁊ buidhech*us* do thab*air*t do Día, ⁊ da ainglibh ; ⁊ dorin*n*ett*ar* amail adub*air*t an tath*air* naemhtha riu .i. Brenaind.

## xl. COMHRAC NA DA BÍASD MUIRIDHE TAR CEND BRENAIN*N* *CONA* MUIN*N*TIR.

(127) Laithe náen[2] da raibhe Brenain*n* *con*a muin*n*tir ag siub*al* in m*ar*a, *co* facatt*ar* an tiascc adhbal-mhór adhuathm*ar* da nion*n*saicc*edh*, ⁊ hé ag tealccan na tton*n* da gach taobh de, re deithbhir dochum na luinge da slucc*adh*. M*ar* do*con*ncatt*ar* na braithre si*n*, dogoirett*ar* comairc arin Tigerna nemh*dha*, ⁊ is*edh* adub*r*att*ar* : 'A Thiccerna do chum an dui*n*e ⁊ na dúile, sáer sin*n*.' *Ocus* do gabhat*ar* ag comh*ar*caibh ar Brenain*n* m*ar* an ccedna. Adub*air*t Bren*ainn* : 'A Thiccerna do chum an dui*n*e ⁊ na dúile, sáer sin*n*, ⁊ sáer do muin*n*t*er* féin on péist adhuathm*air* útt.' *Ocus* adub*airt* fós : 'A bhraithre, na biodh eccla oruibh ; ⁊ as becc bh*ar* ccoccúas, óir anté ˋdoˊ sáer ó gach uile gabhadh in*n*, ⁊ an fer doní *ar* ndion do ghnath, sáerf*aidh* in*n* o bhél na péiste uccat.'

(128) *Ocus*[3] tainic an peist roimh an luing, ⁊ docuaidh *ar* airde ósa

---

[1] = M p. 121 ; R § 58 ; S$^{1}$ § 41 ; Capg. i. 148, 25.

[2] = M p. 111 ; R § 43 ; S$^{1}$ § 26 ; Capg. i. 146, 14.

[3] = M p. 112 ; R § 44 ; S$^{1}$ § 27 ; Capg. i. 146, 21.

ccion*n*. 'Arna fhaiccsin sin do Brén*ainn*, táinic i ttús na luinge, ⁊ do thoccaibh a lamha dochum nimhe, ⁊ atb*er*t na briat*hr*a sa: '*Domine libera nos*', ⁊c .i. 'A thiccerna, sáer do mhuin*nter*, amhail do sáerais D*auid* o lamhaibh Golías, ⁊ Ionás | a broind an mhíl móir.' *Ocus* 'ar f. 247$^{b}$ cc*r*iochnucc*adh* na guidhe si*n* dó, dochon*n*cat*ar* a hionnshamhail si*n* do bhéist ele asin ran*n* ani*ar*, ag tea*cht* a ccoinde na céd-píasta. *Ocus* 'ar ttecht do lath*air* dhi, do léicc cáor thein*idh*e asa braghait. *Ocus* do suidhigedh cath lé i nacch*aid* na píasta tosan*aidh*e.

(129) 'Arna fhaixi*n* sin do Bhrénain*n*, asb*er*t frisna braithribh: 'An ffaicend sibh, a mhancha gradhacha, miorbhuile an Ticcerna, ⁊ an umhla dobheir an crétuir don chruthaigtéoir?' *Ocus* '*ar*na radh sin doibh, do*chon*ncat*ar* in peist do len Bren*ainn* acc éirge 'na tri chuid for uacht*ar* in m*ar*a; ⁊ do iompo in peist dorinne na gniomha si*n* dochum an ion*aidh* asa tainic, i*ar* mbuaidh cosgair.

### xli. FAGBAIL IN MHIL MÓIR INA FHEOLMAC DO BRENAIN*N* *CON*A MUIN*N*TIR INDSO.

(130) La eiccin[1] ele do Bhrenain*n* *con*a muintir ag siub*al* an lera adhuathmh*air* co ffacatt*ar* oilén ro-álain*n* ro-examhail, lan [do] premaibh ⁊ do luibhibh degh-bhal*aidh*; ⁊ '*ar* ndol i ttír doibh, at*con*ncat*ar* leth deir*idh* an mhíl móir arin traigh ina bfiadnaisi. *Ocus* adub*airt* Br*enainn*: 'A braithre ionmhaine', or sé, 'agsin antí ler ob*air* bh*ar* mbasucc*adh* ⁊ b*ar* slucc*adh*; ⁊ sluiccidh si eision anois, ⁊ ithidh[2] b*ar* saith dia fheoil. *Ocus* biaidh sibh a bfad aran oilén so, ⁊ t*airr*ngidh b*ar* long i ttír, ⁊ fagh*aid* ionad iomcubaidh dhi.' *Ocus* 'arna dhenamh si*n* doibh, adub*air*t Brenain*n* ríu: 'Tuccaidh ní don míl mór libh, fhoigen*us* daoibh go cen*n* míosa; u*air* sluiccfidher an chuid ele dhe le piastaibh an aigéoin anocht féin.'

(131) Tuccatt*ar* na braithre an fheoil léo, amhail adub*airt* Bren*ainn* friu. *Ocus* do raidhset arís fri Brén*ainn*: 'A ticc*er*na, ⁊ a ath*air* naemhta, cion*nus* fhédfam*ai*t uiscce d'faghail 'sa*n* oilén so?' | Do raidh f. 248$^{a}$ Br*enainn*: 'Ni husa le Dia sásadh bídh do thab*air*t dúin*n* ina uiscce. Mass*edh*', *ar* Brénain*n*, 'ticcidh i medhón in oiléin istech, ⁊ dogebhtái top*ur* ann, ⁊ é degh-datha, ⁊ i*lar* gacha cenéoil luibhe arcena ina thimcheall. *Ocus* tuccaidh bh*ar* lor-dáethain et*er* luibh ⁊ uiscce libh de.' Do imghett*ar* na braithre, ⁊ fu*ar*att*ar* an top*ur*, amail do in*n*is Brenain*n* doibh.

(132) *Ocus*[3] do bái Brén*ainn* ⁊ a bhraithre trí míosa 'san oilén si*n*, u*air* do bói ainbhtine mór *ar*an oiccen, ⁊ gaeth ro-laidir an*n*. Doronsat na braithre amhail adub*air*t Brenain*n* friu .i. dol *ar* cenn na feola *ar*in traigh. *Ocus* is aml*aidh* fúaratt*ar* an fheoil '*ar*na hithe uile dona piastaibh aiccenta. *Ocus* tangatt*ar* fein m*ar*a raibhe Br*enainn*, ⁊ do

---

[1] = M p. 112; R § 45; S$^{1}$ § 28; Capg. i. 146, 28, 29.

[2] MS. itidh.

[3] = M p. 113; R § 46; S$^{1}$ § 29.

in*n*sett*ar* sccela dó, *co n*ach raibhe a bhecc don fheoil 'ar m*ar*thai*n* an*n*, 7 *gur* fíoradh amail adub*air*t an tath*air* naemhta ríu. 'Ata a fhios accamsa, go ndechabhair da fhechain an firin*n*e adub*ar*t ribh; 7 adeirim fuill*edh* ele libh .i. co tiocfamaid maraon am*ar*ach arin t*r*aigh, 7 go bfuighbhem cuid d'iascc anmhor an*n*'; 7 do fíor*adh* sin amhail adubairt Bren*ainn*.

(133) Tuccattar leo an méid do fhetatt*ar* don iascc. Adubhairt Bren*ainn*: 'Taiscther an tiascc libh, 7 cuiridh fo shalan*n* é, u*air* dogheba sibh gáeth mór 7 soinen*n* maith inadhiaigh so, le ffaicfe sibh an toilén so.' Do aithin Brénain*n* da mhuin*n*tir an long do t*r*omucc*adh* do premhach 7 do luibhen*n*aibh 7 d'iasccach, 7 adub*air*t riu arís uiscce do bhreith leo, uair nir chaith féin ó dogabh cuing sacc*ar*t*ach*ta chuicce ní ina raibhe spiorat no anam. *Ocus* 'ar ttromucc*adh* a luinge doibh, dochuirett*ar* amach í; 7 do bhatt*ar* acc loingseor*acht* isin *air*d atuaidh gach ndirech.

## xlii. Sccel oilein na tt*r*i pop*ul*, áit in ro fhaccaibh Br*enainn* b*r*ath*air* dia muin*n*tir.

f. 248$^{b}$ (134) La eiccin[1] da raibhe Bren*ainn co*na coimhtionol acc taisteal na mara mór-aidhble *co* facattar oilen a ffad uatha. *Ocus* atb*er*t Br*enainn* fríu: 'An bfaicen*n* sibhsi an toilen úd adchím si?' 'Dochíamaid', bh*ar* íadsan. 'Atád tri pop*uil* an*n*sud', bh*ar* Brén*ainn* '.i. pop*ul* macámh, 7 pop*ul* do dhaoinibh ócca, 7 pop*ul* do dhaoinibh sendai. *Ocus* rach*aid* neach diar mb*r*aithribh ne an*n*súd dia oilithre.' *Ocus* do fhi*ar*faighett*ar* san, cia aca; 7 níbh áil laissiumh a in*n*isin doibh. *Ocus* m*ar* dochon*n*airc iattsan go dobrónach, do in*n*is doibh é; 7 issé do bí acc dol an*n*sin, neach don tríur brath*ar* tainic asin mainistir léo.

(135) *Ocus* dogluaisett*ar* rompa dochum an oiléin, ion*nus* go ndechatt*ar* arin traigh. *Ocus* is aml*aidh* do bói an toilen si*n* ina clár comht*r*om coimhreidh; 7 he '*ar*na fhol*ach* do líttis ghil. *Ocus* do bhatt*ar* tri pop*uil* an*n*sin; 7 bói urc*ar* duine do cloich ettorra. *Ocus* do théigdís síar 7 aníar ar fud an oilei*n* ag cantai*n* urn*aig*the, 7 asedh adeirdis: i. '*Ibunt sancti de uirtute in uirtutem*' .i. rachait na naoimh o shubhalt*aigh*e go subhalt*aigh*e.

(136) *Ocus*[2] 'ar ccriochnucc*adh* na hurn*aigh*thi sin doibh, tainic dias don pop*ul* m*a*caomh chuca, 7 tuccatt*ar* da cliabh do scaltaibh purp*air* léo; 7 dochuirettar sin 'na luing dochum Brén*ainn*; 7 adubratt*ar* fríu: 'Caithidh ni do thor*udh* oilein na bfer laidir: 7 tucc*aidh* ar mb*r*atair féin duin*n*e. *Ocus* imtiagaidh remhaibh maille le siothcái*n*.' Is an*n*sin doghoir Bren*ainn* an brathair sin chuicce, 7 adub*air*t fris:

---

[1] = M p. 114; R § 47; S$^1$ § 30; Capg. i. 146, 29.

[2] = M p. 115 *ad calcem*; R § 50; S$^1$ § 33; Capg. i. 147, 19.

'Tab*air* póicc dona braithribh, 7 eirigh leisan muin*n*tir útt, ata 'gutt i*ar*raidh. *Ocus* adeirim si riot, a bhrath*air*, *gur*ab maith an úair inar ghabh do mhathair i mbroin*n* tú, in u*air* do thuill tú a dhol isin ccoimhtionól útt.'

(137) *Ocus* i*ar* ttab*air*t paxa dona b*r*aithribh | 7 do Brenain*n* dó, f. 249$^a$ adub*air*t Brenain*n* f*r*is: 'A mheic, cuimhnigh na benefisi tucc Día dhuit isi*n* tsaoghal so, 7 guidh oruin*n*.' *Ocus* i*ar* bfáccb*áil* bhenn*acht*an acc Brenain*n* dó, dochúaid leissin dís do dháoinibh ócca adubhram*ar*, dochum na sccol naemhtha si*n*. *Ocus* m*ar* do*con*ncatt*ar* na naoimh chuca é, do chanatt*ar* in fersa so .i. '*Ecce quam bonum*', 7c̃ .[i.] is maith 7 is luathgair*ech* na braithre do rochtai*n* i naen ionad. *Ocus* dochanattar ind im*m*on .i. *Te Deum laudamus*[1] 7c̃., maille le gáirdeach*us* mór. *Ocus* tuccatt*ar* uile pócca dó.

(138) *Ocus*[2] do imthigh Brenain*n* 7 a muin*n*te*r* tara éisi. *Ocus* m*ur* tainic t*r*ath p*r*oinn*igh*thi doibh, do fhurail Brenain*n* ní dona sccailtibh do thab*air*t chuicce; 7 tucc*adh* aon scailt aca chuicce; 7 adub*air*t ríu: 'Ni cumai*n* lem gur légh*us* no go bfacadh*us* riamh a comhmór so do sccailt.' *Ocus* is aml*aidh* do bái comhcomht*r*om comchruin*n* *ar* cuma liathroide. *Ocus* do gherr sa*n* in dá chuid decc hí, 7 do ben un*n*sa do súgh ar laimh *gach* brath*ar* aca eiste. *Ocus* *ar* fedh da lá *déc* m*ar*sin do shasadh se na braithre, 7 blas meala i mbél gacha fir dibh.

(139) *Ocus*[3] 'ar nden*amh* t*r*oisccthi tri lá doibh, amhail do aithin Brenain*n* díobh, docon*n*catt*ar* én ro-dealraight*ech* da nion*n*saigh*ed*, 7 do thoirling i ccuirr thosaigh na luinge. *Ocus* do bi craobh ro-álain*n* ina bheola do chrandaibh ná ro aithnigett*ar* somh, 7 cáera co*m*hmora do thor*udh* ro-alain*n* fora b*ar*r; 7 doleicc *ar* l*ar* hi fiadhn*ais*e Brenain*n* hí, 7 do fhill féin ina f*r*ithing da éisi. *Ocus* doghoir Brénain*n* na braithre chuicce, 7 atb*ert* fríu: 'Caithidh an bíadh so tucc Dia dáoibh'; 7 do bátt*ar* na cáera sin amhail ubhlaibh fiadhai*n* ar mhéd. *Ocus* do roin*n* Brenain*n* *ar*na braitribh an tor*adh* sin; 7 do bí sásadh dá lá *déc* doibh an*n*. | *Ocus* do raidh Bren*ainn* ríu troscc*adh* teora la 7 teora f. 249$^b$ noidhce do dhenamh m*ar*an ccedna; 7 doronsat iar*amh* *ar* co*mair*le Brenain*n* an trosccadh sin.

### xliii. SCCEL OILEIN NA CRANN TTOR*THACH*.

(140) La eile[4] do Brenain*n* *con*a fhoirin*n* ag siub*al* an m*ar*a co facatt*ar* oilen uathaibh, 7 is amhlaidh do bí sé, lán do chran*n*aib ro-ardaibh. *Ocus* is amhl*aidh* do bhatt*ar* na c*r*oin*n* sin d'áen cenél uile, 7 íatt lán do thor*udh* *ar* aon dath 7 ar áen cuma. *Ocus* ní raibhe aon chran*n* aimritt nó éttorthach dibhsin uile. *Ocus* 'ar ttecht fo tír

---

[1] MS. laudamas.

[2] = M p. 116; R § 51; S¹ § 34; Capg. i. 147, 27.

[3] = M p. 116; R § 52; S¹ § 35; Capg. i. 147, 33.

[4] = M p. 116; R § 53; S¹ § 36; Capg. i, 147, 37.

doibh, do thimchill an neoch naomtha .i. Brénain*n*, an toilen. *Ocus* do bí sásadh doibh i mboltan*ad* an oilein sin, gio*n* go mbeith d'urghairdiucc*adh* ele aca *acht* é.

(141) *Ocus* fu*air* Brenain*n* toipre roglana an*n*, ⁊ moran do fremhaibh ⁊ do luibhibh in*n*tibh. *Ocus* do fhill iarsin m*ar*a raibhe a muin*nter*; ⁊ tucc ní do*na* torthaibh sin leis dochum na mbrat*har*, ⁊ is*edh* asb*ert* friu: 'Beiridh ni do*n* tor*udh* sa libh occ imthecht daoibh, ⁊ sásaidh bh*ar* ccuirp do*n* tor*udh* tucc Día dhuibh.' *Ocus* dorin*n*ett*ar* amhl*aidh* sin. *Ocus* do anatt*ar* isi*n* oilen 'nadiaigh si*n* co cend da fhicet lá, ⁊ da fhichet oidhche; ⁊ inadiaigh si*n* dochuatt*ar* ina luing, ⁊ ní don tor*udh* léo.

## xliv. SC*EL* NA GRIBHE HINGN*IGH*E.

(142) La[1] da raibhe Bren*ainn* co*n*a brait*hr*ibh ag siub*al* an cuai*n*, co facat*ar* an tén adhuathm*ar* osa ccion*n* .i. griobh ingn*ech*; ⁊ bá meidigt*her* co mór le mul no ré damh. *Ocus* m*ar* dochon*n*catt*ar* na b*r*aithre hí, do ghabh eccla mór ⁊ urghrain adhbal íatt, ⁊ adubhratt*ar*: 'A f. 250a athair, tabh*air* furtacht go luath duin*n*e, u*air* as docum | ar sluiccthi tainicc an peist aduathm*ar* útt.' Adub*air*t B*r*enain*n*: 'Na biodh eccla oruibh, uair antí do shaor as gach *conn*tab*air*t sibh gonuicce so, is é sháerfas on ghabhadh sa sin*n*.' *Ocus* 'ar sinedh a gribhe di dochum na mbrath*ar*, tainicc an ten tucc an ghécc chuca da nionnsaicc*edh*, ⁊ do chomraic risan ngribh, ⁊ do claidhedh[2] leis hí. *Ocus* '*ar*na claoi dó, do bhen a súile eiste, ⁊ do thuit a corp i ffiadhnaisi na mb*r*at*har* 'san bfairrge. *Ocus* 'arna fhaicsi*n* si*n* dona braitribh do mholatt*ar* Dia go mór. *Ocus* do fhill an tén re*m*hraitte go hinis Albei iarsin.

## xlv. SCEL NA PIAST MUIRIDHE.

(143) La ele[3] do Bhrénain*n* occ ceilebhr*adh* feile Peatt*air* ina lui*n*g, go ffacatt*ar* in fairrce ro-glan ro-shol*us*, ro-siothóilti i*n*a tti*m*ceall, ion*nus* go ffacatt*ar* 'na raibhe d'iasccach ⁊ d'il-piastaibh isi*n* occia*n* uile; ⁊ is aml*aidh* do bhatt*ar*[4] amhail no beittis iom*a*t trét for muighibh reidhi, ro-fhairsionga, ion*nus* co mbatt*ar* ina muraibh i ttimceall na luinge. *Ocus* m*ar* dochon*n*catt*ar* na b*r*aitre iad, doguidhettar Brenain*n* fo aif*r*ion*n* do radha go hisel, ion*nus* nach cluinfetais na piasta an guth do dhenadh. Do frecc*air* im*morro* B*r*enain*n* iad, ⁊ is*edh* do búi, occ gáiribh futha ara métt d'iongant*us* leis, eccla do beith orra, ⁊ a mhionca do sháer Dia ar ghábh*adh* b*ú*dh mó ina sin íatt.

(144) *Ocus* at*bert* Brenain*n* ríu: 'Crét dobheir oruibh in eccla[5] sin, a bhraithre? ⁊ *ar* nDia ⁊ *ar* tTiccerna fein .i. Iosa Criost, ⁊ ante

---

[1] M p. 117; R § 54; $S^1$ § 37; Capg. i. 147, 42.

[2] This word has been tampered with, and the reading is uncertain.

[3] = M p. 118; R § 55; $S^1$ § 38; Capg. i. 148, 3, 4.

[4] 'ina muraibh' wrongly inserted here m. pr.

[5] eccla *bis* MS.

fhét*us* na huile anman*n*a do chen*n*succ*adh*, cein*n*seoch*aidh* sé na piasta utt duin*n*e.' *Ocus* '*ar*na radh si*n* dó, adub*air*t an taif*r*ion*n* ní as airde na m*ar* adub*air*t roime riamh. | *Ocus* do bi aire na mb*r*ath*ar* f. 250$^{b}$ arna piastaibh f*r*isan re si*n*. *Ocus* m*ar* dochualat*ar* na piasta guth an fhir naemhta, do teichett*ar* on luing amach, ion*n*us nach ffacatt*ar* fana bhecc dibh osin súas. *Ocus* is ar eiccin do fhetatt*ar* muin*n*ter Brenain*n* an mhuir gríanda glan-shol*us* do cheimniucc*adh* re fedh secht lá i*ar*sin, ⁊ an long fo lán-sheoladh aca.

## xlvi. SCCEL OILEIN AN DÁ FHER DÉCC EIREN*NACH* ⁊ AN CHAIT MUIRIDHE ANNSO.

(145) Imraiset[1] iarsi*n* ind oiccen seal siar, ⁊ fogabhait inis mbicc náoibhin*n* *co n*iom*a*t iasccairedh in*n*te. Amhail bat*ar* ima ccu*airt*, *co n*accatt*ar* ecclas bhecc clochdha in*n*te, ⁊ senoir etlaidhe bán oc ern*aigh*e in*n*te. *Ocus* is aml*aidh* boi an senoir sin, gan fuil, gan feoil, *acht* leth*ar* tana truagh forsna cnamhaibh cruadh-buidhe bátt*ar* occa. Is an*n*si*n* atb*ert* an senoir ucc*at*: 'Teich, a Brénain*n*, go luath', or se. 'Fil iar*amh* mur-chat mor sun*n* amhail ócc-damh no each tre-bliadn*idhe* i*ar*na fhorb*air*t do iascc in m*ara* ⁊ na hin*n*si so; ⁊ ingga[i]bh sa he t*r*ath.'

(146) Gabhait siu*m*h t*r*a ina luing, ⁊ imrit ind oiccen go derm*air*. Amail bat*ar* an*n*, *co* facat*ar* in mbiast-chat muiridhe ic snamh 'nandiaigh, méidighther coire cecht*ar* a dhi ruscca, fiacla torc*dha* lais, gu*aire* aithrind f*air*, cróes on*con* occo, go niort leom*an*, go cconfaidh condai. Is an*n*sin gabhais cach dibh for ern*aigh*te fri Dia fri méit na heccla rodus gabh. Is an*n*sin atb*er*t B*r*enain*n*: 'A Dé uile-cum*acht*aigh', ol se, 'toirmisc do phiasta din*n*, ionn*us* nach tiosat cugain*n*.'

(147) Eirgis i*ar*sin bleidhmil mor muiride ett*ar*ra ⁊ an cait-bhéist mór sin, ⁊ gabhais cach dibh for com*m*badhadh | a ceile i fudomain in f. 251$^{a}$ m*ar*a; ⁊ ni facas nech dibh riamh osi*n* amach. Dogniatt t*r*a an*n*sin Brenain*n* ⁊ a muin*n*ter atlucc*adh* buidhe f*r*i Dia; ⁊ iompáit rempu doridhisi go du i mboi in senoir. *Ocus* ciis an*n*sin an senoir fri métt na luthgaire rod*us* gabh, ⁊ is*edh* asb*er*t: 'Do fheraibh Er*enn* im*morro* damhsa', or se, '⁊ da fher décc do decham*ar* diar noilithre, ⁊ dorattsam an mur-chat bíast*aidh*e út lin*n*, ⁊ ba hionmai*n* lin*n* hé; ⁊ ro fhorb*air* i*ar*sin co mór, ⁊ nír erchóid*igh* duin*n*e riamh. *Ocus* is m*ar*bh áen fer décc don fhoirin*n* sin ro bham*ar* o t*ús* an*n*; ⁊ atusa am áen*ar* sund occut ernaidhe si, co t*ar*d*air* corp *Crist* ⁊ a fhuil damh, ⁊ go ndech*ar* lasodhain dochum nimhe.'

(148) Faillsighis iar*amh* in senóir doibhsiumh an talamh mbiucc dia mbatt*ar* iarr*aidh* .i. tir thairrngire. I*ar* ccaitem t*r*a cuirp *Crist* ⁊ a fhola dó, luidh in senoir docu*m* nimhe. Adhnaicter an*n*sin he

---

[1] = L 3787; R § 75.

maráen rena brait*hr*ibh go nonoír móir, 7 go psalmaibh, 7 *co n*iomnaibh i nain*m* in Ath*ar* 7 an M*e*ic, 7 an Spior*ai*tt Naoi*m*h.

## xlvii. Faghbail tire t*air*rngire do Brénainn an*n*so.

(149) Laithe náen[1] do Brenain*n* *con*a muin*n*tir ag siub*al* 7 acc iarr*aidh* in mhara no co tarla cossin talamh mbicc ro bhatt*ar* d'iarr*aidh* fri ré secht mbliadan iatt .i. tír tairrngire, am*ail* ata *in prouerbio*: '*Qui querit, inuenit*.' Iar rochtai*n* im*morro* doibhsiumh i ccomfocraibh in tíre si*n*, 7 ba hail leo port do gabhail an*n*, atchualattar guth araile senorach ag lab*air*t ríu, 7 iss*edh* atbeir*edh*: 'A dháoi*n*e lán-shaethracha, a ailithrecha naemhtha, a lucht ernaiget na loighe naemhdha[2], a betha bith-scith ic saeth*ar* ic ern*aidh*e in tíre so, ernaighidh beccán da bh*ar* saeth*ar* goléicc.'

f. 251$^b$ (150) I*ar* mbeith im*morro* doibhsiumh | an*n*sin selatt ina ttost, atb*ert* in senoir friu: 'A braithre io*n*mai*n*e', or se, 'a Cr*íst*, cidh na aicci siu in talamh n*air*eg*dha* nalain*n* so, *ar*n*ar* doirt*edh* fuil daoine riamh, 7 nach iomcub*aidh* adnacal peac*thach* na droch-dháoine in*n*te? Faccbaidh uile iar*amh* i nbh*ar* luing gach ní fil occaibh ce*n*motá becc nett*aigh* iomaibh namá; 7 ticcidh aníos.' I*ar* ro*cht*ain im*morro* doibhsiumh for tír, póccais cach a cheile dibh, 7 ciidh an senoir go mór fri mét a fáoilte. 'Siridh occ*us* feghaidh', or sé, 'imle 7 bruighi P*ar*rtais, air*m* hi ffuighbithir slainte cen gal*ar*, aoibhnes cen imresai*n*, aenta gan tachor, flaithes ce*n* scaoiledh, timthirecht aing*el*, fledhucch*ad* cen airdhibhadh, moighe mil[s]itir boludh m*ar* blath mín ben*n*achda. Ma ngenar t*ra* gair*m*ebh*us* Brenain*n* m*ac* Fi*n*dlogha i náentaidh i lleth sin', ar in senóir cettna, 'do bhith-aitrebh na hin*n*si i ttám tre bithe na bethad.'

(151) I*ar* bfaicsi*n* im*morro* doibhsiumh in Ph*ar*rthais et*er* ton*n*aibh in m*ar*a, machtnaighit 7 iongant*aigh*it go mór míorbuile Dé 7 a chumha*cht*a, i*ar* bfaicsi*n* na míorbhuil*edh* sin. Is aml*aidh* im*morro* boi an senoir hishein, cen étt*ach* ndáen*n*a et*er*, *acht* ba lán a chorp do clumhach gheal am*ail* cholum no fhaoilin*n*, 7 ba hurlabhra aingil leis *acht* madh becc. Ceilebh[ar]t*ar* an teirt leo iar mbéin an cluicc *co n*altucc*adh* buidhe do Dhia, 7 a menman*n*a tuidhmhidi i nDía. Ni ro lams*at* im*morro* ní do fhi*ar*f*aigh*e.[3]

(152) Is an*n*si*n*[4] atb*ert* in senóir: 'Denadh gach aon uaibh ern*aigh*the fo clith ce*n* imaccallaimh neich fri 'raile uaibh, uair talamh naemhta ainglecdha in talamh sa; 7 di*no* as gnath peactha do labharthaibh, | f. 252$^a$ uair as meinic isna faiblibh *ar*santaibh toirrsi no failte dio*m*haoi*n*.' 'As maith lin*n*e eimh sin', ar in pop*ul*. I*ar* mbeith doibh sealat aml*aidh* sin, ticc an senoir, 7 is*edh* atb*ert*: 'Ceilebh*ar*th*ar* an medhón-

---

[1] = L 3843; R § $76^a$; $S^2$ § $11^a$.

[2] nemdha L (*recte*).

[3] At this point L passes to the Fís Adamnain; and the following note occurs here in our MS.: Iste fabule sunt plux ad [*lege* plus ab] alio libro.

[4] = R § $76^b$; $S^2$ § $11^b$.

lai lin*n*', *ar* sé. I*ar* tairccsi*n* im*morro* in medhoin-lái do cheilebhr*adh* doibh, fi*ar*f*aigh*is Brén*ainn* don tsenoir ucc*at*: 'In tol damsa', *ar* se, 'anadh sun*n* go dia b*r*atha ?'

(153) Is hi im*morro* frecc*r*a doratt an senoir fairsiumh : 'Intí iarrf*us* a thoil fein, ticc i nacch*aid* toile De. *Ocus sesca* bl*iadan*', or se, 'o tanacc sa *con*icce so, ⁊ aingil[1] rom sásast*air* frisan re si*n*. *Ocus* as becc na ro erc*r*an mo chorp a sendacht. Ni sun*n*a ro arsaighes, *acht* i náes a ttanacc in*n*te, ⁊ atú aml*aidh* bhéos. Is amhl*aidh* atb*er*t Criost frim, beith sun*n tricha* bl*iadan* on t*r*iochait útt occut ern*aidh*i si. *Ocus* aníu as mith*ig* damhsa dol dochum nimhe, u*air* do ria*cht*aisi cucc*am*. Iar cceilebr*adh* na nona libh, dén*aidh* imtecht da bh*ar* ttír féin, ⁊ dén*aidh* foircetal fer[2] nEr*enn*, u*air* teccaisccfidher cuil ⁊ pec*aidh* tremhot. *Ocus* atb*er*t *Criost* f*r*imsa, is in u*air* si na nóna co toiristea sa *con*icce in feran*n* so, ⁊ do mhui*nnt*er ⁊ do manaigh, ⁊ do mhaincesa lat ria noebhaibh Er*enn* sea*cht* mbliadhna re mbrath, ⁊ an tangcaire miorbhall*da* úd dorin*n*e an sacc*ar*t lat.'

(154) I*ar* cceilebr*adh* na nóna, tainic an tén nó ghnathaighedh timthirecht a bproin*n*e doibh roimhe si*n*, ⁊ leth-páin cruithnechta, ⁊ órda eiscc leis da tab*airt* dá gach ao*n* dibhsin. I*ar* ccaithemh im*morro* a bproin*n*e doibhsiumh, doghniatt altucc*adh* buidhe do Dia. I*ar* ccaithemh im*morro* chuirp *Crist* ⁊ a fhola ⁊ a feola do*n* tsenóir, laaidh la sodhai*n* a spir*at* dochum nimhe, ⁊ adhnaic*i*t siu*m*h iarsi*n* a chorp *co n*onóir moir, ⁊ go nairmittin nadhbail.

(155) A haithle na cco*m*hrait*edh* sin[3] do denamh doibh leth *ar* leth, doghlúais B*r*enaind | *con*a manchaibh docu*m* a luinge. *Ocus* do imghett*ar* f. 252$^b$ t*ar*in muir mó*r*-thond*ach*, ⁊ ni haithrister iongant*us* ina nimthechtaibh, no go rangut*ar* go h*Ár*ain*n* noirrtheraigh, iar mbeith doibh dí bliadai*n* foran loinges sin, ⁊ a cuicc forin loinges remhtecht*ach* ; *conidh* sea*cht* mbl*iadna* sin uile forin dá loinges acc iarr*aidh* tire tairngire ; amail asb*ert ar*aile éolach :

Secht mbliadna battar uile
For loinges—caemh in cuire—
Ag iarr*aidh* an tire t*r*eall
T*air*ngire tredaigh tren-seng

*Conus* fu*ar*att*ar* fadeoigh
I niathaibh arda an aiccéoin,
Inis saidbhir suthai*n*, gan roin*n*,
Maigrigh, ccrut*haigh*, ccao*m*h-áloinn.

(156) Iar ro*cht*ain im*morro* doibh go hArain*n* ni*ar*th*ar*aigh[4] fogabatt[5] fáilte nderm*air* an*n*, am*ail* fogebadh *Criost con*a apstaluibh ; ⁊ in*n*isit

---

[1] We should probably read 'biadh aingel', = angelorum pabulis utens R.
[2] MS. ufer.
[3] = R § 77$^a$ ; $S^2$ § 12.
[4] *sic* MS. ; *lege* 'oirrtheraigh' as above.
[5] MS. fogabatttt.

a scc*él*a ⁊ a nechtra o t*ús* go deir*edh* do phopul Áran*n*. I*ar* ccluinsin na scc*él* sin d'Enda ⁊ do Pupa *con*a séitchibh, cíit go dermair tre mét na faoilte rod*us* gabh. Bói da*no* an pop*ul* ag astadh Brenain*n* occaibh, ⁊ forfoemhsat cenn*ach* dó do chin*n* anadh occa. Atb*ert* Brenain*n* friu: 'Ni sun*n* bhías m'éiséirge', *ar* se, ⁊ ni ro dhaimh airisemh an*n*. Batt*ar* fri ré mís an*n*sin í*ar* scís iomramha.

xlviii. (157) A ccion*n*[1] na réé si*n*[2] ⁊ na haimsire faccbus[3] Brenain*n* *con*a muin*n*tir i nÁrain*n* in long cona hangcaire[4], ⁊ gabhait féin rempo doch*um*[5] nEirion*n*, go ros gabhsat[6] port ag Inis da Dhroma for muir Luimnigh. Fossaighit í*ar*sin i nInis da Dhroma, ⁊ bátar ceithre lá ⁊ ceithre hoidche in*n*te gan sásadh bídh nó dighe aca. *Ocus* bá m*ar*bh im*morro* cethr*ur* don chuire naemh si*n* tr*e* fhód an f. $253^a$ tredhain t*ar*la dóibh; ⁊ ro hadhnaicit an*n*sin iatt | *co* *n*onoir ⁊ go nairmittin móir.

xlix. (158) A ccion*n* trill[7] 'nadhiaigh sin, faidhis Brénain*n* a dheiscip*lu* go habhain*n* Fh*or*cca[is] isna Deisibh Mum*an* do cuinghidh eiscc for iasccairibh na habhan*n*. Diultait im*morro* na hiasccairedha muin*n*ter Brénain*n*. Diultais im*morro* Brenain*n* in abhan*n* tria bithe ósin amach g*an* iascc do bheith fuirre. Cáecca sruth im*morro* ro esccáin Brénain*n* i nEirin*n* trena díultadh d'iascc*air*ibh na srothan*n* sin fa iascc do thab*air*t dó. Cáocca sruth[8] ele ro bhenn*aigh* Brenain*n* ind Éire, *ar* ro ri*ar*sat a niasccairedha é; *ut dixit*:

Cáecca sruth re ro-iarr*aidh*[9]
Ro bhenn*aigh* Brénain*n* go ffin*n*e;
Caecca sruth go soimhiadhach,
Or bhen sé iascc a lin*ne*.

l. (159) Araile la do Brenain*n* *con*a mhancaibh oc imtecht i tiribh Cliach. Dochúatt*ar* go port Eile d'i*arraidh* éiscc. Ferait im*morro* na hiascc*air*edha failte fri Brenain*n*. Bennachais Brenain*n* an sruth iarsin, gerbo haimritt *con*nicce si*n*; ⁊ ba lán d'iol*ar* gacha maithesa osin amach an sruth.

li. (160) Do riacht[10] Brenain*n* iarsin go hInbher Ais i ttiribh Cliach, ⁊ boi an*n* in oidhche si*n*. Atbertatt*ar* aittrebht*aigh* an tire sin fris: 'Fil', or síatt, 'amhg*ar* mór isi*n* tír so .i. tuile cuiledh, *co* *n*ach lia gainemh m*ara* ináitte.' Is an*n*sin atb*ert*[11]: 'A Thiccerna', ol sé,[12] 'sóert*ar* sun*n* tréd *con*nirclidhe si don plaig si in lucht so it anmaim si.' On oidhce si*n* amach ni raibhe aon chuil riamh isi*n* talamh si*n*. Bi

---

[1] = R § $77^b$. [2] 'ím*morro*' added and then deleted. [3] '-bus' added above the line; it should be '-bais'. [4] 'cona hang.' interlined. [5] do chuir m. pr. [6] = M c. $12^b$; $S^2$ § $13^a$. [7] = R § 78. [8] = M c. $12^c$. [9] Perhaps read: ro-riaradh. [10] = R § 79; M c. 13; Capg. i. 152, 19. [11] Wrongly altered to 'atbertatar'. [12] This is probably the original reading; the MS. now reads 'siett'.

Roiss[1] hi ttiribh Cliach, cáecca caislen ro fásaighthi in*n*te tre breithir mBrenain*n*; *ut dixit*:

Caecca caislen comhramhach
Ro baidh Brenain*n* go mbaine;
Tre díu*mus* rígh ro-ghlon*n*ach
Beitt t*re* bithe gan áines.

lii. (161) Araile aims*er*[2] fáccbais Brenain*n* a luing hi ttraigh In*n*si f. 253$^{b}$ da D*r*oma; ⁊ psalm-chettl*aidh* dia muin*n*t*ir* oca coimhétt, ⁊ he occ gabháil a psalm a aen*ar* in*n*te. I*ar* ttichtai*n* *immorro* ainbhtine in mh*ara*, go ros t*ar*raing in luing dia purt, atb*er*t brath*air* an tsailmchetl*adha* fri Brenain*n*: 'Ro baidhedh mo brath*air* féin isin luing', ol se, '⁊ ro bris*edh* an long go deim*in*, ⁊ ni fuighter a chorp í*ar*na bhathadh.' Is an*n*sin atb*er*t B*renainn* co ffe*ir*cc moir fris: 'Mása mó as áil duitsi airchisecht de, eircc fein ina ionadh, ⁊ dena a fheidhm sion.' I*ar* ndol im*morro* dosomh i ndiaigh a bhrath*ar*, báitter focettóir isi*n* muir; ⁊ bai in brath*air* ócc et*er* tondaibh m*ara* amhail múra dá gach leth de, amhail ro baoi do Moysi m*ac* Am*r*a ag dol *con*a pop*ul* tre Muir Ruaidh.

### liii. Sccel Dobhorcon.[3]

(162) Gluaisis Brenain*n* roimhe inadiaigh si*n* co rainic go Dubh D*air*e i tTuadh-mum*ain*, ⁊ dorin*n*e comn*uid*e ⁊ tecc*ar* ath*aid* fhada and occ foghnamh don Choimdidh, ⁊ acc ed*ar*ghuidhe in Duilem*an*, ⁊ ag dén*amh* ticche aoidhedh i nonóir da Thiccerna fein an*n*. Ise im*morro* ro ba comh*ar*sa dó forsin túaith .i. Dobh*ar*-chú o bfuilit h*Úi* Dobhar-*chon* i tTuadh-mum*ain* beos. Boi di*no* clúain féoir ag Dob*ar*choi*n* a bfocc*us* do[4] Loch Lir. Tíacc*ait* im*morro* doimh Brénain*n* isin cclúan*aidh*; m*ar*bhth*ar* na doimh le Dobh*ar*-coin. In*n*is*ter* do Brenain*n* na doimh do marb*adh*. 'Madh ced le Día', ol Brénain*n*, 'go nd*er*nt*ar* dobhrán do Dhobh*ar*-choin[5].'

(163) Teid da*no* Dobh*ar*-chu ⁊ a bhen, Créda a hain*m*, d'fios na clúana c*et*na a ccion*n* bliadhna i*ar*ttai*n*. Lingidh in éiccne fír-éiscc[6] | in u*air* sin isin loch ina ffiadhnaisi. Dogní im*morro* Dobhar-chu f. 254$^{a}$ dubhánacht, ⁊ geibhidh brec, ⁊ doghni tene raitte, ⁊ imfhuin*idh* an brec, ⁊ caithidh i*ar*sin é do bhir. Téid iaramh d'ól uiscce docum an locha, ⁊ tuitidh isin loch; ⁊ dogníther dobhrán de ar fud an locha tre breithir Bhrénain*n*. Ticc im*morro* m*ac* do Dhobhor-choin .i. Cúcúa*n* a ainm sidhe, ⁊ Creda d'fios na cluana c*et*na. Lingidh eiccne már oile ina ffiadhnaisi[7] isin loch. Ticc Cúcúan do dubhanacht f*air*. Ticc

---

[1] = R § 80; read: Bri Oiss. [2] = R § 81; M c. 14. [3] This story occurs separately in the Book of Lismore, f. 45$^{c}$, whence it was printed by O'Grady in Mélusine, iv, col. 298 (cited as Lism.). [4] i taca fria, Lism. [5] co nderna doborchú desim Lism. [6] lingidh breac Lism. [7] lingidh breac aile Lism.

im*morro* an dobhran dia thoirmescc sin uime, ⁊ atb*er*t fris gan iascc an locha do bhreith uadha, ⁊ gan teine do dénamh do raitt, ⁊ gan bradán do caithemh bo bhior it*er*.

(164) *Ocus* do in*n*is sccela do go leir, ⁊ atbert:

A Chúcúan,
Testa t'*a*thair ní cían uadh;
Ata fan loch ina pheist,
Na t*arr* do b*r*eith a eiscc uadh.

A Cúcúan,
Na dein tene do raitt ruaidh[1];
Na hith, gemadh mor do gi*n*,
An tíascc do bhir go mbi fu*ar*.

Fuar mo leaba ar leic luim,
Is mo d*r*uim le g*r*ian do gnáth;
Súighim uiscce Locha Lir,
No*con* roich dom tigh go bráth.

Íascc adúadh*us* prap rom loiscc,
Iss*edh* sin rom beir g*an* céill;
Olc mo thoiscc is tur*us* t*r*úagh,[2]
Erigh is Creid, a Cúcúan.[3]

Da ttecema *ar* fulacht nó *ar* fect,
Na caith do b*r*eac go *m*ba fúar
Gidh tacha con*n*aidh ticc duit,
Na loiscc an raitt, a Cúcúan.

Dob*ar*-chú m'ain*m* si budéin,
Atú gan ceill as cían úadh;
Becc nach cosmail an da ainm,
Na t*arr* fo*m* g*air*m, a Cúcuan.

Bid hÚi Dobhor-chon mo shiol,
Bidh é a fhíor go brath mbuan,
f. 254$^b$ Gibe tan beither 'ga ng*air*m
Bidh edh a nain*m*, a Cúcúan.

Gach uair dochifir mo sccath
Oniu amach go brath mbua*n*,
Biaidh easb*aidh* ortsa go derbh,
Ma becc do sealbh, a Chúcúan[4].
A Chucuan.

---

[1] Ná rub tene dhuit in dris, | Na rab bir duit in rait ruadh Lism. [2] Lism. transposes lines 2 and 3 of this stanza. [3] Eirg as a Creid 's a Chuchuan, Lism., which ends here. [4] MS. a Cú chú cú an.

Ro boi di*no* Dobh*ar*-chu amhl*aidh* sin sechnon in locha t*r*e breithir mBrenain*n*, go ffu*air* bás; *et reliqua*.

liv. (165) Hi ccin*n* ree[1] imcéine smuainis Brenain*n* ina menm*ain*, ⁊ gabhaiss eccla in Choimdhedh go mor hé tre batadh an bhrát*ar* dochúaidh d'fios an tsailm-chetl*adha* g*us*in luing i nInis da Droma tre fheircc ⁊ tre fhochan*n* Brén*ainn* búdéin. Luidh Br*enainn* go naemha Er*enn* do breith breithe f*air* im*m*on cúis si*n*; ⁊ siris na scrioptuire diadha uile maraon ríu. *Ocus* téitt g*us*in maighin a mbói a m*uim*me .i. Ita; ⁊ boi occa in*n*isin di bathad an brath*ar*.[2] Atb*ert* Ita frissiu*m*h dol t*ar* muir. 'Talamh ect*r*and', ol sí, 'fil occut i*arraidh*, go ndern*air* anman*n*a daoine d'follamhnucc*adh* ⁊ d'foircetal an*n*; ⁊ imthigh', ol si.

### lv. Triall Brenain*n* go criochaibh Bretan an*n*so, tre bháth*ad* a bhrathar.

(166) Teid[3] B*r*enain*n* i*ar*sin go tíribh Bretan tre for*congr*a a m*uim*me, go dú a mbáoi Gillas Bretnach, co t*r*i feraibh decc im*m*e; amhail atb*er*t Mocua m*a*c Dolcáin 'san rand:

Impóis Brenain*n* ar deisiol
  Go ttri feraibh decc, foda uidhe;
Ro be ard a dul . . .[4]
  Co ros baist fir Alban uile.

Iar ro*cht*ain im*morro* dosomh tire Bretan go saet*ar* iom*r*amha romóir, f. 255$^a$ ⁊ iar naister tire accgairbhe, iongant*aigh*e, borb-aighmeile Breton, atb*ert* Gillas Bretnach fria phop*ul*, fledh mor do den*am* aca: 'Donficfa', ar se, 'pop*ul* naemh saetrach sunda fócétt*oir*, cend creittme ⁊ cráb*aidh*, Pol aps*tal* iar n-athnuaducc*ad* dáen*n*achta, ⁊ athair lan-shaotr*ach* mara ⁊ tire .i. Broenfi*n*d m*a*c Fi*n*dlogha.'

(167) I naimsir geimhr*eidh* im*morro* doriacht Brenain*n* tír Bretan, i*ar* mbeith tri bliadhna for sligidh dó. Atb*ert* Gillas secht nglais iarain*n* do chur *ar* doirrsibh na cathr*ach*, do dherb*adh* naomtachta ⁊ irsi na naoidhedh. I*ar*sin teid Brenaind go cat*hr*aigh Gillais do accallaimh Gillais budéin; ⁊ ferais snechta mor doibh in oidhce dochúatt*ar* docum na cat*hr*ach, gur lion an talamh uile, go riacht ferna fer. *Acht* cena ní riacht cucasan *acht* go heittirchian uatha for gach leth.

(168) Is an*n*si*n* atb*er*t an doirrséoir do mhúr na cat*hr*ach riu: 'Ticcidh', ol se, '⁊ oslaiccet bh*ar* ccáoin-ghníomha féin remhaibh.' Is an*n*sin atb*er*t Br*enainn* fria thimthirigh .i. fri Talmach: 'Eircc', ol se, '⁊ oslaicc an dor*us* remhai*n*d.' Sinis Talmach a lamh g*us*in dor*us*, ⁊ meab*aid* focettóir na secht nglais a naoinfecht. Oslaiccis

---

[1] = R § 82; S$^2$ § 13$^b$; M c. 15$^a$.

[2] MS. brath*air*.

[3] = R § 83; S$^2$ § 14$^a$; M c. 15$^b$.

[4] MS. a ard dul; the line is defective.

rempu a aenor in cathr*aigh* nád bái i mbaegal co secht nglassaibh i*arnaidh*e *air* a aen*ar* nó foslaicc*edh*. *Ocus* ní frith riamh i*ar*si*n* na glais.

(169) Tangattar[1] iarsin g*us*in temp*ul*, 7 batt*ar* tri glais fair d'iaran*n* aithleghtha. Sinis Brenain*n* a laimh i*ar*si*n* dona dibh comladhaibh, 7 is*edh* asb*ert*: 'Osslaicc remhain*n*, a mathair *Crist* .i. a ecclas.' Is
f. 255$^{b}$ an*n*si*n* meabhsatt*ar* | na tri glais *co n*ach frith iad riamh. Is an*n*sin atb*ert* timtír*idh* an tempaill fri Brénain*n* tre briatraibh Gillais: 'Déna oif*r*ion*n* a Bhrenain*n*', or sé. Is aml*aidh* iar*amh* bói in altoir *co n*aidmibh fuirri, is íad urlamha o t*r*ibh[2] litribh g*re*ccdaib fuirri. Oslaiccis Bren*ainn* an leabhar, 7 is*edh* ro raidh: 'Oslaicc 7 foillsigh damh do litre, a De uile-chumhachtaigh.' Airdleghais Bren*ainn* i*ar*si*n* focétoir an leab*ar* ngr*e*ccda.

(170) Téit iar*amh* Gillas *con*a muin*n*tir do churp *Crist* an*n*sin do laimh Brenain*n*. Is an*n*sin at*con*nairc Gillas duine forin teiscc, 7 a fhuil isin coilech. Gabhais eccla mor Gillas[3] ó ro aimsigh roimhe Bren*ainn* go minic: 'Cidh dogen sa, a Bren*ainn*?' *ar* se. 'Is irlamh dighal form *ar* th' inchrech*ad* sa damh.' Is an*n*sin atb*er*t Brén*ainn*: 'Dítnebhat sa tú on diogail sin, u*air* ge ro derbhais na haoidhedha, is aims*er* loghtha anosa .i. aimser techta do chorp Crist.' I*ar*si*n* bennachais Brenain*n* doridhisi an altoir, 7 ba corp *Crist* bói forsan teiscc, 7 ba fíon an tuiscce ro baoi isin coilech. Iar ndol im*morro* do chorp *Crist* do phop*ul* Gilláis do laimh Brenain*n*, baoi Brén*ainn* *con*a muin*n*tir go cend tri lá 7 téora noidhce an*n*sin.

(171) *Ocus*[4] ro in*n*is a thoiscc do Ghillas. Atb*er*t im*morro* Gillas: 'Ni bér sa im*morro* breth fort', or sé; '*acht* aonni eimh, ata glean*n* gaibt*ech* i ndithreibh na cat*hr*ach sa, 7 atá da leomhan an*n* .i. fer-léo 7 bain-leo; 7 is iad fhásaighes an tír si i ttád. *Ocus* eir*igh* si gonicce íatt i nanmai*m* an Coimdhedh, 7 diochuir don thuaith si íatt. Ocus beir*edh* an Coimde breth fort an*n*.' Teitt im*morro* Brenain*n* go
f. 256$^{a}$ forbfáoil*idh* | focéttoir, 7 Talmach a dheiscip*ul* féin leis.

(172) Is an*n*sin bói in ban-léom*an* ina codl*adh* a medhon-lai. Atb*er*t Br*enainn* fri Talmach: 'Dúisigh an ban-léom*ain* go luath.' Téitt chucca isin nglin*n*, 7 buailis dia laimh í. Éirghis fochettóir in bain-léo, 7 dobheir a gláoidh moir osaird, gur omhnaigset na tuatha 7 na c*r*iocha ba coi*m*hnesa doibh. Is an*n*sin tainic in fer-léo fon nglaoidh si*n* go hathlamh agg*ar*bh. Atb*er*t Br*énainn* an*n*sin ríu a ndís: 'Éirgidh', or sé, '7 tabr*aidh* libh na huile leom*na* filet isin nglion*n* so, 7 coimhéttaigh cethra na tuaithe so ó sun*n* amach go brath.' I*ar* ccloistecht im*morro* dona léomhnaibh gotha Brenain*n*, eirgitt amhail mhancha irisechaibh fochettoir, 7 doberaitt a ccuilein léo.

---

[1] = R § 84; S$^{2}$ § 14$^{b}$; M c. 15$^{c}$.
[2] *sic* MS.; perhaps we should read: urlamha, 7 leabhar litribh 7c.
[3] Brenainn, m. pr.
[4] = R § 85; S$^{2}$ § 14$^{c}$; M c. 16$^{a}$.

(173) Ba mór t*r*a an míorbuile doronadh an*n*sin .i. na leom*ain* lon*n*a, léittm*ech*a, led*ar*tacha, láidiri, do cennsucc*adh* amail chona muin*n*terdha, go mbitt[1] ag ionghairi cethra an tíre am*ail* brod-chona buachalla. In tan im*morro* ba doigh la cách go muirfitis na leom*ain* Brenain*n* 7 Talmach, is an*n* att*con*ncatt*ar* íatt[2] ogh-slán chuca, 7 na léomhai*n* inandiaigh; amhail ócc-láogha a ndiaigh a maithr*ech*. I*ar* faix*in* im*morro* na leomhan do cach i ndiaigh Brén*ainn*, gabhais eccla derm*air* íatt, 7 tiaghaitt ara neachaibh focettóir, 7 teichit fo fhedaibh 7 fo chailltibh in tíre. Impáit arísi i*ar* mor-gabhadh ce*n* nach frith*ar*dadh ona leomhnaibh.

(174) Gabhais eccla mor Gillas, 7 edhbrais é féin do Bhrenain*n* amhail manach ndileas tria bithe na beth*ad*. Is an*n*sin atb*ert* Gillas fris: 'Día', or sé, 'bher*us* breth fort, uair mac díles dingmála do Dhía tú. | Acht namá dobher sa com*air*le duit .i. airisem isin tír, 7 ma*n*chine f. 256$^b$ na tuath sa duit tre bithe, 7 cum*us* an tire 7 a*n* talm*an* d*ui*t'; *ut dixit*:

'Raghaidh duit an tuath gan ces
Amhail ata *con*a les,
Feraibh, m*a*caibh, mnaibh, gan col,
Go brath beitt 'gutt rí*ar*ucch*ad*.'

Is an*n*sin asb*ert* Brenain*n*: 'Dobheirim mo chub*us* fo righ na ran*n*', ar se, 'nach mó lemsa duille[3] in tsáog*ail* inas gainemh m*ar*a no duille fedha'; *ut dixit*:

'Dobheirim mo chubhas ann,
A Ghilláis, fo rígh na r[e]an*n*,
Nach mó lim in saegal seng
Innás uiscce na habhan*n*.'

Iar mbaist*edh* im*morro*, 7 iar mben*n*ach*ad* dósom cat*hr*ach Gilláis, 7 na ttuath ba comhfochraibh dhi, fáccbáis benn*acht*ain occu, 7 imthigis i*ar*si*n*. Ciit iar*amh* in pop*ul* 7 na tuatha go mór inadiaigh; u*air* ro c*ar*sat amhail b*udh* athair doibh é.

lvi. (175) Tainic[4] doridhisi go Bretnaib, 7 cumhdaight*er* ecclas laiss an*n* i ninis Ailec. Araile la[5] boi Brén*ainn* for c*ar*raic *air*d isi*n* inis si*n*; *co* faca na dá bleidhmil muiridhe ag tichtain a fúdomhai*n* in m*ar*a, occ*us* síatt occ cathucc*adh* re 'roile go c*r*uaidh; 7 cách dibh ag comhbádadh a chéle. Is an*n*si*n* fúabrais and*ar*a péist dibh teichemh; 7 lenaidh in pheist ele hí. Atb*ert* im*morro* an péist bói occ teichemh do guth dáonn*aidh*e: 'Nod guidim si im*morro* tú i nanmaim*m* naomh

---

[1] *no* rabhatt*ar*, interlined. [2] iatt *bis* MS. [3] *sic* MS.; ? dúile (pl. of *dúil* element), 'quid mihi et mundo?' S$^2$, R; but possibly some entirely different word has been displaced by a wrong anticipation of 'duille' in the next line.

[4] = R § 86; S$^2$ § 15$^a$; M cc. 16$^b$, 17. [5] A different version of this story is in Rawl. B. 512, f. 36$^a$, 10; cf. L. H.$^2$ i. 108, 118 note.

Brighte, go rom léicce úait.' Fáccbhais focedóir an peist hí; 7 téid hi fudom*ain* in m*ar*a.

(176) Ba machtn*adh* mór t*r*a la Brénain*n*, inní sin, 7 tainic góa mhuin*n*tir, 7 is*edh* atb*er*t friu: 'Éirghidh go luath', *ar* se, 'dochum nE*renn*, go naiccillem naemh Brigitt.' Is an*n*sin doroine siu*m*ḥ ind f. $257^a$ ioman*n* erd*air*c | .i. Brighitt be bithmaith 7c̄. Iar rochtai*n* t*r*a dósomh go dú i mbói Brighit, in*n*isis di imaccallaimh an da bleidhmil; 7 fi*ar*f*aigh*is: 'Cidh do maith', ol sé, 'doghní si do Dia seochamsa, an tan rod guidhet in bleidhmil tú, 7 t*us*a ecn*air*c, 7 meisi frecn*air*c, 7 rom fáccaibh ce*n* atach.' Atb*er*t Brig*i*t fri Brénain*n*: 'Tab*air* do chubhais.' 'Atb*er*im', or sé, 'nach dechadh*us* t*ar* secht niom*mair*e riamh, ga*n* mo mhenmai*n* i nDia. Tab*air* si do chubas', *ar* Brenainn. 'Dobheirim', or Brigitt, 'ó doratt*us* mo mhenmai*n* i nDía, nach t*ar*das ass, 7 nach tibher go brath. T*us*a im*morro*', or sí, 'atá dia mheince fogheibe gáb*adh* mor m*ar*a 7 tire, ní fhétta gana thab*air*t dot úidh; 7 ni haire go ndermaittea do Dhia beith do mhenma gacha tres io*mair*e ann.

(177) *De quibus hoc carmen*[1]:

Secht mbliadhna do Brenain*n* binn
Gan tadhall i ttuaith no i ccill;
For muin an mhil móir go mbladh[2]
Isin muir, ba lór d'iongnadh.

Aitchidh an míl mor mbin*n* mbras
Risin bpeist 'ma leiccen ass;
Atbert an peist: 'gibe de,
'Nocha ragha ass aire.'

Ros gabh for atach Brighde,
De eccla lais a aidhmillte;
Rois cobhair Brighitt buadach,
'*Ar*s*in* nir bo himuaimhn*ach*.

'Am sccith', ar Brenain*n* gan brath,
'Riccubh ait i ttá in caillech;
'Cen co ffes*ar* cidh diatá
'A guidhe si sechamsa.'

Doroich in cleirech istech,
Gerb eimech, nir bo n*air*ech;
Slechtais don chailligh gan col,
Slechtais an caillech do somh.

lvii. (178) Luidh[3] i*ar*sin Brenain*n* hi ccrich Bretan doridhisi, 7 cumdaigter lais in chathair dianid ain*m* Bleit i ccrich Letha. Doroine tra Brén*ainn* mór do fhertaibh ⁊ do mhiorbhuilibh isi*n* cathraigh sin, *acht* ni cumhang*ar* a riomh sunn. |

---

[1] These Latin words are on the margin in paler ink. [2] MS. bloidh.
[3] = R § 87; S$^2$ § $15^b$; M c. $16^c$.

Araile oidhce at*connairc* Bren*ainn* fís isin maighin si*n*, ⁊ ba mór a f. 257$^b$
tuirse aire; ⁊ nír in*n*is do neoch riamh ní dhe *acht* beccan .i. eris mór an creittme d'éircche acc Bretnaib ria mbrath. *Ocus* ba himeccal laissiumh aitt*r*eabh ettorra *air*esi*n*.

lviii. (179) I*ar* ffacbáil im*morro* tíre Bretan do Brenain*n*, luidh docum nEr*enn* doridhisi, ⁊ esp*occ* Máenu im*m*aille f*r*is. Is an*n*sin tainic Mocaemóc .i. Senan a ainm *prius*, go Brenain*n*; ⁊ faccbais a ath*air*, ⁊ lenais Brén*ainn* do lég*adh* occa.

lix. (180) Luidh[1] i*ar*si*n* Brenain*n* hi cc*r*ich *Connacht*, co hInis m*eic* h*Ua* Cuin*n* for Loch Oirbsen. Is an*n*sin no bittis da each ch*ar*pait rígh *Connacht* co minic occa lesucchadh. Iar náitiucc*adh* Locha Oirpsen do Brén*ainn*, ⁊ i*ar* míorbhuilibh dó an*n*, tucc mac righ Echtghe do é; ⁊ dogheall *co n*ach diongn*adh* námha no cara dith nó urchoid dó ce*n* no bíadh an*n*.

lx. (181) La ele[2] do Brénain*n* ar magh hi ffoch*air*[3] in oiléin si*n*; t*ar*la duine bocht dó, ⁊ benn*ach*ais do Bhrenain*n*, [⁊] iss*edh* ro raidh: 'A ath*air* naemhtha', or se, 'dena trocaire oram, ⁊ foir mé ón d*air*se ina bfuili*m* agan rí; u*air* do much sind féin, ⁊ mo clan*n*.' Tucc iaramh cridh-airchisecht patruin na pian .i. Brenain*n*, iar ngabhail co*m*páisi dó rissin duine mbo*cht*, ⁊ '*ar* ngabhail dóch*us*a ro-t*r*uim as Ath*air* na t*r*ocaire; ⁊ saidhis in bhachall bói ina laimh i nanmai*m* De isi*n* fótt fa coimhnesa dó, ⁊ dogheibh punt d'ór aithleghtha an*n*.

(182) *Ocus* do ráidh risan mbocht: 'Tabhair sin don righ, ⁊ sáerf*aidh* tú on dáersi ina bfuil tu aicce; ⁊ na hin*n*is dó cia tucc hé.' Gabhais an bocht an tór, ⁊ beiris leis dochum an righ é; ⁊ innisis dó amhail
fu*air* hé. *Ocus* adub*air*t an ri, m*ar* docual*aidh* sé sin | .i. g*ur*ab f. 258$^a$
amhl*aidh* sin frith an tor: 'Ór Chriost sin', or se, '*Ocus* ní meisi dlighes é, *acht* serbhfogant*aidh*e Dé féin. *Ocus* dobheirim sáersi duitsi ⁊ dot chloin*n* i nonóir do Dhia ⁊ do Brenain*n*.'

xi. (18) Fe*cht*us[2] dia ndechaidh fer oirmhidnech báoi a gco*m*fhogas dó go Cíaran, Fion*n*tan a ain*m*, 7 a mhac m*ar*bh lais dia thodhusgadh dó, Laoghaire a ain*m* side. Ro guidh Cíaran Día um*m*a fhorta*cht*. 7 doróine cros-fhidhill 7 ernaighthe diochra go Día *fair*. Adra*cht* an m*a*c o bhás lá breithir Chíarain; go ro moradh ain*m* Dé 7 Cí*ar*ai*n* desi*n*. Go ttug sumh a uile ion*n*masa 7 saidhbhresa do Dhía 7 do Cí*ar*an, 7 dorad fós an baile forsa mbaoi fein gona fheran*n* a mbithdilsi do Día 7 do Cíaran .i. Raith Fhera a ain*m*.

xii. (19) Is[3] a nai*m*sir si*n* trá ro sia*cht* Patraic go Caisel a gcenn rí Mu*m*an .i. Aongus m*a*c Nadfraoich, 7 tainic Ci*ar*an 'na gco*m*dhail an*n*, p. 230 7 teid Aonghus 7 maithe Mu*m*an | fó baithis Patraic. Báoi fer do Iobh Duach Osraidhe isin co*m*dhail si*n*, Erc a ain*m*, go ro ghoid an teach forsa mbaoi Pátraic.

(20) Ro cuibhrighedh an fer so gusan righ; 7 luigh Ci*ar*an dia cuinge forsan righ. Ni fui[gh]bhithe uada gi*n* maoi*n*e dia chion*n*. Dorad Cíaran to*m*as óir t*ar*a cen*n*, óir ro bhaoi a bhaigh risan Osraidhech. Doradadh dosa*m* an ci*m*idh. Ro leigh an tór i*ar*a*m*, 7 teid for neifní. Ro fergaidhedh an rí desin, 7 adbert: 'Ciodh um*m*a t*u*cais t'ór aislingte damhsa', ol sé, '7 is meabhal fodera duit a denamh', 7 doroine bagar mor *fair*. 'Ni bí do*n* bith uile a*cht* madh aislingte, 7 dul for neifní', ol Ci*ar*an; 7 ro lon*n*aighedh *fr*isan rígh i*ar*amh, 7 ro *tr*iall esgoi*n*e 7 dioghail fair, go ro dalladh an righ; gur bheg nach dechaidh a mbás.

(21) Go ndechaidh Mocuda do ghuidhe Chiara[i]n fa toir*m*esg do c*ur ar*an dioghail sin, 7 go mbiadh an rí dia réir. Ro fhorta*cht*aigh siu*m* an righ iara*m*, amhail biodh ó bhás do éireochaidh. Or ro silesd*ar* p. 231 cách, gonadh bás do | fuair. *Ocus* dorad maoi*n*e díairme do Chiaran, 7 luigh feisin fana thoil do dhenamh; 7 do mo*r*adh ain*m* Dé 7 Cíarai*n* *tr*id an mhiorbhuil sin.

xiii. (22) A *m*bai[4] righ Mu*m*an .i. Aong*us*, fora chu*air*d righe sechnoi*n* na Mu*m*an, bad*ur* aos cíuil 7 oirfidigh lais. Luighsit uaidhibh for cúaird a Musgraidhe Tíre. Atreithsid biodhbhaidh fríu fria hedail forta, go ro m*ar*bhadh an táos cíuil, 7 ro cuiredh a bfholach fó loch báoi a bfhogas doibh. Baoi cran*n* fon loch, go ro cengladh fo*n* gcran*n* gona gcruitibh léo, iarna no*cht*adh fein, oir nior bhó hail léo a fhios forta.

---

[1] = M § 11. [2] = M § 12. [3] = M § 13. [4] = M § 14.

(23) Foda lásan righ ro bad*ur* a áos ciuil. Ro chuir teachta for a niaraidh, go nar f*r*ith béo na marbh díobh. Luigh an righ go Cíaran día fhios cred tarla día áos ciuil, ar bá derbh lais, bá faidh a ni*m* 7 a ttalamh. *Ocus* ro fhoillsigh Cíaran dó g*ach* ní ro fhiarfaidh de ; 7 luigh Ciaran roi*m*an righ gusan loch nugad, 7 dogni c*r*ois-fhighill 7 urnaighthe ndioc*r*a go Día, go ro traigh an loch, g*ur* bó follas do cách, amhail | batar a ccoi*m*cengal do*n* cran*n*, amhail adub*r*am*air* p. 232 ro*m*ain*n*.

(24) Adbert Cí*ar*an fríu eirge on loch ; 7 adra*cht*sad iaramh, amhail biodh asa ccolladh, gona gcruitibh léo, iarna mbeith mí fo*n* loch. Gonadh Loch na gCruitirigh a ain*m* beos. Go ro moradh ain*m* Dé 7 Ci*ar*ai*n* t*r*iasa*n* bfhiort si*n*.

xiv. (25) Fe*cht*[1] oile do*n* righ foran gcu*air*d cedna. Luigh taoisech dia muin*n*ter go ndorala for mucaibh Ci*ar*ai*n*. M*ar*bhsad muc dhiobh. Ro gáiredh m*ar* namhaid forta, 7 ro m*ar*bhadh fer for a deich diobh u*m*an taoisech. Luigh an righ 7 Mochuda go Ciaran, 7 adbertsad fris *air* go tteiseadh léo for cen*n* na míledh ughad ro m*ar*bhadh, día mbreith go Ciaran feisi*n* día nadhnacal.

(26) Tiaghaid día nion*n*saighe, 7 ní bháoi léo lion an io*m*cair. Asbert Ciaran: 'Eirgidh', ol sé, 'a gcoi*m*ideacht bur righ, a nain*m* Dé.' Adra*cht*sad fócheadoir o marbhaibh lá b*r*eithir Chi*ar*ai*n* gusan muic iona bethaidh léo, 7 doradsat a mai*n*chine dó iaramh, cei*n* robdar béo ; 7 ro moradh ain*m* Dé 7 Ci*ar*ai*n* do*n* miorbuil si*n*. |

xv. (27) Luigh[2] Ci*ar*an lá nan*n* fo choill bá co*m*fhogas dó, go p. 233 bfacaidh muine ard go smeraibh fair. Dorad dlaoi do bog-si*m*in foran ttor, go mairedh i ngach ai*m*sir, giodh be huair do i*ar*f*a*d íad. Is an*n*sin dorala rí Mu*m*an for cu*air*d go tech Conchraidh m*e*ic Duach, ri Osraidhe ; 7 dorad an rioghan serc dó .i. Eithne Uathach ; *ar* ní baoi nech budh cruithidhe anas an Co*n*craidh sin ; 7 ro cogair Eithne f*r*is a menma uime.

(28) Ní ro aontoigh Concraidh anní si*n*, óir níorb ail dó gomadh cio*n*tach f*r*isan rioghai*n* é. Gonadh edh doroi*n*e Eithne, serg 7 galar bréige do ghabhail fuirte, o nach baoi cu*mus* imteachta lé. Ro hin*n*isedh do Concraidh anní sin ; 7 téid go h-Eithne dia fhios cred do foidhenadh di. Asbert sí, ní biadh maith di a nao*n* ní, mona fhaghbhadh sméra, *ar* is doibh dorad a mian*n*, 7 as íad budh leighes 7 budh luibhi íce dá heslai*n*te.

(29) Luigh Conchraidh go Cí*ar*an, 7 ro in*n*is amhail adbert Eithni f*r*is. Luighsid a ndis g*us*na smeraibh | adubhra*m*air ro*m*ain*n*, 7 rugsat p. 234 go hEithne íad, 7 ro caith ni diobh ; 7 ba boladh fiona 7 blas meala baoi forta. *Ocus* ba slán o g*ach* serc 7 o g*ach* galar baoi fuirte ; 7 mion-caisg an*n* an tan si*n*.

---

[1] = M § 15. [2] = M § 16.

(30) Luigh Eithne i*aram* go Cí*ar*an, ⁊ doroi*n*e altughadh buidhe do Dhía ⁊ do Cí*ar*an *ar* so*n* a saorta on an*n*toil sin ron gabh; ⁊ dorad a coibhsena dó, ⁊ ro guidh é fana sáorad *ar* gach nguais nó biadh fuirte. Asbert Ci*aran*: 'Ni fhedai*m* si do saoradh sa *ar* bhás fil ad cion*n*; oir cuirfither cath idir Mui*m*nechaibh ⁊ Laigin, ⁊ tuitfir si, ⁊ t'ingean, ⁊ righ Mu*m*an an*n*; ⁊ doghebhair flathas ni*m*e iaramh.' *Ocus* ro fioradh uile a ndubh*air*t Ci*ar*an; oir dorochair Aong*us* m*ac* Nadf*r*aoich a gcath Ceall Osnadh la Laighin, amhail ro th*arn*g*air* Cí*ar*an.

xvi. (31) Feacht[1] oile báoi co*m*dhail Mu*m*an ⁊ Laighen a ndáil Pat*r*aic do thoige*cht* f*r*ia baisdedh ⁊ foirchedal b*r*eithre Dé dóibh a gco*m*fogus do Ci*ar*an. Ni báoi co*m*as biadhta léo an aghaidh si*n*
p. 235 i*ar*sin bproigept, go ro fhosd Cí*ar*an fría sásadh doibh | a nain*m* Dé ⁊ Pat*r*aic.

(32) Asbert Ci*ar*an f*r*isan gcoig f*r*itheolamh dóibh. Asbert an coig nar bo héidir dóibh f*r*itheolam d'faghbhail; 'ar is fogas an aghaidh, ⁊ ni fhilid a*cht* sea*cht* nda*ma*[2] lio*m*; ⁊ ni fhil furta*cht* an cedmadh fer diobh an*n*.' 'Berbhtar libh', ol Ciaran, 'na sea*cht* nda*ma*, *ar* nior bo husa la hIosa na coig mhile do shasadh lasna choig aranaibh ⁊ leisan dá iasg, ina sin*n*e lásna seacht nda*m*aibh ugad.' Bidh fior són; ro sásda laisiu*m* am búi an*n*, gur bhad lór lá g*ach* fer a pruin*n* fodheisin. *Ocus* ro ben*n*aigh an tobar iaramh, g*ur* bó blas meala no fiona la gach naon no ibhedh, g*ur* bho mesga na slogha iarná sásadh. Go ro moradh ain*m* Dé ⁊ Ci*arai*n t*r*iasa*n* bfiort sin.

xvii. (33) Aroile[3] ai*m*sior dorala rí Temhrach for sluaghadh isin Mu*m*ai*n*; go ro thionoilsit fir Mu*m*an fris, go ra bhad*ur* u*cht* f*r*ia hu*cht* a nÉilibh tuaisgirt. Ro ghuidh siu*m* Día ioma f*ur*ta*cht* go ro éirigh
p. 236 fiodh | adhbhal etorta, ⁊ aban*n* ard-tuile, Brosnach a hain*m*; ⁊ mairigh an*n* bhéos.

(34) Go ro sgarsad na catha f*r*ía *ar*oile. Tiaghaid fir Themhrach dia ttighibh; ⁊ ro ansad Muimnigh isin ionad sin d'aghaidh io*m* Oilill rí Caisil. Ro chuir Cíaran m*ar*t ⁊ muc chugtha, ⁊ ro ben*n*aigh, g*ur* bhó lór do shásadh dona sloghaibh; ⁊ gona fhuigheall la g*ach* fer aramh*ar*ach diobh. Go ro moradh ain*m* Dé ⁊ Cí*arai*n desi*n*.

xviii. (35) Báoi gnathughadh og Ci*ar*an fora mhancaibh gusan fairci bai léo, no thigdis gach laithe nollac moire docu*m* cu*m*aoi*n*each do lai*m* Ciarai*n*. Báoi[4] bui*m*e laisi*m*, Cuinche a hain*m*, ⁊ a Ros Ben*n*cuir no bhiodh a ndeisgert Laighen. Feadhbh craibhtech isidhe. No teighedh Ci*ar*an día hionnsaighe, iar naifrean*n* na geine dó a Saighir, go Ros Bennchair, go ro gabhadh sí cu*m*ai*n*e día lai*m* si*m* *ar*amh*ár*ach, ⁊ nó bhiodh ag aif*r*io*m* a Saoighir isi*n* ló cedna, ger bhó cían etartha.

---

[1] = M § 17. [2] MS. daima. [3] = M § 18. [4] = M § 22. The first sentence of the chapter is not represented in the Latin lives.

xix. (36) *Ocus*[1] no teighedh do ernaighthe *ar*ao*n* ré Coinci for carraic io*m*thuile baoi forsan muir a medhon ton*n* o Ros Ben*ncair* budhes; | gonadh carraic Chuinchi a hain*m* osin bhéos. *Ocus* no p. 237 thigedh go Saoighir isan laithe chedna; ⁊ ni fes cion*n*as doghniodh, acht mon budh fosgadh ai*n*glechdha on T*r*ionoid aga togluasacht.

xx. (37) Baoi[2] t*r*a ben oirbhidnech a bfhogus do Ciaran, Eichill a hain*m*. Ro thuit an ben so f*r*ia carraic, go ná raibhi cna*m* f*r*ia aroili dhí. Ro hacai*n*edh f*r*ia Cí*ar*an anní sin. Téid día hion*n*saighe, ⁊ adbert fria: ‘Eirig’, ’ol’ sé, ‘a nain*m* na T*r*ion*n*oide.’ Ro éirig an ben focedóir ó bhás la b*r*eithir Chíarai*n*, ⁊ tug altughadh buidhe do Dhía ⁊ do Chiaran; ⁊ t*u*c feran*n* dó .i. Leim Eichille.

xxi. (38) Luigh[3] aroile gaduide t*ar* Bladhma Síar; go ro ghad boin o Ciaran. Adra*cht* céo ⁊ dorchada diairme f*air*; ⁊ s*r*uth trén-tuile, go ro baithedh, ⁊ ro ion*n*to an bui*n* go Cí*ar*an doridhisi.

xxii. (39) Bad*ur*[4] t*r*a maoir o righ Eiren*n* og tobhach a chána a ngach áit. T*ar*la do fhior acu *gur* mharbh sé cara do Chíaran gin chio*n*aidh, a*cht* madh ain*nt*reisi a thig*er*na. Crónan ain*m* an oglaigh. Rai*n*ic an sgel si*n* go Ciaran; ⁊ luigh for iarraidh an oglaigh, go bfu*air* a gcionn s*echt* | laithe iarna bhás. Go ro dhuisigh fochedoir lá guidhe Dé fair. p. 238 *Ocus* adbert Cíaran fria ri Éile ‘Iorghabh an bith-beanach ughad; ⁊ loisg iara*m* issi*n*[5] olc doroi*n*e gi*n* adhb*ur*.’ *Ocus* doroi*n*e samhluigh.

xxiii. (40) Fergaighthear[6] righ Eiren*n* íaramh .i. Oilill Molt, fria Ciaran fa bhás a oglaigh; go ro aithisigh o b*r*iathraibh é. Dorad Día ta*cht*adh fora iorlabhra so*m* in*n*, go mbúi seacht laithe gin labhra. Luigh an rí go Cí*ar*an iara*m*, ⁊ doroi*n*e c*r*os-fhighill iona fiaghnaisi, ⁊ dorad a oig-*r*eir dó. Dorad Cí*ar*an sigi*n* na c*r*oisi for a ghion, go ro labh*air* í*ar*amh amhail báoi ria*m*; ⁊ ro sgarsad i*ar*si*n* fo sith ⁊ caoi*n*co*m*rac .i. an rí ⁊ Ci*ar*an.

xxiv. (41) Luigh[7] Gearman easbudh o Pat*r*oic for ceilidhe go Ciaran. Tiaghaid im*m*aleith isi*n* s*r*uth, do dhena*m* a nernaighthe, amhail bá bés la Ciaran. Ní ro fhuling German an tuisge *ar*a oighritacht. Ro moithigh Ci*ar*an aní si*n* fair; ⁊ ro chuir c*r*os dia bhachaill foran sruth, *gur* bó te la G*er*man é i*ar*si*n*.

(42) Asbert Ci*ar*an i*ar*amh: ‘Tiocfa m*a*c rí Caisil i*ar*amh .i. Carrtach, amárach di*ar* nion*n*soighe, | ⁊ m*a*c dhalta tairisi damhsa hé. p. 239

---

[1] = M § 23. [2] = M § 26. [3] = M § 20. [4] = M § 27. [5] MS. iosi*n*. [6] = M § 28. [7] = M § 29.

*Ocus* gab sa', ol sé, 'an tiasg fil ag imteacht sechad.' Doroi*n*e G*er*ma*n* amail asbert Cíaran f*r*is, go mboi iasg lais fo co*m*air Carrtoigh arnamhárach. Tai*n*ic Carrtach amhail ro geall Cíaran, 7 dorad a coibhsena dó; 7 ro gab a an*m*chairdes, 7 ro imthigh iara*m* iar ndhena*m* a cu*ar*da, 7 iar gco*m*all a péi*n*e maille ré ben*n*achtain.

xxv. (43) Báoi[1] aroile rí etroc*air*ech a gco*m*ghar do Cluain m*i*c Nóis. Dorad a uile ion*n*masa do Ciaran Chluana dia thaisge. Ro sgaoil Ciaran ar bochtaibh Dé, 7 ar egalsaibh nao*m* íara*m*. Docúas on righ día iarraidh, 7 nior f*r*ith lais. Cairigidh siumh Ciaran desi*n*, 7 ro cuibhrigh; 7 adbert nach gébadh gan seasga bó fhion*n* ó-dhearg día chion*n*. 'Is tualaing Día', ol Ciaran, 'anni sin; 7 sgoiligh mo cuibhrighe go ndechain*n* fora niarraidh.' Ro benadh a cuibhrech de; 7 luigh side go Ciaran Saighri.

(44) Baoi Brenain*n* fora cion*n* an*n*sin. Ro gabh lúth 7 forbfailt*echus*
p. 240 mor iad roi*m* Ci*ar*an Chluana. Ro fiarfuigh | Ciaran Saighre dia choig, cía proin*n* nó bhiadh lais dona hard-nao*m*aibh ugad. 'Ni fhuil', ar an coig, 'a*cht* saill namá, 7 is alarda.' 'Coraig*ur* go luaith', ol Ciaran, '7 tabhart*ur* isin pruin*n*tigh.' Doronadh samhluigh. Ben*n*aiges Ci*ar*an go ro fherasd*ar* mil, 7 fíon, 7 ola, 7 brais*ech* doibh iaramh. *Ocus* adbert manach dhiobh, nách caithfedh ni dhiobh, air is do*n* | tshaill ro fhasadar. Ro freg*air* Ciarán: 'Fuicfe t'aibíd', ol sé, '7 ios*air* féoil chorghais, 7 do dhenair gach nolc, 7 ní bia nemh lat fadhéoigh.'

xxvi. (45) Ro caithsit[2] a bp*r*oin*n*, 7 altaighid iaramh, 7 adbert Ciaran Cluana: 'Biaidh iomad saidhbhresa 7 conaigh isin áit so go brath.' 'Biaidh rath egna 7 crábhaigh ar th'ionad sa do gnath', *ar* Ciaran Saighre. Ro innis Ciaran Cluana a thosga. 'Tiagha*m* ne for a niarraigh', ol Ci*ar*an Saighre, 7 ol Bre*n*ai*n*.

(46) Tiaghaid, 7 nior bo cian doibh ag siubhal, go ro tiodhnaic Día dhóibh. *Ocus* ro toirbir Ci*ar*an Cluana do*n* righ tar cen*n* a ion*n*mhais.
p. 241 *Ocus* iarná ttabh*air*t don righ ro leaghsad uile, | 7 dochodar for neifni. O'dcon*n*airc an rí anní sin, slea*cht*ais do Chiaran, 7 ro ghuidh Día fa mhaithemh na coire si*n* dó; 7 ro maith a uile ion*n*mas do Chíaran, 7 ro bad*ur* siodhach iara*m*.

xxvii. (47) Báoi[3] fer saidhbhir a gCluai*n* mheic Nois, 7 ba heolach a móran d'olcaibh, Trichemh a ain*m*. Luigh side go Ciaran Saighre. Baoi tei*n*e casga la Ci*ar*an gan diobhadh on caisg go aroile. Baidhis Trichemh an tei*n*e. 'Olc tarla dhuit, a dhiabhail', ol Ci*ar*an, 'diobhadh na tei*n*edh; 7 ní bía tei*n*e lin*n* go caisg iar gcion*n*, mona tí do ni*m*. *Ocus* doghebhair bás do lath*air*; 7 is faolchona iosas do chorp', ol Ci*ar*an; 7 do fioradh sin.

---

[1] = M § 30. [2] = M § 31. [3] = M § 32.

(48) Do foillsighedh do Ciaran Chluana anní si*n*, 7 tai*n*ig go Saighir. Failtighes Ciaran roi*m*e 7 o'dcon*nairc* gan tine lais f*r*ia hollmachadh bidh dona sruithibh si*n*, ro thogaibh a lamha docu*m* ni*m*e, 7 ro guidh an Cui*m*dhe go ttísadh tei*n*e dó. Doroc*air* caor tei*n*egh 'na fiaghnaisi, 7 is lé ro bruitheadh a bpruin*n* dóibh; 7 docuired ana bfiadhnaisi a bpruin*n*.

(49) Adbert Ciaran Cluana: 'Ni caithea*m* sa biadh', ol se, 'go ttugthar mac muin*n*tire dam.' 'Do fhedam*air* asíad do tosga', ol C*iaran* Saighre, '7 is toil da*m*sa, masa toil lá Dia, an f*er* sin do tea*cht* cugadsa a nio*m*laine.' Tai*n*ig i*ar*si*n* la b*r*eithir | Ciarai*n*, 7 ro chaith p. 242 amaille fríu, 7 téid assidhe le Ci*ar*an go Cluai*n*, 7 ro treig an demhnaidhe*cht* baoi lais i*ar*amh.

xxviii. (50) Feacht[1] ann luigh Ruadhan Lothra for cuaird go Ciaran. Tainic an demhan go ro baidh tei*n*e Chiarai*n*. O'dcon*n*airc C*iaran* sin, ro ben*n*aig chloch nadbhail mhóir, g*ur* bhen a caisre tei*n*eadh aisde, go rug for lasadh iona laimh a bfiadhnaisi Ruadhai*n* día ghoradh f*r*ia.

(51) Iarsi*n* tra tug an fearrthighis soithech lemhna*cht*a gusna cleircibh. Tig an demhan go ro dhoirt an bain*n*e, 7 gur b*r*is an soi*thech*. Bertar an soitheach go C*iaran*, 7 docuir sighin na c*r*oiche t*air*is, 7 ro budh slán iara*m* gona lán leamnachta an*n*.

xxix. (52) O tai*n*ic[2] gusna deighioncha do Chiaran, ro fhidir fei*n* ai*m*ser a bháis, 7 ro shir téora itche go Día riana bhás. Tig an taingel cuige, 7 adbert fris, go bfhuighbhedh gach ní ro sir. 'Gach nech', ol sé, 'adhlaicfithir am reigleis, gan doras iofrain*n* do iadhadh fair'; 7 gach nech dobheradh onoir no airmhidin día fhéil, buaidh ratha 7 saidhbhresa f*air* isi*n* saoghal a bfhos; 7 flathas nei*m*e táll. *Ocus* buaidh gcatha for Osraighibh, 7 gan a ndichur día ndiles do sior. Oir ro budh diobh dósu*m* fei*n* iar mbunadh.

xxx. (53) Dorala[3] tra for menmuin Fhin*n*ei*n* Chluana hIraird laithe deighencha Ci*ar*ai*n* ag toigheacht; Luigh Fin*n*en dia | fhios, ar ba p. 243 hoide dó é; oír is oga ro leigh a salma, 7 gach ci*n*el foircedail báoi lais; 7 ro sia*cht*ad*ur* urmhor nao*m* Eiren*n* da ion*n*saighe ar ba hoide foircedail dá nurmhór é.

xxxi. (54) Bad*ur*[4] triocha easbudh imaille f*r*is, do neoch ro foglai*m* lais, 7 da ttug gradha saghairt for gach naon acu. *Ocus* luigh Cíaran ria gcach isin reigleis an úair a bháis; 7 ro ghabh cu*m*aoi*n* 7 sacarbaidh; 7 tangad*ur* io*m*ad aingel a gco*m*dail an an*m*a sin Ciarai*n*, 7 rugsad léo docu*m* ni*m*e a spiorad iar mbuaidh aoi*n*e 7 aithrighe, 7 iar mb*r*eith buadha ar demhan 7 ar do*m*an, a bfailte mui*n*tire ni*m*e;

---

[1] = M §§ 33, 34. [2] = M § 35. [3] = M § 36. [4] = M § 39.

⁊ ro hadhna*cht* isin gcoigedh laithe do mí Mharta iona reigleis feisin a Saighir go nanoir ⁊ oirmhidin moir la Día ⁊ daoi*n*ibh ; ⁊ gióhdh mor a anoir isin lo sin a bháis, biodh mó a ndail bratha a naontoigh náoi ngradh ni*m*e, a nao*n*toigh absdal ⁊ deisgiobal Dé, a naontoigh na nao*m* Trion*n*oide, Athair, ⁊ Mac, ⁊ Spiorad Nao*m*. Ailim troc*air*e Dé tre impidhe naoi*m* Chiarai*n* go riseam uile an aontoigh sin. *In secula seculorum. Amen.*

FINIS.

# Betha Ciarain Saighre an*n*so.

f. 144$^a$

i. (1) Tareis[1] a*n* scriptuir diadha do legadh do Ciaran isin Roimh, ⁊ d'eis epscop do denamh dhe, tarla Pat*r*aicc dó isin Ettail, ⁊ issedh adub*air*t Pat*r*aicc: 'Eirigh romham dochum nEr*enn*, ⁊ cóirigh ionadh duit i medhón na hin*n*si sin; ⁊ is an*n* bhías th'onóir ⁊ th'eiseirghe féin.' Freccrais Ciaran sin, ⁊ as*edh* adub*air*t: 'Ni haitn*idh* damh an tionadh sin, ⁊ ni hurasa a faghbáil.' Adub*air*t Pat*r*aicc: 'An tion*adh* a mbenfa an clocc sin acc*at*, dena comn*uidh*e an*n*.' Tainic Ci*ar*án iarsi*n* i nEr*inn*, ⁊ ní do thaisibh na naemh leis .i. taisi Poil ⁊ Pettair, ⁊ in clocc balbh co rainic se srath Saighre, ⁊ is an*n*sin ro labhair in clocc .i. an bardan Ciarain doroine German gabha do g*r*asaibh Dé.

(2) Anais[2] Ciarán 'san ionad sin, ⁊ suidhis fo cran*n* an*n*; ⁊ fu*air* torc all*aidh* fo sgaile an croind. Teichis an torc sin roimh Ciarán *ar tús*, ⁊ tainic go mín arís cuicce; ⁊ isé an torc sin c*et*-manach Ciarain, ⁊ ise do ben slata ⁊ adbar na hecclaisi lena fhiaclaibh. Iarsin tangatt*ar* man*aigh* ele co Ciaran, edhon sion*n*ach, ⁊ broc, ⁊ faolcú, ⁊ do batt*ar* co humhal dó.

(3) *Ocus*[3] tárla lá an*n* an manach re nab*ar* sio*n*dach g*ur* goid leis seabaic in abbadh .i. náeim Ci*ar*ain, ina aittreibh; g*ur* chuir anti naemh Ci*ar*án an manach darbh ain*m* in broc d'iarr*aidh* an tsiond*aigh*, ⁊ na seabhac; ⁊ fuair iat. *Ocus* ia*r*na fagbail ro bhen a dá cluais ⁊ a erball do*n* tsiondach maille le moran da fhion*nfadh*.

(4) Is an*n*sin tainic an siondach ⁊ in broc, ⁊ na seabaic slan leo a ccionn an naoi*m*h-fhir[4]. | Adub*air*t Ciaran risan sion*n*ach: 'Cr*éd* fa ndernais an tolc so?' ar sé, 'u*air* mas feoil rob ail let d'ithe, do fhéd*fadh* Día féoil do dhenamh do chroicnuibh na ccrand duit, ⁊ do b*udh* milis ar nuiscce léna ol.' Doroine a*n* siond*ach* ait*r*icche an*n*sin .i. tredhan téora lá. f. 144$^b$

ii. (5) *Ocus*[5] i*ar* ttea*cht* do Pat*r*aicc i nEr*inn* do mh*étaigh* an creidemh ⁊ an crab*adh*, ⁊ do iomdhaighett*ar* na daoine naomhtha; ⁊ as dibh sen Brenain*n* Birra; ⁊ as g*ar* a ionad do Chiaran; ⁊ do bí aon bó ag Brenain*n*, ⁊ do ghoid Coirp*r*e Crom an mboin sin .i. fer fedhma rígh Laighen; ⁊ m*ar* tainic Sliabh Sinore tainic duibh-nell dorcha ina timceall, ion*nus* co tarla i sruth é, ⁊ co fu*air* bás an*n* ; ⁊ ro impó an bó go Ci*ar*án.

---

[1] § 1 = Ir.$^1$ §§ 2-5; M §§ 3, 4; S § 3; Capg. 320, 33–321, 9.

[2] § 2 = Ir.$^1$ § 6; M § 5; Capg. 321, 9-11.

[3] §§ 3, 4 = Ir.$^1$ § 7, 8; M § 6; Capg. 321, 11-19.

[4] This is a conjecture. The MS. is contracted here and has been tampered with so as to be illegible.

[5] § 5 = Ir.$^1$ § 10; M §§ 7, 20; Capg. 321, 19-28.

(6) Dob[1] ail le naemh Ciaran an*n*sin an bo do chur uadha go Brenain*n*, ⁊ nirbh ail le Brenainn an mboi*n*. *Ocus* adub*air*t nach biadh bó aicce go brath. Is an*n*sin do bi Ciaran ina aitt*r*eibh féin, ⁊ adub*air*t go raibe tin*n*es becc air, ⁊ go raibe mian bain*n*e air. *Ocus* do fhuráil Brenain*n* soidht*ech* becc cuma*n*g umha do lionadh d'uiscci, ⁊ do bennaigh é, ⁊ doroine bain*n*e núa de. *Ocus* tucc*adh* co tech naidhedh co Ci*ar*án é, ⁊ do bend*aigh* Ciarán an bain*n*e, ⁊ doroine uiscce de. Gabhais Brenain*n* iarsin an mboin chuicce, ⁊ beiris Ciaran a buidhech*us* le Brenain*n* an mboin do gabhail chuicce arís.

(7) Adub*air*t[2] Ciaran iar*amh* le Brenain*n* : 'Bidh hí an bó roindfes oighrecht ett*r*ain*n* araon go brath .i. an fedh rach*us* an bó ar ingeilt f. 145$^a$ an*n*sa ló so, bidh hé an tion*adh* | ina bfanfa sí bús coic*r*ioch ett*r*aind.' *Ocus* doch*uaid* an bó ar ingheilt in lá sin go hAc*had* Bó, ⁊ ise sin as tóran*n* et*er* Ciaran ⁊ Brenain*n*.

iii. (8) Do bí[3] náemh Ciarán Cluana in la sin i llaimh ag righ F*or*figi[4] tre choire in rígh do tiodlaic Ciarán do bochtaibh Dé ; ⁊ iss*edh* adub*air*t an rí le Ci*ar*án : 'Madh áil duit do leiccen amach, iarr *secht* láigh slemhna dercca, ⁊ cin*n* gheala orra.' Tainic iarsin Ciaran Cluana go Saighir m*ur*a raibhe Ciaran Saighre, da fhiarf*aigh*e dhe an bfuighb*edh* sé indsamail an fhúaslaicthe do hiar*radh* air .i. sea*cht* láigh slemhnu dercca, ⁊ cin*n* gheala orra. *Ocus* fu*air* Ciaran Clúana an*n*sin an da Brenáin*n* i ttigh na naoidedh *ar*a chion*n* i Saighir .i. Brenain*n* Birra, ⁊ Brenain*n* m*ac* Fi*n*dlogha.

(9) *Ocus* ba forbhail*idh* le Ciaran Saighre an buidhen sin d'faicsi*n* ; ⁊ adub*air*t lena coicc : 'Cr*éd* ata accat dobermais do*na* haidedh*aib* so ?' 'Ata ann slinnen muice', ar in coic, 'gidh edh smuainim g*ur*ab aoi*ne* an*n*.' 'Tab*air* dona haoidedhaibh gidh edh', ar Ci*ar*án ; ⁊ tucc*adh*, ⁊ is amhl*aidh* f*r*ith ina iascc, ⁊ ina mil, ⁊ ina ola he tre breithir Ci*ar*ain ; ⁊ do mór*adh* ain*m* Dé ⁊ Ciaráin desin.

(10) *Ocus* do bi tuata an*n*sin .i. mac in coicc, ⁊ ni derna sé a shuipér farúsan, m*ar* do*connairc* se slin*n*én na muice agin coicc, ⁊ narb áil leis feoil isin aoine. Adub*air*t Ciarán Saighre ris : 'Íosair feoil daimh, ⁊ si dercc, an aóine roimh chaiscc, ⁊ muirfidher ann 'san uair sin tú let naimdibh, ⁊ ni fhuigbhe tú flaithes nimhe.' *Ocus* do coimhlíon*adh* sin am*ail* adub*air*t Ciaran.

(11) *Ocus* 'ar ttaircsin na haidhighechta sin leisna naemhaibh, f. 145$^b$ dochuaidh sein-Ci*arán* Saig*hr*e | le Cíaran Cluana isin slig*idh* do com*r*adh f*r*is. *Ocus* as*edh* adub*air*t Ci*ar*an Clúana lé Ciaran Saighre : 'Biaidh saidbhres bidh, ⁊ son*us* at ionad go b*r*ath.' Adub*air*t Ciaran Saighre

---

[1] § 6 = Capg. 321, 28-37 only. [2] § 7 seems to be peculiar to Ir.$^2$
[3] §§ 8–12 = Ir.$^1$ §§ 43-46 ; M §§ 30, 31 ; S §§ 16-18 ; Capg. 321, 38—322, 19.
[4] Furbytheus M ; = Furbaide, LS p. 127.

le Ci*ar*an Cluana: 'Biaidh saidbhres eccna ⁊ ola coisrecctha[1] it ionad sa go brath.'

(12) *Ocus* inadiaigh sin tangatt*ar* an da Ci*ar*an co hAch*ad* Salc*ur*[2] ar bruach na haban*n*, ⁊ fuaratt*ar* na sea*cht* laigh le raibhe Ciaran Cluana i ngioll an*n*sin, ⁊ iad slemai*n* dercc, ⁊ cin*n* gheala orra. *Ocus* m*ar* dochuaidh Ciaran Cluana sáer on rígh, ni frith greim *ar*na secht laegaibh sin. *Ocus* ro mor*adh* ain*m* Dé ⁊ Ci*arain* desin.

iv. (13) Fect ele[3] tainic m*ac*camh d*ar*bh ain*m* C*r*ichid Cluana go Saighir, ⁊ 'ar mbeith sealat do laithibh an*n*sin dó, do múch se lá air*ith*e a*n* tene ar furáilemh an diabhail .i. an tene coisreccta bói agna mancaibh. *Ocus* adub*air*t Ciaran risna mancaibh: 'An faiccenn sibh an teine chois*re*ccthа do bi accuibh 'arna much*ad* don m*ac*camh diabhlaighi? ⁊ ni bhiadh teine 'san ionad so go brath, nó go tti tene o Día an*n*.' *Ocus* an m*ac*camh do mhuch an teine dochuaidh asan mbaile amach iarnamarach, ⁊ ro m*ar*bs*at* na m*e*ic tíre hé. *Ocus* do mor*adh* ainm Dé ⁊ Ciaráin desin.

(14) *Ocus* m*ar* dochúal*aidh* Mac an tsáeir bás an m*ac*caimh sin, tainic sé da iarraidh; ⁊ do gabhadh maille le honóir hé; ⁊ ni raibhe teine i ccathair Saighre ara chind. Is annsin do eirigh Ciaran Saighre, ⁊ do ataigh Dia, ⁊ tainic teine do nimh ina ucht, ⁊ rucc leis hí go tegh na naoidhedh. *Ocus* 'arna ngoradh dona haoidedhaibh, ⁊ 'ar ccur | a f. $146^{a}$ suipeir ina fiadhnaisi, adub*air*t Ciaran Cluana nach caithfed biadh, no go tisadh an m*ac*caomh; ⁊ do eirigh an m*ac*camh m*ar* as luaithe adubr*adh* sin, ⁊ docaith biadh. *Ocus* do moradh ain*m* De ⁊ Ciarain t*r*idsin.

v. (15) A ccionn trill[4] iarsin do much cleir*ech* darbh ain*m* Bartan*us* do mhanch*aib* an tighe sin teine na mainistrech, ⁊ tainic Ruadhan Lothra an la sin go Saighir; ⁊ ni raibhe tene le ndingéntais a ngoradh 'san tigh. *Ocus* do benn*aigh* Ciaran cloch, ⁊ ro las an cloch, ⁊ rucc Ciaran leis an tene ara lamhaibh don tegh i rraibhe Ruadhan Lothra; ⁊ nir goill ara lamaibh; ⁊ ro mor*adh* ain*m* Dé ⁊ Ci*ar*ain desi*n*.

(16) Aims*er* ele[5] inadiaigh sin do dhoirt an B*ar*dan*us* cédna coire lan do bhain*ne*; ⁊ do benn*aigh* Ciaran an coire gur bó lán asa haithle.

vi. (17) Liadhain[6] .i. mathair Ciarain, ⁊ a ccomfocc*us* do Chi*ar*án do bí maille lena hoghaibh. *Ocus* do bí dalta deigh-dhelbh*dha* aice d*ar*bh ain*m* Bruitnech, inghen rígh Mumhan; ⁊ dochual*aidh* Daimhene. i. rí do chinedh Fiachna tuar*us*ccbail crotha na mna sin; ⁊ tainic chuice, ⁊ rucc leis hí, ⁊ do bi aicce m*ar* ceile seal do laitibh.

(18) *Ocus* 'na diaigh sin dochuaidh Ciaran d'iarraidh na hi*ngin*e aran

---

[1] MS. coisecra. [2] Ath Sallchair, M; probably rightly. [3] §§ 13, 14 = Ir.¹ §§ 47-49; M § 32; Capg. 322, 19-29. [4] § 15 = Ir.¹ § 50; M § 33; Capg. 322, 29-32. [5] § 16 = Ir.¹ § 51; M § 34; not in Capg. [6] §§ 17-22 = Ir.¹ §§ 11-15; M §§ 8, 9; S §§ 5-7; Capg. 322, 32—323, 16.

righ; 7 nirbh ail leis a tab*air*t dó. *Ocus* adub*air*t le Ci*arán* nach leiccfedh uadh í, nó go mosccl*adh*’guth na cuaiche. Iarnamh*ár*ach do fher snecta mor ann, 7 do fol*aigh* an talamh; 7 ní tainic sé a ngoire f. 146$^{b}$ do Chiaran, ná da muinntir; | 7 do bad geimhredh an*n* an tan sin. A mucha do ló i*ar*nam*arach* doclos guth na cuaiche, 7 do ei*righ* an ri, 7 ro slecht do Chíaran, 7 tucc a dhalta dó.

(19) *Ocus* m*ar* do*con*nairc Ciarán a dalta chuicce, 7 a brú mór ó thoirrches, dochuir sighin na croiche naoi*m*h fuirre, 7 do laghd*adh* a brú, 7 nír tai‘dh’bhred toirrches ina broin*n*; 7 tucc leis hi ’chum an ion*aidh* ce*t*na; 7 do moradh ain*m* Dé 7 Ci*ar*ain desin.

vii. (20) Aroile la iar*amh* tainic an ri fri Cíaran maille le feircc, 7 adub*air*t: ‘Cred far marbh tú mo bhen?’ ar se; ‘7 ni bheir ’san ionad so ní ’sa mo, *acht* scriosfatt as tú.’ Adub*air*t Ciaran: ‘Ní t*usa* Día; 7 bett sa im ionad féin.’

(21) Ro imtig an ri go ferc*cach* maille le dasacht mór go Dun Croibhtine .i. co a *árus* féin; 7 is aml*aidh* fuair he ar lasadh. *Ocus* do theich an rioghan, 7 do dherm*ai*t a mac gradhach istigh. Adub*air*t an riog*án* co tuir*sech*: ‘Cuirim mo mhac ar comairce Ciaráin Saighre’; 7 doronadh firt amhra an*n*sin .i. loscc*adh* an tighe, 7 an mac do bheith slan.

(22) Tainic iar*amh* rex Dairine 7 epscop Aodh co Ciaran Saighre, 7 dorin*n*e an ri toil Ciarain, 7 tucc a da m*a*c dó .i. Dúnch*ad* ro saor*adh* on tene, 7 a mac ele, maille lena siol do Chiarán. Mar do imtigh an rí o Chiaran, ro aithbeoaigh se Bruitnech, 7 ro báoi slán; 7 ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Ci*aráin* t*r*esna míorbhuilibh si*n*.

viii. (23) Rí Mum*an*[1] .i. Aeng*us* m*a*c Nadf*r*aich, ro bhat*ar* moirsheis*er* f. 147$^{a}$ cruitiredh | aicce, tainicc ona tticcerna fein asin nGallia; 7 ro m*ar*bh*adh* i M*us*ccr*aigh*e iatt, 7 ro foilgedh a ccuirp gan fhios do neoch; 7 do ba toirrsech Aeng*us* tre gan fios a chruitiredh aicce.

(24) *Ocus* tainic go Ciaran Saighre d’faghail furt*acht*a; 7 adub*air*t Ciaran fris: ‘Atád do chruitir*idh*e ’arna mbath*ad* i lloch uiscce, 7 atád a ccruite i nairde i ccrand don thaoibh tuas os cind an locha.’ ‘Áilim tú’, ar in rí fri Ciaran, ‘tarra lim dá niarr*aidh*’; 7 ro éirigh Ciaran, 7 drong da muin*n*tir ‘.i. nuimir secht fichit’, maille fris docum an locha; 7 an*us* an*n* teora laithe, 7 teora aidhce acc urn*aigh*thi 7 ag t*r*osccadh.

(25) *Ocus ’ar* ccomlion*adh* na tteora la sin dó, t*r*aighis in loch, 7 frith na cuirp aran traigh; 7 aithbeoaighis Ciaran iatt iarna mbeith mí fon loch. *Ocus* gabhait a ccruiten*n*a chuca, 7 sein*n*it iatt, 7 gabhait a ndán, ionn*us gur* chodail an ri *con*a sluaghaibh léisan cceol si*n*. *Ocus* atá an loch osin alle gan uiscce, 7 asé as ain*m* dó, Loch na cCruitenn; 7 ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Ciarain desi*n*.

---

[1] §§ 23–25 = Ir.$^{1}$ §§ 22–24; M § 14; Capg. 323, 16–26.

ix. (26) Fecht náen[1] dia raibhe ócclach rígh Mum*an* ag siub*al* i ccoiccr*ich* M*uscc*r*aigh*e, ⁊ fuair mu[i]c duine naomhta .i. Cáin a ainm, ⁊ do m*ar*bh an tocclach an muic, ⁊ rucc leis go coill hí, ⁊ dochuir ar teine hí. *Ocus* m*ar* do bí an*n* aga bruith, tangat*ar* ceitern chuicce, ⁊ do mh*ar*bhatt*ar* é, ⁊ fiche dá muin*n*tir maráen ris *ar* brú na Brosnaige ('.i. abhann'); ⁊ tiagait féin do*n* lathair, | ⁊ ni fhacatt*ar* an muic ro baoi aran teine. f. 147$^b$

(27) Ro foillsighedh sin do Chiarán, ⁊ doch*uaid* m*ar*a raibe a dalta .i. Carrthach, m*ac* Aeng*us*a, m*ei*c Natf*r*aich, do toccbháil na ccorp, ar nach íostais na m*ei*c tíre íad, ⁊ da mb*r*eith leis da ionadh féin; ⁊ m*ar* doc*on*nairc na cuirp iom*dha*, ⁊ gan cul*aidh* a nio*m*chair aicce, adub*air*t Ciaran: 'I nain*m* Iosa *Crist* éirgidh *ar* bh*ar* ccosaibh fein, ⁊ tegaidh lem d'ion*n*s*aigh*e mo reicclesa'; ⁊ do eirgettar go luath .i. in p*re*fect*us*[2] maille lena muin*n*tir beo-slán, ⁊ do aithbeoaigh an muic, ⁊ tainic ar siubhal dochum a ticcerna féin.

(28) Tangatt*ar* an bhuidhen úasal sin le Ciaran; ⁊ ise Foda m*ac* Forax maille lena shiol do bí an*n*, ⁊ do aontaigett*ar* iad fein maille lena síol do Chiarán, ⁊ tuccatt*ar* iad féin dó ó thús, ⁊ do hadhlaicedh iad aicce.

(29) A 'ccion*n* trill[3] iar*amh* do m*ar*b*ad* cend sluaigh Aeng*us*a m*ei*c Natf*r*aoich, d*ar*bh ain*m* M*ac* Ceisi; ⁊ doguidh Ciarán tara cend, ⁊ do haithbeoaicch*ed* he, ⁊ do imthigh slan; ⁊ ro mo*radh* ain*m* Dé ⁊ Ciaráin desi*n*.

x. (30) Duine úasal[4], darbh ainm M*ac* Eirce, dá shíol Ó nDuach[5] do m*ar*bh each carp*ai*t Pat*r*aicc, ⁊ do gabadh le hAeng*us*, ⁊ do cengl*adh* an fer sin. *Ocus* tainic Ciaran dá fhuascl*adh*, ⁊ tucc moran oir '⁊' *ar*gait ass; ⁊ m*ar* ruc leis M*ac* Eirce, ni frith an tór nó an t*air*get ass. Ferccaigis Aeng*us*, ⁊ tainic go Ciaran, ⁊ adub*air*t: 'Tabh*air* mo chuid oir ⁊ argaitt damh, oir as diomhain gach ni | da ttuccais damh; óir ni fhuil *acht* sgáile ann.' *Ocus* adub*air*t briath*r*a g*ar*ba le Ciarán. f. 148$^a$

(31) *Ocus* adub*air*t Ciaran: 'Ni fuighir *ar* son do choda óir ⁊ *argai*t *acht* mall*acht*.' *Ocus* ag radh na breithre sin do Ci*ar*án, do eirigh dorcad*us* a ttimcell an rígh, ⁊ fu*air* bás. M*ar* doc*onnair*c Carrthach a athair[6] do thuitim, do bi tuir*sech*, ⁊ doguidh Ciaran 'ma thathbeoughadh. Ocus doguidh Ciaran f*air*, ⁊ ro baoi slán, ⁊ dorin*ne* Aeng*us* ait*r*icche an*n*sin, ⁊ tucc é féin *con*a shíol do Chiarán: ⁊ ro moradh ain*m* De ⁊ Ciaráin desin.

xi. (32) Fea*cht* naen[7] do Chiaran ag siub*al* i naimsir foghm*air*, ⁊ do shin a lámh dochum drisi ara rabat*ar* smera dubha. *Ocus* fu*air* a fhios o Dhía go riccfedh a les t*r*ath ele iatt, ⁊ doleicc doibh.

---

[1] §§ 26, 27 = Ir.$^1$ §§ 25, 26; M § 15: R$^2$ f. 201$^b$; (not in S); Capg. 323, 26-32.

[2] imperfectus MS.

[3] § 29 = Capg. 323, 32-4 *only*.

[4] §§ 30, 31 = Ir.$^1$ §§ 19-21; M § 13; S § 8; Capg. 323, 34—324, 4.

[5] The MS. has 'siol don neoch', which is hardly grammatical; the correction is suggested by a comparison with M; and in *sound* there would be little difference between the two readings.

[6] The scribe at first wrote 'sen-athair'; see the general note on § 27.

[7] §§ 32-36 = Ir.$^1$ §§ 27-30; M § 16; S § 10; Capg. 324, 4-24.

(33) *Ocus* inadiaigh si*n* i naimsir earr*aigh*, iar ccaiscc, tainic Aeng*us* m*a*c Nattfr*o*icch ar cuiredh [1] go tech *Con*c*r*ach m*ei*c Danach [2] hi ccrich Osr*aigh*e, ⁊ do bái a bhen i ffarr*adh* Aeng*us*a .i. Eithne; ⁊ tucc sí g*r*adh do Chonc*r*ach, ⁊ dob ail lé a beith 'na mnai aicce; oir rob arsaigh Aeng*us* an tan si*n*. *Ocus* do diult *Con*crach sin an fedh do beith Aeng*us* ina bethaigh.

(34) *Ocus* m*ar* do*con*nairc Eithne an diult*adh* tucc *Con*crach fuirre, do thoccaibh cen*n*airrce et*er* an dá rígh sin .i. Aeng*us* ⁊ *Con*c*r*ach. *Ocus* ar deiredh na fleidhe sin doleicc si gal*ar* chuice; ⁊ do fhíarfaighett*ar* cách di c*réd* do fhoirf*edh* í. *Ocus* adubairt sisi: 'Ní hurusa mo leiges d'faghail isin aimsir so .i. sméra dubha do fhoirfh*edh* mé.' | f. 148$^{b}$ *Ocus* do bi an rí ⁊ a mhuinnter go brónach desin, do bhrígh n*ar* thúalaing iad sin d'faghbail di.

(35) *Ocus* do ghabh eccla *Con*crach go nanfadh Eithne aicce d'éis Aeng*us*a d'imtheacht, d'fagháil a toile uadha. *Ocus* tainic *Con*c*r*ach go luath m*ar*a raibhe Cíaran, d'in*n*isin anmiana sin tucc*adh* don mnaoi .i. smera dubha 'sna hí*ar*ccasccaibh; ⁊ dochuir Ciaran *Con*c*r*ach *con*uicce an dris arar fhagaibh na smera i naimsir in fhoghmair roimhesin; ⁊ frith na sméra mar do fhaccaibh Cíaran iatt, ⁊ do thionoil hi soidht*each* umhaidhe iad, ⁊ docuiredh édach geal ósa ccean*n*, ⁊ dochaith an ríog*an* íatt, ⁊ do bí slán; ⁊ do ithett*ar* na riogha ele iatt, ⁊ do bi blas meala orra, ⁊ meiscci fíona.

(36) *Ocus* do shiodaigh Ciaran et*er* na rioghaibh sin .i. Aeng*us* ⁊ *Con*c*r*ach, ⁊ doleicc Eithne ara gluinibh do Chiaran hí, ⁊ rucc a bhuidhe fris m*ar* do shlán*uigh* se hí, ⁊ t*uc* *Con*c*r*ach e fein *con*a shíol do Ciaran, ⁊ móradh ain*m* Dé ⁊ Ci*arain* desin.

xii. (37) Feact náen [3] tainic Laeghaire m*a*c Neill [4] *con*a shlúagh i nagh*aid* na Muimhn*ech*, ⁊ docuaidh Oilill ri Caisil ina coin*ne*; ⁊ dob áil le Ci*aran* sídh do denamh ettorra, ⁊ ni thuccatt*ar* na riogha diomsacha onoir do Ciaran. *Ocus* is an*n*sin doghuidh Ciaran Día, ⁊ anní nach fu*air* ona riogaibh díomsacha, fuair ó Dhía hé; óir an uair dob ail leisna cathaibh dol a ccenn a cheile, an choill do bi le hag*aidh* na f. 149$^{a}$ Muimn*ech* do luigh go lar, ⁊ an sruth do bi re hucht na nUllt*ach* | do eirigh go hard, ion*nus* go ttangatt*ar* Muimnigh tara nais g*an* cath, ⁊ go ndeach*aid* Laeghaire maran ccédna. *Ocus* tucc Ci*ar*án an*n*sin a saith bídh d'feraibh Mumhan le hén mart, ⁊ le slin*n*en m*air*t ele; ⁊ ro mor*adh* ain*m* Dé ⁊ Ciaráin desin.

xiii. (38) Fecht [5] da ttangatt*ar* ceithern do clannaibh Fiac*r*ach d'iarr*aidh* muc léna ngoid a criochaibh Mumhan, 7 do fhoilgett*ur* iad féin i ccoill. *Ocus* fu*air* Lonan m*a*c Natf*r*aich .i. derbrath*air* Áeng*us*a, fios ara mbeith annsin; 7 dochúaid ina ccend. *Ocus* doguidhett*ar* san Ciaran fá fhurt*acht* d'fagail doibh. *Ocus* m*ar* doguidett*ar* do las an choill fochédoir. *Ocus* m*ar* do*con*nairc Lonan sin do iompo tara ais; 7 tangatt*ar* an mhuinnter ele go Ciaran, 7 do bhatt*ar* ina mancaibh aige go laithibh a mbais; 7 ro moradh ain*m* Dé 7 Ciarain desin.

---

[1] *sic* MS; ? cuaird, and so Ir.$^{1}$ [2] *sic* MS.; we should probably read 'Duach', as Ir.$^{1}$. [3] § 37 = Ir.$^{1}$ §§ 33, 34; M § 18; S §§ 11, 12; Capg. 324, 25–33. [4] MS. Neilli. [5] § 38 = M § 19; S § 13; Capg. 324, 33–41.

xiv. (39) Feacht náen[1] tainic Pat*r*aicc go Saighir, 7 *deich* riogha do rioghaibh Mum*an* maraén ris; 7 as doibhsin tucc Ciaran fledh tri lá 7 tri noidche do sheacht mbuaibh do bí aicce. *Ocus* do benn*uigh* top*ur*, 7 dorin*n*e fín de, ion*nus* go ra batt*ur* subhach saitheach forbfáil*idh*; 7 ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Cíarain desin.

xv. (40) Fecht náen[2] an*n* adub*air*t a cheallóir le Ci*ar*án: 'Ni fuilit muca agui*nn*, 7 as éiccen a ccenn*ach*.' *Ocus* adub*air*t Ciarán: 'Ní dhingnem', ar se, 'acht an rí dobeir bíadh 7 édach duin*n*, dobera se muca duin*n*.' A mucha na maidne iarnam*ar*ach, fúarat*ar* cráin 7 da bhanbh decc *ar* | lár an bhaile, ion*nus* go ndernat*ar* go lór do f. 149$^{b}$ mhucaibh dib; 7 ro moradh ainm Dé 7 Ciaráin desin.

xvi. (41) Fea*cht* ele[3] adub*air*t a chelloir le Cíaran: 'Ní fhuilit caoirigh aguin*n*'; 7 adub*air*t Ciaran: 'Ante tucc muca dúinn, dobhéra se cáoirigh duin*n*.' Iarnamh*ar*ach ar madain fu*air* an cellóir trí naoi cáoirigh geala i ndor*us* in bhaile; 7 ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Ciarain desin.

xvii. (42) Fea*cht* ele[4] do aithbeoaigh Ciarán Laegaire m*a*c Fintai*n*, 7 do mh*air* móran do bhliadnaibh ina beth*aid* i ccurp daen*n*a, 7 inadhiaigh sin tucc feran*n* i noffrail do Dhía 7 do Ciarán.

xviii. (43) F*echt* ele[5] no teighdis daimh Cíarain go muir siar go seipel Cochae .i. buime Ci*ar*áin, do t*r*eabhadh dhi: 7 m*ar* do thairsedh leo an treabh*adh* dothiccdis arís go Saighir gan duine da ttreorucch*ad*.

xix. (44) Fe*cht* ele[6] doch*uaid* Ciaran oidhce nodlac t*ar*éis seirbísi go sepel Cochae .i. go Drui*m* Benn*cair*, 7 tainic isin maidin arís tara ais go Saighir.

(45) Carracc cloiche[7] ata 'san muir thi*ar* mara mbiodh Cochae .i. buime Ciarain ag den*am* a hurn*aigh*e ina haen*ar* et*er* ton*n*aibh mara; 7 dotheigedh Ciaran gan luing gan eathar mara mbiodh Cochae *ar*in ccarraicc, 7 do thiccedh eisti arís.

(46) Aon do laithibh[8] tainic Ciarán go seipél Cochae, 7 moran | do f. 150$^{a}$

---

[1] § 39 = Ir.$^{1}$ §§ 31, 32; M § 17; Capg. 324, 41–325, 2. [2] § 40 = Ir.$^{1}$ § 16; M § 10 (not in S or Capg.). [3] § 41 = Ir.$^{1}$ § 17; M § 11; not in S or Capg. [4] § 42 = Ir$^{1}$ § 18; M § 12; Capg. 325, 2-4. [5] § 43 = M § 21 only. [6] § 44 = Ir.$^{1}$ § 35; M § 22; Capg. 325, 4-8. [7] § 45 = Ir.$^{1}$ § 36; M § 23; Capg. 325, 8-11. [8] § 46 = Capg. 325, 11-16 only.

daoinibh maraon ris ; ⁊ tuccadh aoidhigecht dó an*n* .i. slin*n*en muice ; ⁊ ro benn*aigh* Ciarán an slinnén, ⁊ dori*n*ne cruitnecht, ⁊ mil, ⁊ iascc dhe, ⁊ biadha uaisle ele ; ⁊ do benn*aigh* topar uiscce do bí 'san ion*adh* sin, ⁊ dorin*n*e fín de ; ⁊ is é lion do sásadh leissin .i. da fichet ⁊ ocht céd ; ⁊ ro móradh ain*m* Dé ⁊ Ciaráin desin.

xx. (47) Fe*cht* ele[1] tainic Ciaran go Raith Tamnach, ⁊ ro shuidh annsin maille le móran do dáoinibh a ccom*air*le. *Ocus* do bí an*n*sin rex Cobran*us* .i. nech aga raibhe suile millteacha; ⁊ do*con*n*air*c se m*ac* m*ei*c Aeng*us*a m*ei*c Natf*r*aich 'ar tte*cht* chuca ; ⁊ do fhech dona suilibh neimhnecha hé, ⁊ ba m*ar*bh an mac accédoir.

(48) M*ar* do*con*nairc Ci*ar*an sin, fergaighis i nacchaid in righ, ⁊ dallais accedoir an rí. Sle*cht*ais an rí do Chiaran, ⁊ tucc a radharc dó, ⁊ tucc he féin *con*a shíol dó. *Ocus* aithbheoaighis an m*ac*camh fu*air* bás le neimh-sula an righ rei*m*hesin ; ⁊ ro moradh ain*m* De ⁊ Ciarain desin.

xxi. (49) Fea*cht* ele[2] do bi dalta mna ag math*air* Ci*ar*ain .i. ag Liven, ⁊ do bi dalta fir ag Ci*ar*án .i. Carr*thach* m*ac* m*ei*c Aeng*us*a m*ei*c Nadf*r*aich, ⁊ t*u*catt*ar* gr*ad* coll*aidh*i da cheile ; ⁊ dorin*n*et*ar* ionad coin*n*e re 'roile do dhenamh a ttoile féin ; ⁊ m*ar* do*con*ncatt*ar* aighthe a chéle, do las an choill ettorra, ⁊ do theichet*ar* ó chele ; ⁊ on lá si*n* ní fac*adh* an bhen sin áen r*ét* riamh, ⁊ docuiredh Carr*thach* *ar* ion*nar*badh *ar* muir re shecht mb*liadan*, ⁊ do légh an sccrioptuir diadha iar naitricche ; ⁊ ro moradh ainm Dé ⁊ Ciarain desin. f. $150^b$

xxii. (50) Fea*cht* ele[3] do bi lín ar tiormug*adh* ar f*r*aighidh an tighe ag Liven .i. ag math*air* Ciarain, ⁊ do ghlac tene he, ⁊ do las an tegh desin. *Ocus* dochon*n*airc Cíaran sin, ⁊ sé a bfad uadha, ⁊ do thogaibh a laimh, ⁊ do bhenn*aigh* an tegh, ⁊ do mhuch an tene, ⁊ do fóir*edh* an tegh ona loscc*udh* ; ⁊ ro mor*adh* ain*m* De ⁊ Ci*ar*ain desin.

xxiii. (51) Fe*cht* ele[4] do gab*adh* maighden lena naimdibh, ⁊ do bhenatt*ar* a cend di ; ⁊ m*ar* dochon*n*airc Ciarán sin, doghuidh t*ar*a cend, ⁊ do aithbeoaigh í, ⁊ ro moradh ain*m* De ⁊ Cíarain desin.

xxiv. (52) Fe*cht* ele[5] do bí sacc*ar*t Liven .i. Cerpan*us* ag siubhal na *conair*e, ⁊ fuair bás ; ⁊ do ghuidh Cíar*an* ara son ; ⁊ do haithbéoaigedh é ; ⁊ ro moradh ain*m* Dé ⁊ Cíarain desin.

xxv. (53) Fe*cht* ele[6] tainic math*air* Brénain*n* Birrae (Man*n*sena a hain*m*) go Saighir, ⁊ rob ail lé dol ar ion*nar*badh go hOilén Doimle. *Ocus* adub*air*t Ciaran : 'Na héirigh', *ar* sé, 'óir ni hannsin bhías th'eiséirghe, acht a Tamlachtain doghéba tú bás ; ⁊ is an*n* eiréoch*us*

---

[1] §§ 47, 48 = Capg. 325, 16–26 only. [2] § 49 = M § 24 ; S § 15 ; Capg. 325, 26–34. [3] § 50 = Capg. 325, 34–38 only. [4] § 51 = Capg. 325, 38–39 only. This section is written twice over in the MS., the second entry being erased. [5] § 52 = Capg. 325, 40–42 only. [6] § 53 is peculiar to Ir.²

tú 7 do m*ac* .i. Brenain*n*; 7 an trath dob*er*th*ar* a chorp asan ion*adh*
sin goa chathair féin, biaidh soillsi derm*air* et*er* an da ionad sin | in f. $151^a$
oidche sin.' *Ocus* do firadh sin do Bhrenain*n* 7 dá mhathair.

xxvi. (54) Tuill*edh* dia miorbhuilibh[1] .i. dias brath*ar* do Ch*iaran* a Muscr*aigh*e o Leit*r*echaibh .i. Odhran*us* 7 Midran*us* a nanman*na*, 7 dob áil leo dul i nOsr*aigh*e *ar* ion*n*arbadh; 7 m*ar* tangatt*ar* go Saighir dob áil le Medhran*us* anadh an*n*sin a bfarr*adh* Ciarain. Adub*air*t Odhran*us* ris gan anmhai*n*, 7 adub*air*t le Cíaran gan a fost*adh*; 7 isedh adub*air*t Ci*ar*an: 'Beiredh Dia breth ett*r*aind, an accamsa anfas sé, nó an letsa raghas. Gabadh lochrand gan ola gan tene ina laimh, 7 da lasa in lochrand o anáil do chur fáoi, as accamsa anfus.'

(55) *Ocus* dorin*n*ed m*ar*sin; 7 do las an lochrand, 7 do an Miodran*us* co bás hi farr*adh* Ciaráin. *Ocus* adub*air*t Ciarán le hOdhran*us*: 'Cibe *ar* bith slighe a ngeba tú, tiocf*air* slán go M*us*cr*aigh*e fo deiredh, 7 an trath 'do'bértar Colum m*ac* Criomtain i*ar*na folach hi ccruithnecht dia adhlacad letsa 7 le Mochaimhe Tire da Ghlas, tiocfai si, a Odhrain, dod chath*r*aicch féin, 7 as in*n*te bhías th'eiséirghe.'

xxvii. (56) Ben uasal[2] darb ain*m* Achaill do thuit asa c*ar*p*u*t, 7 fu*air* bás; 7 ro aithbeouigh Ciaran hí a ccion*n* an tres láe; 7 tucc sí an feran*n*, darab ain*m* Léim Achaill, do Dhía, 7 do Chiarán; 7 ro mor*adh* 7 *reliqua*.

xxviii. (57) Aims*er* ele[3] *iaramh* tainic Ferg*us* Ci*n*dfa*el*ad[4] .i. tais*ech*
teccl*aigh* righ Mum*an*, 7 do thacht se feirthighis Ciarain .i. Cronan
a ain*m*, 7 ro aithbhéoaigh Ciaran an feirtighis hi ccind seacht lá,
7 asedh adub*air*t | Ciaran: 'M*ar* do tachtad Cronan, tactf*aidh*er f. $151^b$
Fercc*us*, 7 loisccfidher a chorp i rRáith Lochmuighi la hEilechaib.'

(58) Inadiaigh sin[5] tainic Ailill ri Mum*an* d'iarr*aidh* a óccl*aigh* ar Chíarán, 7 m*ar* dochuala Ciaran sin, do bhen a urlabra de co cend seacht la; 7 a ccion*n* an sechtmaid láe tainic in ri m*ar*a raibhe Cíaran, 7 do slecht dó. *Ocus mar* do*connairc* Ciaran sin, tucc a urlabhra don righ; 7 do mor*adh* ain*m* Dé 7 Cí*arain* desin.

xxix. (59) Fea*cht* ele[6] manach tuata do bí ag Ciaran, Gobran*us* a ainm, 7 dob eccail leis bás do rinn d'faghail; 7 doguid hCiaran gan an bás sin d'fagháil dó. *Ocus* atrubhairt Ciaran: 'Dogeibim si ('*no* ni faghaim sí'[7]) ó Dhia gan an bás sin d'fag*áil* duit, 7 dogheibim inní as ferr, gan dul i nif*r*ion*n* duit.' *Ocus* dorin*n*edh samlaidh.

xxx. (60) Do bi[8] Cain*n*each 7 Brigitt ag comhradh a nionadh úaignech, 7 adub*air*t Cain*n*ech le B*r*igit: 'As mor an tiodlac*adh* tucc Dia do Chíaran Saighre .i. an man*ach* do dóirt fuil, go ffu*air* se a anam si*n* a hif*ur*n; 7 adubairt, go mbeith se fein i nion*adh* an mhan*aigh* sin i nif*ur*n, muna saortaoi dó é; 7 do sáor*adh*'; 7 ro mór*adh* ain*m* De 7 Ci*ar*ain desin.

---

[1] §§ 54, 55 = M § 25; Capg. 325, 42—326, 7. [2] § 56 = Ir.$^1$ § 37; M § 26; Capg. 326, 7-10. [3] § 57 = Ir.$^1$ § 39; M § 27; Capg. 326, 10-15. [4] MS. Cindfadł. [5] § 58 = Ir.$^1$ § 40; M § 28; S § 9; Capg. 326, 15-17. [6] § 59 = Capg. 326, 18-22 only. [7] This alternative reading is shown to be correct both by the context and by Capgrave. [8] § 60 is peculiar to Ir.$^2$

xxxi. (61) Laithe naen[1] tainic a airgeach go Ci*ar*an, 7 atb*er*t f*r*is: 'Docuaidh damh dár ndamhaibh uain*n*' .i. m*a*c bó do bí ag B*r*enain*n*[2], 7 dath dercc do bí aran damh, 7 cos gheal aicce. Is*edh* adub*air*t Ciaran: 'Erigh go Glenn Damháin, 7 doghebhair an*n*sin hé, 7 ellach f. $152^a$ ele nach iarran*n* tú maille ris.' *Ocus* dochúaidh an | tocclach don glen*n*; 7 fu*air* m*ar* adub*air*t Ciaran an damh; 7 is amlaid fuair hé, 7 secht fichit bó ina fharr*adh*; 7 ro móradh ain*m* Dé 7 Ci*aráin* desi*n*.

xxxii. (62) Aroile oidche[3] iarsin doch*uaid* Ciaran i ndab*aigh* fhúaruiscce, 7 oilit*r*ech im*m*aille fris, darb ain*m* German*us*. Cuiris an fuacht go mor ar Gherman*us*. Benn*aighus* Ciaran an tuiscce, 7 doní te é.

(63) Adub*air*t Ciaran le German*us*: 'An faicenn tú Carrthach 'ar tteacht chugain*n* dont slighidh anoct? 7 iair at fochair ní dobermais dó.' *Ocus* do shin a lamha uadha, 7 isé ni fu*air*, iascc mór; 7 do theilcc uadha ar talamh é.

(64) *Ocus*[4] docuaidh Ciaran iarsin go cath*air* Martain, 7 tucc leis taisi Martan maille le forffailt*ech*us.

(65) Tri tiodhlaice[5] tucc Dia do Chiaran .i. gibe do hadhlaicf*idh*e ina mur, gan if*er*n d'iadhadh f*air*. Andara tiodlac*adh*: an duine chuin*n*ebh*us* a lá go húasal, gan a beith daidhbhir go brath. An tres tiodlacadh .i. an fedh do anf*adh* a man*ach* ina ionad fein, gan nert nam*a*t do beith air go brath.

xxxiii. (66) Inadiaigh sin[6] do iarr Ci*ar*an *ar* Día top*ur*; 7 do mhuin an taingeal sin dó, 7 do shlánaiged se gach uile gal*ar* 'arna nighe ass.

(67) Fa híad sobésa Ciarain[7] re fedh a beth*ad* .i. nir gabh se edach olla uime, *acht* croicne m*ac* tire 7 bethadhach neccíall*aigh*i; 7 do sheachnadh se na biadha saoghalta, 7 na deocha i mbiodh meiscce; 7 as bec do codl*adh* doníodh. *Ocus* do biodh bith-timpirecht na naingel maille f. $152^b$ ris. *Ocus* as dóairim a med d'escobaibh | 7 do saccartaibh dochuir se fo g*r*adaibh. Ceithre *cet* b*liadan* ro báoi se béo gan galar amuigh no attigh, gan easb*aidh* fiacal, gan c*r*onucc*adh* anála, gan lagducc*adh* ara radh*arc*, gan uiresb*aidh* *ar*a eistecht, ga*n* doille ara chroide, na *ar*a cedfadhaibh; *acht* ge doní námha an chinedha daen*n*a na cedfadha do dhall*adh*, ni fu*air* se an t*ar*ach sin ar Ciaran.

---

[1] § 61 is peculiar to Ir.$^2$ [2] The scribe at first wrote 'ag Ciaran'; cf. § 6 supra. [3] §§ 62, 63 = Ir.$^1$ §§ 41, 42; M § 29; S § $15^b$; Capg. 326, 22-25 (omitting § 63). [4] § 64 is peculiar to Ir.$^2$ [5] § 65 = Ir.$^1$ § 52; M § 35. [6] § 66 = M § 38 only. [7] §§ 67-70 = M § 37; Capg. 326, 25—327, 2.

(68) *Ocus* fos, gach droch-ní dognithi fair, as ní maith dogniodh san ara shon; oir dobeiredh se maithemh *ar*na droch-neithibh; ⁊ dogniodh se saeth*ar* lena lamaib *ar* g*r*adh Dé, d'faghail a ria*cht*anais a les dona bochtaibh; ⁊ as m*ar*sin docaith se a shaogal abhus, ion*nus* go ffagadh sé coróin na beth*ad* suthaine thall. Cia an neoch do fh*edfadh* aran sáog*al* so in*n*sham*ail* beth*ad* Ciarain do chongb*áil* a churp daen*na* i naointibh, ⁊ a ttroiscctibh, a ffuacht ⁊ a ffuireachr*us*, a ngemnaigheacht ⁊ a ttegh naidedh?

(69) *Ocus* as m*ar*sin rucc sé a bhetha as ona naoidhentacht goa écc .i. a nguidhe gach aon lá, ⁊ ag légadh ⁊ ag senmoir, ⁊ ag breith breithe, et*er* b*eth* a tocht ⁊ ag labhra. *Ocus* do bí sé caén-uarach, glic, cobhsaidh, tr*ocair*ech, sobésach, umhal do Dhia ⁊ da chom*ar*sai*n*, ⁊ ag munadh a mhanach doréir breithre an apstail .i. Póil, ⁊ isiad briathr*a* Poil .i. 'denaidh mh'aithrissi', *ar* Pól, 'm*ar* dorin*n*e meisi aithris *ar* Chriost, ar onóir d'faghail ó Dhía ⁊ ó dhaoinibh [1], ⁊ na hiarr*aidh* ní *ar* ghloir saoghalta, *acht* ar Dhía.'

(70) *Ocus* nír léicc se ní thairis d'aithentaibh Dé .i. biadh don ocarach, deoch [don] iotadach, ⁊ beith faoilidh | re haoidedaibh, ⁊ f. 153$^{a}$ daoine galair d'fiosruccadh, ⁊ deirc dona bochtaibh, ⁊ edach dona nochtaibh. *Ocus* ise adb*ar* fa ndén*adh* se so .i. d'fagail a coda don bheth*aid* suthain, ⁊ d'eccla achmusain De hi fiadnaisi na breithe. *Ocus* do aithin Ciaran da mhancaibh na haithenta sin do chongmail .i. g*r*ad do beith aca fein da céile.

xxxiv. (71) *Ocus* [2] dorin*n*e Ciaran d'faistine go ttiucf*adh* moirsheiser t*ar*a éis féin, do dhénadh ⁊ do chuinneoch*adh* an riaghail so, ⁊ 'nadiaigh sin gach duine do thiocfadh nach coimhlíonf*adh* an riaghail so, nach fuighdís a ccuid do flaithes Dé.

(72) *Ocus* [3] m*ar* tainic aims*er* ecca Ci*ar*áin do gallraighed uile é, ⁊ do g*air*medh a muin*n*ter uile ina thimcell i nen ionadh; ⁊ issedh adubairt fríu: 'An*n*san aimsir so atá mo Thigerna fein agom ghairm si chuicce, ⁊ as líach lemsa, mo tréd d'fagbáil; ⁊ aithnighim do Dhía ⁊ do Charrtach maille le bhenn*acht*ai*n* sibh. *Ocus* attaim aga bh*ar* tteccascc imon ionad so d'follamnuccadh maille le besaibh maite; ⁊ na biodh an mac mallachta*n* ettraibh go fada; uair gerrfaidher bh*ar* laithe da raibh.

(73) '*Ocus* tiucfa aims*er* ann ina mbeitt plagha imdha adhuathm*ara* s*cr*iosf*us* na heccalsa, ⁊ beitt ina ffásach; ⁊ impóidhfidher an fhírinne a mbreicc, ⁊ ní bhía a dhath féin aran mbaistedh; ⁊ isé ní fa mbeid ag coin*n*tin*n* .i. imon e*cht*ran*n*ach, ⁊ ni fá ní fein. A braithre ionmaine, guididh lemsa ar Día na rab am áen*ar* rach*us* me chuicce, *acht* daoine eile do breith lem, ⁊ na rab slighe dorcha mo slighe dochum | an rígh, f. 153$^{b}$
⁊ go mba fáilidh romham é.'

---

[1] The sense seems to require '⁊ *ní* ó dhaoinibh'.

[2] § 71 seems peculiar to Ir.$^{2}$

[3] §§ 72–75 = Ir.$^{1}$ § 54; M § 39; S § 20; Capg. 327, 2–21.

(74) *Ocus* doch*uaidh* iar*amh* docum na haltora le hoff*r*ail, ⁊ dochaith corp *Crist*, ⁊ adubhairt le tríar diongmala da mhuinntir a chorp do coimhett; ⁊ adubairt ríu: ‘Oscclaidh tri bann-lamha don talamh, ⁊ adhlaicidh meisi maille risna naemhaibh ele, ⁊ la Martain; ⁊ na biodh fios an ionaid seicreidigh sin ag duine.’ Is an*n*sin do scc*ar* a ana*m* rea corp dó a medhón-oidhce. *Ocus* inadiaigh sin rucc*adh* an tanam si*n* maille le soillsi móir, ⁊ le deal*radh* aingel hi flaithes nimhe, ⁊ *tricha* esp*oc* i naoinfe*cht* fris.

(75) *Ocus* do bhattur na man*aigh* a ttimcheall cuirp Ciaráin maille le hioman*n*aibh ⁊ le canticibh ⁊ le mol*adh* ele; ⁊ le huin*n*imintibh mar ata *ar*roma*n*ta[1] ⁊ a cosmaile; ⁊ maille le soillsi derm*air* secht laithe *con*a naidcibh doibh m*ar*sin. *Ocus* do cengl*adh* inadiaigh sin he le morán d'édaig*ibh* geala lin, ⁊ do hadlaicedh é maille lisna hedoighibh sin .i. dochum a éirge maille le soillsi na breithe; ⁊ ata ar nimh maille le Pat*r*aic ⁊ le M*ar*tain, ⁊ le moran do naemhaibh ele, 'da n'díligther cadh*us* ⁊ onoir *per infinita in secula seculorum*. *Amen.*

FINIS.

(76) I cCoill an Iubh*air* hi cconueint b*r*ath*ar* Atha Luain do scriobh*us* betha Ciarain an ceid-fhecht as leabh*ar* Aodha Óig Úi Dálacháin ó Lios Cluaine hi Midhe; ⁊ do aiths*cr*iobh*us* anosá ag Drobaois. 18 Feb. 1629.

---

[1] The word ‘aromata’ is written over this in ordinary letters.

# Betha Caoimhgin.

f. 274$^{a}$

i. (1) Ro boi tra a bfioghair 7 a ffaistine go ttíucf*adh* *ar*d-náomh uasal airmittn*ech* i lLaighnibh .i. i nGlion*n* da locha dosunnradh, dia ndiochur 7 dia nion*nar*badh ó gein*n*tlide*cht* re senmoir breithre Dé, fri híc clamh, 7 dall, 7 bodh*ar*, 7 bacach, 7 áesa gacha tedhma *ar*chena, 7 do 'tho'dhusccadh m*ar*bh, 7 do thurna*mh* na trén, 7 do thoccbáil na ttruagh, 7 fri hion*nar*badh plagh 7 duinebath, do chosce meirl*ech* 7 mighniomh, 7 il-piast nanaithn*idh*, 7 fri foircetal ạ́osa gacha claoine no beittis i nacch*aidh* thoile Dé.

(2) Ro thairngir[1] tra Pat*ra*icc m*a*c Calpuirn ard-apst*al* na hEr*enn* antí Caoimhgin triocha b*liadhan* riana geinem*ain*, 7 go ndingnedh priomh-cath*air* do chumdach isin nglion*n* remhráite fri bíath*ad* dám 7 déor*aidh*, 7 aoidhedh 7 oilithr*ech*; 7 go thiubhr*adh*[2] ní d'úir 7 do thaisibh na napst*al* 7 na fírén filet isin Roimh leis go Glend da lacha.

(3) *Ocus* ata sccriobhtha isin mbeth*aid* si gurab ionan*n* do neoch d'ion*n*saighidh na Romha d'faghail diolgadha ó Dhia ina peachtaibh, 7 taisi 7 leapta Chaoimhgin maille le haith*r*ighe 7 le humhaloitt, 7 le hinísle c*ridh*e, amhail gnathaighter.

ii. (4) Ro thairngir[3] Fiond m*a*c Cumhaill m*ar*an cedna, gomadh é Caoi*mh*gi*n* no claoi*n*fedh an ul-piast uathm*ar* ro boi acc aidhmill*edh* caich i lLoch lagha 'san nglend c*et*na, 7 go ndiongn*adh* a díochur isind*ara* loch. Tiagait tra daoine 7 cethra 7 aós gacha tedhma dia níc 7 dia leighes fo uiscce Locha laga a nonóir Dé 7 Caoi*mh*gin.

iii. (5) An tan[4] tra do fíor*adh* gach faistine dibhsi*n*, 7 tainic an t*air*n*ger*t*ach* .i. Caoimhgin m*a*c Caomhlogha, meic Caim*et*, m*ei*c Rimeda, m*ei*c Cuirb, | m*ei*c Fer*gus*a laimh-d*eir*g, m*ei*c Meissi*n*corb, m*ei*c Concorb. f. 274$^{b}$

(6) *Ocus* fa halacht a mathair .i. Caoimell i*ngen* Cei*n*d-fhi*n*dain, m*ei*c Cisi m*ei*c Luighd*ech*: 7 fa hi san Cáoimell sin math*air* Caomhain, Sanctlethain, 7 Nadchaoimi[5] Tíre dá glas; 7 Caoimeille[6] o Chill Caoimeille; Mionchloth[7] deirbhsiur math*ar* do Caoimhgin, is uaithe ro gen*air* Colaim m*a*c C*r*iomtai*n*.

iv. (7) I nionb*aid*[8] tuism*edh*a[9] Caoimhghin ní thangatt*ar* bresa brighi, no alla iodhan día math*air*, amhail ticc dona mnaibh ele, oir ba hendac, feidhil, firén an gein rucc*ustair*. *Ocus* ro fáid aird-ri na firin*n*e .i. rí nimhe, da aingel déc go lochran*n*aibh órda léo dia baisttedh. *Ocus* doradsatt*ar* na haingle Caoimhgin fair .i. gein álain*n*, taitnemhach.

---

[1] = Ir.$^{2}$ c. 1, ll. 21–24. [2] Cf. Ir.$^{2}$ c. 10, ll. 33–40. [3] = Ir.$^{2}$ c. 1, ll. 19, 20. [4] = M § 1$^{a}$. [5] MS. Cholaim; corrected from LL 372$^{a}$. The mistake is patent, as Colum of Tír da Glas, and Colum mac Crimthain mentioned below are the same person. [6] LL u.s. calls her Coemóc. [7] Inserted from LL u.s. MS. omits. [8] §§ 7, 8 = M § 1$^{b}$; S § 1$^{b}$; Ir.$^{2}$ c. 2; c. 3, ll. 17–20; Ir.$^{3}$ § 3$^{a}$. [9] 'do' inserted after 'tuismedha', but deleted.

(8) *Ocus* asb*er*tsat na haingil frisna mnáibh, an mac do breith leo día baistt*edh* *gus*an érlamh núasal noirdn*idh*e .i. C*r*onán, a fFortuathaibh Laighen; 7 ro baist sein *iar*ttain é; 7 ro edhb*air* e b*u*dein do Chaoimhgin ina muinter*us*, *ar* gomadh moide no c*re*idfedh cach dó. *Ocus* ro thairngir go ccreidf*i*tis riogha 7 tig*ernaidh*e dó, 7 go ndingn*edh* ferta 7 míorbhuile móra.

v. (9) Tucc*adh*[1] an m*ac* i*ar*si*n* *gus*in raith hi rucc*adh* é. *Ocus* dorin*n*e Día fiorta 7 miorbhuile móra i nonóir Dé 7 Caoimhgin forsan raith sin, óir ge mór an sioc 7 an snecta do beith ar gach taobh di, ní teitt in*n*te dogrés; 7 dogheibhit cethra 7 indile ind aimsir fuachta 7 snechta fér innte dognáth.

vi. (10) Tainic[2] tra bo glé-gheal dochum na naoidhen dia shasadh, 7 ní fes cia búaile no inis asa ttainicc, nó *gus*a tteichedh. I naimsir[3] áoine 7 troisccthe ní ibhedh an lenab ciche a math*ar* *acht* aoinf*echt*. f. 275$^a$ Ro e*ar*b an taingel for Cáoimhgin dol i nord manach día foghlai*m*, | 7 docoidh fo gradhaibh, gur bho sacc*ar*t tocc*aidh*e.

vii. (11) Asbert[4] an taingel iar*amh* fris dol isin nglend ffásaigh ro tairngir*edh* dó .i. go fán na loch. Ba mor a mhenma iar*amh* im scc*aradh* fri gloir 7 aoibhnes an bhethadh f*re*cnairc, 7 beith 'na áenar acc eistt*echt* fri himaccall*amh* an aingil aga thimtirecht. No luighedh isin oidhce for lecaibh loma for bord an locha, croicne fiadh-míol hétach dó.

(12) No ticcedh[5] im*morro* t*re*san loch gan *artr*ach gosein sgeillic do rádh aifrin*n* gach lái, no biodh gan omhan gan eccla os cend an locha.

viii. (13) Ro bói[6] péist uathm*ar* iongantach isin loch, 7 ro chuir si ár con 7 dáoine for fhíanaibh Er*enn* go minic. Ro ghabh Caoimhgin a psalma, 7 ro guidh an Coimdhe, 7 ro iond*ar*b uadha an péist isindara loch, .i. Loch lagha, in loch ina raibhe in phéist, is an*n* dogníther anosa foírithin gach aingcisi et*ar* dáoinibh 7 cethraibh; 7 fáccbaitt uile a ngallra an*n*, 7 tiaghait a ngallra 7 a neslainte isin loch ele dochum na péiste; *co n*ach déin urcóid do chách. *Ocus* in tráth iompoidhes an peist and*ar*a taobh dhi a nairde, eirghidh an loch comh*ar*d fri bennaibh an tsleiphe, 7 ní roichean*n* a nóm*aidh*e antí atchí hí. Seacht[7] mbl*iadhn*a ro báoi Caoimhghin gan biadh acht nen*n*tocc

---

[1] = Ir.$^2$ c. 3, ll. 27–36; Ir.$^3$ § 3 [2] = M § 2; S § 1$^c$; Ir.$^2$ c. 3, ll. 37–40. [3] = Ir.$^2$ c. 3, ll. 41–56; Ir.$^3$ §§ 3$^b$, 4. [4] = M § 6; S § 5; Ir.$^2$ c. 3, ll. 57–88; Ir.$^3$ § 5. [5] = Ir.$^2$ c. 3, ll. 89–100. [6] = M § 18; S § 7; Ir.$^2$ c. 3$^b$, 4, ll. 1–12. [7] = Ir.$^2$ c. 4, ll. 17–24, c. 5, ll. 1–8; Ir.$^3$ § 6; in the MS. c. ix was originally made to begin at this point.

⁊ samhadh. Do bi Caoimhghin fada do bl*iadh*naibh nach faca sé aon nduine; ⁊ do bíodh goa crios isi*n* loch ag radh a trath.

ix. (14) Fe*cht*[1] náon dia raibhe Cáoimhgin ag gabail a trath ro thuit a psaltair uadh isin loch. Ro gabh sniomh ⁊ toirrsi mor-adbal é. *Ocus* do raidh an tainge*l* f*r*is: 'n*ár* bhad brónach', ar sé. Tainic an dobhrán iar*amh* go Caoimhgin, ⁊ tucc a*n* | tsaltair leis as iocht*ar* an locha gan báth*ad* líne no litre.

(15) Asb*ert*[2] an tainge*l* fri Caoimhgin dul do proicept ⁊ do shenmóir | breithre Dé dona poiplibh, ⁊ gan a bheith aga cleith ní búdh sía. f. $275^b$ Ro baoi brucc*aidh* hi crich Laighen d*ar* bho comhain*m* Dioma m*ac* Fergna; as dósidhe ro bói a ndán Caoimhgin d'faghbháil. Ro urmais bó do buaibh an brucch*aidh* foran erlamh, ⁊ ro ligh a chosa, ⁊ rob adbal a lacht seach na buaibh ele.

(16) O'tcuala[3] Diom*m*a sin, fáidhis an buachail dia fhios, cionn*us* dorala an bliocht dírim*h*e do beith agan mboin sin. Fu*air* an buac*hail* Caoimhgin i ccuas uam*ha*, ⁊ an bó acc lighe a chos. *Ocus* ro chuin*n*ig Caoimhgin f*air* a dícleith. 'Na tó', ol in buachail, 'oír as éiccen damh scc*el*a fíre do thab*air*t do Dhioma.' *Ocus* benais Dioma sccela ar éiccin don mbuac*hail*, ú*air* do thaircc Caoimhgin nemh dó ara dícleith.

(17) Luidh[4] i*ar*amh Diom*m*a ⁊ a chlan*n* g*us*in ccúas irraibhe Caoimhghin, ⁊ doronsat cr*ó*char dó ar airmittin, ⁊ *ar* onóir. *Ocus* ro ba dluith an choill, ⁊ ro luigh for talm*ain*, gur léicc ráon ro-fhairsing don croch*ar* go tteighedh trithe; ro eir*igh* arís tre fhiortaibh an aingil. Dogheall Caoimhgin iff*er*n ⁊ saoghal gerr da gach nech do loisccfedh úrach nó crionach na cailledh sin go brath.

(18) A[o]n mac[5] do Dhio*m*a ro bói acc dénamh sealcca; ⁊ nach táinic d'iomchar an érlaimh; ro m*ar*bhsat a choin féin hé, ⁊ adúad*ar* fadhéoigh. Ro thaithbheoaigh Caoimhgin an m*ac* sin; ⁊ adub*er*t f*r*ia ath*air* ⁊ fri a braithribh bith-mhuin*n*ter*us* do dhénamh la Caoi*mh*ghein, ⁊ a niodhbairt dó, et*er* dháoinibh ⁊ cethraibh. *Ocus* ba deor*aidh* íatt a crich Midhe.

(19) Ro bhennach[6] Caoimhgin íat a haithle a ffeircce ima tabairt asan ccúas *ar* eiccin, am*ail* ro bói i tt*air*ngire doibh. Doróine Caoimhghein oircin*n*each ina chill | dognath do cloinn ⁊ do slio*cht* f. $276^a$ Díoma, gér bó déor*aidh* iatt asin[7] Midhe. Is an*n*sin ro áitigh Caoimhgin priomh-cath*air* isi*n* nglend.

x. (20) Docóidh[8] Caoimhgin isin chorg*us* i ccró cáol*aidh* for leic luim ina shesamh caigtighis ar mís, ⁊ é a ccrois-fighill *ar* Dhia. Ro ling lon i nglaic in érlaimh, ⁊ dorin*n*e nead, gur léicc na héoin amach.

---

[1] = Ir.$^2$ c. 5, ll. 9–24; Ir.$^3$ § 7. [2] = M § $7^a$; S § 6; Ir.$^2$ c. 6, ll. 1–16; Ir.$^3$ § 8, 9. [3] = M § $7^b$; Ir.$^2$ c. 6, ll. 17–52; Ir.$^3$ §§ 10–13. [4] = M § $25^a$; Ir.$^2$ c. 7, ll. 1–28; Ir.$^3$ § 14. [5] = M § $25^b$; Ir.$^2$ c. 7, ll. 29–52; Ir.$^3$ §§ 15, $16^a$. [6] = M § $25^c$; Ir.$^2$ c. 8; Ir.$^3$ § $16^b$. [7] MS. isin. [8] = Ir.$^2$ c. 9, ll. 1–24; Ir.$^3$ §§ 17, 18.

Atb*er*t an taingel fri Caoimhgin an cró sin d'fagbail. Atb*er*t Caoimhgin: ‘Ní ró damh pían da méd d’fulang *ar* so*n* righ nimhe, ro fhulaing gach pían tar cend síl nAdhaimh isin croich cesta.’

(21) ‘Tarr[1] asin cró’, ol in taing*el*. ‘Ni ragh’, ol sé, ‘no go ffagh*ar* ó Dhía saor*adh* mo chomh*ar*bhadh ⁊ mo manach, ⁊ lochta mo chíosa, ⁊ lesaighes mh’ecclas immedhón ⁊ anecht*air*.’ Doratt an taingel se*cht* lán an ghlenda dó i lló brátha; ⁊ goithne dercc-óir i llaimh Caoimgi*n*. As mire ⁊ as míchíall da gach duine atcluin míorbuile Caoimhgi*n*, gan beith fo cíos dó, u*air* dorad Día nemh do gach aon do hadláicf*idh*e i núir Caoimhgin; ⁊ tucc Dia naenb*ar* gacha sath*air*n dó día mbreith o péin if*ir*n, madh i*ar* nairilliudh atfeg*ar*. Gach aon im*morro* dogheibh bás áoine, ⁊ a adhlacadh dia sath*air*n fo úir Caoimhgin, dogeibh díolghadh dia anmai*n*.

xi. (22) Is iom*dha*[2] rí ⁊ ticcerna do riogr*aidh* Er*enn*, ⁊ do riogr*aidh* Bretan, do thogh a adhlac*adh* i nGlend da lacha *ar*an adb*ar* sin *ar* grádh Dé ⁊ Caoimhgin. Atad taisi na napstal laimh le cró Caoimhgin do dhol leis ar ionchaibh an Choimdhedh go breithemn*us* mbratha.

(23) Ní fuair[3] aon naomh i nE*rinn* iom*ar*c*raidh* Cáoimhgin ó Día, acht Patt*r*aicc namá, úair dorad Caoimhgin úir na Romha leis am*ail* do ráidhes. Isé im*morro* Glen da lacha in cethram*adh* Roimh adhlaicthe as ferr i nEr*inn*. |

f. 276$^{b}$ xii. (24) Lá[4] dá ffaca Caomgin ócclach ’na rith chuicce, ⁊ fá cléirech eiséin. Ro athain fora ghuth ⁊ fora dheilbh go ndérna d*r*och-gníomh ⁊ fionghal. Rucc Caoimhgin lais tara ais é, ⁊ fúair an tocclach m*ar*b amhail adub*ur*t reimhe. *Ocus* ro athbeoaigh é, go nderna manach dhe.

(25) Na neithe[5] im*morro* da ttabhratais lucht aingcisi ⁊ easláinte miana ⁊ áilghesa, dobeir*edh* Caoimhgin doibh .i. sméra ’sna fuighlechaibh, ⁊ ubhla for cran*n*aibh sailech, ⁊ buin*n*ein tsamhaidh d’fagail dognath for c*air*rgibh ’sa*n* ngemhr*aidh*.

xiii. (26) Docótt*ar*[6] lucht seallcca fon nglend ⁊ doleiccsat a ccoin do cullach allta, ⁊ ro lingestair for com*air*ce Caoimhgin, ⁊ ro lensat cosa na ccon don talamh, *co nar* fetsat a mbiodbha bun*aidh* do lenmai*n* for com*air*ce an érlaimh.

xiv. (27) Ro boi[7] trá Colmán m*ac* Coirpre, m*eic* Corpm*aic*, m*eic* Aill*ell*a, m*eic* Dunlaing, m*eic* Énda Niadh, i rrighe Úa Muiredh*aigh*, ó mbeirdís siabhra a cland uadha tre d*r*aidheacht. Rucc*adh* mac dó iar*amh*. Ro chuir siumh an mac da bhaistt*edh* go Caoimhgin; ⁊ cuiris

---

[1] = Ir.$^2$ c. 9, ll. 25–64, c. 10, ll. 1–12; Ir.$^3$ § 19.

[2] §§ 22, 23 = Ir.$^2$ c. 10, ll. 13–32.

[3] Cf. § 2 supra; Ir.$^2$ c. 10, ll. 33–40; Ir.$^3$ § 20.

[4] = Ir.$^2$ c. 20; Ir.$^3$ §§ 36–38; cf. M § 38.

[5] = Ir.$^2$ c. 21; Ir.$^3$ § 39; cf. M § 34.

[6] = M § 19; Ir.$^2$ c. 22; Ir.$^3$ §§ 40, 41.

[7] §§ 27, 28 = M § 31; Ir.$^2$ c. 18; Ir.$^3$ §§ 32–34.

*ar* faosamh an érlaimh é. *Ocus* do gradh*aigh* Caoimhgin an náoidhe, 7 gabhais ina dhalta i*aramh* é.

(28) Ro bói easb*aidh* bain*n*e i nGlend da locha an tan si*n*. At*connairc* Caoimhghin eilit 7 a laogh, 7 ro erb fuirre leth a lachta 7 a bainne do thab*air*t día dhalta .i. Faolan m*a*c Colmáin, o ffuilit clann Tuathail, i. hÍ Faoláin. Tainic im*morro* faolcú g*u*san eilitt, 7 m*ar*bais a laogh. Dorin*n*e Caomgin míorb*uil*e móra an tan sin. Ro erb aran faolchoin allta beith i nionad a laoigh agan aigh nallaidh. Isin cloich thuill atá uas D*r*oicet na heillte, no faccbadh an agh díol an leinib dia loim | 7 día f. 277$^a$ lacht gach lái, gurab amhl*aidh* sin ro hoil*edh* Faolan d'fertaibh Dé 7 Caoimgin.

(29) Atb*er*t[1] a oide fri Caoimhgin : 'ni bhíam i naoin ionad, óir atá a ttairngire duit, fiorta mó*r*a do dhenamh.' Iarsin im*morro* táinic for a shéd.

xv. (30) Laithe naon[2] dia ndeachaidh Caoimhgin do coimhétt cáorach ria óccbhataigh, tangatt*ar* buidhen do dhaoinibh bochta ocaracha cuicce, do chuingidh bídh fair i nonóir Dé. Ro m*ar*bh ocht muilt doibh ar sgáth a einigh 7 a náire ; 7 nír lughaitte co*mair*emh an tréda.

xvi. (31) Ro bói[3] Caoimhgin i ccill Iffín *ar* fedh an corgais. Dobheiredh an dobhrán brádán gach laoi leis docu*m* a*n* coimhthionoil dia sásadh. Ro smúain Ceall*ach* go ndingentai sging úasal onórach do chroicend an dobhráin. Ro thuicc an dobh*r*án an smuainedh gér bho bethad*ach* brúidemhail. *Ocus* ni derna an timtirecht c*et*na oshin dona manchaibh. O'*tconair*c Ceall*ach* si*n*, ro in*n*is an smuain*edh* do Caoimhgin. Ro fháid Caoimhghin eisidei*n* go Cill Cheallaigh.

(32) Ro shaor[4] Dia náire Caoimghin a*n* ta*n* sin. An síol dochuir*edh* i ccill Iffín *ar* maidin, no biadh abbaigh ria ffescor. Conidh amhl*aidh* sin ro shasadh a mhanchu.

xvii. (33) Tangattar aos cíuil go Caoimhgin do chuinge bídh f*air*, 7 ni r*aibh*e agan érlamh biadh an tan si*n*. *Ocus* atb*er*t fríu anadh fris. Ni ro ansat. *Ocus* ro gabhsat acc imdherccadh an cléirigh. Dorónadh iaramh clocha dona cran*n*aibh ciuil i néraic imdhercctha an naoimh ; 7 m*air*id a ffioghracha fós isin tochar allathoir don baile.

xviii. (34) Do bad*ar*[5] dias ban ag siubhal i ttermann*n* Caoimhgin. Dorala meirlecha doibh, 7 ro m*ar*bhsat na mna a bfionghail, | 7 ro f. 277$^b$ bensat na cind dibh. Dorala Caoimhgi*n* doibh, 7 ro tathbeoaigh íatt iar*amh*, 7 doroine caillecha dubha dibh ina cill féin.

(35) Do thairrngir[6] Caoimhgin go ndingentai fell 7 fiongal ina cill ;

---

[1] This section is clearly imperfect ; it corresponds with the latter part of Ir.$^2$ c. 14 ; Ir.$^3$ § 25 ; cf. M § 5 ; S § 4.

[2] = M § 3 ; S § 2 ; Ir.$^2$ c. 15 ; Ir.$^3$ § 26.

[3] = Ir.$^2$ c. 16 ; Ir.$^3$ §§ 27, 28.

[4] §§ 32, 33 = Ir.$^2$ c. 17 ; Ir.$^3$ §§ 29-31.

[5] = M § 11 ; Ir.$^2$ c. 19 ; Ir.$^3$ § 35.

[6] = Ir.$^2$ c. 11, ll. 53-60, c. 12, ll. 53-56, c. 12$^b$, ll. 1-4, c. 13 ; Ir.$^3$ §§ 23, 24.

⁊ do thairrngir crechadh na cille ⁊ an tsamhaid. Ro gheall*us*tair Caoimhgin gach ní dibsi*n* do dhiogail .i. saoghal gerr, ⁊ iff*er*n fadeoigh. Ceithre gal*air* ro thoghastair do denamh in*n*ighthe for chorp gach duine do shaireoch*adh* a chill, ⁊ a chom*ar*badha, ⁊ a shámhadh .i. aillse, ⁊ easbadha, fiolún fion*n*, ⁊ cuthach, ni fétait legh náid fisecc*dha* na gal*air* sin d'foirithin, *acht* an Sláiníc*idh* Iosa *Criost*.

(36) Dlighidh[1] comh*ar*ba Caoimhgin a scol ⁊ lucht a mion*n* d'iomch*ar* ⁊ do coimhett, ⁊ a cioscáin fa a ccumhang da gach neoch do Laighneachaibh, et*er* úasal ⁊ íseal. Is aml*aidh* so ro fhaccaibh Caoimhgin coimhétt a áona*igh* ⁊ a mhuin*n*tire, it*er* úasal ⁊ íseal, et*er* caraitt ⁊ namhaitt; slána, ⁊ dísle, ⁊ com*air*ce doibh uile, ag t*echt*, ⁊ acc imt*echt*, gan dáil, gan ceist, gan caingin, gan breithemhn*us*, gan accra fiach do neoch fora ceile *etcetera*.

(37) As leabh*ar* an tsacc*air*t Roibnéd Puirsel ro sc*r*iobadh an blodh becc so do beth*aidh* Caoimghin i cCloich Uateir laimh le Leithglen*n*, i ccuicc*edh* Laighen, an céidfeacht, 16 do Septemb*er* 1629; ⁊ ro scc*r*iobh an sc*r*ibneoir c*et*na, an b*r*ath*air* bo*cht* Micheul o Cler*igh* and*ar*a hu*air* 'san ccairt so i cconueint na mbrath*ar* ag D*r*obaois 15 Decemb*er* 1629.

---

[1] = Ir.$^2$ c. 11, ll. 1–52 ; Ir.$^3$ §§ 21, 22.

# Betha Caoi*m*hgin

f. 278$^a$

## doreir *mar* do scc*r*ibh manach fá deiscipal dó féin, dá*r*b ainm Solamh.

i. Do sir Caoimhgin móran d'Eirin*n*,
*Ocus* an taingeal le choir,
D'faghail áite i ndingnedh crabhad;
Ní dherna samhadh go bfu*air*.
Docuaidh Caoimgin t*ar*na bennaibh
Leisan aingeal—ba lór lúas—
Doróin cath*air* it*er* glennaibh,
Do bhenn*aigh* an tAthair nemh*dha* anúas.[1]
M*ar* a ndérna Caoimghin crabh*adh*,
Gaoidhil do fhremhaigh re thaobh;
Oshoin do ainit íad ar gabhadh
Go meinic i nadhba naomh.
Glend gan iothlain*n*, gan cruaich *ar*bh*air*,
*Acht* cairrge g*ar*bha osa chend;
Glend nach érth*ar* nech fa coin*n*medh,
Atá rath in Coimdhedh an*n*.
Glend aigméil, il-piastach, uathm*ar*,
Glend an dá loch do bí u*air*
Do thairnngir[2] Fion*n* na ccéd ccur*adh*
Go mbiadh fo deiredh 'na ruai*m*h.
Do th*air*ngir[3] Pat*r*aicc m*ac* Calpuirn
G*ur* thaitin leis glend na nall;
'Léna thaobh, gibe t*áir*fes,
'Naomh do déna áras an*n*.'
Do sir.

ii. Deich[4] mb*liadn*a fichet go tend
D'éis a thairngire on tailghen*n*,
Rob í sin aims*er* do ghin
An náomh d*ar* comhain*m* Caoimhgin.
Nír airigh mathair an meic
Doigh na tiach*air* 'na coimp*eir*t;

---

[1] This line is too long; read perhaps: Do bhennaigh an tAthair 'núas.
[2] = Ir.$^1$ § 4. [3] = Ir.$^1$ § 2. [4] = M § 1$^b$; S § 1$^b$; Ir.$^1$ §§ 7, 8; Ir.$^3$ § 2.

Tiaghait mna gan ceist, gan cradh
  Leis da bhaistedh go Crónan.
Dochuir Día aingeal do nimh,
  Suil do baistedh in naoidhin;
Gur aslaigh tre menmai*n* ngloi*n*,
  Gomadh é a ainm siu*m*h, Caoi*m*hghein.
Tarla an taingel dona mnaibh,
  Do ráidh ríu gan iom*ar*bhaidh:
'Is ormsa do aslaigh Dia dil
  'Tea*ch*t do bhaistedh na naoidhen.
'Riomsa as mó dobheir Dia taobh
  'Do*n* naoidhin, bhías 'na *ar*d-naomh,
'As me an taingeal b*r*ioghm*ar* nach lag,
  'Bías gan c*r*ich 'ga co*m*haitt*acht*.
'Toccbaid suas, a mná, in naoidhe,
  'Os mé atá 'ga urn*aighth*e;
'Baistfet gan bardal gan moide
  'In árd-ain*m* na Trinóide.'
Da aingeal décc,[1] m*ar* búdh cóir,
  Dochuir Dia ani*ar* 'na onóir; |
f. $278^{b}$ Is tap*ar* óir go las*air* gloin
  Do boi i llaimh gach aingil.
Rab e sin a fhrestal ó nimh,
  Cein bói baistedh 'ga deinimh;
Ise do chengail a dhail go chert,
  A aingeal féin coimhitteacht.
Ise[2] an tain*m* do dhealbh Dia ar nimh,
  Bías ag lenmai*n* do*n* naoidhin,
Smuainidh, a mhná an frestail gloi*n*,
  G*ur*ab é a ain*m* baisti, Caoi*m*hgin.

Do.

iii. Do raid an taing*el* risna mnáibh:
  'Na treigidh caingen Cronai*n*,
''S taisbenaid dó in naoidhe,
  'In*n*esaidh daibh fírinne.'
'Créd 'ma ttuccabh*air*, a mná,
  'Cucca*m*sa bhar naidhenán?
'Uaisle anté do bhaist na mise,
  'Ar aisde na dingin*n* se.

---

[1] ll. 25-28 are cited Ir.[3] § 2 thus:
Dha aingeal deag, mar badh cóir,
Do ch*ur* Dia anuas 'na onoir
As tapar go lasair a gloin [a lasair nglan A]
Do bhi a laimh gach aon aingil.

[2] ll. 33-36 are cited Ir.[3] § 2 without material difference of reading.

'An baisttedh do ord*aigh* Día do nimh,
'É dorin*n*edh *ar*an naoidin;
''Ga aingeal féin atá fios,
'Isé bias 'ga ríar go díles.'
Doroine Cronan faistine
*Is* failte risan naoidhin;
Is atbert: 'beid na tírthe
'Co dichra fo cís Caoimhgin.
'Dáilim[1] a hu*cht* righ nimhe
'Mé féin deitsi d'áiridhe,
'Gomadh ferr do mhes ag cách,
'Ó bh*us* mé do chéd-óglach.'
Tucc an*n*sin a aingel féin
Da aithle sin toiscc go ccéill;
Ba cosmail le grein ngloin,
M*ar* theine trén-lasamhai*n*.
M*ar* t*ar*naic caingen na naoidhen,
Da aingel ionmai*n* tuccadh;
Tiaghait[2] na mna bin*n*e blaithe
Leis g*us*in raith hirruccad.
Naomtha in raith irruccad Caoimgin,
Ise rath na naoidhen dobheir;
Nir fhol*aigh* snechta na reodh
Fós riamh an fód *arar* gein.
Sne*cht*a an gheimr*idh* trath ticc sen
Bacaidh ingheilt do buaibh cáich;
T*r*e rath Dé 'sa raith gan folach
Dogheibh eall*ach* biadh a saith.
Tuccadh[3] fos da bhethucc*udh*
Bó glé-gheal 'chum na naidhen;
Bó nach fes cáit as tainicc,
Na ca táin gósa teighedh. |
Go trath[4] coda gacha haoine f. 279$^a$
'S gach la troiscti go saoire
Cíche a mathar—naemhdha in smacht—
Nochan ibhedh *acht* aoinfheacht.
Dotigedh fós d'á aithigid
A aingel fein co haoibhind;
Do biodh dognath dá mothucc*adh*
Gur t*r*ath a chu[i]r le leighend.
Do sg*ar* o chairdibh—feirde a chaingen—
A aingel féin 'ga stíur*adh*,

---

[1] ll. 17-20 = Ir.$^1$ § 8*b*. [2] ll. 27-36 = Ir.$^1$ § 9; Ir.$^3$ § 3. [3] ll. 37-40 = M § 2; S § 1$^c$; Ir.$^1$ § 10$^a$. [4] ll. 41-56 = Ir.$^1$ § 10$^b$; Ir.$^3$ §§ 3$^b$, 4.

Seacht mbl*iadhn*a rob ceird balach,
Bói i nord mhanach 'ga múnadh.
Do len a ord, ger borb a riaghail,
Do an go diamh*air* 'ga fhoghlaim;
Téid fo gradhaibh sáora saccairt,
Fu*air* gach ab*airt* da foghnan*n*.
Radh[1] a aingil fris go fosaid;
'Ort ni bía an*n*so foistine;
'Na han m*ar*so i nglend fásaigh
'Da ndérna Fion*n* faistine.'
Do fíoradh faistine Find,
*Ocus* Pat*r*aicc m*ei*c Calpuirn*n*,
Tainic fán na loch '*ar*tain,
M*ar* do bí a ndán do Caoimhgi*n*.
'Anois as gairit lem cridhe,
'Asbeirim a bhuidhe do Dhía,
'Mo theacht go glen*n* as maith daingen,
''S nac bía *acht* m'aingeal 'gu*m* ri*ar*.'
Do bi ag teichemh riasan saoghal,
Uamhan réa bhaoghal do ghabh;
Dob ferr leis, o nár eccóir,
As dol accédoir ar nemh.
Da éis nir chodail ar peall,
*Acht* cercaill c*r*uaidh cloiche fa chend;
M*ar* do bheith gach geilt gan crúas,
Do bai da ceilt i ccúas c*r*uaidh[2].
Do bi Caoimhghin it*er* clochaibh
*Ar* bord locha *ar* leab*aidh* luim,
*Ocus* a thaobh seng lé cloich
'Sa glend gan boith osa cion*n*.
Ro pa c*r*uaidh a leaba *ar* leic
Go madain sínte gan sgiamh;
Nír i*ar*r ar bith ni budh socra,
Gemadh docra, is in*n*te do bhiadh.
'San nglend uathmar 'na' ccrann gég*ach*,
[Ní rob][3] aobh*dha* éd*ach* an *n*aoi*m*h;
Croicne na nanman*n* ffiata
Uime, it*er* sliabhtaibh do biodh.
Dotheighedh[4] Caoimgin ar lind letain
Gan luing gan et[h]*ar* *gach* l*á*e,[5] |

---

[1] ll. 57–88 = M § 6; S § 5; Ir.$^1$ § 11; Ir.$^3$ § 5.
[2] *sic* MS.; read: i ccruaidhchúas.
[3] Blank in MS.
[4] ll. 89–100 = Ir.$^1$ § 12.
[5] Here there is a scribal note: Gabh g*u*sandara lethenn itdiaigh, i.e. Go on to the second page following (i.e. to f. 280$^a$ instead of to the next page, f. 279$^b$).

Do dhenamh aifrin*n* 'sa sgeillic, f. 280$^a$
Ionad do thaitin le Día.
Do biodh gan duine 'na fharr*adh*
'Na aon*ar* fo bh*ar*raibh craobh,
Rob íad a cleirigh na haingil,
Glé-bin*n* léo caingen in naoi*m*h.
Do biodh gan uamhan, gan eccla,
'San uaim ag frecc*ra* do Dhía,
*Is* loch fuithe m*ar* fhairrge
Ag sgothadh na c*air*rge laimh ría.

iii *b*.[1] Aiccmeil[2] hí péist locha luicc
Re denamh uilc *ocus* áir;
Meinic tucc maidm *ar*an bféin,
'S *ar* Fhion*n* féin go niom*a*t aigh.
Do gabh Caoimhgin loch na baidbe
Go moch, m*ar* dob áil le Dia,
'S dochuir an pheist i lLoch lágha,
Ag eists*echt* na t*r*ath ní bía.
Do ghabadh Caoimhghein go ndithcell
A psailm 'na timcell go moch,
Dochuir an degh-naomh gan déisten
Déir-neimh na péiste asi*n* loch.
Rob he an dubh-loch urbhadhach,
Irraibhe an il-péist fraochdha;
Aníu as nao*m*h-loch miorbuileach,
Doní gach saoth do t*r*aoth*adh*.
Dochuir plagha do bhuaibh Gaoidhel
Caoimhgin—do ba nao*m*h*dha* in gas—
'S a ccur t*r*íd an loch da nglan*adh*,
Nach beiritt leo a ngal*ar* as.
Sg*ar*aidh fríu an loch rathm*ar*
Gal*ar* go niom*a*t goimhe,
Teid 'sa sruth d'fios na peistte
Uisge ga*n* deistin roi*m*he.

Aigm*éil*

iv. Laidir in snaidm dochuir Caoimhgin,
Tucc maidhm *ar* phéist locha gloi*n*;
Do chengail go docht is go daingen
A corp 'sa maindir a bfuil.

---

[1] This section is not numbered in the MS., but the repetition of the first word 'aiccmeil' after l. 24 shows that it forms a separate poem. I have therefore numbered it c. iii$^b$ in order not to disturb the numbering of the following chapters which I have already referred to in V.S.H. [2] c. iii$^b$, c. iv, ll. 1–12 = M § 18; S § 7; Ir.$^1$ § 13$^a$.

'*Ar* nion*n*tadh on taobh go 'roile
Gacha bliadhna an peist fil and,
Eirgidh an loch cró-dhercc os áirde
Comh*ard* na cairrge osa cion*n*.
D' iongantaibh Locha lagha,
Mór an gabhad donté atchí,
Aon lá na oidhche da aithle
Da éis 'na bheth*aid* ní bí.
Gidh iom*dha*[1] na fagbála
Do fhácc Caoimhgin 'na ghlendaibh
Se féin *ar* tí a th*ár*thála,
*Ar* gach áon nach*ar* chennaigh.[2] |
f. 279$^b$ A seacht[3] fo diamhraibh dluithe
Do bliadhnaibh go mblaithe,
Duit re taobh do thuaithe
Gan biadh *acht* Cáol Fáithe.
Caoimhgin a bfad do bliadhnaibh
It*er* dhiamhraibh i ccoilltibh,
*Ocus* ní faca duine
'S ní fhaca duine in*n*tibh.

Láidir.

v. Fada ó chairdibh do bí Caoimhgin
It*er* na c*air*rgibh co dron,
Ion*n*raic do*connair*c ord 'na aon*ar*
Rucc*adh ar* bord Locha gloin.
'San oidhce do éirghedh gan gabhadh
Do dhénamh cráb*aidh* 'na lios;
An*n* doniodh go moch a t*r*atha
'San loch go gnáth*ach* goa chrios.
Deir*edh*[4] oidhce *ar* l*ár* snechta
Do éirghedh, m*ar* do cleacht, go moch;
D'aithle a psalm go mbúaidh do cantai*n*,
Do thuit a psalt*air* 'sa*n* loch.
Do thuit a psalt*air* re fánaidh
Ó Cháoimhghin an crábaidh c*r*uaidh,
Nír mheistte lit*er* 'na leighen*n*,
Uiscce 'na creidhim da bfúair.

---

[1] ll. 13–16 recur in a better text *infra*, c. 12, ll. 1–4. They are probably out of place here.

[2] Here there is a scribal note: Gabh t*ar* th'ais anonn, i.e. Go back now (viz. to f. 279$^b$).

[3] ll. 17–24, c. 5, ll. 1–8 = Ir.$^1$ § 13$^b$; Ir.$^3$ § 6; ll. 17–20 are cited Ir.$^3$ § 6; ll. 19, 20 run thus:

Dó re taobh a thuaithe
Gan biadh aCáol Faithe.

[4] ll 9–24 = Ir.$^1$ § 14; Ir.$^3$ § 7.

Tainic an taingeal da chomhrádh
Le Cáoimhgin lomh-lan do rath;
Do an aicce, go ttucc dobhrán
Chuicce a leabhrán asin loch.
Raidhis ris an taingeal nao*m*htha:
‘’San nglend it áon*ar* ni bía,
‘Os dán duit dáoine dot faicsin,
‘Ná bí dot chealt*air* ní as sia.’

Fada.

vi. Do bái[1] brucch*aid* bó-cédach
*Ar* criochaibh Laighen lerda,
Rob é an cur*adh* cédfadach,
D*ár*b ain*m* Díoma m*ac* Fergna.
Dósamh do bí a bfáistine
Urmas *ar* Chaoimhghin ’san nglend,
Ni fada da aithle sin
Go ffrith leis an térlamh an*n*.
Gur urmais bó do bhuaibh Dío*m*a
*Ar* Caoimhgi*n* i ccúas in croin*n*,
Go ro shin aingeal da díden,
M*ar* dochuir le dáoinibh d*r*uim.
Nír an ar ingheilt in fhásaigh,
Acht ag lighe cos an naoi*m*h;
Dobheiredh ní sa mó do bhain*n*e
Na leth bó in bhaile i mbíodh.
Le Dioma[2] fa mór an tiongnadh,
An ingheilt doníodh an bó;[3] |
Do raidh le a buacail a lenmai*n*, f. 280$^{b}$
’S fios a hadhb*air* d’faghail do.
Do raidh Dioma re lucht tegl*aigh*
An bó do lenmai*n* go moch;
Ní fhu*ar*att*ar* a lorcc rempu
*Ar*in leircc ós Glion*n* da loch.
Da ttangatt*ar* ba Dhioma
Go diochra d’ingeilt ’san nglend,
T*ár*la da mbuacail c*r*and tor*aidh*,
Fu*air* Caoimhghin go soraidh an*n*.
Tairccther le Caoimhgin don buachaill
Luach isa cheilt *ar* chách,

---

[1] ll. 1–16 = M § 7$^{a}$; S § 6; Ir.$^{1}$ § 15; Ir.$^{3}$ §§ 8, 9. [2] ll. 17–52 = M § 7$^{b}$; Ir.$^{1}$ § 16; Ir.$^{3}$ §§ 10–13. [3] Here is the scribal note: Gabh d*on* taobh amuigh don duilleóicc as foiccse dhuit, ⁊ anall an*n*so arís, i.e. Go on to the other (lit. outer) side of the leaf next to you (viz. to f. 280$^{b}$), and from there on again.

Targaidh nemh—is *air* ba tualaing—
’S gan tea*cht* fa thu*air*im[1] go brath.
‘Teccaidh[2] bó Dioma’, *ar* an buacail,
‘Ag teacht úait ’sad dáil ’sa*n* nglen*n*,
‘Beith dot ceilt ni fuil *ar* cum*us*,
‘*Ar* nád tfaicsin[3] go foll*us* an*n*.’
Taosga fu*air* an bho na an buachail
Caoimghin ’san úr-choill ’na raibh,
Si maráon la coidhce[4]
’S ag t*r*iall ’san oidhce da toigh.
Ní dá dhéoin da adaimh an buacaill
Do Díoma luagaill na bó,
’Na lios gur cengail go ro tend,
G*ur* in*n*is a fochan*n* dó.
Do ráid Díoma lena degh-cloind
Dul ’san glenn a bfrith an bó,
Go ffaghtaoi leo in náomh go ngloine,
’S go gcreidtí léo uile dó.
Le Dioma ba mór an lúthgair
Se d’fagháil ’sa chuas re a ló,
Do ráidh lena cloin*n* go nósm*ar*:
‘Denam go grin*n* cróch*ar* dó.’

Do bi.

vii. ‘Fír[5] anois faistine Fin*n*,
‘*Ocus* Pat*r*aicc m*eic* Calpuirn*n*’,
Do raidh Dioma ríu faseach;
‘Os sin*n* fúair an t*air*ngertach.
‘A Chaoimghin báoi dúin*n* a ndán,
‘Tú do thab*air*t a cúasán;
‘Tríallam ni as sía ’san nglend
‘’Na mbeir ga*n* chrích ga*n* foircend.’
Ag dol dó ’na rúaig fán ccran*n*aigh,
Do raidh Díoma an chaingi*n* búidh,
N*ar* léiccthe an croch*ar* dha milledh
T*r*esan ccoillidh ndaingin dluith.
Slechtait ain*n*séin croin*n* an doire
Don chraoibh oinigh—diadha a*n* fís—

---

[1] *sic* MS.; ? tuairin. [2] ll. 33-36 are cited Ir.$^3$ § 12 (T) as follows:

‘Tar eis bhó Dhioma’, ar an buachuill,
‘Ag techt uait ’sad dail ’san ghlend,
‘Do cheilt ni fhuil ar mo chumas,
‘As tú ar th’ faicsin go follus leam.’

A writes the passage as prose; and in l. 34 reads ‘ag dol chugag is uait’.

[3] *sic* MS.; ? ’Ar tfaicsin. [4] *sic* MS.; ? Si coidhce maraon la Caoimhgin.

[5] c. vii, ll. 1-28 = M § $25^a$; Ir.$^1$ § 17; Ir.$^3$ § 14.

Do luigh tre fhertaibh an erlaimh
An fiodh, 's do éirigh arís. |
Tainic go Caoimgin da oigh-ri*ar* f. 281$^{a}$
An taingeal fial, m*ar* do cleacht,
Do congaibh[1] an úr-coill 'na luighe,
Co fu*air* thairsi slighe cert.
Ifrion*n* *ocus* gairde saoghail
Faccbaiss Caoimhgin ag gach nech
Go brath do loisccfedh a húrach,
Na a críonach osin amach.
Toccbait Caoimgin i ccroch*ar*
Clan*n* mór Dioma an ruath*air* buirb,
No go rainic lár an glenda,
M*ar*a nderna grema a uird.
Doní[2] an naomh miorbuil accedóir
*Ar* cloin*n* Díoma *ár*d-mhoir-mhir,
An nech docuaidh t*ar* a uaigh-réir,
A churp a cc*r*úaid-céim dochuir.
A selcc nír tréicc *ar*an erlamh
Dioma m*ac* Dioma gan céill,
Ó n*ar* chreid dó—nír sén soraid—
Sé fa cuid dá chonaibh féin.
An ccualabh*air* Ceallach m*ac* Díoma,
M*ar* fu*air* bás a ccrois ga*n* sccís?
Dochuir Caoimhgin g*us*na rathaibh
Da thigh 'na bheth*aidh* aris.
Ge fu*air* an croch*ar* da milledh,
Nír moillitte a rúaig 'na réim;
Ise Caoimhgin do fhóir, ge fu*air* bás,
Nír léicc uaidh re tlás a feid*m*.
'Ar néirghe don mhac a heccaibh
Céd-guth do ráidh se le cách.
'Anté tucc meisi as gach eiccen,
'Ni t*r*eiceabh é go ttí an brath.'
An comh*air*le tucc da cáirdibh,
Ba maith le Caoimhgin a rád;
Tangatt*ar* go mín da guidhe,
'S do líon a cr*idh*e d'a ngradh.

Fír.

viii. 'A Dhioma,[3] os duit do bai i ndán,
'Meisi do breith om chuasán,

---

[1] MS. congaimh. [2] ll. 29-52 = M § $25^{b}$; Ir.[1] § 18; Ir.[3] §§ 15, $16^{a}$.
[3] c. viii = M § $25^{c}$; Ir.[1] § 19; Ir.[3] § $16^{b}$.

‘Na tréicc me t*re* ceist eile,
‘Oír nach brécc an fhaistine.
‘Gidh dom aimhdeoin tuccabair
‘Meisi om cúasan croind,
‘Gidh edh do dhén trócaire
‘Duit féin is dot chloind.
‘Da nderntái mo comh*air*le,
‘Budh libh cobhair fós,
‘Mo chill is mo chomh*ar*bacht
‘Ag Laighnibh fá nós.’
Do raidh Dioma, deoraid he
Anall a criochaibh Midhe : |
f. $281^b$ ‘Acc súd sind d*ar* ndeonucc*ad*
‘Duit, a thailgin*n* righ nimhe!
‘A ffuil againd do[1] cotuccadh
‘Aran saoghal gan taithlech;
‘Acc súd sind da tothlug*adh*
‘Duit *ar* dena*m*h do chathrach.’
Moran ceist re cloin*n* Dioma
Doróni Caoimgi*n* ríu ’san cúas,
Do teac*ht* ríu is rena nath*air*
Gan beith ’san cath*air* fa núas.
Docluin Caoimhghin ceist na cloin*ne*
’Sa cúis tre bfaghdáis a cion;
Do maith Caoimhgin do m*a*c [F]ergna
Go diocra a nd*er*ns*a*t do chion.
Agsin m*ar* do daingnighsiot
Clan*n*a Dioma re Caoimhgin;
Tucc doibh gach ní do áilghett*ar*
Go so deiredh an tsaoghail.
‘An u*air* sin fa terc daoine
‘Arin taoibh si don domhan,
‘Dia do dheonaigh’, *ar* Caoimhgin,
‘Déor*aidh* do thea*cht* dom chobh*air*.’
Doghní Caoimhghin oircin*n*igh
Do shiol na riogh go ffin*n*e,
Noch*ar* tréicc iatt, ger dhiolmuin,
Fa híad fíor-bhun a chille.
‘Meisi Caoimhgin doibh b*ús* dion,
‘Da siol tangatar na fir.’
Do Dhíoma, os focc*us* an gáol,
Tucc da mháor inní do shir.

A Dío*m*a.

---

[1] *sic* MS.; ? dot.

ix. Doghníadh[1] Caoimghin aisde c*r*áb*aidh*,
N*ar* gnath*aig* naomh roimhe ria*m*h ;
Dotheighedh a ccró gach corg*us*,
Breth da bfu*air* soirbhes ó Dhía.
Doníodh sesamh *ar* leic garbh luim,
Fua*cht* *ar*a chosaibh ge ro ghoill ;
Ro pa ceol aingeal 'na timceall,
Dó 'san ccró daingen ba p*r*oin*n*.
Caeictigis *ar* mís do gan biadh,
No ní as sía, gér mór a nert,
G*ur* leim lon go prap do c*r*aoibh,
Go nderna i nglaic in naoimh ned.
Do fuirigh Caoimhgin 'san ccró
'Na áon*ar*, ger mór an phían,
*Ocus* ned luin *ar*a bois,
No go ttuccadh as a eoin.
Dochuir Día an taingeal da radha
Le Caoimhgin an crábaidh c*r*uaidh,
Teacht asa cró caol gan obadh
A ccoccadh an tsaoghail t*r*uaigh. |
'Farír![2] as pian as mo cumaoi*n* f. 282$^a$
'Mo lamh m*ar* loman fan lon,
'Fuil a glac, 'sa taoibh, 'sa troigidh,
'Do doirt rí nimhe *ar* mo shon.'
Do raidh[3] an taingeal go fiadhnach :
'Na bi dod pían*adh* ní as sía,
'Aisdrigh gan cairde as do chengal,
'Urlamh do caingen ag Dia.'
Do ráidh Caoimhgin risan aingeal :
'As mo broid ni rach rém ré ;
'Go ffaghar do lu*cht* mo chíosa
'Saoirsi o Ísa m*ac* Dé.'
'Doghebhair sin', *ar* an taingeal,
'T*r*iall as do ceng*al* gan sgath ;
'Seacht láin do ghlend gach aoin leth
'Duit fein *ar* do breith 'sa*n* b*r*ath.'
Budh ésin tu*arus*tal Caoimhgin,
M*ar* cluinfitt Gaoidhil rea ló ;
Dogebha a ló bratha gan anadh
Gach ni *tr*a d*ar* gealladh dó.
Gach caingen do faomh Día do Chaoimhghin,
'S do i*ar*r a aingel *ar* nimh,

---

[1] c. ix, ll. 1–24 = Ir.$^1$ § 19 ; Ir.$^3$ §§ 17, 18.
[2] ll. 21–24 are cited Ir.$^3$ § 18 without material difference of reading.
[3] ll. 25–64, c. x, ll. 1–12 = Ir.$^1$ § 21 ; Ir.$^3$ § 19.

Dobheir aníu dó gan dímes
Go díles gach ní do shir.
Tucc[1] Dia cum*acht* do Caoimhgin,
M*ar*[2] tucc da gach nao*m*h *ar* bith,
B*udh* tenn é ara dhalaibh,
M*ar* bheitt clan*n* Adhaimh ar crith.
An u*air* tiucf*us* brath brethach,
*Ar* cach b*udh* ecclach an sp*r*aic;
Ni beid lu*cht* an glenda i ngleo-broid,
*Acht* m*ar* cheo fa bh*ar*raibh slat.
Ber*idh* Caoimgin leis i p*ar*rth*us*
A fhír-muin*n*tear féin gan cáin;
D'eis breithe in righ ro-moir,
*Ocus* ga derg-óir 'na laimh.
Ise sin aird-meirge Caoimhgin,
B*udh* feir[3] de gach aon 'ga mbia
'Na laimh la bratha go huasal,
An dáil b*udh* nósm*ar* ag Día.
Gibe docluin cum*acht* Caoimgin,
*Ar*an saoghal cein bías béo,
Muna raibh fa cios don erlamh,
Ní dherna báosradh b*ud*h mó.

Do.

x. Tucc Dia dó gach ni do sir,
Go soich deiredh an tsáog*ail*;
Tucc nemh d'anmai*n* gach cu*ir*p cai*n*,
Da mbeith fa glan-úir Caoi*m*gi*n*.
Naonbh*ar* gacha saor-shath*a*[*i*]*r*n
D'anman*n*aibh locht[a] a chiosa, |
f. $282^b$ Tiag*a*t si go ccaomh-chaingnibh
Et*er* naomh-ainglibh Iosa.
A nadhlaicther dia sath*air*n
Fa múr na flatha fíre,
Saor *ar* ifren*n* gan breccuibh
Iad 'sa néccaibh dia haoine.
Do thogsat[4] riogr*adh* Eiren*n*
*Ocus* a rioghna dognath

---

[1] ll. 45–48 are cited Ir.$^3$ § 19 as follows:

Tug Dia cum*acht*a do Caoi*mh*ghin,
Mar tug [do thug A] do *gach* naomh *ar* bhioth
'San b*r*ath beith tenn ar dhaluibh
['San brath a bheith tenn air A]
Mur a beid clann [M*ur* mbéidh siol A]
Adhuim ar crioth.

[2] *sic* MS.; ? nar.

[3] *sic* MS.; ? ferr.

[4] ll. 13–32 = Ir.$^1$ §§ 22, 23.

A ccur 'san cill uasail,
'Ga bfuilit buadha go bráth.
An*n* ataid taisi na nepscop
Fa úir go la bratha brais,
Laimh le cró Caoimhghin an crab*aidh*
Go dol isna dálaibh lais.
Dul leis a ló na breithe
Dob é a ccroidhe go ndut*r*acht,
'S beit re Caoimhgin a ccaingen,
Óir beid aingil 'gá dús*acht*.
Do lendais é na haingil
'Na chaingin fa bh*ar*raibh dos,
Rob é an fhior-tob*ar* ga*n* lag*a*t,
A mhíorbuile as fada atclos.
Fada atclos miorbuile Caoimhgin
*Ar* fud Er*enn* ti*ar* is toir;
Ní dherna Dia *ar* aon naomh oile
Ní as lia dibh uile na air [1].
Teid [2] Caoimhgin go cuirt na Romha,
As úr na buadha tug lais;
*Is* fu*air* gan ceilt on papa
Oilitre is cáta mór-maith.
Os mór [3] í oilithre Cáoimhghin,
Da nderndais daoine go cóir;
Ionan*n* teacht fo sheacht i naonach
*Ocus* dol áoinfea*cht* don Roi*m*h.
Tucc.

xi. Así [4] do chill chédach,
A Chaoimgin cais cladhaigh,
Roimh Letha gan lathaigh
I ní*ar*thar betha bothaigh.
Le ceithre hairdibh na hEr*enn*
Do badh mia*n* léo tea*cht* 'na cóir
Ar toiscc go hoilithre Caoimhgin,
A ndáil a náon*ach* doróin.
Tucc Caoimhgein leis úir na Romha
Da cur 'na reilgibh go mbuaidh,

---

[1] MS. aír. [2] ll. 33-40 = Ir.$^3$ § 20; cf. Ir.$^1$ §§ 2, 23. [3] ll. 37-40 are cited Ir.$^3$ § 20 as follows:

As mór í oilithre Caoi*mh*ghin
Da ndena*mh* d'aois daoine e go coir;
Ionann tea*cht* fa seacht 'na naonach,
7 dul [an *add* A] aoinfecht do*n* Roimh.

[4] c. xi, ll. 1-52 = Ir.$^1$ § 36; = Ir.$^3$ §§ 21, 22.

'S dogní don glenn caom g*an* ceiltin
Ceall naomh, da cc*r*eidit na sl*úaigh*.
Cethram*adh* port glanta anman*n*
As ferr t*ar* f*air*rge anoir,
Pat*r*aicc is Fion*n* do th*ar*ngir,
Caoimhgin dá chairdibh do shir. |
f. $283^a$ Glend da loch b*udh* lán d'ainglibh,
Glend an chatha chrúadh-chaing*nigh*,
Glenn *ar* na tucc Día dimes,
Glenn as díles don Coimdhidh.
Ard ós gach cill cathair Caoimgin,
C*air*des Laig*en* go Leth Cuinn;
Baile buadhach, reilcceach, ro-g*ar*cc,
Cuanach, coilltech, comh*ar*d, c*r*uin*n*.
Mór tu*ar*usccbail cille Caoimhgin,
T*r*uagh an sgel Gáoid*il* 'ga cnamh;
Roim rathm*ar*, cath*air* na naingel,
Ro-coir do bhend*aigh* a lamh.
An*n* doróin tosach a cráb*aidh*
Suil do lamh[1] í naomh *ar* bith,
'S doróin do ghlend na bfian bfaob*rach*
Ceall i mbiadh áon*ach* n*ar* mion.
Cadhas Laighen aonach Caoimhgin,
Aithes Gáoidel, as caomh gne;
Ge siredh nech an bith braonach,
Máoithnech gach aonach *acht* é.
Gibe dáilfes ní *ar* m'áonach
Ar g*r*adh Caoimhgin, m*ar* as dúal;
Saoghal, *ocus* séun, *is* soraid,
Is nemh fo deiredh a luagh.
Do fág 'ga sgoil manach béil-bin*n*,
*Ocus* ag cleircibh a mhion*n*
A cíos do thionól gan daoirsi,
Ó thucc Dia sáoirsi da chion*n*.
Ni lamht*ar*[2] t*r*oid *ar*an aonach,
Na fogra coire na[3] cert;

---

[1] MS. dol amh. [2] ll. 45–52 are cited Ir.$^3$ § 22 as follows:
Ni la*mh*thair troid a haenach [t. no fuadach A]
Na eag*r*a [teagra A] córach na ceart;
Na fal*adh*, goid na fuadach,
Acht dul slán uatha 7 tea*cht*.
Gidh be do mhillfedh an taonach,
D'faguibh Caoimhghin—nar thlath brígh—
Ifrend 7 girre saoghuil,
As [a *add* A] bheith a mbaoghal rena bhith.

[3] The scribe seems to have written *ma* at first.

Na fala, na goid, na fuadach,
*Acht* dol slán uada is teacht.
Gibe do mhillfedh an taonach,
Do fág Caoimhgin—n*ar* tlaith b*r*igh—
If*er*nn as giorra saogail,
Go brath gan baoghal ni bi.
Na tri buadha[1] fu*air* Caoimhghin
Do sluagh a aon*aigh* moir-mhir,
Nemh, is saoghal, is slainte,
Is fáilte ó Dhia m*ar* do shir.
Mian le Cáoimghein beith *ar* fásach
Re sásadh an aingil gil,
Gur an fo chairrgibh na sgeillicc,
Mor d'áirdibh ele do shir.
Agsi*n* ní d'imt*echt*aib Caoimhghin,
Ní diomdach díbh Dia do nimh;
*Ocus* na haingil 'ga sttíur*adh*,
Is 'gá munad m*ar* do shir.
Is me Solamh, dalta Caoimgi*n*,
Do bi im baoghal 'sa*n* tir thoir, |
M*ar* tainic m'oide dom c̃ab*air*; f. $283^b$
As mor do*n* dom*un* ro shir.

Tucc.[2]

xii. Gidh iomdha[3] na fáccbala
Do fhácc Caoimgin 'na glennaibh,
Se fein *ar* tí a ttárthála
Da gach aoin nech d*ar* cen*n*aigh.
Ni fhuil senc*us* sen ndaoine
Nó 'na feal-daoinibh occa,
Nochan fuil toirt an*n* festa,
Acht gurub seng gas*ta* a roba.
Ni crabhadh na ceileabr*adh*
Doniad cleirigh 'na ccillibh,
Bíd *ar* olcas a ccéille
*Ar* tí a cheile do mhilledh.
Ro lia 'na chill comhaightigh
Nád airchind*ech* duthaigh;
Dochúad*ar* a fíor-bunadh
'S a mhíorbuile *ar* múchadh.

---

[1] ll. 53-60, c. 12, ll. 53-56, c. $12^b$, ll. 1-4, c. 13, ll. 13-36, correspond to Ir.$^1$ § 35; Ir.$^3$ § 23; c. 11, ll. 61-68, c. 12, ll. 1-52, c. $12^b$, ll. 5-32, seem to have nothing corresponding to them in the other lives. [2] The scribe has here repeated by mistake the catchword of the preceding poem, c. 11; it should be *As í*. [3] See p. 136, note 1.

Agsúd buadha is míorbuile
Chaoimghin gan fios a ndiola,
Ó nach m*ar*aitt irisigh
Re hin*n*isin a mbriogha.
*Acht* muna ffagth*ar* sccriophtha
A ccairt i ttiribh oile,
Deimhin a ndol *ar* dermad
I ttermann*n* Caoimhghin glin*n*e.
Meic cleirigh gach naoimh-cille
Ag dol le mion*n*aibh dognath;
Ní m*ar* Caoimgin an glin*n*e
'S a mion*n*a *ar* gluighe go brath.
Ar fáccaibh féin isin saogal
Da miorb*uil*uíb—naomhtha in fath—
Atád na mion*n*a 'ga ttaisgidh,
A ffaghail i naisccidh ni gnath.
Tabh*air* ofrail don m*a*c cleir*ech*,
'Ga ffuilit mion*n*a *ar*a breith,
*Ar* gradh in naoimh móir gan meabail,
'S dogebh*air* admáil it c*r*eich.
Sud diol *ar* mion*n*aibh Caoimgin,
M*air*cc téid da luighe g*an* sgath,
Fágbaid go síor, dá *m*adh éit*ir*,
A sliocht go leittm*ech* *ar* chach.
Mairсc thuilles go hésccaidh[1]
Esccai*n*e ó mhion*n*aibh Caoimhgi*n*,
Muna bfuil tru lena feirde
Dol gan c*air*de do*n* tsaoghal.
Gibe nech *ar*a mbenfaid
Méoir mo mhan*ach* mo mion*n*a,
Gidh flaith fail go folla,[2]
Gidh fer g*r*aidh, gidh giolla ; |
f. 284$^{a}$ Damadh esccaine direch,
Sgarfaidh sí croinn le clochradh,
Da raibe seal na bhioth-cruth,
B*udh* methach nach bia a ro-chruth.
Mo ceall sa da saraighther,
Do rioghaibh b*us* baoghal,
A bpian thall is airite,
Is diombuaine da saoghal.

Gidh iom*dha*.

---

[1] This line is defective; ? Mairсc, ro mairсc thuilles, &c.

[2] This line is defective in syllables and rhyme; I cannot mend it, nor translate the latter part.

xii^b.] 'Gibe[1] eccóir dorin*n*edh,
'Donither, nó dodént*ar*,
'A dioghail tuitid go cert
'*Ar*a nert asa ndent*ar*.'
Caoimgin dorin*n*e an rand sa,
Ní mar fhallsacht dorin*n*e,
D'fagail saoirsi dá bhochtaibh
*Ar* olcaibh gacha linde.
Cádhas do fhácc[sat] Gaoidil
Do Chaoimhgin gan cain, gan cíos;
Ata an chill da ttuccsat saoirsi[2]
'Ga cur fa daoirsi arís.
Tiocfa u*air* do dheiredh dom*ain*,
Gidh damhsa b*us* fodhail tin*n*,
'Na n*air*ccfither mo chill g*r*adach,
Is fúicfidher fo a lán fill.
Rachat sa a ndiaigh na h*air*ccne,
Me Caoi*m*hgin go mét m'*air*ccne,[3]
A rígh ni m*air*fid abus,
Is digeolat a tturas.
Muirfer *iar*sin gan c*áir*de
Iad isin mbeind i n*áir*de,
Maircc do tuill re ndol anon*n*
Giorra shaoghail is if*ern*n.
Gach rí bhrises *ar* ccuman*n*,
'S n*ár* chomhaill damh m*ar* do gheall,
Bíaidh 'ga th*arr*aing it*er* diabhlaibh,
'Sa anam 'ga pianadh tall.
Gach ri rach*us* d'écc fam réir,
Bed sa fein thall *ar*a cion*n*,
Is dodén failte rea anmai*n*
T*r*e cháirdes da naince an ceall.
Gibe.

xiii. Do togh[4] Caoimhgin ceithre gal*air*,
Nocha da c*ar*ait doroin,
Do chengal lucht[a] airrcthe a cille,
Da milledh uile da dhéoin.
Aillsi, is easbadha braghat,
Fíolún fion*n* go niom*a*t lot,
Cuthach, dobheir saoth *ar* slúaghaibh,
Tre buadhaibh mion*n* *ocus* clocc.

---

[1] ll. 1–4 are cited Ir$^3$ § 23, without material difference of reading. [2] This line is too long; ? *om.* 'ata'. [3] *sic* MS., repeated from preceding line; ? m'fheircce. [4] c. 13, ll. 1–12 = Ir.$^3$ § 24.

Agsin na gal*air* gharcca,
Ag nach faghait cerrb*adh* fóss ; |
f. 284$^b$ Gibe *ar*a ttabhratt sin cnedha,
Ni fhoirfitt legha na los.
Spreidh loiscces croin*n* is clocha,
'S coisges muirn gach lon*n*-srotha ;
Fercc Caoimhgin le gach gille,
Bíos ag *ar*gain a *air*d-cille.
Cuirfidh comhartha cille
*Ar* ghein*n*tibh Glinde Giadhail,
A mbeoil si*ar* ara cculaiph,
Ni chél *ar* dhúilibh diabhuil.
As láidir fós an cum*acht*,
Tucc Dia Ath*air* do Caoimhgin,
Do chur na ttroch *ar* merbhall,
Nach tug terman*n* da naoi*m*h-cill.
'San luas na ttreigfitt Gaoidil
Cádus Caoimhgin gan tabach ;
Fuicfid íad go díbl*idh*e
Sech gach Gaoideal go dubhach.
Mairce Gaoideal léicces 'na longp*or*t
C*r*each Caoimhghin in c*r*áb*aidh* c*r*uaidh ;
Tráoth*aid* a rath is a conách,
Téid gach maith *ar* dochnach uaidh.
Dobeir gerr saoghal da ccolain*n*,
'S a nanam don diabhal dubh ;
Gal*air* as nach fagh*ar* slainte
A ccom*air* na g*r*aiscce tug.
Do.

xiv. Do fhergaigh[1] a oide re Caoimhgi*n*,
Fada nach d*er*madtha a fhath,
Ó nach tucc teine go daith-g*r*ind
Cuige le haif*r*in*n* do radh.
Soidhtheach i ttiubh*radh* í cuicce
Do i*ar*r ara oide, 's ni thucc,
'Muna bfagh*air* ionad eile,
'Tabhair let teine it ucht.'
Dorin*ne* *ar* rádh a oide
Caoimhgin tre búidhe, *ocus* tucc
Chuicce, o n*ar* sccuir da g*r*íos*aigh*,
A lán do ghríos*aigh* 'na ucht.
Ise dochuir tes 'san teine,
Fesda na ceilidh *ar* cách,

---

[1] c. 14 = Ir.$^3$ § 25 ; cf. Ir.$^1$ § 29 ; M § 5 ; S § 4.

An taingel tainic da chosnamh,
’S do ainic *ar* losgadh an snath.
‘Riotsa do eist, is ni riomsa,
‘As t*us*a as andsa le Día;
‘Atáoi lán don Spior*u*t Nao*m*tha
‘Meisi re[t] taobh sa ní bía. |
‘Derbh go ffuil, mar do shaoiles, f. 285$^a$
‘Do g*r*ádh go díles ag Día;
‘O nach ionan*n* réim d*ar* naomh-dail
‘Ni bhem i naon áit ni as siá.’
In*n*raic treorach[1] do Caoimgin
Gurb he a eolach aingel Día
Idir ló *ocus* oidhce,
Da breith ’sa righ-brugh ’na mbía.
Ro b*udh* é tosach a shiubhail,
Caoimhgin, gan pud*ar*, gan céilcc,
Dochuir Dia an taingeal da cobh*air*
’S do ainic e ar fogail ’s *ar* feirg.

Do.

xv. E féin[2] la da ndeach*aid*
Caoimhgin lea cháoiribh ar sliabh,
Ticc chuicce buiden do bo*cht*aibh
Ag dol do ghorta gan biadh.
M*ar* tangatt*ar* chuicce, accedóir
I*ár*raitt déirc *ar* g*r*adh Dia,
Do fhrecc*air* Caoimhgin go háiseach,
Nach raibhe aige ar fásach biadh.
Triallait imtheacht go hoban*n*,
*Ocus* gan anmhain re fóigh,
Do fhasd re ccuid, diadha in acfaing,
’S tucc biadh go f*air*sing doibh.
Tucc na seacht muilt dona b*ocht*aibh
Caoimhgin, gan locht ara réim;
Nir teirce an tred rea n*air*emh,
’S do thesruicc Dia `*ar*' n*aire* e fei*n*.

xvi. Gach aonla[3] g*us*na mancaibh
Dobhrán becc—mor a shoirbhes—
I cill Ifin[4] gan g*ro*ddál
Tucc bradan c*ar* an[5] ch*ar*gais.
Ó ’tchí Ceallach an dobrán,
Is bradán leis don coitcion*n*,

---

[1] Altered from *eolach*. [2] c. 15 = M § 9; S § 2; Ir.$^1$ § 30; Ir.$^3$ § 26.
[3] c. 16 = Ir.$^1$ § 31; Ir.$^3$ §§ 27, 28. [4] Here there is a marginal note: *forte* Aiffin. [5] *sic* MS.; ? cárna corgais.

Do smuain gur bo maith don chill,
Da nd*er*ntaoi sging do*n*[1] croicion*n*.
Tucc sgáiledh *ar*na naomhaibh
Anní do aont*aigh* Ceallach;
Do threic oshoin an dobhrán,
Nach tucc bradan don manach.
Admhais Ceallach a chionta
Dona sáoithibh sáir-ghlioca,
Da eis si*n*, gidh c*r*uaidh an breth,
Dochuir Caoimgin uaidh Ceallach.
Gach.

xvii. Doroine[2] Caoimgin cur rathm*ar*
Da mhancaibh ara bfeab*us*,
Da saoradh fein ar naire,
Is ar cainedh na namhas. |
f. 285$^b$ An siol[3] do chuiredh a moch t*r*ath
hI cCill Iffín—diadha an rath—
As de go neimh-crion 'san oidhche
Do bhiathad na saoithe faseach.
Mo as aimhglic an lu*cht* senma,
N*ar* an ag Caoimgin re fóigh;
O nach fu*ar*att*ar* biadh urlamh,
Feimdhit anmhain 'na chóir.
Doroine Caoimhgin clocha
Do cran*n*aibh ciuil na nguth *m*bin*n*,
Is tucc brón *ar* lu*cht* a senma,
Dorin*n*i *air* diomdha, nar thuill.
Easbad*ach* do lu*cht* na senma,
N*ar* an go fosaidh rea saith,
Atad a ccroin*n*, ní m*ar* off*r*ail,
'Na cclochrán fo cosaibh cáich.
Nocha thucc doibh fuagra diult*aidh*,
*Acht* iad féin d'imte*cht* da ndéoin;
Maith do fóir sin Caoimgin *ar* n*air*e,
Is adhb*ar* g*air*e doroi*n*.
Doróin.

xviii. Dochuir[4] go Caoimghin da baistedh
Deigh-righ O fFaolai*n* a mhac,

---

[1] *no* da, interlined. [2] c. 17 = Ir.$^1$ §§ 32, 33; Ir.$^3$ §§ 29–31. [3] ll. 5–8 are cited Ir.$^3$ § 31 as follows:

An siol docuiredh amach trath, [d. la Caoimhghin A]
A cCill Eithfinn, [budh *add.* A] dia*dha* rath,
As dé go neimhchrion 'san oidche
Do bhiath*adh* saoithe [biathughadh an soithe A] fasech.

[4] c. 18 = M § 31; Ir.$^1$ §§ 27, 28; Ir.$^3$ §§ 32–34.

'S da beith aicce m*ar* dhalta,
Chuicce rob é a mían a thea*cht*.
Ni rabhatt*ar* ba nád buailte
Agan lucht do bí 'san nglend,
Da bfuighdís bain*n*e don dalta,
Do bai gain*n*e lachta an*n*.
Dochon*nair*c Caoimgin an eilitt
*Ocus* laogh becc lena cois,
Doghuidh Dia do leith a lachta
Do tab*air*t a dhalta ass.
Tainic an eilitt don baile
G*us*an manach, m*ar* n*ar* clecht,
Tucc don laogh blaith is da dhalta
A saith fein lachta go cert.
Do thaladh a loim go hiomlán
*Ar* cloich thuill, go beith lan de,
Isé ain*m* an ionaid go cin*n*te,
Inis Eillte, osin alle.
La da ttainicc asin cc*ar*raicc,
Gid fada, g*air*itt dochuaidh,
Do marbh an lom-trú con millte
Aon-laogh na heillte, 's aduaigh.
Doronadh le Caoimhgin miorbuil
*Ar*an ccoin, ger gránda a lli,
Dochuir fan eilit dariribh
An mac tíre i náit in laoigh.
Do anadh an eilit go fosaidh,
'Sa manach naomhtha rea taobh,
Is an mac tire *ar*a bhelaibh,
M*ar* do bheith ag tál da laogh. |
Cáoineocc ban-cum*acht*ach sithe f. 286$^{a}$
Do len mac an righ anall;
Ata 'sa ban*n*t*r*acht 'na cclochaibh
Tall os cion*n* locha na cceall.
An táos sithe rucc a clan*n*a
An righ si*n*, *gér* tend an tuir,
An ghein da bhaisttedh go Caoi*m*hghi*n*
T*r*e ceist an tsiodha docuir.

Do.

xix. Cind[1] an dá bhan *ar* a ccolain*n*
Caoimhgin go foll*us* dochuir,
Tucc slán íad ó ég go beth*aid*
Ger lán an tachadh *da* bfuil.

---

[1] c. 19 = M § 11; Ir.$^1$ § 34; Ir.$^3$ § 35.

'A Caoimhgin, tainic go hescc*aidh*
'D'*ar* mb*r*eith slán o bás do rin*n*,
'Bem dod reir an seal m*air*fem,
'Riot nocha sc*ar*fa*m* ré 'r lin*n*.'
Rucc Caoimhgin beo do*n* bhaile
Na mná d*ar* benadh a ccin*n*,
'S doróin dibh caill*ech*a dubha
C*r*aibhtecha, cub*dhe*, 'na chill.
M*ar*sin do fhóir an fhiongail
Doronsat biodb*ai*d 'na chill;
T*ar*éis a bfu*ar*at*ar* d'olcuibh,
Do tháith rea ccorpaibh a ccin*n*.
Cind.

xx. Atcí[1] Caoimhgin cubaidh cuimnech
Cleir*ech* bo*cht*, gerb olc a lí,
Ag tea*cht* 'na rith t*ar*na c*air*rgibh,
A guth *ar* b*arr*-c*r*ith do bí.
Do athain Caoimhgin guth an peac*thaigh*
Gion go ffac*adh* roimhe riamh;
Tucc aithne dherbh *ar*a dhran*n*tán,
G*ur* m*ar*bh a co*m*pa*n* 'sa sliabh.
'A cleirigh, nar loc an fhiongal,
'Ni hiongnadh gidh olc do dealbh,
'Beir eolas d*am*h g*us*an alltán,
''N*ar* fhagbhais do compan m*ar*b.'
Muna thís*edh* Caoi*m*hgin fa*n* am soi*n*,
Do iostais coin allta a chorp;
Anam 'san m*ar*bh m*ur* tánaic,
As d*er*bh g*ur* slán*aigh* a lot.
Uime fu*air* Caoimhgin a tor*adh*,
Do fhoir *ar* conaibh, g*er* borb,
Rucc da tigh—rob sén soraidh—
'S doní dibh man*aigh* i nord.
An chéd u*air* tainic t*ar* sliabh,
'S do fhan go diamh*air* fá dláoi,
Caoimghin, ba stor gleic 'sa*n* sgeillic,
Mor d'iongantaibh an*n* atchi.
Atchi.

xxi. Tortha[2] is slainte do dháoinibh
Do faccaibh Caoi*m*hgin 'na cco*mair*;
Gibe nech g*us*a roichfid,
Ní cían go fiuighbhe cobh*air*.

---

[1] c. 20 = Ir.$^1$ § 24 ; Ir.$^3$ §§ 36–38 ; cf. M § 38.

[2] There are no numbers in the MS. to this and the following poems. c. 21 = Ir.$^1$ § 25 ; Ir.$^3$ § 39; cf. M § 34.

Sméra dubha 'sna fuighlibh,
Ubhla craoibhe na soilech,
*Ocus* buin*n*éin do*n* ch*arr*aic,
Ícas galair gan fuireach.
M*a*raid sas—mór an míorbal—
Atá go minic '*ar*na dherb*adh*,
Sméra dubha do bhunadh
Geines ar cairrgibh garbha.[1] |
Ni faghtar iad 'san am soin f. 286$^{b}$
I nairdibh oile an tsaogail,
Buin*n*ein ag fás *ar* clochaibh,
*Acht ar* b*r*uach locha Caoi*m*hgin.
Tucc Dia gan ceilt do Caoimhgin
D'fás 'na *cai*rgibh 'sa*n* ngeimhr*iudh*;
Dar lem as adhbar failte,
Toirthe is slai*n*te do dhaoinibh.

xxii. Ba lór[2] luaithe an tuirc allta
Is coin 'ga glamadh la coidhce;
M*ar* tainic u*air* a bhaoghail,
Dochúaidh *ar* caomhna Caoimhghin.
Doni Caoimhgin go soraidh
*Ar*na conaibh accédoir
Cengal a mbon*n* don talmai*n*,
Siad a lenmai*n* nír e doigh.
M*ar* ticcedh lu*cht* an fiadhaigh
D'iarr*aidh* a ccο*n* do ghlendaibh,
Iongnadh leo, 's gan a mbás-ghoin,
Créd na sása lér cengail.
Fa hiongn*adh* mór léo an miorbal,
Dob iongn*adh* mór *ar* dhaoinibh,
Muc allta, *ocus* í i mbaoghal,
Do dhol *ar* caomhna Caoimhgin.
'Sccaoil d'*ár* cconaibh, a Chaoimhgin,
'T*ar*éis *ar* ndiola úaithe,
'Sin accatt fein gan forrach
'An cullach'; fa lór luaithe.
Ba.

xxiii. 'A mhanaigh[3] úd, créd an focan*n*
'Fil accat oruin*n* go dron?

---

[1] Here there is a marginal note: Atu tuirs*ech*, gio*n* gub iongn*adh*, i.e. I am weary (*or* sad) and no wonder. It happens to make an octosyllabic line, and I thought at first that it was part of the poem.

[2] c. 22 = M § 19; Ir.[1] § 26; Ir.[3] §§ 40, 41.

[3] There is evidently something wanting here, though there is no lacuna in the MS. This c. 23 contains only the latter part of the story of the deceitful women and the cheeses which is complete in Ir.[3] §§ 42, 43.

'Nocha máothla so, acht oigdhe
'Ata again*n* *arar* muin.'
Ceilter leisna mnáibh na máothla
*Ar*an naomh, gér báoth in dail,
'S doní Cáoimhghin don bán-g*r*uth
Clocha, mar taire *ar*na mnáibh.
Fa maith le Caoimhghin si*n* d'faigsi*n*
Beith da cheilt, nír mhaith in fáth,
Atád 'na cclochaibh na mulcáin
'San tulcán ar comhair cáich.
Don lu*cht* oibre do mes Ceall*ach*
A ccenn*ach* *ar* airget glan,
Fa diomdach Caoimhgin da ff*r*ecc*r*a
'S do diogail taccra na mban.

A manaigh.

FINIS.

xxiv. I cCaislen Caoimghin laimh le Glenn da lacha i ccuicc*edh* Laighen i mbaile Fiach*ach* í Tuathail do scc*r*iobadh na laoithe so da ngoirter Betha Caoi*m*gi*n* asan leab*ar* do scc*r*iobad d'Fiach*ach* úa Tuathail, 7 as seinleab*ar* *a*rsanta ele le Domnall mac Donnchada í Cuilemhain ; 7 as follus do lu*cht* a leghtha go bfuilit go salach, ge n*air* *da*mhsa sin d'admail do taoibh mo coda fein. I cconueint na mbrath*ar* mbocht do scc*r*iob*ad*h so andara fe*acht* ag D*ro*baois, $6^{o}$ Dece*m*b*er* 1629; an br*athair* Michel ro sg*r*iobh.

# Beatha Caoi[mh]ghin Glin*ne* da lach sun*n*

**do reir mar sgriobh manach fa disciobal do féin (dar ainm Solamh).** i. 7[1] sg*r*iobhthar anso i maill friomsa, Aodh ó Dal*aigh*, an taon*madh* lá fiothchad do mi Ienar*edh* an*n*o Dom. 1725° a *m*Baille Atha Cliath.

i. (1) Earlamh[2] uasal, oireaghdha, cobhsuidh, c*r*aibhtheach, cáomhduthr*acht*ach, iodhan, aoint*ech*, urn*aig*theach, bri*ocht*-ghlan, ben*n*uighthe, dar ain*m* Caoimhghin. Tainig[3] do rio[gh]-fhuil uasuil ord*er*c Dhal *m*Beisenchorb, m*i*c Concorb, m*i*c Mogha Chorb, mic *Con*chubh*air* Abhrad-ruaid, mic Fin*n*-fil*edh*, mic Rosa ruaidh, mic Fearghasa fairrge, m*i*c Nuadh Nea*ch*t, m*i*c S*et*na Sioth-bhaic, m*i*c Luighdhech Leith-fhinn, mheic Breasu[i]l bhric 7c.

(2) Agus[4] asé an Caoimhgin sin do beanuigh[5] a nGlion *da* loch a Laighnibh, a samh-mhuigh Caoimhghin; ag*us* do bhi do naomhth*acht* Caoi*mh*gin n*air* mhoth*aigh* a mhatha[i]r re[6] lin*n* a bhreith[e] doigh na diachair, na tin*n*cas[7] uaidh; 7 iarna bhreith cuirther mná leis d'fios Cronain naomhtha dia bhaisd*edh*[8]; 7 '*ar m*beith dona mnaibh ag triall léisin leanbh go Cronan, taisbean[a]s aingeal é féin dóibh, 7 dub*air*t ríu a thab*air*t fadera ar Cronan Caoimhghin do thab*air*t d'ain*m air*; 7 már rainig[9] do lathair Chronain, do ghabh an leanbh 'na lamhuibh, 7 baistt*er* leis é, 7 tug Caoimhghin d'ain*m* fair | ar p. 147
fhuralæa*mh* a*n* aingil; 7 no*cht*as dona mnaibh, g*ur*ab é sin fa hain*m* dileas dho do thoil 7 d'ordughadh Dé, amhuil adeir Solamh an manach fa disgiobal do Chaoimhghin, lér sg*r*iobadh an beatha sa[10]:

R*ann*. As é[11] an tain*m* do dhealbh Día ar ni*mh*,
Bhias[12] aig leanm*ain* don naoidhin;
Smuainidh, a mhna f*r*easduil[13] ghloin,
G*ur*ab é ain*m*[14] baisde, Caoi*m*ghin.

Ag*us* adeir an ughdar c*et*na g*ur* thaisbeanadair *dha* aingeal deag thainig do nemh[15] íad féin go ttap*ur* loin*n*r*each*[16] a la*mh* gacha haingil diobh[1] do Chronan ré lin*n* a[2] bheith aig baisd*edh* Chaoi*mh*ghin do; aigso mar adeir an Solamh c*et*na:

---

[1] MS. et.
[2] = M § $1^{a}$; S § $1^{a}$.
[3] From here to the end of the pedigree is omitted by A.
[4] = M § $1^{b}$; S § $1^{b}$; Ir.$^1$ §§ 7, 8; Ir.$^2$ c. 2.
[5] MS. beanuighe.
[6] le A.
[7] ar bith *add* A.
[8] 'chum a bhaisti A.
[9] dorangadar A.
[10] A omits *sa*.
[11] From Ir.$^2$ c. 2, ll. 33–36.
[12] a bhias A.
[13] an frestail Ir.$^2$
[14] a ainm Ir.$^2$
[15] thainig do nemh *om.* A.
[16] loinerda A.

R*ann*. Dha aingeal deag[3], mar badh cóir,
Doch*u*[i]*r* Día anuas[4] 'na onoir;
As tapar[5] go lasair a gloin[6]
Do bhi a laimh gach aon aingil.

(3) A ndiaigh[7] an bhaisdthe *immurro* beirid na mna Caoimhghin léo gusan raith a rugadh é, 7 as Raith an Tobair ghil g*airmh*th*er* don raith sin, 7 do leasoigh[8] an*n*sin é se*cht* mbliadhna[9]. Gidh *edh* as ionchuirthe a nionguntas[10] *'ar m*beith ar chioch*aibh* a mhath*air* dhó, nach ibheadh gach aoine 7 gach la troisgthe é[11] iad, a*cht* aoinfe*acht* amhain, 7 si*n* u*m* t*r*ath nona. As iongnadh fós an raith úd[12] ina rugadh é n*ach* co*mh*nuighen*n* snea*cht*a uirre g*an* leagadh go hoban*n*[13].

ii. (4) Iar ccaithemh iomorro sea*cht* mbliaghan dó, docuiredh da fhoghlui*m* 7 *da* bheas-munadh a bfochair coimhthionoil manach é, gur chaith ath*aidh*[14] fhada dhá ai*m*sir eattorra; go ttainig a naois a bheith[15] 'na shag*ai*rt, 7 iar nglacadh gradh neaglais*da* dhó, do smuain |
p. 148 ina meanmuin an saoghal 7 caidreabh[16] na ndaoine do t*re*igeadh[17]; 7 beatha uaign*ech* dithreabhach do thab*airt* aran[18] aigein fhasaigh, no a nallt*ur* roi-dhiamhair ionnas nach biadh roin*n* risi*n* saoghal ar chor[19] ar bhioth aige.

(5) Ré[20] ttriall do, tainig aingeal *dá* co*mh*forta*cht* ler t*r*eorug*adh* é gusna carg*i*bh ata don leith thiar don da loch ata[21] a nGlion*n* da loch, 7 g*an* do bhiadh aige a*cht* cnuasach na coille 7 luibhena talm*an* 7 fior-uisge mar dhig[22]; ag*us* ní bhiodh do leabuidh aige a*cht* cloch-chearchuill fana che*n*d, 7 leac faoi, 7 leac do gach leith dhe, 7 ní bhiodh boith[23] osa chion*n*; 7 fos as croicne beathadhach nalta fa headach dhó; 7 dotheigheadh go minic don sgeilg[24] agus don uai*mh* dá ngoirth*er* leaba Caoimhghin; 7 é aig guidhe[25] go sior-guidhe Dé go diograiseach.

(6) *Agas*[26] do thilledh assin tarais fan ccoil da ngoirther Caol Faidhe ata don leith thuaidh don loch; 7 do bhiodh sealad fada 'san loch go crios[27], ag rádh a thrathe, seal 'san ló, 7 seal 'san oidhche, 7 do chaith

---

[1] The words 'go ttapur . . . diobh' are inserted by A after the words 'Caoimhghin do'. [2] *om.* T. [3] From Ir.$^2$ c. 2, ll. 25–28. [4] aniar Ir.$^2$ [5] óir *add.* Ir.$^2$ [6] a lasair nglan A. [7] §§ 3, 4 = Ir.$^1$ §§ 9, 10$^b$; Ir.$^2$ c. 3, ll. 27–36, 41–56. [8] 7 do h[o]ileadh *add.* A. [9] secht mbliadhna *om.* A. [10] ionchuirthe iongantach A. [11] nach i. se aoine no la t. ar bith A. [12] úd *om.* A. [13] tobanta A. [14] sealad A. [15] anios ina bheith A. [16] caidreamh A. [17] threigint A. [18] ar *om.* A. [19] aon-chor A. [20] 7 'ar A; § 5 = M § 6; S § 5; Ir.$^1$ § 11; Ir.$^2$ c. 3, ll. 57–88. [21] MS. ata a. [22] aige *add.* A. [23] no arus *add.* A. [24] don sgreig-sgeilg A. [25] This word is very uncertain; A omits 'guidhe go', probably rightly. [26] = Ir.$^1$ § 13$^b$; Ir.$^2$ c. 4, ll. 17–24, c. 5, ll. 1–8. [27] gonuige a chrios A.

sea*cht* mbliaghna aran ordug*udh* sin a nuaigneas o chaidreabh daoine[1], amhuil ad*eir* Sola*mh*[2]:

R*ann.* A sea*cht*[3] fa diamruibh dluithe[4]
Do bliaghnuibh go mblaithe[5]
Do[6] re taobh a[7] thuaithe
Gan bhiadh a[8] cCáol Faithe.

iii. (7) Agas[9] 'ar *m*beith seal fada 'san rio*cht* sin dó, tarla go ndeach*aidh* deir*edh* oidhche snea*cht*a (amhuil ro cleachtadh) 'san loch, ⁊ lé cantuin a psalm dhó, tuitios a | psaltair 'san loch, go ndeach*aidh*[10] seal p. 149
ré fana[11], ⁊ tainig an taingiol d'a cho*mh*forta*cht*. Leissin tainig an dobran, ⁊ tug a leabhar 'na beol chuige; ⁊ dub*air*t an taingiol ris, theachd a ccaidreabh na ndaoine, ⁊ gan bheith aga ceilt fein ortha ni as sia. *Agus* tillis sin an[12] dit*r*eibh anfhasaigh[13], mar a ccleachtad bheith roimhesin, ⁊ do bhiodh aga diothladh ⁊ aga disliughadh féin a sgailpibh cairrag[14] ⁊ a gcuasuibh[15] ath*aidh*[16] fhada marsin.

iv. (8) Tarla[17] fan am soin brugh*aidh* boicheadach[18] a Laingnibh láimh risin ngle*n*d ina raibhe Caoimhghin asan Midhe ar cuairt bhuailltechuis, ⁊ asé fá hain*m* don bru*ghaidh* sin, Dioma m*a*c Fergna, ⁊ mar do th*air*ngir Padruig (cían ré mbreith Caoimhgin) go ttiocfadh a shamhuil do náoimh an[n] lé mbean*n*ochthaoi a nGlionn da loch; ⁊ do dheonuigh Dia, gur é an Dioma c*et*na fu*air* é, 'ar mbeith dó féin aga cheilt ar dhaoinibh, amhuil adubhramar roimhe.

(9) Agas ase modh ar *air*frioth é .i. airghe do bhuaibh Dhioma do bh*eth* ag inghilt aran ccoill ina raibhe Caoimhghin aga cheilt féin; ⁊ fu*air* bo dona buaibh doigh[19] *ar*an ccuas ina raibhe an naomh, ⁊ é ghá cho*mh*fort*acht* agan naingeal, agas gabhas an bho ag lidhe a chós feadh an láoi, ⁊ um thrath nona, 'ar tte*cht* do bhaile maráon risna buaibh oile dhi[20], do c*r*uith*idh*e[21] oir*et* bain*n*e uaithe agus dogheibhthi do la*cht* o leath na hairghe; ⁊ g*ach*a mhionca dothéidis an airghe fan ccoill sin, do theigh*edh* an bo c*et*na do lidhe chos Caoimhghin; agas iar ttea*cht* don bhaile um noin di, dobh*eredh* samhuil an la*cht*a c*et*na[22].

v. (10) Mar dochon*nair*c[23] Dioma go líon a mhuin*n*tire sin, do ghabh

---

[1] na nd. A. [2] isan rann *add.* A. [3] From Ir.$^2$ c. 4, ll. 17–20. [4] go dluith A. [5] go mblaoid A. [6] duit Ir.$^2$ [7] do Ir.$^2$ In A the line runs: don leith thuaidh a taob. [8] acht Ir.$^2$ [9] = Ir.$^1$ § 14; Ir.$^2$ c. 5, ll. 9–24; against this section is written in the margin of T · miorbal, 'a miracle'. [10] T writes the words 'psaltair . . . dechaid' twice over, at the bottom of p. 148 and at the top of p. 149. [11] le fanadh A. [12] = on. [13] dithreabadh an fasaighe A. [14] *cair*rgech A. [15] crainn gur chaith *add.* A. [16] sealad A. [17] §§ 8, 9 = M § 7$^a$; S § 6; Ir.$^1$ § 15; Ir.$^2$ c. 6, ll. 1–16. [18] go raibh duine aithride A; which differs a good deal in its phraseology just here, and omits the 'cuairt bhuailltechuis'. [19] eolus A. [20] dhi *om.* A. [21] do bleagnudh A. [22] uaithe *add.* A. [23] §§ 10–13 = M § 7$^b$; Ir.$^1$ § 16; Ir.$^2$ c. 6, ll. 17–52.

ma*cht*na meanman, ⁊[1] iongnad adhbhal-mhór é féin ⁊ cach[2]; ⁊ adub*air*t
p. 150 re buachuill na mbo coimh*ét* agas | lorguireacht mhaith do dhéna*mh* aran mboin arnamharach, go bhfeasadh cía an leith do*n* choill araibhe an inghillt shochrach, ó bfaghadh an bhó an lacht líonmhar dobheir*edh* uaithe.

(11) Dala an bhuachalla, cuireas ná ba arnamharach fan ccoill ina raibhe Caoimhghin, ⁊ leanuis an bhoin sin go réim-dhireach, go rainig an bhó an[3] cúas ina raibhe an náomh Caoimhghin, ⁊ tig an buachuill do lathuir 'na dhiaigh; ⁊ mar dorainig do lathair Caoimhgin, as amhluidh fu*air* e, go hanbhfan*n* eugcruadh, go*n* a[i]rb*r*eith dhó[4] aisdear na imthea*cht* do dhena*mh*, '*ar*[5] *m*beith da bh*r*igh chorparda 'arna breoghadh[6], tre iomad *cr*abh*aidh* ⁊ ciorrbuidh cuirp le troisgodh ⁊ le hurnuighthe, ⁊ le luighe *ar* leacuibh loma, ⁊ gan boith na bealsgath osa chion*n*.

(12) *Agas* le faicsin an bhuachalla dhó, biodhig*us*, ⁊ iarruis mar athchuingne air, gan a no*cht*ad do neach 'san bhioth, é féin do bheith 'san chuas si*n*. 'Ní eadui*mh* sin', ár an buachuill, 'ó frioth leam thu[7], agas an bhó so Dhioma ag t*eacht* dot fhios[8] gach áon lá chug*at* ag*us* uait, ⁊ go raibhe d'fiachuibh oram féin an mboin do leanmhuin[9], go bhfeasuin*n* cr*et* da ttainig an la*cht* lionmh*ar* dobheir uaithi', amhuil adeir Solamh 'san ran*n* *ar* taobh thall[10]: |

p. 151 'Tareis[11] bhó[12] Dhioma', ar an buachuill,
'Ag te*cht* uait 'sad dail[13] 'san ghlend
'Do cheilt[14] ni fhuil ar mo[15] chumas,
'As tú ar th' faicsin[16] go follus leam[17].'

vi. (13) A ra*cht*[18] don bhuachuill tarais do lathair Dhioma, do thogair a*n* nao*mh* do cheilt; ⁊ gabh*us* fearg Dioma léissin, ⁊ tug fadera[19] a*n* buachuill do cheangul a ccuibhreach dhocruidheach[20], gur fhaisneis dó mar fúair Caoimhghin[21] a ccuas c*r*oin*n*, ⁊ 'arna chlos sin do Dhioma, gabh*us* luthghair mhór é, ⁊ dab*air*t réna chloin*n* crothar[22] do dheana*mh*, go ndeachdaois a ccuin*n*e an náoimh, ⁊ go ccreidthi léo[23] dhó;

(14) ⁊ gurab é[24] do thairrngir Fionn cían roimheshin, do bean*n*och*adh* 'san ait sin; ⁊ ollmhuighth*er* an croth*ar*[25] léo; ag*us* t*r*ialluid

---

[1] machtna m. ⁊ *om.* A. [2] tre mheadh an lachta dogheabhadh uaithe *add.* A. [3] agan A. [4] gan air a chumas A. [5] *air* T. [6] ⁊ 'arna claochlodh *add.* A. [7] ó dofuaras thu A. [8] dot fhios *om.* A. [9] aniu *add.* A. [10] A omits the words ''san rann . . . thall' because in that MS. the verse is not 'on the next page'. [11] From Ir.$^2$ c. 6, ll. 33–36. [12] teccaidh bó Ir.$^2$ [13] ag dol chugag is uait A; which prints the quotation as prose. [14] beith dot cheilt Ir.$^2$ [15] mo *om.* Ir.$^2$ [16] ar nád tfaicsin Ir.$^2$ [17] ann Ir.$^2$ [18] *sic* T; read probably: 'A[r] racht[ain]; acht cheadhna (*sic*) *air* ttea*cht* a bhaile A. [19] ⁊ d'orduigh A. [20] dochrach A. [21] cionnus mur do tharlaidh C. leis A. [22] crochar A. [23] ccreidfidis A. [24] = M § 25$^a$; Ir.$^1$ § 17; Ir.$^2$ c. 7, ll. 1–28. [25] crothchar A.

rompa, go rangad*ar*[1] tresan ccoill, Dioma 7 a chlan*n*, go ccroth*ar* léo, g*ur* th*r*eoraigh a*n* buachuill íad gusan ccuas ina raibhe an naomh; 7 '*ar m*b*eth* don choill ro-aimhreidh dluith[2], iarras Dioma ar Chaoimhghin Día do ghuidhe fa bhealach do reith*tech*[3] 'san choill; 7 do gheruidh Caoi*mh*gin ara ghuidhe go Dia, aga iarruidh *air* bealach do reidhiughadh reampa, le bf*et*fadaois an chlan*n* si*n* Dhioma é fein d'iomchar gusan ngle*n*d, mara raibhe a bhara faoi, eaglais 7 ionaid comhn*aidh*e[4] do dhenamh dhó féin; 7 claon*us* an choill do g*ach* leith, go ndearnadh bealach socar, so-imth*echt*a thrithe; 7 leissin togbhas Dioma 7 a chlan*n* Caoimhgin 'san chrothar léo, | 7 as a*mh*luidh do p. 152 bhaoi an taingiol ag claonadh[5] na coille roimh an cc*r*othar, 7 an choill aig eirghe ina halt féin d'eis an naoimh, go rangad*ur* ar lar an ghlean*n*a, ait a bhfuil teamp*u*ll Caoi*mh*ghin aniugh.

vii. (15) Tarla[6] dhá mhiorbhal fan am suin[7] do dhis do chloin*n* Dioma. Fer dhiobh, dar ainm Dioma og, lér heimdh*edh*[8] dul faoi an ccroth*ar*, oir adub*ar*t nach ttreigf*edh* a sheilg ar iomchar chrothair Chaoimhgin, 7 iar cceileabr*adh* dá athuir 7 da bh*r*ath*r*ibh[9], ní cían dochuaidh an tan do ghobh *con*fadh[10] na coin do bhi aige, 7 lingid[11] air féin, 7 m*ar*bhuid, 7 ithter léo é. Andara miorbhal .i. mac oile do Dhioma, dá ngoirrthe Ceallach, dochuaidh fan ccroth*ar*, 7 do c*r*eid do Chaoimhghin; 7 'ar mbeith ag t*r*iall trésan ccoill fan ccroth*ar* dhó, tuites faoi, 7 linges[12] a ana*m* go hoban*n*[13] as. Biogas Dioma 7 a chlan*n* leissin, 7 gabhas tuirrsi mhor iad.

(16) Mar do*con*nairc im*morro* Caoimhghin anní sin, do gheruidh *ar*a ghuide go Dia, 'gha iarr*aidh* air Ceallach dh'aithbheoghadh, 7 eistd*er*[14] lé Dia[15], go ttug*adh* Ceall*ach* ó bhás go beathuidh. *Agas* bron*nus* Ceall*ach* é féin do Chaoimhghin tresan miorbhal sin; ag*us* do i*arr* maran cc*et*na ara athuir, 7 ara bh*r*aith*r*ibh, umhla ag*us* onóir do thab*airt* do Chaoimhghin, feadh a ré, 7 gabhuid sin ortha fein. 'Gloir do Dhia', *ar* Caoimhghin, 'mar dochuir se sibhse (ata ar deor*aidh*e*acht* asan Midhe) do*m* fhreasdal sa 7 dom fritholamh; 7 dobheirim mo bheaneacht duitsi, 7 dot chloin*n*, a Dhioma', ar se. |

viii. (17) Do ghabh[16] Caoimhghin ré nais tré chruas crab*aidh* gach p. 153 corgh*us* do dhenamh a ccró caolaigh[17], 7 leac ghlas mar leabuidh faoi, 7 as é ceól na nai*n*geal do budh proin*n*[18] dó; 7 do chaith*edh* caoicios[19] ar mhí marsin. Ag*us* corghas da raibhe[20] amhl*aidh* sin, tainig lon on choill don chro, ⁊ toirlingis ara bhois, ⁊ é ’na luighe aran lic, ⁊ a lamh sinte uaidh amach; ⁊ congmhuis a laimh marsin, go nderna an lon nead in*n*te, ⁊ go ttug enlaithe amach.

---

[1] Phrased rather differently in A. [2] 7 na bfuigheamh siad an crothchar imchar tara aisi *add.* A. [3] reidhte*cht* A. [4] comnaidhthe A. [5] claochlodh A. [6] §§ 15, 16 = M § $25^{b,c}$; Ir.[1] §§ 18, 19; Ir.[2] c. 7, ll. 29-52, c. 8. [7] sin A. [8] diultuidhead A. [9] deirbh-bhrathribh A. [10] 7 mormire A. [11] ionnus gur leimead*ar* A. [12] limus A. [13] tobanta A. [14] MS. eis*der*t. [15] 7 d'eist Dia lena guidhe A. [16] §§ 17, 18 = Ir.[1] § 20; Ir.[2] c. 9, ll. 1-24. [17] a cCaol faidhe A. [18] bhetha *add.* A. [19] caoicios *om.* A. [20] Acht cheana, corghas airidhe da raib se A.

(18) Tig an taingeal da éis sin dfios Caoimhghin, ⁊ adubhuirt ris tea*cht* asan bpean*n*uid ina raibhe[1], ⁊ a theacht[2] a ccaidreabh na ndaoine aris. Do raidh Caoimhghin gur bheag an phian do féin a lámh do bheith fan lon, go tab*air*t a líne amach, seach an bpian d’fuling a Thigerna ara shon; do réir m*ur* adeir Solamh ’san ran*n* sa ag faisneis bhriath*ar* Chaoimhgin:

R*ann*. Farior[3]! an[4] phían as mo an[5] chomaoin
Mo lámh m*ur* loman fa*n* lon[6],
Fuil a ghlac, ’sa thaoibh, ’sa t*r*oighe[7],
Do dhoirt rí nimh[8] ar mo shon.

(19) Tairisin[9] tug an taingeal air Chaoimhgin techt asan ccro, ⁊ nocht*us* do gur geall Día[10] nar baoghal[11] do guais an bhreitheamhnuis na an b*r*atha[12], gunadh uimesin adeir Solamh an ran*n* so:

R*ann*. Tug[13] Dia cum*acht*a do Caoi*mh*ghin,
M*ar*[14] thug do g*ach* naomh *ar* bhioth
’San b*r*ath beith[15] ten*n* ar[16] dhaluibh
M*ur* a beid[17] cl*ann*[18] Adhuimh ar crioth. |

p. 154 ix. (20) Docuaidh[19] Caoimhghin do dhena*mh*[20] oilit*r*e don Roimh. Fuar cadh*us* ⁊ onóir on phapa, ⁊ fos fuar cu*mhacht*a turus oilit*r*each do bheith a *n*Glion*n* dá loch do shíor, ion*nus* gomadh ionan*n* loghadh ⁊ soch*ar* dontí do dhena*mh* se*acht* tturuis a nGlion*n* dá loch, ⁊ dontí do dhena*mh* aon turas don Roi*mh*. G*ur*ab uimesin adeir Solamh an ran*n* so:

R*ann*. As mór[21] í oilithre Chaoi*mh*ghin[22],
Da ndena*mh* d’aois daoine e[23] go coir;
Ionan*n* tea*cht* fa seacht ’na naon*ach*
⁊ dul[24] aoinfecht do*n* Roimh.

(21) An tan[25] im*morro* thainig Caoi*mh*ghin on Roimh, tug cuid don núir teamp*ui*l na Romha léis, gur c*r*oith ina theampall féin, ⁊ ina

---

[1] raib se A. [2] T omits ‘⁊ a theacht’. [3] From Ir.[2] c. 9, ll. 21–24. [4] as Ir.[2] [5] an *om.* Ir.[2] [6] At the end of this line in T is the letter F with a mark of abbreviation. [7] troigidh Ir.[2]; troith A. [8] nimhe Ir.[2]; neama A. [9] = Ir.[1] § 21; Ir.[2] c. 9, ll. 25–64, c. 10, ll. 1–12. [10] dhó *add.* A. [11] bhaoglach A. [12] an bhais no an bhraith A. [13] From Ir.[2] c. 9, ll. 45–48. [14] do *add.* A; ? nar thug. [15] a bheith A. [16] tenn air A. [17] mar bheitt Ir.[2]; mur mbéid A. [18] siol A. [19] = Ir.[2] c. 10, ll. 33–40; cf. Ir.[1] §§ 2, 23. [20] turais *add.* A. [21] From Ir.[2] c. 10, ll. 37–40. [22] Here again occurs the letter F with mark of abbreviation. [23] da nderndais daoine Ir.[2] [24] an *add.* A. [25] §§ 21, 22 = Ir.[1] § 36; Ir.[2] c. 11, ll. 1–52.

roilgibh hí go ttainig do naomhthe*cht* Chaoimhghin *'ar* [ttabh*air*t tur*u*[*i*]*s* oilithreach go Glean*n* da loch[1]] iom*a*d oilitreach do bheith ag aith*ighe*[2] as gach aon aird d'Eirin*n* dá chill; ion*n*as gurab í an ceat*r*am*adh* prio*mh*-thur*us* a nEirin*n* oshoin. Mar ata Uaim Phadruig a nUlt*aibh*, Cruach Pa*druig* a Con*nacht*uibh, Inis na mbéo 'san Mumhuin, ⁊ Glean*n* da loch á Laighnibh, mara bhfuil Cill Chaoimhghin.

(22) Agas ata d'fiach*aibh* air gach áon rach*us* do dhena*mh* tur*u*[*i*]*s* in*n*te g*an* t*r*oid, na eagra[3] córa, na faladh, na goid, na fuad*ach* do dhenamh in*n*te. Amhuil ad*e*[*i*]*r* Sol*amh* 'san ran*n* so:

R*ann*. Ni[4] la*mh*th*air* troid a haenach[5],
Na eag*ra*[6] córach[7], na ceart,
Na fal*adh*[8], goid, na fuadach,
Acht dul slán uatha ⁊ tea*cht*.

Gidh be brisios iomh*ad* rea*cht* a chille, agso sios do r*eir* Soluimh na dochair thigmheas do thall: |

Gidh be[9] do mhillf*edh* an taonach p. 155
D'faguibh[10] Caoimhghin—nar thlath brígh—
Ifr*end* ⁊ girre saoghuil
As[11] bheith a mbaoghal re*n*a bhith[12].

x. (23) Do fhaguibh[13] fós trí sochair ag antté choimh*etfedh*[14] rea*cht*a a chille, mar atá slainte, saoghal, ⁊ bás aithrigheach; ⁊ ní tre sharug*adh*[15] rea*cht*a a chille 'mhain [do thuicfeadh na dochair rimheraithe[16]], a*cht* tre sharugh*adh* rea*cht*a Dé, ⁊ na heagluisi, ⁊ ní he anté do dhenamh an mhighnio*mh* amhain dobhearadh díol an*n*, a*cht*[17] an t*r*iath no an tig*er*na ghriosas fer na fillb*er*te[18] ré denamh a*n* uilc, no dobhir caomhna[19] no dion dó, do réir mar ade[i]r Caoi*mg*in féin 'san ran*n* so:

R*ann*. Gidh be[20] eaccoir dorin*edh*
Donithior, no [do]ghent*ar*,
A dioghuil tuitid go cert
Ará nert asa ndent*ar*.

(24) Do fhaguibh Caoimhghin cheathra hainia[r]sma*dha*[21] *ar*a*n* and*r*ui*n*g[22] airgeas a chill, mar ata aillsi, easbuidh bh*r*aghad, fiolun, ag*us* cuthach, ⁊ gan foirighin ag lus, no aig liaighh ortha ⁊c.

---

[1] From A. [2] aistriughad A. [3] teagra A. [4] From Ir.$^2$ c. 11, ll. 45–48. [5] troid aran aonach Ir.$^2$; t. no fuadach A. [6] fogra Ir.$^2$; teagra A. [7] coire Ir.$^2$ [8] fala na Ir.$^2$ [9] From Ir.$^2$ c. 11, ll. 49–52. [10] do fág Ir.$^2$ [11] a *add.* A. [12] go brath gan baoghal ni bi Ir.$^2$ [13] §§ 23, 24 = Ir.$^1$ § 35; Ir.$^2$ c. 11, ll. 53–60, c. 12, ll. 53–56, c. 12$^b$, ll. 1–4, c. 13, ll. 1–36. [14] comlionus A. [15] briseadh A. [16] From A. [17] fos ar *add.* A. [18] fer deanta an uilc A. [19] cumnadh A. [20] From Ir.$^2$ c. 12$^b$, ll. 1–4. [21] sheansmal A. [22] aran druing A.

xi. (25) Lá[1] dá raibhe oide foghloma Chaoimhghin ar tí aif*r*in*n* do rádh, adub*air*t ré Caoi*mh*ghin (*air m*beith 'na mh*a*caomh og dhó) dul d'i[a]rr*aidh* teineadh re lasadh coin*n*le an aifrin*n*. 'Tabhair soightheach *damh* a ttiobhrad an ngrios leam', ar Caoimhghin. Mar dochual*aidh* an toide si*n* do ghabh ferg é, ⁊ dub*air*t ris an ngríos do thab*air*t a mbin*n* a b*r*ait leís, [⁊ dorin*n*e Caoimhghin sin; agus[2]] mar do*connairc* a*n* manach an ngris ndeirg 'san bhrot, ⁊ g*an* aon shnaithe p. 156 don bh*r*ot ag gabhail loisgthe | chuige: 'As fíor si*n*, a Chaoimhghin', ar an manach, 'ata rath an Spioruid Naoimh ort; ⁊ ní fíu misi do bheith ag f*r*eas*da*l oram ní bud sia, a*cht* do budh cora dhamhsa bheith aig freas*da*l ⁊ ag friothala*mh* ortsa.' Tainig don miorbhuil sin g*ur* moradh ainm De ⁊ Caoi*mh*ghin don chur san, ⁊c.

xii. (26) Lá[3] dhá ndeach*aidh* Caoimhghin d'ionghuire a[4] chaorach fein, t*ar*l*aidh* d*r*ong mhór do bho*cht*uibh cuige, ⁊ íad do dhith bidh ag dul don gorta[5]. Iarruid deirc aran b[f]hiren ar gh*r*adh Dé. Do f*r*eaguir Caoimhghin go haisioch[6], ⁊ dub*air*t nach raibhe biadh 'san fhasach aige an tan si*n*, ⁊ tog*r*aid na boi*cht* leissin ceileabr*adh*[7] dhó; gid *edh* d'fasd*aigh* Caoimhghin íad[8], ⁊ marbht*ur* leis sea*cht* muilt da thread, ⁊ biath*adh* leis na boi*cht*, gur ba sathach aig imthea*cht* iad[9]. *Ar*namharach 'ar ndul do Chaoimhghin d'fios a t*r*eada, fuar io*m*lan na molt aran tt*r*ead, gan aón mholt do theasdail díobh[10], ion*n*as gur moradh ain*m* De ⁊ Caoimhghin treasan miorbhal sin, agas gur saoradh on naire do ghabh é, an tan tangad*ar* boi*cht* De dh'iarr*aidh* foide air, ⁊ gan ní 'na láimh an tan léa ríarfadh íad, ⁊c̄.

xiii. (27) Tarla[11] coimhthionol manach a cCill Ifín *no*[12] Eithfín; ⁊ dobheiredh an dobhran aighi[13] (ler togbhadh[14] psalt*air* Caoi*mhg*hin asan loch) b*r*adán gach aon lá gusan ccoi*mh*thionol do bhí in*n*te[15]; p. 157 ⁊ lá dhá bhfacuidh | Ceallach mhac Díoma an dobhrán ag tea*cht*, ⁊ an bradán 'na bhéol aigi, do mheas gomadh tairbhteach dona manchuibh croiceand an dobhr[áin]; ⁊ do thog*air* dá bhrigh sin an dobhran do mharbhadh. *Agus* leissin teilgios an dobhran an bradán do bhí 'na bhéol uaidh, ⁊ téid fan abhuin*n*, ⁊ níor thaisbein é féin oshoin dona manchaibh.

(28) Tainig im*morro* teirce bídh dá toisg sin[16] dona manchuibh, ionn*us* g*ur*[17] eigin dóibh dealughadh ré ceile. *Agus* mar do*chonnairc* Caoimhghin sin, do gearuidh ara ghuidhe go Día uma fhoillsiugadh

---

[1] = Ir.$^{1}$ § 29 (imperfect); Ir.$^{2}$ c. 14; cf. M § 5; S § 4.

[2] From A.

[3] = M § 3; S § 2; Ir.$^{1}$ § 30; Ir.$^{2}$ c. 15.

[4] a coimhead a threada A.

[5] iad ag dol a ghorta do dith bidh, ⁊ A.

[6] iad A (omitting 'go haisioch').

[7] na bochtain 'arsin cleabhrudh A.

[8] nior leig C. na boicht uaidh A.

[9] go ttug se a ndochain biadh doibh A.

[10] ⁊ *add.* T.

[11] §§ 27, 28 = Ir.$^{1}$ § 31; Ir.$^{2}$ c. 16.

[12] lé T (a misreading of the abbreviation for Lat. *uel* = Ir. *no*).

[13] ceadhna A.

[14] toigheadh A.

[15] coim. manach A.

[16] t. im. da cheann sin gan tuin bídh A.

[17] gurbh A.

dhó[1], cr*ét* dá ttainig an dobhran do threigeadh an choimthionoil. *Agus* do dheonuigh Día do Cheall*ach* te*cht* go haisioch aithridheach go Cao*mh*ghin, ag admhail go raibhe do rún aige an dobhran do mh*ar*b*adh*, 7 gurab ré lin*n* na huaire sin dochuaidh an dobhran fan abhuinn, 7 do th*r*éig na manch*u* oshoin. 'Arna chlos sin do Chaoimhghin curis Ceall*ach* uaidh. Tuig, a leaighthóir, gurab t*r*e bhrígh ghuidhe Chaoimhghin dochuir Dia m*ar* d'fiachuibh ar Ceall*ach*, an d*r*och-run do bhí aige do thaobh an dobhrain do mh*ar*b*adh*, do no*cht*ad do Chaoimhghin[2].

xiv. (29) Lá naon[3] da ttangadar lu*cht* seanma gana[4] ccruitibh léo go Cill Eifin, áit ina raibhe | coimhthionol manach ag Caoimhghin, 7 p. 158 iarruid foidhe[5] bhidh *ar*na manchuibh. Ní raibhe biadh agan ccoimhthionol; 7 do ghabh naire mhór Caoimhgin 7 an comhthionol uimesin.

(30) As amhluidh tharla beagan síl d'fuigeall lóin agan ccoimhthionol, 7 ní raibhe fuirthinn[6] na ndeoradh ina[7] an chomthionoil an*n*; 7 asé ni doconcas do Chaoimhghin (le congna*mh* an choimhthionoil) da saoradh ar ghuth na glaimhe sin, d*r*ong dona manchuibh do chur do romh*ar* ceapcha[8], ina ccuirfidhe an began síl do bhi aca, 7 ion*n*us go mbiadh toradh an tsíl sin 'na phroind aig na deoradhuibh um noin, agus Caoimhgin féin [7 ag na manaigh uile. *Agus* do bhi Caoimhghin][9] 7 an drong oile dona manchuibh ag diul-chaoineas[10] risin naois senma, aga saimh-cealgadh go mich*ar* muin*n*teardha[11]; 7 nirbh ferrde dhoibh.

(31) Gabhuid na hoirfidigh go heigneach ag iarr*aidh* bí[dh], 7 gan é an*n*; 7 ceileabhruid da brigh sin d'aimhdhéoin Caoimhghin; 7 tugad*ur* toibhéim[12] aran ccoi*mh*thionol. *Agus*[13] iar ngabhail feirge[14] Caoimhgin tre naire, guidheas[15] na cruite do bhí acasan, do chlaochodh a cclochuibh. *Agus* leissin 'ar mbeith ag triall dóibh tresan sruth ata don taoibh ó dheas don chill, donither clocha da | ccruituibh, 7 tuitid p. 159 'san tsruth; 7 taid 'san clochrán sin fa chosuibh caich ósoin; 7 an síol docuireadh le Caoimhghin *ar* maidin an lae ch*et*na a cCill Eithfin*n*, as don torudh thainig um neonuidh[16] dhé do biathadh na manuigh 'san oidhche c*ét*na dá eis sin; amhuil adeir Solamh 'san ran*n* so:

R*ann*. An síol[17] docuiredh amach tr*a*th[18]
A cCill Eithfin*n*[19], dia*dha*[20] rath,
As dé go neimh-chríon 'san oidhche
Do bhiath*adh*[21] saoithe fa seach.

---

[1] Dia fa shoilsiug[adh] A. [2] a lathair 7c *add.* A. [3] §§ 29-31 = Ir.$^1$ §§ 32, 33; Ir.$^2$ c. 17. [4] 7 a A. [5] congnadh A. [6] foirin A. [7] no A. [8] talmhan A. [9] The words in brackets are from A; *om.* T (homoiotel). [10] ag deanamh caoinios A. [11] muin*n*teradha T; riu *add.* A. [12] 7 esmuilt *add.* A. [13] MS. et. [14] do *add.* A. [15] sé Dia *add.* A. [16] tra[th] nona A. [17] From Ir.$^2$ c. 17, ll. 5–8. [18] a moch-trath Ir.$^2$ (*recte*); le Caoimhghin A. [19] budh *add.* A. [20] an *add.* Ir.$^2$ [21] na *add.* Ir.$^2$; biathughadh an s. A.

xv. (32) Tarla[1] do righ ó bhFaoláin mac rugadh dho do cur da bhaisd*edh* go Caoimhghin, 7 cuireas sgeala cuige an m*a*c do congnmhail aige féin dhá oileamhuin; 7 as uime dochuir chuige é, do brigh go millthighe leisan aois áin, no leisna siodh-bhruighibh, g*ach* m*a*c dá mbeirrthi roimhesin dó. *Agas* mar thainig an leanbh dá bhaisd*edh* go Caoimhghin, do lean bean chomha*cht*ach shitha, dá ngoirthi Caoineog, maraón ré ban*ntracht* an leanbh ; 7 íad ar ti a millte, amhuil do mill*edh* léo gach m*a*c eile da ráibh ag righ O bFhaolain roimhesin. *Agas* m*ar* do mhothuigh Caoimhghin sin, malluighis na mná, 7 'rin*nedh* a cclaochadh a cclochuibh an tan sin; go bhfuilid a rea*cht*uibh cloch[2] ar bhruach an locha ata 'san glean*n* ó sin ale. |

p. 160 xvi. (33) Dala Chaoimhgin 7 an leinbh: ní rabhadar ba na buailte 'san ghlion*n* an trath sin 7 tain[i]g desin go raibhe 'na ceisd go mór ar Caoimhghin, ca bfuighe betha no la*cht*a lean oilf*edh* an leanbh; 7 gabhus imsníomh insin[3] é. Gidh edh sill*edh*[4] dá ttug thairis, 'chí[5] eilit la*cht*m*ar*, 7 laogh beag lena hais; 7 mar dochon*a*[*i*]*r*c Caoimhgin sin doguidh e[6] Día go duthra*cht*ach fan eil[i]t dó ceannsughadh ré tea*cht* do thab*air*t la*cht*a don leanbh. *Agas* leissin tig an eilit don bhaile 7 tig go cen*n*sa go Caoimhgin, 7 do thal do lath*ar* ar chloich tholta[7] la*cht* don leanbh 7 dá láogh féin, ion*n*as garab é aini*m* cin*n*te na haite sin ina bhfuil an chloch, Innis Eilte, oshoin alédh. Marsin don eil[i]t aig teacht gach áon lá do thal a la*cht*a *ar*an ccloich tholta[7], go bhfaghbhadh sasughadh an leinbh gach áon lá re haghuidh a oileamhna an*n*.

xvii. (34) Achd chena, lá naon, dá n[d]each*aidh* an eil[i]t d'ingilt fan ccoill, tainig faolchú as cuas cairrge, 7 marbhthar leis laoigh na heilitte, 7 do ith é. Mar dochon*a*[*i*]*r*c sin, fograis don mac tíre teacht
p. 161 go cean*n*sa fan eilit a nait a laoigh, | 7 doní an mac tíre sin doghnáth. Leissin do thaladh an eilit a la*cht* aran ccloich le biathadh an leinbh, amhuil do dhenadh aira láogh, agas gan acht mac tíre 'na sesamh rena brollach. Marsin dóibh dognath, gur hoiledh an leinbh amhl*aidh* sin, 7 go raibhe 'na dhisgiobal ag Caoimhgin dá eis sin. Go moradh ai*n*m De 7 Caoimhghin 'san mhiorbhal sin.

xviii. (35) Lá náon[8] dá rabhadar dias ban ag te*cht* do dhenamh turais go Cill Chaoimhghin, 7 tarladar meirligh ar bhealach ríu, 7 do bheanadur a neadail[9] diobh, 7 do dhichen*n*adh léo íad. *Agus* mar rainig an sgeal sin go Chaoimhghin, téid go heasg*aidh* d'fios na mban, ag*us* cuirios a ccen*n*a ara ccolnuibh, gur haithbheoadh leis iad. 'A Chaoimhghin', ar na mna, 'do shlanuigh tú sin*n*, 7 bronam[1] sin féin duit an séal mhairfem.' Rug Caoimhgin leis na mna, 7 dorin*n*e cailleacha dubha craibhtheacha diobh; 7 anuid a ccoi*mh*thionol bhan riaghalta do bhi láimh re cill Caoimhgin; 7 tugad*ur* a mbethuidh as go c*r*aibteach[2] hion*n*ruic[3], aointeach, urnuightheach, f*edh* a ré, go ttainig d'aithbheoghadh na *m*ban si*n*, go moradh ain*m* De 7 Caoi*mh*gin an*n* osin alé. |

---

[1] The order of the chapters is different in A; viz. cc. xix–xxii follow here; then cc. xv–xviii; then c. xxiii. §§ 32–34 = M § 31; Ir.$^1$ §§ 27, 28; Ir.$^2$ c. 18.
[2] a rucht chlochaibh A. [3] uimesin A. [4] amharc A. [5] dochí A.
[6] MS. guidhe; guidh sé A. [7] phollta A. [8] = M § 11; Ir.$^1$ § 34; Ir.$^2$ c. 19. [9] a ndéadail A.

xix. (36) Lá[4] *dhá* ráibh Caoimhgin craibhtheach lai*mh* rena chill, p. 162 go bfac*aidh* ag tea*cht* cuige 'san slíabh cleireach bo*cht* mighneach[5], 7 é ar baill-crioth t*r*e uathbhas feillbheirte anadhbhla[6] dorinnedh. *Agus* mar dochon*air*c Caoimhghin é, adub*air*t nar[7] iongnadh dhó gomadh olc a dhealbh, treisan bfiongal dorine, mar g*ur* marbh a chompan cleirigh ag tea*cht* 'san tslíabh, 7 'a thruaighe[8],' ar Caoimhgin, 'beir eol*us* damhsa gusan ait in*ar* fhagbhuis corp marbh do chompain.'

(37) Leissin triall*us* an cleireach a bfrithing na slighthe tair ais, 7 Caoimhghin maráon ris, go rangad*ar*[9] an corp. A naoinlhea*cht* sin, 7 coin allta don leith oile ag tea*cht* do chraos-longadh[10] an chuirp, 7 'ar bfaicsint Chaoimhghin doibh teithid ara cculuibh[11] 7 tig Caoimhghin os cion*n* an*n* chuirp, 7 guidheas Dia go duthra*cht*ach fan marbh dh' aithbheoadh; 7 leissin tig anam 'san chorp, 7 fa slan é ona lot. Mar do*chon*nairc an cleireach dorinne an fhionghal an mhiorbhail mor sin, do gabh aithreachas é tresan mighniomh dorinne[12], 7 tiomn*nus* e féin | do Chaoimhghin, 7 teid ara choimairce. p. 163

(38) Gabhais Caoimhgin ré ais é[13], 7 beireas é féin, 7 an cleireach do aithbheodhaidh, *dá* chill féin, ag tab*air*t a mbeath*adh* as go c*r*abht*each*, caoin-duth*rachta*ch. *Agas* a gcion*n* ath*aidh*[14] dhá éis si*n*, gabhais Caoimhghin a nord man*n*ach íad, gur chaith*etur* a raibhe rompa dhá ré go riaghalta go bas; gor móradh ainm Dé ag*us* Caoimhghin tresan bfiort sin.

xx. (39) As[15] do mhiorbhal Chaoimhgin fos, go mbiodh c*r*eamh, 7 sealgán, 7 luibhe iom*da* oile fhoireas[16] re a nithi, ur-glas f*edh* na bl*iad*na 'san dith*r*eibh ina raibhe air teith*edh*[17] ó chad*r*eabh na ndaoine don leith[18] thíar don sgeilg a nGlion*n* dá loch, mur chui*mh*niughadh go mbiodh féin taobh riu mar bheathadh.

xxi. (40) Lá náon[19] dá raibhad*ar* lu*cht* sealga ag saothrugh*adh* tuirc allta, 7 i*ar* ngluasa*cht* an tuirc do lu*cht* na sealga[20], sgaoilid a ccona 'na

---

[1] bronnachmuidne A. [2] craibteacha T. [3] ionruigeach A. [4] §§ 36–38 = Ir.[1] § 24; Ir.[2] c. 20; cf. M § 38. [5] mioghniomhach A. [6] anabhladh T; feille anaidhbheil A. [7] narbh A. [8] bocht *add.* A. [9] gus *add.* A. [10] ithe A. [11] pillid tara nais A. [12] trena mioghniomhurtha fein A. [13] C. sin chuige A. [14] sealad A. [15] = Ir.[1] § 25; Ir.[2] c. 21; cf. M § 34. [16] For 'creamh . . . foireas', A reads: 'luibhionna iomdha lionmuir'. [17] teitheamh A. [18] 'san leith a leighamar A. [19] §§ 40, 41 = M § 19; Ir.[1] § 26; Ir.[2] c. 22. [20] MS. lacht a a s.; A *om.* 'do . . . sealga'.

thoruidhea*cht*; 7 mar do mhothuigh an torc na cona da fh*arr*ath[1],
triall*us* go fan an ghlean*n*a ar coimirce Caoimhghin, 7 na cóin dá leanmhuin.
p. 164 Gabhuis | Caoimhghin coimhirce an tuirc, 7 fograis do
conuibh fuireach uaidh; 7 leiss*in* leanuid[2] cosa na ccon don talamh,
a ccruth n*ar* fh*et*ad*ur* asd*ur* do dhenamh d'einleith asa*n* laithar.

(41) Go grod[3] dá eis sin tigid luc*ht* na sealga do[4] lathair Caoimhgin, 7 'ar bfaicsin a ccon cenguilte don talamh, 7 an torc ar coimirce Caoimhgin, gabhus ma*cht*nadh men*mh*an, 7 iongn*adh* adhbhal aigenta íad, tresan miorbhal sin, 7 iarruid go humhal[5] aiseach ar Chaoimhghin sgaoil*edh* da cconuibh, 7 gealluid dhó gan toiruidheacht an tuirc sin do dhenamh osin amach go brath. *Agas* leissin sgaoileas Caoimhgin an torc fan ccoil; gur moradh ainm Dé 7 Caoimhghin trésan fhiort sin.

xxii. (42) Lá naon[6] dar chuir Caoimhghin Ceallach m*a*c Dioma (do bhi 'na mhanach aige) ar bhealach atá don leith thíar-thuaidh don ghlion*n*, a ndoigh go bfuighb*edh* buidhéin[7] eigin ag toighe*acht* lé deirce[8] bidh gusna manchuibh[9], 7 iad aig denamh oibre 'san chill.

(43) 'Ar*m*beith *ar*an *m*bealach dhó, tharlad*ur* mna chuige, 7 maothla[10]
p. 165 no[11] molchain[12] a mben*n*uibh a mbrat aca. | Fiafroighis an cleireach
dhiobh an maothla[13] do bhi aca. F*r*eag*r*aid na mna ag radh nach*ar* eadh, a*cht* gurab ugha na[14] ceirtlíne snaith bhaoi aca. *Agas* leissin tig Caoimhgin do lathar, 7 mar do*connair*c ceilt na mban arna maothlaibh[15], guidhis Dia uma chlaochlodh na maothladh[16] a cclochuibh[17] a bhfiaghnuisi chaigh; 7 dorin*nedh* Dia 'ma maothla do chlaochlodh go hoban*n* a cclochuibh[18] ar chom*a*[*i*]*r* caich; go bhfuilid rea bhfaicsin ara mbealach c*ed*na aniu. Go ttainig don gníomh sin *gur* mo*r*adh ain*m* De 7 Caoi*mhgin*.

xxiii. (44) Agas do bhi Caoimhghin f*edh* a bhethadh m*ur*si*n*, ag dena*mh* miorbhal, go bhfuar bas cian-aosta a ccion*n* a náoi mbliaghan 7 sé fichid[19]; 7 ase Suibhne Mean*n*[20] m*a*c Fiachna, m*i*c Fearadhuigh, m*i*c Muiread*aigh*, m*i*c Eog*ain*, m*i*c Neill naoi-ghialluigh, fa righ *ar* Eirin*n* an tan sin, 7 as a ttus fhlaithis Shuibhne fuar Caoimhghin bas.

### Gen*ealoig* Chaoimhghin.

(45) Caoimhghin m*a*c Caoimhlogha, m*i*c Caoimhfeada, mic Cuirb,
mic F*er*ghasa Laoigh-d*eir*g, m*i*c Foth*aidh*, mic Each*ach* Laim-d*eir*g,
p. 166 m*i*c Meisionchorb, m*ic Con*chorb, | mhic Mogha Corb, m*i*c Conchabh*uir*

---

[1] This word is uncertain; da thoruidheacht A. [2] gneamuidhidh A. [3] go goirid A. [4] MS. do do. [5] humhamhal A. [6] §§ 42, 43 = Ir.$^{2}$ c. 23, which is imperfect. [7] fuidheamh duine A. [8] teirce T. [9] manduibh T. [10] maothlaighthe A. [11] 7 T. [12] mulchain A. [13] maothlaigh A. [14] no A. [15] maogthlaibh A. [16] maoghthlaigh A. [17] MS. clochtuibh. [18] A omits 'a bhfiaghnuisi . . . a cclochuibh' (homoiotel). [19] MS. fidhid. [20] Meanaighe A.

Abhrad-r*uaidh* m*i*c Fin*n*-file*dh*[1], m*i*c Rosa ruaidh, m*i*c *Fer*ghasa fin[*n*], m*i*c Nuadhad Neacht[2], m*i*c S*et*na Sioth-bhaic, m*i*c Luighdech Loithfhin, mhic Breasuil bhric. 7c.[3]

---

[1] Fin*n*filidhe A.

[2] Neachtuin A.

[3] Here in T occurs the following note, which, however, possibly refers to a poem which follows the Life of Coemgen in that MS., but has nothing to do with it: Sosdui*m* a ttigh Phatt*r*ic úi M*ur*ch*adha* aníu an seag*ht* lá 20 do mhi Octob*ur* 1727 laimh re Cúan Bhinet*eir* mhic Seinlaoi, 7 aig Rinn na Céibhe a ccath*ar* Atha Clíath. E. ó Da*laigh*. i.e. I am stopping in the house of Patrick Murphy to-day, the 27th of October, 1727, near Howth and at Ringsend in the city of Dublin.—Hugh O'Daly. The date at the beginning of the Life is Jan. 21, 1725. If the writer really took nearly three years to complete it, he did indeed do it 'leisurely' as he says.

In A the following note occurs at the end of the Life: Bean*n*acht leatsa, a pháipéir, is tab*hair* grádh ger uaimsi forruid mo chairde disle, mo chreach mo dhibir[t] uatha, i.e. Blessing (be) with thee, O paper, and carry my keen love to my special friends. Alas that I am banished from them. Then follows: Bean*nacht ar* anam an sg[r]iobnóir .i. Labhras mac Anall*aigh*, 1765, i.e. a blessing on the soul of the scribe, to wit Lawrence MacCannly, 1765.

# Betha Cholmain Eala an*n*so.

i. (1) Colman Eala im*morro*, do sliocht Eiremhoin m*ei*c Mhi*lidh* Esp*ain*e doisei*n*, amhail fhoillsighes a gheinealach. *Ocus* ba hiad gnath-lu*cht* lenamhna Colmain Eala .i. Cuiniug*án*, 'sa slio*cht ar*a bfuilit muin*n*ter Cuiniug*áin* an tan sa. Do slio*cht* Briain m*ei*c Each*ach* Muighmedhoin doibhsem.

(2) Imth*us*a Colmáin Eala, an trath rainicc sem go Feraibh Ceall, nir bó failidh iadsem roimhe, ⁊ ni raibe nech ler bo mesa he ina Cuin*n*iugán, ⁊ do bí cás 'ar neirge[1] 'san tír an tan sin .i. Peist urcoid*ech* do bí i lLoch Eala; oir ni lamhadh duine na ainmide dol a ngaire do*n* loch ara hecla. *Ocus* ba hi so tu*arus*ccbáil na peiste .i. fuad becc biorach bel-sgaeilte i ndeilb mna. *Ocus* adub*ert* Cuin*n*iugán riu an tan sin: 'Do badh ferr dúin*n* an fer naomhtha úd, re nab*ar*thar Colmán Eala, do chur da comhrac frisan bpeist. *Ocus* dob fearr lin*n* nach tigedh ce*chtar* aco ó cheile.'

(3) *Ocus* bha he ba ri *ar* Feraibh Ceall an tan si*n* .i. Dondch*ad* m*a*c Aodha, m*ei*c Sath Main*idh*e, do cenel Fiach*ach* m*ei*c Neill naoi-ghial*laigh*. 'Tabr*aidh* Colman chuccai*n*n', *ar* an ri, 'go ndernadh se senmóir dúin*n*, go ffesmaois cr*ét* an m*et* dochuirf*ed*h sé 'cum creidmhe again*n*.'

(4) Tuccadh Colmán cuca, ⁊ dorin*n*e se senmoir doibh. *Ocus* dochu*ir* fios ar a c*air*dibh conganta, ⁊ fa híad fa cairde do .i. Colaim Cille mac fír-alain*n* Feidhlimidh, ⁊ do bí a ngaol re 'raile .i. Mór inghen Feidhlim*idh*, m*ei*c Ferg*us*a Cend-fada, m*ei*c *Con*uill Gulb*an*, m*ei*c Neill naói-ghiallaigh, math*air* Cholmai*n*. *Ocus* tainic Mancan Leith *con*a naomhaibh cuicce, óir do ba gar a ngaol. *Ocus* do batt*ar* i naon ionad; ⁊ adub*air*t Colaim Cille go mbiadh fein i*n*a deochain bachla ag Colmán an la sin. *Ocus* adub*air*t Mancán go ccroithfedh sé féin uiscce *ar*na sluagaibh, da ccur 'chum muin*n*terais do Cholmán.

(5) *Ocus* do tionnsgnadh senmóir agna cléircibh sin; ⁊ do bhadar f. 219$^b$ leabair lán-áille laidíanda aca an*n*, ⁊ iatt | ag solas-ghabhail a leighin*n*, ⁊ acc adhmol*adh* an Duilemhain go das*acht*ach. *Ocus* ba gairdiucc*adh* menm*an* ⁊ aiccenta leisna sluagaibh, beith oc eisteacht friu. *Ocus* gach nech ag na raibhe a aire roimhesi*n* ar Dia, do bai a aire an tan sin air. *Ocus* as dona céd-daoinib tucc é féin do Dhia ⁊ do Colmán an la sin .i. Cuiniugán.

ii. (6) Do batt*ar* t*riar* mac agan righ sin adubram*ar* .i. Muadh ⁊ Duin*ech*a ⁊ Ailléan; ⁊ ba hé Muadh mac ba sine dibh. *Ocus* adub*air*t an fer 'sin', gur gh*radaigh* se fein Colman ; 7 damad ced lena athair, gomadh maith leis fein ionad árais 7 comn*aidh*e dho thab*air*t dó. 'As briathar damsa', ar Duinech*a*, 'gurab m*ar*sin atáim fein. *Ocus* gibé slighe do ceithre randaibh an bhet[h]a ria racha sé, go lenfatt féin hé ; 7 go ttiubh*ar* mo siol tarm eís do.' 'Na dein si sin', ar an rí, 'Óir da m*ar*ba sé an pheist, dobher sa an tionadh ina bfuil si dó ; 7 dobhér mo shíol im diaigh ; 7 dobhér*ar* mo muin*n*tir conganta bús feirrde é do tab*air*t do.'

---

[1] i ttecmáil, interlined, as an alternative reading.

(7) *Ocus* ó 'tcual*a* Colmán sin, do ghluais 'cum na peiste g*us*an loch. *Ocus* dob e comhain*m* na peiste sin .i. Lain*n* ; 7 fa hé a tu*arus*ccb*áil* .i. fuad becc, biorach, bel-sccailte, 7 gr*u*ág gherr-ghiomach, gan nighe, gan leasachadh, fana cend. *Ocus* do ghab an peist tir. *Ocus* adúb*air*t Colmán : 'Masa ced le Dia, as ced lemsa cuilcc an locha sin dod cengal damh fein, go nd*er*n*ar* 'hoidhigh.' *Ocus* mar adub*air*t Colman sin, do déch súas, 7 do freccair an firda é ; 7 gach ní d*ar* i*arr* sé air, fuair uadha.

(8) *Ocus* do bái Cuiniuga[n] ina fharr*adh* an tan sin, 7 do bái Duineacha. *Ocus* iad 'ar ccreidem dó. *Ocus* ba hiadso na naoimh do bhai ina fharr*adh* an*n* .i. Blaan[1], easp*og* Findcen, 7 esp*og* Coirill. *Ocus* secht maca Deiccill, 7 easp*og* Eog*a*n, 7 Odhran, 7 Forgan, 7 Mernag, 7 Fachtna. |

(9) *Ocus* atb*er*t Colman Eala an tan sin : 'Ion*n*saigedh naomh f. 220$^a$ éiccin aguibh an peist ; 7 benadh a cend di.' 'Ragatt fein', ar Cuin*edh*a 'da dichendadh, ar do gr*a*d sa.' 'Racc*a*t féin da diongb*ail*', ar Duineca, '7 ni hail lem ri miadh m'ionaid uaitsi, oir as acc*at* fein dob ail lem m'adhnacal do bheith. *Ocus* o nach ffuil do m*ac*caib ag mh'ath*air* acht mé féin, 7 días ele, téid mh'aire si le flaithes d' fagháil. Gid edh cena, as accatsa dob áil lem mo chorp do beith.'

(10) *Ocus* do gluaiseattar an días si*n* .i. Cuinegha 7 Duin*e*ca, 7 do dichendsatt*ar* an pheist. *Ocus* tuccatt*ar* leo 'cu*m* Colmáin an cend. *Ocus* do benn*aigh* Colmán íatt a ndís. *Ocus* adubairt Colmán an tan si*n* re Cuinedha : 'Beir 'si' 7 do shiol go brath acc*am* fein 'bhar maoraibh ; 7 beitt mo mion*n*a accaibh, 7 faicfet olc ag lu*cht* bar laghdaighti.' 'Bed féin im ócclach accat', *ar* Duinecha, 'no go raibe th'aittreab 7 do saothar uile ullamh ; 7 atbert an laidh :

(11) Treisi an ecclas na gach rígh,
Indissim daibh gan dimbrígh ;
Sen-focal sin go brath beacht,
Feirrde lem cach da cloiste*acht*.

An ffaicenn sibh si b*udh*déin ?
A naomha E*renn* go scceim ;

---

[1] MS. Bloan.

Antí do bí im acch*aid* go tend,
An pheist atcidh g*ur* díchenn.

Ba *tar*, dobheirim si duib,
A cleirchi uaisle an domui*n*,
Búdh feirde dáib beit '*con* dail,
La na ceilge 'sa *con*gair.

An u*air* gabh*us* tú do tratha,
Is bías tú i mbroin*n* do math*ar*,
Gabh lat iad go mall do*n* dáil,
Mas áil a ttarba d'fagail.

Gach fersa gabus tú díbh,
Mínigh a texa go min;
Labhair it aignedh co becht,
*Ocus* saigh ionnta t'in*n*tleacht;
Is dogebhair o righ na ren*n*[1],
Isa coimghi gan f*or*cend.

An fersa gabhait na ruaig,
As fada let go tteid sí úait;
Fer na ceilge bís '*con* dail,
Ni feirde dhuit a gabhail. |

f. 220*b* Gabh let go min, milis, mell[2],
Th'urn*aigh*the *ocus* do leighend,
Min*igh* a lLaidin gan ceilcc,
Is cuir do paid*er* i nGaoideilg.

Tadhaill si go moch, as cóir,
Ion*n*saigh go mhinic altóir;
Dena ro-grádh da mbladhaibh,
Cuir senmóir 'sna tuatadhaibh.

(12) In*n*isim duitsi gan len
Úaim aran ecclais uirsccél;
Ní in*n*isfem dhaibh fath ghan ladh,
*Acht* sgél bhenfus re bun*adh*.

Tri neithe as treisi fan gréin,
In*n*isim si daoibh fa sgeimh,
Ecclas *ocus* tene te,
O*cus* an tres ní an tuiscce.

An teine fhadas tú féin,
Gidh anbfan*n* é ag t*echt* fa gréin,

---

[1] MS. ran*n*.

[2] MS. mall.

As fada atcíter í amach,
*Is* bidh soilléir a deathach.

An fír-top*ar* *tr*aighes an*n*,
An u*air* ticc an tart, bidh anffan*n*;
An u*air* lionas tuile gan cleith,
Bídh trén o iomat uiscce.

An ecclas an u*air* bhíos sí an*n*,
*Is* b*ús* tren uirre rí fan*n*,
T*r*uagh lemsa m*ar* bhías amach,
Bidh anffan*n* guth na ccleir*each*.

Gid edh an *úair* testaid síad,
Riogh*radh* anffan*n* Atha Líacc,
Bidh maith ag Dia bruign*ech* clan*n*,
Beid an la sin go hanffan*n*.

Ni bía maith acc duine,
Da ttainic ar bith buidhe,
*Acht* accan aon Día gan cleith
Nech úain*n* orra a ttreisi.

(13) Tan[1] téid t'anam ot corp criadh,
Ge raibh tú re hecclais día*n*,
Gidh garbh, a dhuine, ría an gáir,
As buidhe lat a fagháil.

An u*air* bes tú it aon-bla lín,
Bíaid tú risan ecclais mín;
Ní bía maith acc*at* a cleith,
Go raibh dúin*n* ort a treisi.

An u*air* deilighfet rit ann
Th'ocht línta[2] fein gan iomrall,
Adhramaitt ne dit go tigh,
*Ocus* adhraitt na cleirigh.

(14) As uirre do in*n*is me in sgél,
Aran bpéist úd, do bí trén,
O do*conn*cam*air* ne de
Aran péist ut dealbh duine. |
Bermit ne d'ar ttigh te, f. 221$^{u}$
An ecclas ara treisi.

---

[1] The scribe at first wrote 'an uair'. [2] The words 'th'ocht linta' are written small as if to get them into an insufficient space left vacant for them; but they are apparently by the same scribe.

Bidh uaithe sloin*n*ter, dar lin*n*,
An péist do m*ar*b*adh* 'sa lind;
Bidh limsa an baile gan dail,
Bidh í an laind si laind Cholmai*n*.

As meisi Colmán Eala;
Bidh maith acc áen Día cena
In días do bí im acch*aidh* tra;
Me fein '*ar*na coscc i nen la.

Cuinega dom freaccra go min
On tsenmóir dorinnes don righ;
*Ar* mo gradh sa féin gan cleith
É do mh*ar*b*adh* na peiste.

On trath do m*ar*b*adh* an phéist
Balbh *ar*an sruth lethan lin*n*-g*ar*b,
Biaidh accamsa, tren gan cleith,
Orra go deimhin treisi.

Treisi.

iii. (15) A haithle na laidhe sin doghluais Colman Eala reimhe co Laind Eala. *Ocus* doroine dún-ár*us* in*n*te, ⁊ do benn*aigh* an reileacc *con*a naomaibh ro luaidhemar romhain*n*; ⁊ isí an pheist cét-bethad*ach* ro hadhnaicedh i lLoind Eala; ⁊ dorónsat ob*air* mór an*n* .i. tochar. *Ocus* ba sé fedh an tochair o Laind Eala co Coill an Cláir. *Ocus* do thiccdis eladha gacha tratha do chantain ciuil doibh, ⁊ do bhuain a ttoirsi diobh; gurab airesin ader*ar* Loind Eala frisan mbaile si*n*.

(16) *Ocus*[1] fa hé fa hoide do Colman Eala .i. G*r*igoir Béil-óir. *Ocus* do gheall, an tan doghebadh féin bás, go ffoilseoch*adh* do Cholmán. *Ocus* aon do laithibh da raibhe Colmán ag dénam an tochair arin licc iarth*ar*aigh; ⁊ ni raibhe nech ag cur cloiche 'sa tempall, no 'sa caisiol, no 'sa tóchar, nach biodh Duineach*a* ina fharradh, ⁊ Cuinedha 'ga frestal go fíor-calma; ⁊ do leicc Colmán a gluine fáoi, ⁊ t*ar*fás do clocc eitseachta G*r*igóra Beil-óir do cloistin. *Ocus* do tuit taissi ⁊ tamhnella móra *ar* Cholmán an tan sin tre tascc a oide do theacht.

(17) *Ocus* do fhi*arfaigh*set a muin*n*ter de: 'cred hi cúis do dobróin, f. 221$^b$ a naoimh-clei*righ*?' 'As mór adb*ar* mo dob*r*oin', | ar se '.i. cluicc eitsechta mh'oide '*ar*na clos accam.' 'A Dé chu*machta*igh', ar na cleirigh, ⁊ ar an lucht oibre, 'as mór an tiongn*adh* lind, go ccluinfedh nech arin doman cluicc na Romha.' 'Aitchim si Día cu*m*achtach', ar Colmán, 'go ccluine sibhsi, et*er* cler*igh*, ⁊ giolla, ⁊ óccl*aigh*, anní atcluinim si. *Ocus* leicc*idh* ar bhar nglunibh sibh.' *Ocus* do leiccset.

---

[1] Cf. S § 20; M § 15.

*Ocus* ise líon do battar an*n* .i. deichneabh*ar* ⁊ ceithre fichitt ⁊ ceithre c*et*, ⁊ ceithre mile. *Ocus* ni raibhe acu an tan sin aon nduine nach cual*adh* cluicc na Romha.

(18) *Ocus* at*conn*cat*ar* cuca an tan sin seacht saic *ar* seacht n-assalaibh, ⁊ a lán d'úir na Ro*m*ha in*n*tibh. 'Acc súd, a naoimh-cléirigh, a Cholmái*n*', ar na gille, 'congn*amh* dochuir th'oide cuccat; ⁊ croith ar fad ⁊ ar leithett do reilge, ⁊ gach nech adnaic*fidh*er in*n*te, ní fhaicfe iff*er*n.' *Ocus* ro croithedh am*al* adfiadar. *Ocus* adub*air*t Colmán an tan si*n*: 'Bidh tús na reilcce accatsa, a Dhuinecha; ⁊ biodh a medon accatsa, a Chuineda. *Ocus* biodh an reilecc osin amach ag Feraibh Ceall ⁊ acc feraibh E*renn*.'

iv. (19) Is é fa habb i nDurmaigh an u*air* nach biodh Colaim Cille 'sa*n* mbaile .i. Corbm*ac* ua Liathai*n*. *Ocus* dorin*n*ett*ar* muin*n*ter Durmaighi droch-ni ar Cholmán gan ced do Corbm*ac*; uair isé ní doronsat .i. teacht do ghoid na huire; ⁊ tangattar co caisiol na reilcce. *Ocus* ní dhernsat *acht* an uir fa nesa doibh don taobh amuigh do[n] chaisiol do bhreith léo. *Ocus* do moth*aigh*edh sin arnabharach. *Ocus* do len Colmán *con*a muinntir lorcc na huire go Durmaigh.

(20) *Ocus* tainicc Col*am* C*ille* don baile an trath sin; ⁊ isé 'áit' irraibhe se an tan sin, arin suidhecan re nabar suidheac*an* Cholaim Cille an tan sa. *Ocus* do benn*aigh* Colmán Eala dó, ⁊ do bái droch-ghen *air* acc bennachadh do, ⁊ do freccair Col*am* Cille | sin go genamhail. f. 222$^{a}$ *Ocus* ro fíarf*aigh*: 'cret cúis do choir*ighth*e, a Cholmáin?' 'As mór m'adhbar', ar Colmán, '.i. an toircisecht dochuir m'oide cug*am* d'uir na Romha, do muin*n*ter sa do techt areir da goid. *Ocus*, a ghloir do Dia, ní hí tarla cucu.'

(21) 'Na hesccain sin*n*, a chleirigh', *ar* Colaim Cille, '⁊ dogeb*air* gach ní fa mbia do shídh.' 'Ní dingen easccai*n*e fortsa', ar Colmán, 'óir ni ciontach riom tú. Gidh edh doghen esccaine ar Corbm*ac* Ua Liathain. Ocus sirim ar Dia na raibh fer baile no leth-baile ind E*rinn* go brath da chinedh. *Ocus* gurab coin allta íosas a fheoil fo dheiredh.' *Ocus* adub*air*t Col*am* *Cille* an tan si*n*: 'Madh ail letsa, dogentar an uir d'iodhlacadh tara hais.' 'Ni hail', *ar* Colman, '⁊ guidhim Dia go raibhe bríg úire na Romha duitsi in*n*te o so amach.'

v. (22) 'As coir dúin*n*', *ar* Col*am* C*ille*, 'an cás atá oruin*n* féin d'in*n*isin duitsi.' 'Caidhe an cás sin?' *ar* Colman, 'oír ní fhuil accain*n* neach d*ar*ab córa duin*n* gach cás bías aguin*n* d'fiarf*aigh*e na thusa; oir bí tú tri la gacha seachtmuine *ar* nemh.'

(23) 'Is é cás tarla an*n*', *ar* Colam Cille '.i. Úanach, deirbhsíur do mhathar sa, ⁊ mo deirbsiur sa fein, 'ar mbreith deisi mac do Mhaolumha m*ac* Baedain m*eic* Ferg*us*a, m*eic* Conaill Ghulba*n*, m*eic* Neill n*oi* giall*aigh*; ⁊ do baistesa íad; ⁊ tucc*us* Ulltan ar mhac dibh, ⁊ Bái-

thin *ar* m*a*c ele. *Ocus* dob ferr lem nach m*ar*dâis, acht go ffaghain*n* a milled gan n*air*e damh féin; óir as clan*n* a deirbhsiúr 7 a derbhrath*a*[*i*]*r*[1] a nathair 7 a math*air*. *Ocus* dob áil lem do comh́airle si do denamh orra.'

(24) 'Atá mo comh*air*le si ullamh', ar Colman '.i. tab*air* damhsa da naltrom, 7 da noilemai*n* iatt. *Ocus* dénam cadach fá ccend; óir átad da cích acc*am*sa, nach raibhe acc naomh romham riamh .i. cioch lemn*acht*a, 7 cioch meala; 7 do*bér* doibhsion íatt.' *Ocus* tuccadh do Cholm*an* íatt, 7 atb*er*t an laidh and: |

f. 223$^a$ (25) Dá chích[2] acc Colman Eala,
Cioch lemhnachta, cioch meala;
A chioch des do Bhaoithín ban,
*Is* a chioch ele d'Ulltan.

An fer 'ga ra batt*ar* sin,
Ara chom*air*ce dom anmain,
'S ar comairce Criost na ccland
Dom chorp *ocus* dom anam.

Fúic me meisi d'Feraibh Ceall,
An u*air* nach freccr*a*it me co ten*n*,
*Ocus* nach dingnet m'áonach,
As doiph féin b*us* fíor-baoghlach.

Muna raibh *acht* aon ionad ann,
'S a beith tirim im tempall,
Da ttoirsedh *air*d-*rí* Fer cCeall,
*Is* Duinecha gan dícheall,
Suidhedh Duinecha d*ar* lind,
Ar t*ús* 'san ionad tirim.

Congnamh Í Duibhgin*n* damh[3],
Bidh fada bhías a foghnamh;
Ní mo rach*us* uaim *ar* lár
An congna*m* tucc Ua Bracai*n*.

Tuccsatt da *cét* loilgheach lán
D'ion*n*saighe mo tempuill m*air*,

---

[1] A marginal note remarks here quite correctly: '*rectius* clanna deisi d*er*bbrathar'. [2] Here the scribe accidentally skipped a page, and began the poem on f. 223$^a$ instead of on f. 222$^b$, so at the top of f. 222$^b$ he puts the direction: Gabh thall ar t*ús*, i. e. Go on to the other side first; then having filled this page he puts at the bottom the note: Gabh t*ar* th'ais don taoibh si anonn, i. e. Go back to the page on this side (viz. to f. 222$^b$); and when he has finished that page he puts at the bottom the final direction: Gabh do*n* taoibh amuigh do*n* duilleóicc as foiccsi duit, i. e. Go on to the outer page of the next folio (viz. to f. 223$^b$). [3] This line is a syllable short; ?read 'accam' for 'damh'.

Gurab íad sin do fhogain da*mh*,
Acca*m* na[1] bhiad dom shaoraibh.

Tucc*us* doibhsion da chion*aid*
Ionad i ccor*aidh* mo tempuill,
Gairitt o leab*adh* na righ,
Go derbh deimhin gan imsniomh.

(26) Tur*us* docuadus [s]a sair
Go Cend Tíre i nAlbanchaibh,
*Ocus* da ruccus [s]a lem
Duineach is Cuined gan dícheall.

An u*air* rangam*ar* in rígh
Alban *co n*iom*at* angniomh,
Do in*n*is ri Alban an cás
Dúinn go deimhi*n*, 'sa tuath-bás :

'Peist nimhe tar c*r*iochaibh cua[i]n
'Asa loch-laind lethain lion*n*-búain ,
'Ni loiscend tene í 'gon gail,
''S ni gabhan*n* rin*n* na faobh*air*.

'Cúicc duine décc, as derbh lind,
'Atá 'sa mbaile si *ar* do chin*n*,
'Arna m*ar*b*adh* di gan dail;
''S m*araidh* an peist, a Cholmain.'

'Muirfe meisi daoibhsi an peist,'
Adub*air*t Colmán dá éis,
'Is roin*n*idh mo chíos gan ail
'Et*er* Albai*n* is Saxanaib.' |

'Caocca cos fora tarr tra, f. 222$^{b}$
'Is cáocca ingen urghrán*n*a,
'Marb*aidh* sl*uagh* gach tíre go mbl*adh*,
'*Acht* co teccaitt *da* hionnsaigh*eadh*.

'Ag súd cuccainn í gan dáil
'D'ion*nsaigh*e *ar* ttíre, a Colmáin,
'Maircc cinel ara bfuil go mbhladh
'D*ar* ndían-mill*edh*, is d*ár* m*ar*badh.'

(27) Ion*n*saighis Colmán an traigh;
Ion*n*saigis Duinecha go mbáidh,
'S da sleigh 'na laimh gan len,
'S a cloidemh fada fír-tren.

---

[1] na = no.

[2] This line is a syllable too long; ? omit 'loch'.

Seallais súas Colmán na cceall
*Ar* *air*d-*r*igh nimhe go tend,
Is tucc*adh* doib[1] anúas do nimh
Gach ni do smuai*n* 'na menmai*n*.

Teilgis Duin*e*cha an tsleigh caoimh
A laimh m*ei*c an righ[2],
*Ocus* m*ar*bhth*ar* leis an peist
Uathmar, aingidh, aigméil.

'T*ar* d'ai[*n*]m si cuccam an tsleigh,
'An cran*n* uasal iub*air*,
'*Ocus* lúbthar lem a cend ;
'As di doronas bacha[i]ll.

'An áil letsa, a Duinech*a* feil,
'Anos crand do tsleighe fei*n*,
'*Ocus* í 'na bachaill go beacht,
'A cíos is a maóraigheacht?'

'Gion gub ceird do ro-mhac rig',
Adub*air*t Duinech*a* co fír,
'Dobér mo shíol duit don dail,
'Is bed fod díden, a Cholmáin ;
'Is tabh*air* do bacha[*i*]ll dod mháor féin
'A bfocc*us* a neidircein.'

Na cúicc duine décc go derbh,
Do bí 'san mbaile si*n* m*ar*b,
Tucc*us* dóibh uile a nanmai*n*
Lem guidhe, lém glan-tsalmuibh.

Fu*arus* mainistir on rígh,
Ó áird-rí Alban go fír,
Is do roin*n*es mo cáin go mblaidh
Et*er* E*rinn* is Albain.

(28) Ticcim an*n*sin d'Feraibh Ceall,
Duinecha is Cuinedha go tend,
*Ocus* mo bachall [bán][3]-oir,
Ós íad sin mo mhuint*er* cóir.

An tegh as nach fagta acam
Mo bhachall 'sa tír si trá,
Ní bía ioth na bliocht is tigh,
'S ni bía 'ga mhac 'na degh*aid*.

---

[1] *sic* MS. ; ? dó.
[2] The metre seems rather irregular hereabouts.
[3] Space left vacant in MS.

Ni bia mac *ar* slio*cht* ath*ar*
Na inghen *ar* sliocht a máth*ar* |
Go brath brath[1] acc Feraibh Ceall, f. 223v
Muna raibh cíos na mbachall.

Faccbaim d'Feraib Ceall b*úd*déin,
In u*air* nach dingnet m'áonach fein,
Gurab mera doibh na dhamh,
In u*air* bías sé gan dena*mh*.

Ni thiubhra muir a monadh,
Is ní tiubhra an tal*amh* toradh;
Gorta gach raithe is doigh,
Teirce bídh *ocus* édoigh
Fa crích fFer cCeall amach,
O théid mo bhachall diomd*ach*.

No go náiremthear, a ch*ar*a,
Olc ban, is gainemh mara,
Lionm*air*e nád na losa
Na míorbhuile móra sa.

(29) Indis si úai*m* d'Feraibh Ceall,
*Ocus* d'Éilibh gan dícheall,
In úair nach freccraid mé b*úd*dein
A bfocc*us* a neidircéin,
Aithn*idh* damhsa inní bías de,
Bidh ifrion*n* a ni*ar*traighe.

Gach aon dui*n*e d'Feraib Ceall
Nach bia dom réir si go tend,
Guidhim si an táon Día co fír,
N*ar* faghait la*cht* a dámh-cích.
Da.

Oir is íad a damh cich fein;
An cathair nemh*dha* fa sceimh,
Ni treicceabh sa í gan gó
*Ar*a bfuighe mé d'anró.

Tri meic Don*n*ch*aid* luaidhis dáil
Duin*e*cha, Muadh, is Ailleán,
Na treiccet Í Duibhgin*n* mé
A bfocc*us* na a neidircéin.

Is biodh O Gallgan im laimh
Go brath, is biodh O Braca[i]n;

---

[1] A third 'brath' added in MS., and deleted.

Í Ghrúccain leamsa gan cleith,
Ticcit [do]cum mo reilge;
I Corraccáin lem gan gó,
Na tréiccet meisi ar anró.

Da cích.

vi. (30) *Ocus* a haithle na láidhe sin do battar na m*a*ccaoimh sin .i. Baoithín ⁊ Ulltan, acc den*amh* a leighin*n* i lLoind Eala, oir ba he an tres priomh-aonach E*renn* eissem .i. aon*ach* Taillten, ⁊ aonach Cluana m*ei*c Nois, ⁊ Lain*n* Eala. *Ocus* do bhád*ar* buadha *ar*na m*ac*caomhaibh sin .i. gach ní da ccluinedh Ulltan, do biodh sé aicce do f. 224$^{a}$ meabh*air*. *Ocus* gach ni da ndentáoi do Bhaoithin, | ní fosdadh aon fhocal. Go ndubhradh an laidh:

(31) Tri haonaighe Er*enn* búdhéin,
In*n*isim si daoibh fa scceimh,
Ata a meabhair agam, 's ni gan*n*
A faisnéis, fios a nanman*n*.

Aonach Cluana as uaisle diobh,
Aónach Taillten laithe in riogh,
An tres aonach m'aonach féin
A bfacc*us* a neidircéin.

Fu*arus* ó aird-ri na ran*n*[1]
Gach aon *n*duine da tticc an*n*,
Cumas a leith-sceoil ar nimh,
Luach a faicsiona lá m'áon*aigh*.

Gach aon nduine do aont*aigh* mé
An *n*gach tír *da* ffuil fan g*r*éin,
Faccbaim si doibh da chion*aid*
Nach faicfit a súile if*er*n.

O Callraighibh, nach mill dail
Fam bachaill, go cloin*n* Colmai*n*,
Pingin*n* as gach deth*aigh* duit,
*Ocus* in torad comhruic.

Gach ní adub*art* ó chianaib,
In*n*isim do réir riagla;
Ni chélam *ar* dhuine 'sa crich
Gurab íatt sin duibh a trí.

Tri haon*aigh*e.

(32) A haithle na laidhe sin ro buáil Colmán Eala a dhalta .i. Baoithín; ⁊ ro imthigh Baoithin reimhe d'éis a bhuailte. *Ocus* ro

---

[1] = renn.

len Colm*án* é. *Ocus* t*ar*la lobhrán t*r*uagh tarr-lomno*cht* dó occan ulaigh l*eth* amuigh don baile. *Ocus* do bhennaigh do Cholmán. Oc*us* adub*airt* fri Colmá*n*: ‘Iomch*air* ar do mhuin mé, a naoimh cléirigh, gó t’altóir fein ar gradh Dé.’ ‘Inné nach foghnan*n* duit duine ele dot b*r*eith an*n*sin?’ ar Colman. ‘Ní foghnan*n* idir’, *ar* an lobh*ar*, ‘óir as ferr le Día tú féin do dénam umhla dó.’ ‘Más ferr, as meise iomchór*us* tú’, ar Colmán. *Ocus* rucc lais conuicce an altóir e.

(33) *Ocus* atb*er*t an truagh fris: ‘Cuir mo shrón it bheol, a Cholmain, ar g*r*adh Dé; ⁊ cuir i mbeind do *cu*bail ⁊ cuir t*ar*in temp*all* amach a mbia in*n*te.’ Doroine Colmán am*al* atb*er*t an t*ru*agh; | ⁊ dochuaidh f. 224$^{b}$ leisan salchar sin na sróna taran temp*all* amach; ⁊ in u*air* tainic amach, issedh fu*air* ina ucht .i. tinde óir, ⁊ sgribend do litreachaib ór*dha* in*n*te tainic on Trinoid. *Ocus* do ghabh iongant*us* Colmán ’mun adhbar sin, ⁊ ro ion*n*to tara ais go luath; ⁊ ní fhacadh an lobh*ar*.

(34) Imth*ús*a Baoithin; iomraiter aguin*n* do bai ag sechna a leighin*n*, ⁊ docuaidh da fholach fon coill ó Laind Eala súas. *Ocus* dochon*n*airc duine ag cur slaite ’na aen*ar*; ⁊ m*ar* dochuiredh slat, do ticcedh ar cenn slaite ele da cur m*ar* an ccédna. Gidh edh do eir*igh* an tigh lais. *Ocus* dochon*n*airc Baoithin inní sin, is*edh* asb*ert*: ‘Da ndernain*n* si mo leigenn marsúd, ⁊ lenmai*n* de, as doigh go mbiadh leigen*n* accam.’ *Ocus* ro fer céoth mor-fertana an*n* an tan sin. *Ocus* doch*uaid* Baoithin d’i*arraidh* díona fo dhar*aigh*. Ocus dochon*nair*c braon ag siledh i naon ionad. *Ocus* dorin*ne* Baoithin locc dia sail isi*n* ionad si*n*, ⁊ do líon an bráon an locc an u*air* si*n*; ⁊ adub*air*t Baoithin an tan sin: ‘da ndernain*n* si mo leighend m*ar*súd, do biadh leighion*n* agam’; ⁊ adubhairt an laidh:

(35) Do bhain*n*ib líontar lathrach,
Do shlataibh gníter cruin*n*-tech;
An teghdais as ionmai*n* la Día
Bidh lia ’sa lia a muin*n*ter.

Da nadhrain*n* dom leighion*n* féin
A bfocc*us* a neidircéin,
Gidh mion dogénain*n*, d*ar* lind,
Do biadh agam mo saith leighin*n*.

An en tslat bhen*us* an fear,
*Ocus* cuires ara thegh,
Ata an teach ag eirge go hait,
Gidh min cu*ir*es an en tslait.

An logán dorinne mo shal,
Bidh maith ag Día ’s ag Colmán,
As lán gach áon cioth don braon ban,
É an uiscce ’na con*ar*an.

Dobheirim freit*ech*, re mo lind
Nach treiccfet sa mo leigin*n*,
A bfuighe me d'ulc de t*r*a,
Gurab 'ga den*amh* beo sa. |

f. 225$^{a}$ Do in*n*is Baoithin b*úd*déin
Do Colmán, da oide fein,
Tucc se do Colmán moid tend,
Nach sechonadh a leighen*n*.

'Dia tucc dod munadh, a mheic,
'Duit an eisiomplair oird*eirc*',
Ar Colman reidh 'ga freccr*a*,
Lan d'feile is d'fír-eccna.

Do.

vii. (36) Asa haithle sin dogluais Colm*án* Eala roimhe a ccoin*ne* Mochuda. *Ocus* Mochudha 'arna ionnarbadh a Rathain; ⁊ ro ghabh tríd Feraibh Ceall, no go rainic go baile Duin*e*cha m*eic* Don*n*ch*adha* d'iarr*aidh* bídh *ar* Duin*e*cha; ⁊ fuair sé méid éiccin bidh. *Ocus* ba hé líon batt*ar* an*n* .i. tri cáocca ⁊ tri mile. *Ocus* fa hé biadh tucc Duin*e*cha doibh .i. tri m*air*t, ⁊ tri muighe bain*ne*. Adub*air*t Mochuda *gur* bo becc leis sin. 'Masa becc', ar Duinecha, 'cuir do dhon*us* ara muin', ⁊ atb*er*t Mochuda an laidh:

(37) 'Cluain da crand,
'Imbi Duinecha cruaidh-gand,
'Go raibh Duinecha gan Cluain,
'Go raibh Cluain gan Duin*e*cha ann;
'Ocus co raibh an tres dith
'Uaimh fa thrí *ar* Fheraibh Ceall.'

Do bí Colmán Eala féin
Acc eist*echt* ríu fo sgeimh,
*Ocus* nir bind leis gan cleith,
Fir Ceall aga nesccaine.

'Fagbhaim do Duin*e*cha uai*m*
'Beith g*r*aingciuil g*r*uam*dha* cruaidh,
'Faccbai*m* si doibh da cin*n* sin,
'Nach ba meisde da ccoin*n*im.

'Fagbaim 'na diaigh d'Feraibh[1] Cell,
'A m*ar*badh m*ar* mucaibh tall,
'Fáccbaim si doibh da cin*n* sin,
'A bfas m*ar* na raithnechaibh.

---

[1] The letters 'aibh' are accidentally repeated.

'Fáccbaim [da cinn][1] doibh b*údh*dein
'Do muintir Duinecha reidh,
'Gach duine taobh des[2] . . .
. . . . . . . .
'B*ía* gairde a saoghal na cách,
'Is goma teirce a conach.

'Fáccbaim si da mnaibh beith d*r*uit,
'*Ocus* fáccbaim dáibh beith báeth,
'Fáccbaim si doibh da chion*n* soi*n*
'Buaidh *con*aich is buaidh cloin*n*e.'[3] |

(38) Ticc chuca Colaim Cille, f. 225^b
Flaith fosaidh na firin*n*e,
Is nír muirneach leis gan cleith 'e',
D'easccaine ara bhraithre.

'Cuir an easccaine útt as',
Adub*air*t Colam co bras,
'No muirfidher th'iomat naem
'A bfocc*us* no a nedarráon.'

'Guidhim si aoin Dia *búd*dein',
Adub*air*t Mochuda féin,
'N*ar* chuire Dia t*ar*a hais,
'Is ni cu*ir*eabh sa 'na eccmais.'

'Os meisi dochí an rí',
Ar Col*am* C*ille* go fír,
'Cuirfet hí t*ar*a hais ana,
'Is cuirfe Colmán Eala.'

Colam Cille *ocus* Colmán,
Mancán, *ocus* caomh Odhrán,
*Ocus* naoimh Erenn uile,
Do claochlodh na hesccaine.

Becc n*ar*bh aithr*ech* le M'cuda
An de*r*na seision *cu*ca,
An tan do*connairc* se go mbuaidh
Naoi*mh* Érenn ag t*echt* go Cluain.

Cl*uain*.

(39) Gluaisidh Mochuda b*úd*dein
Roimhe 'san oidhche 'na réim,
No go rainic an fer ócc
'San choill irroibhe d*ar*og.

---

[1] Something is wanting here. [2] More than a line is wanting here; a space is left vacant in the MS. Probably the MS. from which O'Clery was copying was illegible or defective here. [3] This line is wholly inconsistent with what goes before; ? read: Dimbuaidh conaich is cloinne.

Sgrechait a lobrain fair fein,
Sg*r*echait a mhairtire[1] b*ud*dein,
*Ocus* fiarf*aigh*it ga ttoigh,
Cáit a ttaiscdís a leabhair.

Cromaidh an d*ar*óg 'na diaigh
G*us*na naomhaibh tareis gliadh,
Is anaitt uimpe na t*r*uaigh
Deis a ndíochuir o Chluai*n*.

Cluai*n*.

viii. (40) Da mhacaomh[2] óga batt*ar* it*er* muint*er* Colmai*n* Eala. Ro fhoirbrett*ar*, gurbhat sccolócca móra. 'Cia chan', *ar* na cleirigh, '*gan* feidhm cráb*aidh* d'orducc*adh* dona sccolóccaibh út, ar tainic aóis chráb*aidh* doibh.' 'Ní ordaigheab', ar Colmán Eala. 'Cidh ón?' ar síatt. 'Is*edh* so', ar Colmán, 'ata leaba fir dibh i nif*ur*n; ⁊ cidh crab*udh* doneth sé isin aois út, is éccrab*udh* dodéna i ndeir*iudh* a shaogail, gombá i nif*ur*n bías. Ni bhenabh sa a chuid don tsaogal f. 226$^a$ fair, *ar* ní | fochraic fil aicce. Ata leaba an fhir ele i nnimh; ⁊ gion go nderna sé crab*udh* 'san aóis útt, dodhena fadeoigh, go mbia for nemh; *et reliqua*.

(41) As leabh*ar* Each*raidh*e i Shiagail ó Fheraibh Cheall i Midhe ro scc*r*íobh*us* an beccan fu*arus* an ceidfeacht 'do beth*aid* Colmain', ⁊ ro aithsc*r*iobus so an tan so *ar* mo lorcc fein i cconueint bhrath*ar* Dúin na nGall ag D*r*obhaois, 19 Nove*m*b*er* an*no* D*omi*ni 1629; ⁊ gan am*arus* aithnim fein go ffuilim ag sg*r*íob*had* morain go fada, eimilt, slim; gidh edh biodh a aithber *ar*na daoinibh do athain diomh lorcc na sein-leab*ar* do lenmai*n*, go ham asgagtha.

---

[1] *sic* MS.; ? a mhuintir.

[2] = M § 19; S § 26.

# Betha Moeog Fearna. p. 132

(1) Gabhuis[1] rí coigeadh Con*nacht* dar bhó co*m*ain*m* Sena, 7 Eithne a bhai*n*-cheile. Nior ginedh gin mhic ná inghine úatha. Luighsit do t*r*osgadh go Drui*m* Lethan f*r*ia hoighir do fhaghbail; go bfhacaidh an ingen aislingthe .i. ré do dhul a mbél an righ, 7 docon*n*airc an rí maran gcedna realta do dhul a mbéol na rioghna; 7 así b*r*eath rugadh aran aislingthe sin .i. go ngei*n*fidhe gin bhuadha eturtha díamadh lan béoil na ndaoine; 7 amhail do sheol an realta na faighe dochum Iosa, go séolfadh an realta sin an m*a*c sin dochu*m* an Spiorada Naoi*m*. Tarla g*ur* bha torrach an inghen an aghaidh sin.

(2) Luigh[2] an ingen so la naon a gcarbad go ttarla draoi dhi. ‘Fuai*m* carbaid fo rígh so’, ol se. Dochi an dráoi an inghen ’sa charbad ana haon*ur*. ‘Fil m*a*c miorbuilech ad broin*n*’, ol sé, ‘dia mbá lan beoil na ndaoi*n*e a ni*m* 7 a ttalamh.’

(3) Níor bhó cían[3] iarsi*n* go rug an ingen an mac, 7 tughadh Moeóg do ai*nm* fair; 7 ro hoiledh go hanoirech a mBreghmuigh é; 7 an áit for*ar* tuismhedh an m*a*c sin, do an ráon sol*us* | deallraightech o p. 133 nemh fuirte f*r*ia ré chian.

(4) Fe*cht* an*n*[4] cuingis Ainmirech .i. rígh Eiren*n*, geill for Con*nacht*a, 7 doberar Moeog a ngiallaidheacht dó. Tig c*r*oídhe 7 in*n*tin*n* an righ for ghnúis 7 deilbh an mhacaoi*m*, oir dob fhollas dó rath an Spiorada Naoi*m* for Moeog. ‘Eirg do[t] tigh’, ol an rí, ‘no an sun*n* gan ghiallaidhea*cht*.’ ‘Rachad’, ar Moeog, ‘día léige na geill oile liom.’ *Ocus* dobeir an righ ced conaire dóibh maille re ben*nacht*ain; 7 t*r*iallaidh gach aon acu dia áit budheisin.

(5) Fea*cht*us[5] do Moeóg arao*n* fría haoghairibh dúin an righ, dia bfacad*ur* ocht bfhaolchoi*n* do amus forsan ttréd baoi og Moeóg, 7 doníad u*m*la iona fhiaghnaisi, 7 ro fech fora tt*r*oighe. ‘Is deoi*n* damhsa’, ol sé, ‘caora gacha con duib’; 7 beirid léo. Tiaghaid na haodhairedha do egnach for Moeogh do*n* dún; 7 tig bui*m*e Moeog forsan bfaithche. Gabhais uaman Moeog ága faicsi*n*, 7 guides Día u*m*a fhorta*cht* fuirthe; 7 no berar o*cht* gcaoirigh fó dhath 7 ion*n*as na gcaorach ugad, 7 tiaghaid foran ttréd; 7 ní fes cá hair*m* asa ttangad*ur*. | Curtar Móeogh fría leighen*n* na heglaisi naoi*mi*. p. 134

(6) Fea*cht*as[6] do Moeog ag iornaighthe for dia*mair* an fhedha go bfhacaidh damh allta, 7 coi*n* ’na lenmhuin, go ro oiris an damh

---

[1] M = § 1; S § 1; Ir.² §§ 1, 2. Except where otherwise noted, the sections of V are the same as those of M. [2] = M § 2; S § 2; Ir.² § 3. [3] = M § 3; S § 2; Ir.² § 4. [4] = M § 4; S § 3; Ir.² §§ 17–19. [5] = M § 5; S §§ 4, 5; Ir.² §§ 20, 21, 23. [6] = M § 7; S § 6; Ir.² § 25.

oga. Cuiris Moeog ben*n* a bruit tara ben*n*aibh día dio*n* forna conaibh ; 7 '*ar* ttoighea*cht* doibh ni fu*air*sid lorg ná amharc fair, no g*ur* imtigh slan iarsi*n* fon bfiodh.

(7) La naon[1] do M*oeog* 7 do deisgiobal oile, dar bó hain*m* Lasairianas, og ernaighthe a mbun da bhile, 7 tro*m*-sherc a cheile léo. 'A Iosa', ol síad, 'an déoin duit ar neidirdhealugadh; no ar noirisemh ag aroile do shior?' Tuiteas bile budheas, 7 bile budhthuaidh do*n* dá bhile. 'Ro foillsighedh ar nio*m*sgaradh', ol síad, 'tre thuitim na mbiledh.' Gabais Moeogh budhes, 7 doghní cathair oirbhidnech a bFerrna; 7 gabha[i]s Lassairian*us* budhthuaigh, 7 doghni cathair a nDai*m* Inis.

(8) Laithe nao*n*[2] do M*oeog* ag siubhal for Sliabh Betha, go ro thuit an oighche fair; go ro guidh Día u*m*a sheoladh forsan gconair gcóir.
p. 135 Nior bhó cían go bfhacaidh dá ai*n*gel oga | glacadh fora lamhaibh, go rugsad don rig-les hé. *Ocus* ro thogaibh c*r*os oirbhidnech forsa*n* ttulaig sin do fhoillsiughadh na miorbhuile sin.

(9) Laithe[3] do M*oeog* f*r*ia taobh Locha hEirne, co bfacaidh ben ana dhail, 7 lamh-co*m*airt mhór fuirthe. 'Mo m*ac*', ol sí, 'do baithedh foran loch so, 7 días do lenbaim oile marao*n* f*r*is; 7 atai*m* si 7 Eoch*aid* a athair .i. rí an tíre, ag cuartug*u*d nao*m* na tíre, do faghbhail a fhesa uatha, cía hair*m* a bfuighbhemais a chorp; 7 asedh isbertsad f*r*in*n*, a fhios do fhagbhail úaitsi.' Luigh an ingen 7 Moeog docu*m*h an phuirt, 7 nir fhion*n*sat cía cúil do*n* loch iona rabhsad na curpa. 'A Iosa', ar Moeóg, 'Duisg m*ac* na mná so damh, 7 na curpa oile filid maráo*n* fris.' *Ocus* do eirigh an m*ac* lásan mb*r*eithir si*n* a bfiadhnaisi M*oeog* 7 na hingi*n*e. Tigh Eochaidh a athair .i. rí an tíre, foran ttulaigh, 7 ro iodhbhair an m*ac* do Día 7 do Moeog a *m*bithdilsi.

(10) Luigh[4] M*oeog* a mBreathnaibh go hair*m* a raibhi Daibhiod Chille Mui*n*e, an tesbudh naomtha.

p. 136 (11) Fe*cht*as[5] do Dhaibhiod gona mhanchaibh for cen*n* | chonnaidh, 7 ní ro raithigh M*oeog* íad. Báoi leab*ur* ana fhiadhnaisi, og cantai*n* a shalm. Ba di*air*mi doi*n*en*n* an láoi. Baoi nech lás*ar* mhiosgais M*oeog* forsan ttulaidh. 'Eirg', ol se, '7 beir an óc-damh[6] ai*m*riata ughad, n*achar* [i]omchair eire ría*m*, lat a ndeghaidh na manach, 7 tug oire fortha lat.' Cuires nech le M*oeog*, 7 tuadh lais, da fhul*aram* a cen*n* do tesgadh do M*oeog*. Eirghes Moeog, 7 fágbhus a leabhar fosgailte fon bfherthai*n*; 7 ro u*m*laighsit na dai*m* dó, 7 tiaghaid for dia*m*air an fhedha a gconair ná ro fhuilngsit ria*m* roi*m*e dul an*n*; 7 as soirbh an tshlighe si*n* da gach ao*n* osi*n* aleith.

(12) *Ocus*[7] cuires an nech si*n* adubra*mair* a thuaigh úasa do bualadh

---

[1] = M § 8; S § 7; Ir.² §§ 26, 27.

[2] = M § 9; S § 8.

[3] = M § 10; S § 9; Ir.² §§ 28, 29.

[4] = M § 11; S § 10; Ir.² § 57.

[5] = M § 12; S § 10; Ir.² §§ 58–63.

[6] We should read: 'na óc-damu . . . nachar iomchuirset'; cf. 'fortha' and 'na daim' infra.

[7] = M § 13; S § 10; Ir.² §§ 64–66.

M*oeog*, 7 ro lensad a dhi lai*m* an tuadh, 7 ni ro fed togbhail ná t*ur*na*m* fuirte. Do foillsighedh si*n* do Daibhiod, 7 téid go hair*m* a rabhsad, 7 tiaghaid do*n* chill, 7 sgaraid lamha moghaidh frisan ttuaigh; 7 dogeibhid an leab*ur* gan dith gan do*cur* *ar* ao*n* litir de.

(13) Laithe[1] do M*oeog* ag dul ar cen*n* len*n*a dona manchaibh, go ro bhris | an soitheach, go ndechaidh an lion*n* fo lar. Cuirig siu*m* sighin p. 137
dia bhais úasa, go ros íoc, 7 dobheir an lion*n* dochu*m* na manach.

(14) *Ocus*[2] dober*ar* m*a*c an righ amlabhar ana dhail for ao*n* cois, 7 aon lai*m* 7 áon shuil; 7 ro imtigh slan dia tigh iarsi*n* la g*r*asaib Dé 7 Moeogh.

(15) Fea*cht*[3] do M*oeog* go bfacaidh nech[4] ana dhail, 7 ao*n* chl*ár* aighthe lais. Cuingis a f*ur*ta*cht* for M*oeog* *ar* dheirc 7 t*r*oighe. 'Siri*m* si ar Dia forta*cht* fort', ol M*oeog*; 7 tai*n*ic aghaidh 7 dealb fair mar gach naon oile.

(16) Cuinges[5] Moeog for Daibhiot deonughadh toighe*cht*a a nEiri*nn* doridhisi. *Ocus* iar ttoighe*cht* dó a nÉiri*nn*; 'Cuirigh 'ar gculaibh me dorighisi', ol sé, 'go hairm a bfuil Daibit, go ro fhoillsighe damh cía bhus an*m*chara damh'; 7 ni ro fhaomsad lucht na luinge an tiompodh. Beires Moeog cei*m* asan luing, 7 siubhlaighes o tuin*n* go tuin*n*, go tt*ar*la aingel De dó. 'Ni rige a les an*m*ch*ara*', ol sé, 'a*cht* Iosa; oir ní fuil coir fort.' T*r*iallas Moeog *tar*a ais docu*m* na hEiren*n* doridhisi. Gabh*us* port a nIobh Cin*n*sealaigh, 7 doni eglas | toghaidhe an*n*. p. 138

(17) Do bad*ur*[6] dá bha 7 laogh lais. Tig an cú allaigh for faithce na cille. 'In do chuinged do p*r*oin*n*e for Dhia tige?' for M*oeog*; 7 dobeir an laogh dó. 'Ni tiubhraid na ba luim gin laogh', ol an taoghaire. 'Eirg si día ndiul', ol Moeog, og togbhail a lai*m*e ós a chion*n*, '7 dob*er*aid loi*m* fort amail laogh'; 7 dobheirdis.

(18) Téid[7] sluagh a nUaib Cinnsealaigh la na*on*, 7 an tír *ar* cui*m*irce Moeog ina t[e]ar*m*an*n*. Cuires M*oeog* tí dia bachaill a tti*m*cheall an bhuair; 7 anais an sluagh gan dul a ndiaigh an eallaigh, a*cht* aoi*n* fer namá dia maithibh, 7 fuair bás i*ar* ttea*cht* t*ar*an ttí dó. *Ocus* ro iompó an sluagh dia g*cr*ich fei*n* agá fhaicsi*n* sin; 7 ro fhan an buar ag Moeog.

(19) Fea*cht*us[8] do rí Ó gCin*n*sealaigh for creich, go ttarla M*oeog* dó, 7 dorad almsa dó, 7 teid dia thigh. *Ocus* gabha[i]s saoth 7 galar do*cr*aidh he, g*ur* sgar a spiorad ris, d*ar* lais féin. Do foillsighedh iofran*n* dó, go ng*r*eis d'an*m*an*n*aibh adhuathm*ur*a an*n*; go ttug ana*m* diobh tarrang día anail forsan righ, gunas rug go|nuige a bhéol é, go bfacaidh an p. 139
bo*cht* ag c*ur* na deirce dorad dó a mbeol na piasda; 7 nior sguir do

---

[1] = M § 14; Ir.$^2$ § 67. [2] = M § 15; S § 11; Ir.$^2$ § 68. [3] = M § 16; S § 12; Ir.$^2$ § 69. [4] The words 'go bf. nech' written twice in MS.; the former deleted. [5] = M §§ 19, 20; S §§ 15, 16; Ir.$^2$ §§ 72, 74, 75. [6] = M § 22; S § 18; Ir.$^2$ §§ 77, 78. [7] = M § 24; S § 20; Ir.$^2$ §§ 92, 93. [8] = M § 26 (V § 29); S §§ 20–22; Ir.$^2$ §§ 95–99.

tarrang an righ, *gur* chuir an bo*cht* a bachall *ar* béol na piasda. Duisgis an righ, ⁊ ro in*n*is gach ní ro chon*n*airc. 'Tabhair Moeog cugad', ol siad, '⁊ fogebha fios gach neith uadha.' 'Is córa aisder go hoglach nDé', ol an rí; ⁊ téid go hair*m* araibhe M*oeog*. 'Agsúd an nech día ttugas [s]a an deirc', ol an rí, '⁊ ra fhuaslaig a craos na piasda mé.' Dobheir an rí Ferrna a mbith-dilsi dó, ⁊ dorin*n*e eglas oirbin*n*ech an*n*, ⁊ m*air*igh bhéos.

(20) Eagai*n*id[1] a haithtreabhtaigh f*r*ia Moeog an baile gan uisge. 'Tochailt*er* libh bun an bhile ughad', ol Moeog, '⁊ dogebtói tobar an*n*.' Ro ghniad, ⁊ ro frith. *Ocus* gabhais an s*ru*th for siledh a ttorain*n* ferain*n* báoi ag nech oile fría taobh an dui*n*.

(21) *Ocus* dotigdis ingena an baile f*r*iaa ttaobh do ion*n*ladh ⁊ d'fothradhadh g*us*an ttobar do fhoillsigh Moeóg. 'Na hion*n*laidh an*n*so', ar M*oeog*; 'tob*ar* comnaighthe na manach e, ⁊ ní mna is cnesda p. 140 *ar*aon fríu.' 'Dodenam', ar | síad; 'lin*n*e a leth a ndiaigh ar bferain*n*.' Luigh i*n*gea*n* an righ lá ná*on* do*n* tob*ar* día fothradhadh, g*ur* ro len gainemh ⁊ g*r*ian an tob*air* di. Tig a hathair go M*oeog* do cuingidh forta*cht*a di, ⁊ no bheradh hé fei*n* a mbith-dilsi dó. Doníad samluigh.

(22) Fea*cht*us[2] día ndechaidh Moeog don mainisdir do fhios mhanaigh bo bháoi a tt*r*eabhlaid. 'Filid na manaigh uile a tt*r*eablaid', ol an tab, '⁊ dent*ar* libhsi a bf*r*esdal an gcei*n* beithi sun*n*.' 'As tualaing Dia a slanughadh', ol M*oeog*; ⁊ doronadh amlaidh. Teora lá dhoibh oga bf*r*easdal; ⁊ cuingis an tab for Moeog a bfhagbail isna gallraib cedna; ⁊ fágb*us*, gér bha doirbh lais.

(23) *Ocus*[3] luigh M*oeog* go Ferrna, dia bfhacaidh seisrech go gce*cht* ⁊ go niaran*n* narathair a toighea*cht* a gcianaibh cuige; ⁊ beiris lais hí dia tabh*air*t a nalmsai*n* do ingenaibh Aodha m*ic* C*air*bre, do bí ag cin*n*ed a mbetha do Dhia. Go ttarla bo*cht* dó forsan gco*nair*, ⁊ ro sir damh for M*oeog*. *Ocus* dob*eir* dó, ⁊ beiris na daim oile go hair*m* p. 141 arabsad na | hingena. *Ocus* ni ro fhedsad treabhadh a niongnais an dai*m* adubhra*m*air. Dochiadh da*m* ag toighe*cht* asan muir chugtha, ⁊ cuirid an cuing fair; ⁊ ro t*r*eabhadh amhail gach ndamh; ⁊ dothigedh a ttús gach aon laithe, ⁊ doteigedh isin muir gach naghaid. Teora mí dó forsan abairt sin.

(24) Fea*cht*as[4] do Moeog go bfacaidh tea*cht*a Daibhit Cille Muine go h*air*m araibhe. 'Eirg', ol síad, 'go Daibit. Tangad*ur* a tíu-laithe, ⁊ beir fair ria mbas.' Luig M*oeog* a mB*r*eathnai*m*, ⁊ dob*eir* co*m*na do Daibiot. 'Do geallas', ol M*oeog*, 'beith a nEirin*n* dorighisi.' 'Eirg si', ol Daibhiot, 'foran ttraigh, ⁊ gibé an*m*an*n* egcen*n*ais dogebhair an*n*, eirg fair, ⁊ b*er*aidh go hEirin*n* tú; ⁊ cuirfed sa t'aos cu*m*tha ad deghaidh'. *Ocus* sgaraid f*r*ia aroile go mb*r*on ⁊ doghailsi, oir ba derbh

---

[1] §§ 20, 21 = M § 27 (V § 26); S § 23; Ir.$^2$ §§ 100–102. [2] = M § 29 (V § 28); S § 25; Ir.$^2$ §§ 104, 105. [3] = M § 31; S § 26; Ir.$^2$ § 114. [4] = M § 32; S § 27; Ir.$^2$ §§ 116, 117.

léo a neidirdhealughadh t*re* bhithe. Teid Moeog forsan purt, 7 dogeibh ain*m*idhe egcen*n*sa an*n* nachar aithin, 7 teid fair, 7 b*er*es go Ferrna he.

(25) *Ocus*[1] doni t*r*osgadh cethracha la 7 adhaigh an*n*, amhail dorin*n*e Iosa 7 Elías 7 Maoisi; 7 ni ro chuir fain*n*e na truall*edh* fair.

(26) Fea*cht*us[2] do M*oeog* for bru Atha Io*m*dhai*n*, 7 bá sen*n*da
an tan sin | hé. Go ro fiarfaidh ara a carbaid de: 'Cia bus p. 142
bus esbudh a bFerrna tar t'eise?' 'In cedna fer gebhus an tath
ugad', ol sé. Dochiad buidhen a gcen*n* an atha go lamhach 7
baos*r*adh léo; 7 ba cleirigh iadso*m*. *Ocus* tig nech baoth diobh ar
ao*m*thus[3] an atha, 7 tig forsan ttulaigh araibhi M*oeog*. 'A naontoigh
riutsa as ail damhsa beith', ol sé. 'Cia h'ain*m* si?' ol Moeog.
'Moling', ol sé. Do ansad arao*n* a bfoch*air* a cheile go bás Moeog; 7
do goiredh easbudh a bFerrna do Muli*n*g.[4]

(27) Doclos[5] do Moeog iarsi*n* go raibhe b*r*ath*air* dó a ngeill ag righ
O Conaill Gabhra. Luigh go dun an righ, 7 ro con*n*magh[6] hé teora
lá 7 aghaidh a mbeol an dunaidh gan biadh gan digh. *Ocus* ro
diultadh an giall do tab*air*t dó, 7 fúair inghen an righ bás an adhaidh
sin. Beiris an rioghan a hinghen lé go hair*m* araibhi Moeog. 'Duisg
so damhsa', ol si, 'oir is tú ro básaigh.' Tai*n*ig cridhe Moeog fuirte,
7 doní edarguidhe for Día, 7 do eirigh an ingen; 7 ni tainic c*r*idhe an
righ for M*oeog*, 7 teid aleith easca*in*e do dhenamh fair. 'Na hescai*n*
an righ', ol an righan, 'a*cht* cuir th'esgai*n*e foran lic ndimhoir | ugad.' p. 143
'Cuiri*m*', ol Moeog; 7 doní di chuid do*n* lic la breithir an naoi*m*.
Gabhais omhan an righ, 7 sle*cht*aigh do M*oeog*, 7 t*uc* an b*r*aighe dó;
7 dobheir Cluai*n* Claidhmhech a mbith-dilsi, 7 doní Moeog eglas
anor*aich* ann, 7 fagbhus blogh día naomaibh ag cantain oifice Dé
an*n*; 7 sg*ar*ais 7 an ri fria *ar*oile fo sith 7 caoin-cho*m*rac.

(28) Fea*cht*[7] do M*oeog* og t*r*iall do Chaisiol go ro oirisid*er* na heocha
baoi fó a charbad. Ba ma*cht*nughadh leosamh sin, go ccualad*ur* in
guth ai*n*glighe úasaibh: 'Ni do Caisil is déoi*n* do Dhía do dula', ol sé.
'Fil Guaire rí Con*nacht* a treabhlaid a gCill mic Duach. Eirig si go
hair*m* a bfhil sé; oir is duit do dheonaigh Día forta*cht* fair.' *Ocus*
gabh*us* an carbad an rao*n* go Cill mic Duach, 7 ro thior*m*aigh Deirgh-
dherc roi*m*e amhail gach magh. Go ttarla dís dóibh, go ro chuinnigsit
éolas fortha. 'Fedha 7 criathra uaibhsi go Cill mic Duach', ol siad,
'7 mas do muin*n*tir Día sibh, reighedh fei*n* an tslighe daoibh.' 'Is
éidir le Dia si*n*', ol M*oeog*; 7 doní magh reigh do*n* c*r*iathraigh, go
ndechad*ur* go Cill mic Duach. *Ocus* do shlanaigh Moeog Gúaire | la p. 144
grasaibh Dé, 7 do foillsigh dó beith t*r*iocha bliadhan a righe Con*nacht*

---

[1] = M § 33; S § 28; Ir.$^2$ § 118. [2] = M § 34; S § 29; Ir.$^2$ §§ 191–193. [3] = ar amus. [4] Something erased between 'Mu' and 'ling'; perhaps the scribe at first wrote 'Mochua', as in the Latin Lives. [5] = M § 35; S § 30; .$^2$ §§ 123, 124. [6] = congbadh. [7] = M § 37; S § 32; Ir.$^2$ §§ 127–129.

go hiomlan, ⁊ téora bliagh*n*a diobh a ttreabhlaid ; ⁊ nemh dó iar neag a logh a einigh ⁊ a *tr*ocaire.

(29) La nao*n*[1] do Mhoeog og denamh aicce*cht*a do mac leighin*n*, go bfacaidh d*r*eimire orrdha ag toirnemh f*r*ia a thaobh ; ⁊ gabus M*oeog* an d*r*eimire súas. *Ocus* ['ar] ttoighea*cht* do, ro fhiarfaigh an m*a*c leigin*n* dé, cía conair dochuaidh. ‘Colam Cille '*ar* negaibh’, ol sé, ‘glóir ⁊ oirmhidi*n* muin*n*tire nimhe ana dhail’, ol sé, ‘⁊ dia moradh léo dodhechas [s]a.’

(30) Laithe naon[2] do Moeog, go ndechad*ur* buidhen la ceilg ⁊ amhainsi do cuingidh d*er*ce f*air*. *Ocus* ro fhagaibhsit a neduighe for dia*m*air ⁊ folach ; ⁊ do foillsighedh do M*oeog* sin ; ⁊ cuiris fios forna heduighibh, ⁊ dobheir a nalmsain íad do bo*cht*aibh oile ; ⁊ imthighid sio*m* ó M*oeog* gi*n* ed*ach* gin almsa.

(31) Bran*n*amh[3] m*a*c Echach, ri Laighen do m*ar*b Sáran*us*, do
Laighnibh he. ‘Doiligh liomsa’, ol Moeog, ‘cen*n* na mbo*cht*, ⁊ dinigh-
théoir na bfan*n*; ⁊ go ttuite an lam sin do bhúail an fior-laith sin.’
p. 145 Luidh Moeog go Ferrna, ⁊ téid for fert B*r*an*n*aim. | ‘Eirg suas’, ar se,
‘a nain*m* Iosa, ⁊ follamhnaigh do righe.’ Tig Bran*n*amh asan bfert,
⁊ téid *ar*áon f*r*ia M*oeog*. ‘Na beir misi aran saoghal ab*r*iosg’, ol sé,
‘léig mhé for nemh anosa.’ Doni a fhaoisidi*n* f*r*ia Moeog, ⁊ dob*eir*
deonughadh dó dul for nemh.

(32) Saranas dona luigh for fert Bran*nai*m go naithrighe nd*er*bhair, ⁊ go ndíughaire truaigh. Tuitis a lámh de, a*m*ail ro chuin*n*ig Moeog roi*m*esin ; ⁊ ba maith eisio*m* iarsi*n* no go bfhuair bás assa haithle.

(33) Fea*cht*us[4] do Moeog ag c*ur* tshil éorna, go ttai*n*ic oglach foran ngort. ‘Is dealamh damhsa’, ol sé, ‘⁊ atá cíos t*r*om aga*m* tig*er*na oram ; ⁊ is ail damh deirc do fadhbhail.’ *Ocus* dobheir an eorna do bí 'na u*cht* dó 'ar ndena*m* óir di. Beirios leis an tór diá tairbert don rí. ‘Cía o bfhuarais an tór?’ ol an rí. ‘Moeog dusrad damh’, ol an tóglach. ‘Éirghid tfhiacha lat’, ol an righ[5], ‘⁊ beir si an tór go M*oeog*.’ Ro chuir Moeog an tór iona eorna, ⁊ ro fhas mar g*ach* neornai*n*.

(34) La náo*n*[6] do Moeog ag denamh egalsa, ⁊ ni bfhuair sáor
p. 146 día crutughadh. Gó ros ben*n*aigh lamh dhuine día muin*n*tir, | diar
bhó hain*m* Goban, ⁊ togbhus an eaglas go ndealbhadhaibh iongan-
tachaibh, ⁊ go ng*r*esaibh bregha, n*ách* raibhi samhail di, ⁊ ni rugadh
buaidh saoirse*cht*a on Goban sin fría rei*m*eas.

(35) Fea*cht*us[7] do M*oeog* og ion*n*mad a habain*n*, go ttainic aon f*r*ia dhruim, go ro chuir a dhi lái*m* f*r*is, go ro fhagaibh an*n*sa lin*n* dia

---

[1] = M § 39 ; S § 34 ; Ir.$^{2}$ § 171. [2] = M § 42 ; S § 37 ; Ir.$^{2}$ § 138. [3] §§ 31, 32 = M § 43 ; S §§ 38, 39 ; Ir.$^{2}$ §§ 142-144. [4] = M § 45 (V § 44) ; S § 41 ; Ir.$^{2}$ §§ 146, 147. [5] The scribe at first wrote ‘an toglach’. [6] = M § 46 (V § 45) ; S § 42 ; Ir.$^{2}$ § 148. [7] = M § 47 (V § 46) ; S § 43 ; Ir.$^{2}$ §§ 161, 162.

bhathadh. Luigh M*oeog* a ttír iarsin gan taisi for fholt na erradh dó. ‘Log m’aincridhe damh, a cleirigh’, ol sé. ‘Is déoin damhsa Día da maithio*m*’, ol Moeog, ‘7 muna ab*ar*tha sin, do suighfedh an talamh tú. Dena aithrighe, oir doghebhair bás an cethramhadh la oníu an*n*sa ghnio*m* dorónais.’ *Ocus* do fioradh son.

(36) Laithe náon[1] di*ar* ghoid mheirlech caora do t*r*éd Moeog, luigh an meirlech ros ith an chaora don eglais do tab*air*t mion*n* in*n*te; og glacadh na mion*n* dotigedh cluasa na caorach tara beola amach.

(37) Dia mbaoi[2] nech uasal a Roi*m* Letha a bpairithlis, 7 ni ro fhedsad náoi*m* naid legha forta*cht* fair; 7 tainig a nÉirin*n* do iarr*aid* Moeog, iar gcloiste*cht* a miorbuile dó; 7 fu*air* M*oeog* bas roi*m*e, 7 téid sio*m* an*n*sa neilit*r*um ionar hiom|curadh Moeog, 7 dogheibh for- p. 147
ta*cht* fócedoir do grásaibh De 7 M*oeog*.

(38) Do bui[3] nech a ttreablait a Laighnibh t*r*iocha bliadhan, dia bfhacaidh fís .i. carbad do toighea*cht* do nim; cleireach aosda in*n*, 7 ban-óg. ‘Can daoibh?’ ol an toglach. ‘Misi Moeog’, ol an cléirech, ‘7 Brighid sun*n*. Amarach mo laithe si, 7 a noirt*ur* laithe Brigidi aníu[4]; 7 tangam*air* anúas do moradh gloire Iosa ion*ur* laithibh fein. *Ocus* bi sí ollamh’, ol se, ‘doghebhair bás an tres lá, 7 dogebhair an riogha*cht* nemhda dot an*m*ai*n*.’ Luigh an fer nao*m*tha si*n*, Fion*n*tan a ain*m*, go Cill D*ar*a[5] a Magh Life .i. reigles[6] la Brighid; 7 ro in*n*is don phobal an aisling adcon*n*airc, 7 fu*air* fein bás an treas lá, amhail ro fhoillsigh Moeog dó, 7 dochoidh dochu*m* ni*m*e.

(39) Ro hoirnedh[7] Moling ana easbudh a bFerrna tareis M*oeog*, 7 ní teigeadh nech ar bith do shuan a nio*m*daigh M*oeog*. ‘Tiocfaidh dio*m*sa súan do dhenamh in*n*te’, ol Moling. Teid ’san io*m*daigh, 7 ro buaidhredh 7 ro gallraidhedh hé, 7 ni ro fhed súan in*n*te, no gur guidh Moeog go diochra um forta*cht* fair; 7 do | fhuair fócedoir tre guidhe p. 148
Moeog dó. Fagbas Moling an iomdhaigh, 7 asbert nachar diongmhala do duine da mair dul in*n*te.

(40) *Ocus*[8] gé docuaidh Moeog for ni*m*, nir sguir dia mhiorbuilibh a talamh. Óir donithi lá uir, 7 la a earradh, 7 lá thaisibh slanughadh dall, 7 bodhar, 7 bacach, 7 na nuile eslai*n*te arcena. *Ocus* ge do in*n*sio*m*air *ar*áill do miorbuilibh Moeog, ní hé a nio*m*lai*n*e do in*n*siom*air*. And*ar*a lá do mi Febriairi docoidh Moeog a naontaigh aingel 7 arcaingel, a naontoigh na nao*m* T*r*ionoide .i. Athair, 7 Mac, 7 Spiorad Nao*m*. Amen.

FINIT.]

---

[1] = M § 50 (V § 49); S § 46; Ir.$^2$ § 166.
[2] = M § 56 (V § 55); S § 52; Ir.$^2$ §§ 251, 252.
[3] = M § 57 (V § 56); S § 53; Ir.$^2$ §§ 253–255.
[4] = oníu.
[5] MS. Cill Chlara.
[6] MS. reigler.
[7] = M § 58 (V § 57); S § 54; Ir.$^2$ §§ 256–258.
[8] = M § 59 (V § $57^b$); S § 55; Ir.$^2$ §§ 248–250.

f. 168$^a$

# Betha Máedócc Ferna.

i. (1) Do boi[1] duine uasal saidbir hi cCon*nacht*uibh darb ain*m* Sédna m*ac* Eirc, m*ei*c Feradhaigh, m*ei*c Fiacrach, m*ei*c Amalgaidh, m*ei*c Muiredh*aigh*, m*ei*c C*ar*taigh, m*ei*c Eirc, m*ei*c Each*ach* m*ei*c Colla Uais, m*ei*c Each*ach* Doimhlein, m*ei*c Cairpre Lifecair, m*ei*c Corpm*ai*c, m*ei*c Airt, m*ei*c Cuin*n* C*et*-cataigh. Boi ben aicce dar bo hain*m* Eithne; ⁊ do shiol Amhalgadha m*ei*c Fiacr*ach* m*ei*c Each*ach* Muigmedhoin disein. Ni raibhe oighre meic nó ingheine aca. Doguidhet*ar* Dia go diochra duthr*acht*ach fá mhac diongmala d'fág*hail*, dogébh*ed* a nionad dia neisi. Doronadh dércae díáirme, ⁊ t*r*oisgthi, ⁊ tredenais leo fan adb*ar* sin. *Ocus* doguidett*ar* naoimh ⁊ fireoi*n* léo, go ffaghdais a nathcuinghe on aóin Dia.

(2) Batt*ar* a ffochair a ceile i*ar*sin .i. Setna ⁊ Eithne; ⁊ do*con*nairc Eithne aisling .i. m*ar* do thuitf*ed* rélta anúas do nimh ina bel; ⁊ do*con*n*air*c Setna féin an aisling c*et*na .i. relta do nimh do thuitim i mbel a mna. Iar neirge doibh do in*n*setar da cheile a ffacat*ar*. *Ocus* do in*n*set*ar* an aisling do daoinibh glioca géir-eolchá. Asedh im*morro* adubratar sein ríu. 'Rélta', ar síad, 'do theoraigh na riogha dochum Criost da adhradh, an tan ruccadh 'san mBethil é. *Ocus* trésan ccom*ar*rdha ccedna sin do foillsighedh daoibhse, geinfider mac uasal onorach uaibh, ⁊ bidh lán do rath ⁊ do grasaibh an Spior*ait* Naoimh é.' As an*n*san oidhce c*et*na si*n* do gein*edh* an nech naomhtha nertcum*acht*ach i mbroin*n* a mhath*ar* .i. Maodhocc, ⁊ as *ar*an adb*ar* sin ader*ar* mac na reltain*n*e ris.

ii. (3) Docoidh[2] Eithne ina c*arpat* do dul le toiscc la eiccin asa haithle si*n*, ⁊ hi torrach ar Mhaodhócc. Tarla draoi fir-eolach di arin slig*edh*. *Ocus* o 'tchual*aidh* so toran*n* ⁊ foghar an charpait cuicce, adubhairt: 'As fo righ reithes an c*ar*pat so cuccain*n*; no fo g*r*asaibh an

f. 168$^b$ Spior*ai*t Naoimh.' | Dochuaid nech aca da fechain cia ro bai an*n*. *Ocus* do*con*n*air*c nac r*aibh*e aoinnech ele an*n*, acht Eithne 'na haon*ar*. Atb*ert* an d*r*aoi ria iarsin: 'Berai si mac maiseach mor-chum*acht*ach', *ar* se, 'b*us* lan do rath ⁊ do ro-grásaibh an Spior*ait* Naoimh.'

iii. (4) Rucc*adh*[3] t*r*a an mac sin i nInis Brechmaighe for Magh Slecht go sunradach. Ro ba foll*us* im*morro* comartha ⁊ *air*rdhe[4] naomthachta aran naoidhin nemh-urcoidigh sin iarna breith t*r*e ghras*aibh* an Coimdedh; óir an tionad ina rucc*adh* e, ni raibe easbhaidh soillse do lo no d'oidhce le haimsir fada and.

---

[1] §§ 1, 2 = M § 1; S § 1; Ir.$^1$ § 1. (Except where noted the sections of V are the same as those of M.) [2] = M § 2; S § 2; Ir.$^1$ § 2. [3] = M § 3; S § 2.
[4] comardhion A, H.

(5) Ceidfert[1] Maodhocc iarna breith .i. an lec fora ruccadh da baistedh he, no bidis cach asteach ⁊ amach aga niomluadh uirre amhail gach nartrach eile.

iv. (6) Fiort ele d'fiortaibh Moedocc .i. bacan na bainfighidh baoi hi llaimh Eithne ag breith[2] an leinimh do maidhe cruaidh coimhfeodhaige cuill do beith fo dhuille ⁊ fo dhegh-blath ina dhecch*aid*, go ffuil an coll sin ina cran*n* nuaidhe nem-*ar*s*aidh* a ccomh*ar*ta an fherta sin i nInis Brechmaighe fós. Aderatt eol*aigh* na criche frisan ccoll sin, an tan cuirter a úir et*er* braigdib et a niaran*n*[3] *iar*na cur fo naoi naifren*n*aibh, go nélait gan fuir*ech* asa haithle.

(7) *Con*idh do cuimniucc*adh*[4] na ffert si*n* doronadh an laidh si:

[A] ceidfert Maedocc na mion*n*
Da eis go follus fuicfiom;
A nairemh as diom dlegar,
Dligidh fili foillsiugadh.

Leac *ar*ar baisttedh Aodh ócc,
An naomh miorbuileach Maodhocc,
On purt go 'roile ag rochtain
Si 'na hethar iomlochtaigh[5].

Fiort ele da fiortaibh sin,
Magh Slecht le h'ath*aidh* d'aimsir
Do ló 's d'oidhce, ceim coimsi,
Se uile fa en shoillsi.

Cran*n* mna fighi frith istigh,
I llaimh Eithne re niodhnaibh; | f. 169a
'Na mhaide coimhféoidhe cuill,
Beith[6] fo duille úr-álain*n*.

Ata an coll sin 'na choll úr,
As biaidh coidhce gan chlaochludh,
Go ndech crioch aran ccruinne,
I nInis blaith Brechmaighe.

Do buadaibh chuill Maedhoicc moir,
A uir 'na urchascc[7] eloidh
Biaidh ag eirge go brath mbecht,
Tuill*edh* a ccen*n* a céidfert.

Cétfert.

v. (8) Ro baistt*edh* tra an noidhe naomhtha nós-oird*er*c sin le crui*m*ter craibht*ech* caoimh-genmn*aidh*, ⁊ le haingeal a fhoircoimhetta iarsin.

---

[1] §§ 5-16 peculiar to Ir.[2] [2] iodnúghadh H. [3] a niarainn A. [4] ⁊ do choimh-thaitmhioch *add.* H. [5] iomluchtaidhe H. [6] a bheith H. [7] urchóid H.

Tuccadh da oilemhai*n* ⁊ da altrom d'O Dubhtaigh[1] e, .i. Dubhtach[2] m*a*c Duibhdacrioch m*ei*c B*r*enain*n*, m*ei*c Fergna[3], m*ei*c Ferg*us*a ; óir asé, Dubhtach, an seis*edh* mac boi ag Dubhdacrioch, mar derbhas an fili :

Se meic Duibhdac*r*ioch ro clos,
Dubtach, Doghran drech-solas,
Maolbennachtaidh[4], Murch*ad* mas,
Guaire, *ocus* Fan*n*an folt-cas.

(9) Ro hoiledh go diochra duthracht*ach* le hua nDubht*aigh*, ⁊ leisan ccuid ele don lucht oilemhna an lenamh ni ba f*r*iochnam*aigh*e ria[5] aionnech ele, ⁊ dorinnedh a coimhett o gach uile ni neim-dligt*ech*, ar lasadh ⁊ *ar* soillsiucch*adh* an Spiorta Naoimh go hiom*arcach* an*n*[6]. Tuccs*a*t a lu*cht* oilemhna .i. a bhuime ⁊ a bhan-coimed*aidh*e tre seirc ⁊ tre g*r*adh[7] tormach ⁊ meducc*adh* anma go follus fair, amhail as bés do buimeadhaibh búidhe ⁊ buan-gradha .i. mo Aodh óg, aga gairm dognath aca de. *Con*idh airesin ro len Maodhócc d'forain*m* fair seach na hanmannaib ele.

vi. (10) Ro ba foll*us* *tr*a rath an Coimdedh cumhachtaigh forsan mac sin .i. for Maodhócc, tar macaibh ele a aimsire. 'Cían ámh ro bai aga tairngire', oir do tairngir an faidh fire .i. Fion*n* m*a*c Cumhaill, cen*n* fesa ⁊ faistine na hEr*enn*, an tailgen*n* tocc*aid*he .i. Maodog mórdha miorbui*lech*, m*a*c Setna, seal fada ⁊ aims*ir* imcian riana geinem*ain* .i. aims*ir* fichet righ do rioghaibh Er*enn* .i. o aimsir Airt m*ei*c Cuin*n* Ced-cath*aigh*, go aimsir Ainmire m*ei*c Setna, m*ei*c Ferg*us*a f. 169$^{b}$ Cenn-fada, m*ei*c *Con*uill Gulb*an*, | m*ei*c Neill *Noi*-giall*aigh*, 'sa aims*ir* a rucc*adh* Maodocc ; oir do bái an fad sin et*er* Fhion*n* ⁊ eissiumh an tan ro tairngir a theacht, an tan ro marbh Goll mac Morna Ferna mac Cairill, mac rígh na nDeisi Mum*an* ; ⁊ oglach g*ra*dha d'Fion*n* eisem.

(11) *Ocus* aga adhlacadh fo talmai*n*[8] tucc Fion*n* a ordog fona déd fis, gur foillsicch*edh* fios fírin*n*each dó ina decch*aid*, ⁊ gur ceil*edh* ainffios fair. 'D*ar* mo breithir', ar se, 'a Fherna m*ei*c Cairill, as moghenar dhuit ro hadhlaicedh 'san ionad sin ara mhed do cheolanaibh coimbin*n*e ⁊ d'fin*n*-leabhraibh eolcha, ⁊ d'iodb*ar*taibh cuirp an Coimdedh bías os do cion*n* go dei*redh* domai*n*.'

(12) *Ocus* bói acc tairngire Maodocc, *con*dub*air*t a*n* l*aid* :

Ath Ferna,
Áit a mbia Maodocc feabda ;
Aniu cidh[9] iomdha a cuana,
Bidh iomdha a nualla nemhda.

---

[1] do Dubhthach H. [2] Dubh Br. [3] meic Fergna, on margin. [4] Máol bhennacht is H. [5] ní is dithniosuidhe ⁊ níos degh-friochnamhuidhe no H. [6] cf. M § 3 ; S § 2. [7] trom-annsacht A, H. [8] fo fhochlaidibh na talmun A ; fo fhochladha na t. H. [9] ciadh id H.

Ath Ferna na feorain*n*e,
Bidh feabhda an fer 'ga mbia;
Doroiset an*n* an*mcar*ait;
Bidh ait ionmain le Dia.

Doria Maodhócc muinterach,
Maisi greine tre ciotha[1];
Doria mac na reltain*n*e,
Relta buadach tre bithi.

(13) Doria Maodhócc muint*er*ach
Tar Áth Fionnglaisi Fiaa;
Bidh tailgion*n* ros toirgeba;
Bidh sroibh-gion*n* duine Diaa.

Bidh e an tionadh aingli*dhe*,[2]
A mbia fian ban i foluc[h]t;
Doria Maodhócc muinterach;
Mochion rígh d*ar*ab ro-lucht.

Bidh é an torc tren turc*r*ut[h]ach,
Bidh e an las*air* bhorr-brátha;
Doria Maodhocc muinterach;
Bidh ton*n* t*ar* iol*ar* atha.

A.

vii. (14) Ro tairngir t*r*a athair baitsi 7 buan-creidmhe ffer nEr*enn* .i. nao*mh* Pat*r*aicc, an naoimh-erlamh c*et*na .i. Maodhocc milisbriathrach mor-cumachtach, an tan bói ag siub*al* droibel 7 ditreab O mB*r*iuin; go ccualadh claiscetal coimmbind, comhcub*aid* na naingeal | ina foccus, 7 ceola iomdha iolarda, 7 airpeit*edh* ailghen aingl*idh*e, f. 170a 7 nualla nemhda 'ga labhra 7 'ga luath-cantai*n*. Ro fhiarf*aigh*ettar na tri caocca naoimh-cleir*igh* batt*ar* i ff*arr*adh Pat*r*aicc; 'Cidh *ar* nach anmaid 'san ion*adh* ina ffuil nuall 7 ceol na naingel, 7 aittreabh 7 comn*aidh*e do denamh 'san druim si ata leth re han .i. leith re huiscce.'

(15) 'Bidh é sin a ain*m* go brath', ar Pat*r*aicc .i. Drui*m* Lethan. *Acht* ata ní cena; ní duin*n*e ata a ndeonucch*adh* anadh an*n*, *acht* d'Aodh m*a*c Setna .i. Maedócc Ferna, naom miorbuil*ech* mór-cum*acht*ach, cend 7 codhnach naomh Leit[h]e Cuinn a ccoitcin*n*e, 7 d'Oirghiallaibh .i. do clan*n*aibh na cColla a chinel, 7 don Breifne foighenu*s*, oir as in*n*te geinfider é, amhail atá a ttuicsi 7 a ttairngire, a ccion*n* *trichat* bl*iadan* oníu i nInis Brechmaighe i Muigh Slecht Con*n*acht. *Ocus* as dó atá a ndan an tionad so d'aitreab*adh* 7 d'aitiucchad. *Ocus* cidh aidbhseach libhsi an lion cran*n* ata isin drui*m* attaidh .i. Drui*m* Lethan, ní lía íadsein ina órtha 7 ioman*n*, psalm 7 slechtai*n*, almsa 7 aifriond

---

[1] cíthe A, H.

[2] oirdnide A; ornnuighe H.

dogent*ar* an*n* re lind an erlaim uasail ainglich, 7 an fireoin fhoirbthi il-cum*acht*aigh, 7 an tailgin*n* miodhchuir mór-chraibhthigh .i. Maodhog m*a*c Setna, 7 fos ina decchaid go deiredh domhain'.

(16) Ro bhaistt 7 ro bhend*aigh* Pat*r*aicc an baile re Maodhócc an*n*sin. Ro fáccaibh rath 7 ro-chonach, sobharthan 7 sonus, soicheall 7 saidhbres, buaidh fosaici 7 fritholma fair, 7 a onoir os cach; go ndub*air*t an rosc:

Foillsigim fios firinnech
Daoibh, a cleirchi creidmecha,
Ó Dhia dúinn do deimhnigedh,
Ni damhsa ro deonaighed
Anmain isin ionad sa,
D*r*uim Lethan, nach laimheochur;

*Acht* don tailgion*n* tocc*aidh*e,
Do Mhaodhóg fial aingli*dhe*,
Cend naomh *ocus* naomh-erlamh
Leithe Cuinn[1] rea comhairemh;
Do shiol Cholla chath-buadhaigh
Airemh a glun ngenel*aigh*. |

f. 170$^b$ A ccionn *trichat* tren-bl*iadan*,
Ar Magh Slecht go sunnradhach,
Geinfidher an glan-mac si*n*,
Mac rathmar na reltainne.

Go brath bidh hé a fhorain*m* siumh;
Bennaigi*m* si an baile si,
A mbia an firen foirgli*dhe*,
Suil tí Maodhócc moir-fertach
Da cao*m*hna[2], da chomfurtacht,
Da coimett, da coisrecc*adh*.

Biaidh onoir na háiti si
Ó Mhaodhocc acc médachadh,
Go ttí laithe an luan-brat[h]a;
Daoibhsi festa foillsighim.

Foillsighim.

viii. (17) 'Ar mbeith[3] do Maodhocc ina mh*ac*caomh occ anars*aidh* i*ar*si*n*, tainic Ainmire m*a*c Setna, m*ei*c Ferg*us*a Cend-fada, m*ei*c *Con*uill Gulban, m*ei*c Neill *Noi*-giall*aigh* .i. rí E*renn*, i nUibh Briuin d'faghail giall 7 braighdedh uatha, m*ar* fa gnaith-bes agna rioghaibh 7 agna tigernaibh an tan sin. Tucc*adh* Maodhócc do a mbraighden*us* ona ath*air* .i. ó Shetna m*ac* Eirc, a ccu*m*a caich, óir fa fer laidir lánconaigh an Sédna si*n*.

---

[1] H, in zeal for the honour of the Saint but to the ruin of the metre, inserts '7 Laighionn'. [2] no *add.* H. [3] §§ 17–19 = M § 4; S § 3; Ir.$^1$ § 4.

(18) Acc imt*echt* im*morro* d'Ainmire ara ais, batt*ar* a braighde roimhe 'san slicched. Do foillsicc*hed* grasa an Sp*iorai*t Naoimh do ri Er*enn* for Maodhócc t*ar*na m*acc*aibh ele. Do raidh an rí 'arna faicsin sin : 'As foll*us* foirbhthe fír-grásamhail an m*ac* sa .i. Maodhocc', ar se; '⁊ bidh eiccen dó beith im fharr*adh* sa foran ccu*air*t righ fora ffuilim ; no, madh ferr lais a leiccen amach, ⁊ dol dó tara ais, doghebha a rogha dibh.'

(19) Do raid Maodhóc aga clois*techt* sin : 'Masa meisi as ail let do leiccen sáor uait, guidhim tū a nonóir na naomh T*r*inoide go leicce na m*a*ccaoimh si ele saór uait on mbraigden*us* ina bfuilet.' 'Dogeb*air* si an athcuinghe si*n*', ar an ri. Do leiccedh doibh uile tion*n*tudh dia ttigibh i*ar*sin. Do athain Ainmire e féin do Maedócc a nan*m*c*air*des, oir da tuicc sé gomadh colaman comhdaingen isi*n* ecclais catoilice é iarsin, amhail ro comhaill*edh*. Conid hí céd-onoir | Maedócc f. 171a co*n*a m*a*ccaomhaibh an*n*sin,[1] grasaibh an Choimdedh ina coimlenmain.[2]

ix. (20) La [3] da raibe Máedhocc ag cluiche maille f*r*i buachaillibh *ar* fud an fherain*n*, ⁊ sé ag coimhétt caorach a bhuime, tangat*ar* o*cht* ccoin allta a naoi*n*fe*cht* cuicce go mín muinterdha, ⁊ síad bocht, anfan*n*, oc*a*rach. Ro fhech san orra, ⁊ adubairt riu : 'Tocc*baid* libh', ol sé, 'ocht muilt don tred, ⁊ ithigh iad.' Dorinnett*ar* na coin amhail do ordaigh Maodhocc doibh, ⁊ dochuat*ar* fon ccoill ; ⁊ do ba le buime Maedócc na muilt si*n*. Dochuat*ar* na buachaill*edh*a don baile go luath i*ar*sin, ⁊ do in*n*isett*ar* do buime Maedocc an gniomh sin.

(21) Do eir*igh* an buime maille le feircc moir go Maedócc. Gabais éccla mór Maodócc aga *faic*sin ; ⁊ adub*air*t : 'A Dé na nuile cum*acht*, ⁊ a Tig*er*na, a Iosa *Criost*, foir ⁊ fort*aigh* oram, oir as at onoir doratt*us*a biad dona bo*cht*aibh ocaracha.' Do bar foll*us* an uair sin ocht muilt dob ionan*n* dath ⁊ mét ⁊ cuma risna ced-caorcaibh et*er* Maedhócc ⁊ a bhuime. Tangattar go min muinterdha m*ar* na caorcha ele d'ion*n*saighe an treda. Ní fidir neach fo nimh osin alle cait asa ttangattar don toiscc sin ; *gur* hoird*er*caigedh ainm De ⁊ Maedócc tresna miorbuilibh si*n*.

(22) *Con*idh da derbadh sin dorin*n*e an tughdar an laidh sin :

La do Máedhócc, fa mor rath,
Da bhuime ag coimhétt caorach,
Go ffaca lea taobh acc tea*cht*
Na ho*cht* ccoin allta a naoinfecht.

---

[1] tre *add.* H. [2] cona dó sin do chan an file an sgéul sa *add.* H, i. e. so that it was with reference to this that the poet sang the following tale; but no poem follows. In A a space is left. [3] §§ 20–23 = M § 5; S §§ 4, 5; Ir.[1] § 5.

Dona conaibh, cenn[1] a ccend,
Gabhais trocaire an tailgend;
Seach na hainmin*n*tibh ele
Siad bocht, deroil, díblidhe.

'Óm buime, ettraibh as ecc,
'Beir*idh* o*cht* muilt don mhór-tred
'Ar son Dé', diochra an toinech,
Do raidh Maodhócc miorbuil*ech*.

Dith a caorach o'tcual*aid*
Buime an erlaimh iol-buadaigh,
Ferc adbal uirre *ar*a son,
Rer lion uamhan an terlamh.

Aodh m*a*c Séttna, *ar* nar lér lo*cht*,
Ar Dhia do iarr a furtacht |
f. 171$^{b}$ Ar fheircc a bhuime gan mes.
'Na hacch*aid* nir iarr aighnes.

Do luach einigh Aodha óicc
Fu*air* tiodlacad on Trínoid;
Ocht caoir*igh* oile ar áon dath
Ar cuma na cced-caorach.

Saorthar le cerd na cruinne
Aod ócc ar feircc a buime;
Mac Sétna fa treisi atá
Ag Dia Atha[i]r gach en la.

La.

(23) Antan t*r*a atcon*n*airc ath*air* ⁊ math*air* Maedócc méd na ng*r*as do tiodlaic Dia dó, dochuir dochum leigin*n* é, go ndechaid clú a c*r*ab*aidh*, ⁊ oird*er*cas a foghlama, a eccna ⁊ a aird-leighin*n* co comhcoitchenn fo cach.

x. (24) La[2] da raibe drong naomthach nemh-pect*ach* ag guide Dé go dutr*acht*ach fa foillsiugh*ad* doibh ionad a neiseirge, óir dob ail leo seirbis do den*am*h go duth*rach*tach do Dia an*n*, tainic an taingel da nion*n*saigh*ed*, ⁊ do raidh riu dol m*ar*a raibe Maodocc, ⁊ go ffoilseochad sé doib inad a neiseirge. Dochuatt*ar* san cuicce le breithir an aingil. Ro fhíarf*aigh* Maodhócc dibh: 'An ccualab*air* guth cluicc ag toidhe*cht* an*n*so daoibh?' *ar* se. Adubhratt*ar* san, nach ccualatt*ar*. 'Teccaidh limsa, masedh,' *ar* sé, 'go ffoillsigher ionad bar neiseirge daoibh.' Docuat*ar* lais, ⁊ do thecaiscc doibh m*ar*a mbiadh a neiseirgi, *gur* mairett*ar* an*n* go haimsir a mbais i mbeth*aid* mio[r]builigh mór-*con*aigh.

---

[1] cethna H.

[2] §§ 24, 30 = M § 6.

xi. (25) La ele[1] do Maedócc i nionad seicréitt*iuch* ag legad a psalm. Tainic fiadh c*ur*the[2] comhtuirsech cuice, ⁊ gadhair go tinnesnach aga tafan*n*, ⁊ dorinne comhn*aidhe* hi ffiadhnaisi Maodhóg. Do thuicc Maodhócc g*ur*ab ag i*arraid* com*air*ce do dénamh dó do bí sé. Cuiris Maodocc a paidrín fo codnaibh[3] an fhiadha. Do lenatt*ar* na gad*air* an fiadh, ⁊ is aml*aidh* do foillsiged doibh, a bheith i ndeilb duine. *Ocus* nir lenatt*ar* na gadhair an fiadh ; gur imt*hig* gan urcoid do denamh dó, | iar ccur an f. 172$^{a}$ paidrin de. Gur mor*adh* ainm Dé ⁊ Maedocc tr*e*sna miorb*uil*ibh si*n*.

xii. (26) Do ba[4] compan*ach* da ceile Maodocc ⁊ Molaisi Daiminsi. T*ar*la doibh beith a bfocair a cele fo bhun da crand aon do laitibh a*r* Magh Slecht a mBreifne *Con*nacht. Battar ag guidhe Dé go duthr*acht*ach ima fhoillsiucc*adh* doibh 'n a ffochair a ceile no bheittis, no an b*udh* eiccin doibh dealac*adh* le ceile. Ro tuittset*ar* na croinn fo bhun arabatt*ar* an tan si*n* .i. cran*n* b*udh*thuaid, ⁊ crand oile b*ud*dhes. An cran*n* im*morro* fo bun araibe Molaisi, ase do thuit fo tuaid ; ⁊ an cran*n* fo bun araibhe Maodhócc, asé do tuit b*udh*deas.

(27) Adhubhratt*ar* san ain*n*sein : 'Ata comhartha ar ndeilighthe an*n*so', ar siat, ''arna thabhairt duin*n* o Dhia.' '*Ocus* as aml*aidh* dleghmaitt ne imt*echt* o ceile, doréir m*ar* do tuitett*ar* na croin*n* don chur 'sa', ar Maodhócc, '.i. t*us*a b*ud*tuaidh, a Molaissi, ⁊ misi b*ud*des.' Celeabrais cach da ceile dibh 'nadecch*aid* sin ; ⁊ tuccatt*ar* pócca go mín muinterdha da ceile. Teid Molaisi go Loch Eirne b*ud*tuaidh, ⁊ cumdaighis ecclas álain*n* oireghda an*n* .i. Daimhinis. Téid Móedhocc b*ud*des, ⁊ cumdaighis ecclas alain*n*, ⁊ cathair onorach ele andsein .i. Ferna Mór Maodhócc a lár Laighen.

xiii. (28) Fe*chtus* ele[5] dar baithed Daimhin m*ac* Cairp*ri*, an Damhargaitt, an*n*sei*n* .i.[6] m*ei*c Each*ach* m*ei*c C*r*iomhtain*n* m*ei*c Feicc m*ei*c Degh*ad* Duirn, m*ei*c Rochadha, m*ei*c Colla Foc*r*ich, m*ei*c Each*ach* Doimlen .i. fer calma cum*acht*ach do Chon*n*achtuibh, ⁊ dias lenamh ele ina fochair for Loch Eirne, ni frit *immorro* a chorp re a toccbail. Ro shiubhail *tr*a mathair Daimhin ar morán do naomhaibh Er*enn* aga i*arraidh* orra cuirp na lenab d'fagbail léna nadhlacadh. *Ocus* ní fuair an athcuinghe sin o áon aca. Adub*air*t Molaisi Daimhinsi ria : 'An isin ionadh sin', ar sé, 'no go ttí Maodócc cuccat, oir atá a fhios agam go ffuighe se na cuirp útt lea ttoccbail ; ⁊ go ndingne a naithbeoucc*adh* tre grasaiph an Spior*ai*t Naoimh.'

(29) As gerr inadecch*aid* sin an t*r*ath tainic Maedhocc | da nion*n*- f. 172$^{b}$ saicch*ed*. Ro innis an bhen dó gach ní da ndubhram*ar*, ⁊ do bái ag

---

[1] §§ 25, 31 = M § 7 ; S § 6 ; Ir.$^1$ § 6.

[2] corrtha coimhchreachtnaigthe A ; corrtha coimhcheachtach H.

[3] fa chomhladhaibh A ; fana braghaid no fá chomluidhibh H (omitting 'an fhiadha').

[4] §§ 26, 27, 32 = M § 8 ; S § 7 ; Ir.$^1$ § 7.

[5] §§ 28, 29, 33 = M § 10 ; S § 9 ; Ir.$^1$ § 9.

[6] The words 'an*n*sei*n* .i.' are enclosed within a line ; probably they should be omitted.

cáoi, ⁊ acc toirrsi go hiom*ar*cach ina fhiadhnaisi. Gabhais truaighe ⁊ trocaire Maodhócc fadeoigh dhi. Docuaidh Maodhócc 'chum an locha, ⁊ dorin*n*e urn*aigth*e deithnesach go Dia, g*ur* eirgett*ar* na leinibh béo o bás go beth*aid* chuicce, ⁊ do fhoccair da maithribh íatt asa haithle. Mar do*connair*c C*air*p*re* m*ac* Each*ach* a mhac do dhuscc*adh*[1] a bás, tucc*ustair* é fei*n* ⁊ a mhac a mbith-dilsi do Dia ⁊ do Maodhócc go brath, ⁊ a shiol; ⁊ sc*r*eapall gacha tighe for naoi *tr*ichait *cét* Oirgiall. Ro mor*adh* ain*m* Dé ⁊ Móedhocc tríttsin.

(30) *Conidh* da dherb*adh* sin adub*air*t an file:

Sccél ele *ar* Aodh d'airidhe,
Mor rea sccaoiledh a sccela;
Dob é an faidh re faistine,
Oighre[2] saor-clan*n*da Setna.

D'feraibh naomhta neimh-treithe
Ticc drong chuicce tre[3] c*air*des,
Fios ionaid an eiseirge
Do bí orra 'na ainffios.[4]

Tucc a menma *ar* meducch*ad*
An drong deisccreid*ech* deor*adh*,
Fód a mbáis gan breccnacadh
Fu*ar*att*ar* uadha a eolas.

Re ceile do caithett*ar*
A re uile 'san ait sin,
Gan iad uaithe d'aitherrach,
A mbethadh cennsa craibhtigh.

(31) An fiadh cuirthe comthuirsech
Dochí cuicce 'sa conair,
An firén rán ro-cuimsech[5]
Dorin*n*e a chaomhna ar conaibh.

(32) Crábh*udh* an da criost*aid*e,
Ca crāb*udh* b*ud* mó maise?
Dob é an cadach criochnaighe[6]
Cadach Maodhocc le Molaisi.

Tucc Dia an doigh a ndealaighthi
Na[7] da ccroidhe '*ar* cc*ur* ceille,
Do comh*ar*ta cedaighthe
Tuitim na ccran*n* o cele.

---

[1] dhusacht H. [2] mac A, H. [3] le A; re H. [4] aincheas A; ainchios H. [5] rámh ro-tuigseach A, H. [6] criochnuighthe H. [7] ina H.

An trath sin do tuiccett*ar*
A ccur *ar*aon o'roile,
Druim coidhche docuirettar
Le céle, *acht* a dá ccroidhe.

Ticc Molaissi ócc eccn*aidh*e
Go Daimh-inis, dún daingen, |
Teid Maedocc[1] fial fec[h]tn*aidh*e f. 173a
Go Ferna lan-moir Laighen.

Ata fris[2] gach naon adb*ar*,[3]
Gibhe do biadh 'ga[4] nguidhe
O Righ nimhe as naomh-talman
A naonta i nen ait uile.

Molaisi[5] do mhuin moir-creidim
*Ar* Sliabh Betha, bert[6] cabhra,
Fuair on aingel d'foirighin
Soillsi 'sa duibh-re dorcha.

(33) Mac Cairpre dein, deigh-ceill*igh*,
Daimhin, n*ar* treth[7] a ttach*ar*,
Báitior hi sruth sein-Eirne,
As dias ele 'na f*arradh*.

Naoimh Banba do bhinn-fhocl*aibh*
Guidter lea mathair meir-gil
An u*air* si*n*, gerb iom*ar*cach,
Fa aisecc anma a hén mic.

Go ranaicc Aodh oirdn*idh*e,
O naomh ní fhuair a hiarr*aidh*,
An firen fial foircclí*dhe*,
Do coimeitt riamh a riagail.

An rioghan fhíal fír-lainneach,
'Ar ttaistel iuil is ariuil,[8]
*Ar* Mhaodócc mór miorbuil*ech*
Guilis go tuirs*ech* taidhíur.

Gabais t*r*uaighe an terlamh sin
Fa mnaoi na tuirse truime;
Doghuidh asan nger-gul sin
Maodhócc fa furt*acht* uirre.

---

[1] The scribe first wrote Molaise. [2] fá A, H. [3] adh*buidh* (?) A; adhbhall H. [4] aga A; aiga H. [5] Maodhóg A, H. [6] as bert A; is beart H. [7] threithi A; thré H. [8] *sic* MS.; ainiuil A, H, probably rightly.

Mac Cairpre caoimh cath·tréoraigh,
Daimhin, fa crodha i ccathaib,
An trath si do thathbeoaigh,
'Ar mbeith báite le hath*aid.*

Daimhin an t*r*iath t*r*om-gonach,
'Ar neirge o bás go beth*aid,*
Tucc clan*n* Colla comramach
Fa chíos Máedocc gan mebhail.[1]

Screpall gacha hen tige
Do naiscc *ar* uaislibh Oirgiall
Do Mhaodócc saor sheimhidhe
'Sa beith coidhce 'ga coimriar.

Tucc diultadh don droch [2]-einech,
Nach tucc ennech ria roi*m*e;
Ar Mhaodócc fíal foighittn*ech*
Iom*da* sc*r*iobhtha sgel ele.

xiv. (34) 'Ar bfás[3] im*morro* do clu 7 do caomh-naomht*acht* Mhaodhócc uile amhl*aid* sin, tangatt*ar* daoine iomdha as gach aird d'Eirin*n* do beith fona smacht 7 fona riaghail. San*n*taighis Maedhócc a f. $173^b$ thalamh 7 a thír | fein d'faccbail, 7 dul for teiched ass, óir nírb ail leis beith fan onoir, 7 fan airmittin irraibe.

(35) *Ocus*[4] smuainis dol dia oilithre do*n* Roimh, 7 d'foghlaim fhesa 7 eolais an scrioptura diadha go deithitnech,[5] m*ar* donidis na herlaimh 7 na craibtigh ele 'san aimsir si*n*. Is iadso an lu*cht* cumain*n* 7 coimhitt*ech*ta aithrister do dhul le Moedocc forsa*n* mó*r*-tur*us* sin .i. Caillin craibt*ech* caoimh-genmn*aidh* o Fhiodhnach Maighe Réin, a oide foghlama 7 foircetail fein; 7 Molaisi diadha deigh-eolach o Dhaim-inis; 7 Ulltan aobhda eccn*aidh*e o *Ar*d[6] Breacain, óir fa lu*cht* aonta 7 aon-chadaigh i nnim 7 i ttalmai*n* da cele an cethr*ar* sin.[7]

(36) *Ocus* fos[8] an cethr*ar* cobhsaidh céill*ech* coccúsach ele, do ba lu*cht* ruin 7 ro-thairise aicce tar gach náon .i. Cele, 7 Aodan o Ferna móir Maodhócc, Faircel*lach* o Druim Lethai*n*, 7 Ferg*us* o Ros Inbir.[9] Is iadsin an cethr*ar* da ttug Maodhocc taiscc*edh* 7 coimhétt a mhórmaithesa, 7 a mór-*con*aigh, an fedh ro boi ina beth*aid*; 7 da ttucc

---

[1] mheadhadh H. [2] trom- A, H. [3] = M § 11; S § 10. [4] §§ 35–56 are an interpolation of Ir.[2]; the true continuation of § 34 according to the M text is c. 21 (§ 57) below. [5] deithnesnach H. [6] bioth-oirdheircc *add.* A. [7] re chach 7 iar ccách *add.* A. [8] For the passage 'Ocus fos .... Ros Inbir', H reads: '7 fós an cethrar eile do, do bhi 'na ccomarb*aibh* aige .i. Ó Feirchiall*aigh* .i. a ced-chomorb*adh* Maodhoige, 7 as follus sin, da brigh gu rab*adh* é comhorb*adh* Druime ré han é, 7 ó Fhernaidh lán-mhór Laighion; 7 Ó Ferg*us*a ó Ros Inbhir na nAing*eal*; 7 Ó Dubhthaigh*edh* (?), 7 Ó Duibhgionán.' [9] na nAingeal *add.* A.

cenn*us* 7 com*ar*b*us* a cheall 7 a caoimh-ecclas, tob*ach* a chiosa 7 a chana i noigre*cht* dia eis, gurab iattsi*n* leth ar leth fa lu*cht* ruin 7 ro-coccair, 7 fa lucht cur*aigh*[1] 7 caom-*ar*traigh don erlamh óghdha urnaigt*ech* acc fáccbáil na hEr*enn* dó.

xv. (37) O rangatt*ar* an buiden craibt*ech* caomh-naomh sin go Roimh, dorin*ne* Dia fiort firin*n*each foll*us* da foillsiucc*adh* do cach .i. cluicc an baile do búain uatha féin gan cuidiucc*adh* o dhaoinibh *acht* an taoin Dia uile-cum*acht*ach aga dénamh. Tainic iongant*us* mór, 7 machtnucch*ad* menman, 7 criothnucch*ad* croidhe do cach go coitcend isin ccathraigh dona hairrdenaibh naomhtha sin doclos doibh, go ffuaratt*ar* fiossccel fadheoigh, m*ar* do dherb fer ionaid Pett*air* 7 Poil crabhadh 7 creidemh na druinge deg-naomh sin tainic a hEr*ind*.

(38) Ro hoirdnedh leis tri*ar* dibh ina nescopaibh urdalta '*ar*na nderb*adh* o dhaoinibh, 7 '*ar*na ttogha on Trínoid, 7 '*ar*na ceducch*ad* | on f. 174a
Coimdhe caidh cum*acht*ach .i. Máedócc miorbuil*ech*, milis-b*r*iatra*ch*, 7 Molaisi moir-fertach, macánta, 7 Caillin craibtech, credal.[2] As don tur*us* sin fúair Maodhócc moir-fertach da thiodhlacadh tocc*aidh*e on Trinoid, '*ar*na faccbáil ina fiadhnaisi for altóir Pett*air* hi Roimh, '*ar*na ttoirb*eirt* do nimh trena naomhtacht, amhail fuair Maodhócc andsin .i. an brec Maedhócc, an se*acht*madh mion*n* da mhion*n*aibh, 7 an bhachall Branduibh; am*ail* asb*er*t an fili:

Brec Máodhócc do maigh nimhe
Fuair an terlamh oirdn*idh*e,
'S do fu*air* an mbachaill mBrandaibh
An[3] stuaigh ra-chaim reltand*aigh*.

xvi. (39) Bliadai*n* comhlan dona cleircibh don cur sin isin Roimh maraon ag foghlaim eccna 7 eolais an scrioptura diadha do neoch rangat*ar* a les, 7 acc faghául onóra, 7 oirmittne cadais, 7 cum*acht* on bpapa, *con*a cleir, 7 *con*a cardionalaibh. Ceileabrait da ceile *ar* ccengal a ccu*m*ain*n* 7 a ccomaonta go hiomcub*aid* re 'roile, i*ar*na ndaingniucc*adh* i ndinite[4] 7 i nonóir móir 7 i ndegh-ordaibh o fhior ionaid De for talamh go rangatt*ar* fo clú creidmhe 7 crab*aidh* 7 cumh*acht* tara nais go hEr*inn*, da nionaduibh féin leth *ar* leth.

xvii. (40) Dochúalaidh Aodh dubh m*ac* Fergna m*ei*c Ferg*us*a .i. ri O mBríuin na ferta iolardha sin aga nden*am* ag Maedhóg 7 an onúir 7 an airmittin adhbal fuair isin Roimh, 7 an da tiodhlac*adh* ána oirderca fu*air* in*n*te .i. an brec 7 an bachall. Tainicc cuige go coimhdiochra, 7 troisccis go ro-umhal ris im aitherrach deilbhe 7 dénma[5] d' fágail o Día do, oír fa[6] doidhealbhdha eisiumh gusa*n* u*air* sin.

---

[1] curaim H. [2] an credal Br. [3] = on. [4] a ndignitibh A; a ndiongnidibh H; omitting the two other substantives. [5] denmhusa A; dionghmhasa H. [6] fer doithir (dothair A) *add.* A, H.

Tucc*us*tair Maedócc cend Aodha fona cochall don cur sin. Ro codail im*morro* Aod fo cochall Maodócc isin ionad sin, ⁊ isi dealbh tug fair .i. dealbh Aódhain m*i*c Eign*igh* an taoinnech fa haille d'feraibh Er*enn* ria aimsir.

(41) Ro baistedh iarsin hé a cCoill na cCros ag Ath Airm ; ⁊ as on f. $174^b$ crosadh ⁊ on coimhsigniucc*adh* dorin*ne* aran righ ainmnight*er* | an tionad sin .i. Coill na cCros, ⁊ Ath Airm, o arm ⁊ o earr*adh* an righ an fedh do bái 'ga bhaistt*edh* ⁊ 'ga bhennach*ad* do ben*adh* de, a mbith dílsi do Dia ⁊ do Mhaedhócc. Tucc*adh* im*morro* Aodh fin*n* d'ain*m* f*air*. Tucc san screapall gacha tighe [1] do Maodhócc fana cum*acht*uibh do luach a baiste, ⁊ tucc é féin go brath a mbith-dílsi do Dhia ⁊ do Mhaedócc ; ⁊ gan athgabhail tuaithe no cin*idh* [2] donté do shiol Aodha fin*n* dobheradh a mainchine na a mór-thogha o Mhaodóg go brath. Óir gach plaigh, ⁊ gach cocc*adh*, ⁊ gach dith daoine da ttainic, ⁊ da ttiucfa, for Úibh Briuin, ⁊ for Breifneachaibh, as tre easccai*ne* ⁊ tre fír-diomdha Maodóg 'mó mhainchine ⁊ 'mo mor-togha do chur uadha, ⁊ tre chur a cioscan*a* for ccula tainic.

xviii. (42) Ise so *immorro* luach baiste Aodha fin*n* do Maodhóg ó Ibh Bríuin .i. screpall as gach tigh do Mhaodog [3] gacha bliadna; each ⁊ earr*adh* gach righ, ⁊ gach banrioghna; err*adh* ⁊ tlacht gacha taoisigh ⁊ gacha mná táoisigh, bó adhastair as gach creich o gach Breifneach o Drui*m* Cliabh go Cenan*nus*; ainmidhe as gach seilbh do comh*ar*ba Maodhócc; serrach as gach groigh; muc as gach crú; caora as gach tret; m*art* gacha feile Maodhócc; cáor iarai*n*n ó gach gobha don tempall mór; cu*airt* cáscc ⁊ nodlacc do mhanchaibh ⁊ do mhaoraibh Maodhócc; tús suidhighthe i tigh nola; t*ús* cocc*air* ⁊ co*mair*le; ⁊ an céd-chorn i nam ola [4] an *n*gach tigh i mbia duine do muinntir Maodhócc; ⁊ gan sith do dhenamh i nUibh Briuin gan com*ar*ba Maodócc aga denamh, ⁊ aga heachtucch*ad*, ⁊ diombuaidh siodha orra munab amhl*aidh* dogént*ar*.

(43) Dalta ó com*ar*ba Maodhócc i ndalt*us* [5] do righ Breifne, ⁊ an dalta sin do frestal do biadh, ⁊ d'edach, ⁊ d'eccna, i nonoir Maodhócc, goma heolach a leighen*n* ⁊ a lain-eccna é; oír ní dlighend mac righ f. $175^a$ no taoisigh, brucchadh | no biataigh, o gabh*us* forba no feran*n* chuicce, gan dalta o Maodhócc do beith aicce; ⁊ fos dlicch*id* rí Ó mBriuin inghen comh*ar*ba Maodócc do tab*airt* d'fior, ⁊ crodh ⁊ tion*n*sgra do tab*airt* lé. Failte do chur re comarba Máedog da mhionca da ffaicfi é; ⁊ tu*arus*tal amhail gach mbrucc*aidh* o ríoghraidh Breifne do cumd*ach* ecclaisi [6] ⁊ tempuill Maedhóig i ngach áit i mbia.

(44) Each ⁊ earr*adh* righ Breifne an lá rioghf*aidh*er é do thab*airt* do muinntir Maodhog, no deich m*ar*cc, no fiche bó. An bhrec Maodócc

---

[1] ó Droichiod Atha go Cnoc Láoghain, ⁊ ó Eirne go Seanoinn A, H. [2] cinéil A, H. [3] don bhr(e)ic A, H. [4] ⁊ tus cuirn ⁊ comhola A, H. [5] daltachus H. [6] reilge H.

do chur timcell an righ, ⁊ a c*ur* a slanaibh fair im chert do dhénamh eter gach naon, d'anffan*n* ⁊ do tré*n*. A cur fós a tt*ús* gacha catha ⁊ gacha comlain*n* ria mBreifneacaibh, ⁊ tea*cht* deisiol ina ttimceall, ⁊ tillfid slán. Falach sroil ⁊[1] nobla óir don bhric fós dia cumhd*ach* an tan ricfes a les, o riogaibh ⁊ o m*a*ccaibh riogh ⁊ taois*ech*. An ri féin do tea*cht* an lá *ar*nam*ar*ach d'eís a ríoghtha go D*r*uim Lethan, no go Cuillín na fFer[2] le hoff*r*ail, ⁊ ni heccail leisan rígh teidm na gal*ar* g*us*an teidm ndeigenach. Dogheib fod saoghail abh*us*, ⁊ flaithes Dé tall fadeoigh do chion*n* comhaill gach neithe da ndubhram*ar*. *Ocus* fós as aran righ féin ata tabhach cíosa ⁊ cána Maodhóg o bhecc go mór[3] ar fedh a thire ⁊ a ticcernais.

(45) Sccéla ⁊ miorbuile Maedocc d'in*n*isin, ⁊ d'foillsiucc*adh* da gach aon dona húaislibh ó mhuin*n*tir Maodhog. Muna ffagbaid *immorro* an cíos sin tri troiscete do denamh for Ibh Briuin. An céd-troscc*adh* i nDruim Lethan isin recles mór; and*ara* trosccadh for Leic na Nemand[4] m*ara* ngnathaicch*ed* Maodocc feisin sle*cht*ain ⁊ figill do denamh maille le sior-urn*aighthe*; an tres *tr*oscc*adh* i Cuillin na bFer,[5] .i. Ros Inbhir, uair as an*n* as mó eistes Dia ⁊ Maodhocc guidhe gach aoin dia muin*n*tir; ⁊ an bhrec d'impod tuaithbel orra asa haithle. Giorra saoghail gan tsechna, ⁊ ifrion*n* da gach 'áon' tuilles an esccaine. *Ocus* an diombuaidh c*ét*na for muin*n*ter Maodócc muna ni*ar*raitt an cíos si*n* gacha bl*iadn*a. | Da nderntar comh*ar*badha ⁊ aircin*n*igh f. 175 Maodhócc doreir le Breifneacaibh, ⁊ gan an esccaine do thuill*edh*, da rabhait naoimh Er*enn* da nesccaine, ní heccal doibh íatt.

xix. (46) Is aml*aidh* so riogth*ar* ri Breifne .i. da com*ar*ba decc Maodhócc do te*cht* 'na thimcell, ⁊ prosesium do den*am* doibh .i. O F*air*ceall*aigh* ⁊ O Ferg*us*a O Seal*baigh* ⁊ O Con*n*achtaigh ⁊ Magechrain Ó Dubhtaigh ⁊ O Duibhgennain ⁊ O Caiside[6]; com*ar*ba Caillin, ⁊ com*ar*ba Crui*m*t*ir* Fraoch, ⁊ comharba espuicc Fion*n*con.[7] *Ocus* íadsein[8] do thecht ina thimcell. Tabr*adh* an sámhadh sin a naoinfecht onóir d' Ó Dubhtaigh ⁊ d'fior a ionaid dia éis .i. oide Maodócc eisein; ⁊ tabr*adh* O Duphtaigh slat do righ B*r*eifne a nonoir Maodócc. An tslat sin do buain do choll Maodócc a Seisccin*n* U*air*beoil i lLaignibh .i. Dísert Maodócc ain*m* an ionaid.

(47) Tabrad an rí a each ⁊ a earr*adh* do muin*n*tir Maodhócc, no anní adub*r*am*ar* gottrasta *ar*a son. Trian na culaigheach[9] sin d'Úa nDub*taigh* a nonoir a oilemhna ⁊ a alt*r*oma ar Maodog, ⁊ d'fior a ionaid, ⁊ an da ttrian ele don tsamadh c*et*na adubram*ar*. Ní rí im*morro*, ⁊ ní taois*ech* antí nach oirdnighter aml*aidh* sin.

---

[1] no A, H. [2] naluinn *add.* A, H. [3] ciosa ⁊ canachais o pighinn go céd pighinn A; canachus o p. gach pighinn H. [4] na ndeamhan H. [5] naluinn *add.* A, H. [6] ⁊ Giolla Modubhda (Maghuda H) o Cáiside dochuir an fine si ré healadain .i. muinntir Duibhgennain (Duibh*eth*an ? H) *add.* A, H. [7] Fionnuis H. [8] na collamhain sin A, H. [9] an tiomthaigh A, H.

(48) *Conidh* do cuimninghad 7 do derb*adh* gach neithe da ndubramar doronadh an laidh sin:

Cios Moadhócc gan meracadh
'Na diaidh *ar* aicme Fergna
Go brath *ar*a mbennach*ad*
Naisccis Aodh Dubh go derbhtha.

Cuingis Aodh Dubh doidhealbhda
*Ar* Maodhocc, fa mór tuiccsi,
Da dítten ar doimenma,
Buaidh ndeilbhe t*ar* gach nduine.

Tucc dó Maodocc muinterach
A rogha deilbhe *ar* domhan,
Nír bí an aisc*idh* airbernach,
As nemh fadeoigh gan doch*ar*[1].

Así roccha rucc*us*tair
Aodh, t*ar* eccosc gach en fir
Dealbh an fhir caoimh cruthamail,
Dárbh ainm Aodhán mac Eignigh.

Tucc Aodh ócc gan anumla
Suan aran rígh go ro-trom, |
f. 176a Ni frith dealbh b*ud* dathamla
'Ar néirghe d'Aodh on cochall.

An uair sin do hain*m*nigedh
Le Maedocc gan locht labra,
Ar Aodh dubh gur daingnigedh
Aodh fion*n* d'aithearr*uch* anma.

(49) Baister Aodh fion*n* fíor-sochr*aidh*
Ag Ath Airm le hAodh ele,
Mac Fergna moir mion-cobhsaidh
Nír bhaist aon nao*m*h riamh roimhe.

Luach a bhaiste on Breifn*ech* sin,
Do ba luach é gan ion*n*sa,
Sgrepall ar gach aon ndeth*aigh*
Fuair Maodócc on Aodh fhion*n* sa,

O Chenann*us* comhsochr*aidh*[2],
'S ó Droichet Atha d'aon laimh,
Go Drobaois ngil gorm-s*r*oth*aigh*,
'S co Cnoc lan-oirderc L*aoghain*[3].

---

[1] deacar H. [2] comhshocrach A. [3] So A; Laodhain H; Br. has

(50) Earr*adh* gach righ ro-crodha,
'S gach taoisigh go ttren-feidm,
Tosach gach cuirn comola,
Is ainmidhe as gach ein tseilb,

Dlegar daibh a daingnechad;
Mart as gach creich da creachaibh,
Mart ele le hainmneach*ad*
Im feil Maedōcc gan meabhail.

Ofrail gacha hen-gobhan*n*
I ccrich Breifne na mbocc-magh,
Cáor iarain*n* gan eccomt*r*om,
Cuairt cascc *ocus* cu*air*t nodlacc.

O Mhaodócc sheimh síor-aointeach
Dliget clan*n* Fergna dan*air*,
Et*er* righ is righ-taois*ech*,
Dalta dognáth do gabhail.

Dlighid dib an dalta so
Biadh is édach is eccna;
Maodhócc, asé an dalta son,
Foirfes[1] orra i nam[2] decra.

Clan*n* ingen Í Faircellaigh,
Is hÍ Ferg*us*a fhechtnaigh,
D'onóir dona haird-cellaibh,
Dligitt a nurnaidm d'feraibh.

(51) Da fer decc do deig-feraibh,
Is a ccongnamh le ceile,
Do duthc*us* na ndeig-fer soi*n*
Tea*cht* do riogadh righ Breifne.

Ó Ferg*us*a, O Fairceallaigh,
O Duibhgennán, O Dubtaigh,
O Sealbhaigh an sailm-cettl*aidh*,
Is Ó Con*n*acht*aigh* cundail,
Ó Caiside cairdemhail,
Cleir*ech* an leighin*n* Luchair. |

---

only *l*. After this, H inserts another 'leth-rann':

Ó Éirne thréin trom-thonnaigh
Go Sionainn sreabh-ghloin shair-lain;

So A, except that it reads 'sreabh-glais'.

[1] foirfedh A.

[2] a ccás A, H.

f. 176$^{b}$

O Rodachain ro-bladach,
O Treabair nar tuill[1] tendal[2],
Mac Eth*ig*en[3] comramach,
Maguibhne *ocus* Magechran.

Neach go brath do Breifneacaibh
Ni rí tre*n*, is ní taois*ech*,
Go mbe an cuire cleireach si*n*
'Ga noirdnedh uile a naoinfe*cht*.

(52) Dligid d'eís a noirdnigh si*n*
Síol Fergna na slegh slim-teand
An bhrec fhertach oirdeirc sin
Do chur fo tri 'na ttimcell.

Don bric sin do hainmnigedh
A cur a ccor go hemech,
Gan eccóir, gan aindligedh
Do denamh doibh ar einneach.

Buaidh nagha rea innisin
Ar rioghr*aidh*[4] aicme Fhergna,
Do buadaibh na brice sin
A cur a ttús gach tennta.

D'fuil Fhergna as dal dioghbala
Fa gan Maodócc do min-réir[5],
Gan comall a cíoscana
'S gan dul fa úir an fhiréin.

Gach olc, is gach ainicin[6]
Da ttainic, is da ttiocfa[7]
Do cloin*n* Fergna d'airidhe,
Diomdha Maodhócc fodera.

Siol Fergna gan moir-chreidhim[8]
Dligitt dognath a géir-ioc;
Do Maodocc an moir-leighin*n*
Atad uile fa ein cíos.

Cíos.

XX. (53) 'Ar ccengal ⁊ 'ar ccomdaingniucc*adh* a ciosa ⁊ a chomhonóra do Máodhóg for Aodh ffion*n* m*ac* Fergna, *con*a cinedh ⁊ *con*a clan*n*maicne 'na dhegh*aid*, *ar*a bhaistedh ⁊ ara bhuan-choiserccadh ag Ath Airm, m*ar* do raidhem*ar* romhain*n*, luidh roimhe go Druim

---

[1] thill A. [2] tendail A, H. [3] O Cethan A, H. [4] rioghaibh A.
[5] mhíréir H. [6] ainsgine H. [7] ttí feasda A, H. [8] thréidhim H.

Lethain ar aslach 7 ar impide an aird-riogh .i. Aodha finn, 7 fós ar comhairle 7 ar comhfurailemh righ 7 righ-thaois*ech* Ó mBríuin, 7 caich a ccoitchinde, et*er* íseal 7 uasal, et*er* laoch 7 cleireach.

(54) Fothaigis 7 fír-bennaighis an tionad sin asa haithle, amhail do bái a ffioguir 7 a ffaistine ó aimsir Patt*r*aicc p*r*iom-apstail, '*gár*[1] thairngir sem Maodócc móir-fertach triocha bliadhain riana ghein, 7 riana gnath-coi*m*p*er*t; gur baist Pat*r*aicc, 7 gur bhenn*aigh* an baile sin re ttea*cht* do*n* érlamh | da ion*n*saicched, 'arna faccbail don ard- f. 177$^a$ apstol ina oircill gan áitiucc*adh*. G*ur*ab é Pat*r*aicc prim-eccn*aidh* tucc Druim Letan d'ain*m* *ar*an ait si*n*, *ar*a beith leth fri han .i. fri huiscce, oir fa D*r*uim Leith a ain*m* o tús.

(55) Tainic tra Maedhócc ar lorcc tairngire an tailgin*n* go D*r*uim Letan, m*ar* do luaidem*ar* romhain*n*, 'ar foirbtiucch*ad* a áoisi, 7 a aimsire, '*ar* metucch*ad* a fhert 7 a ard-míorbuil*edh*, '*ar* noirdhercucc*adh* a crab*aidh* 7 a caoim-bés, a eccna 7 a iol-cumacht, a derce 7 a degh-oibre, bennaigis 7 bith-cumhdaighis an baile sin, cóirghis a cluidh 7 a caoimh-reilge, toimhsis 7 tóirnis a temp*ull* 7 a caoimh-eccalsa, cumais 7 caomh-fuaighis benda 7 bodhainge[2] a ben*n*-cob*ar*[3], et*er* cloich 7 claraib, 7 comhaidme[4], aithighis a tighe 7 a thecchdaisi; ordaighis a sruithe 7 a sámaidh, oirdnis 7 onóraighis a áos uird 7 oiffrin*n*, oibre 7 umhaloitte, 7 aird-leigin*n* 7 eccna, fri sioladh creidmhe 7 crab*aidh*, fri cantain psalm 7 psaltrach, fri ceileabr*adh* na cánóíne coimdeta, 7 fri biath*ad* aoidedh 7 adhailccn*ech*, dámh 7 deor*adh*, anbfann 7 en*ert*[5], 7 fri gach ele rangus a les i ttuaith 7 i necclais i naoinfe*cht*.

(56) Faccbais rath cleire 7 com*ar*badh, rath sónais 7 soichill, rath failti 7 fiadaighthe go brath foran mbaile, amhail ata isi*n* sen-focal .i. failte Er*enn* Drui*m* Letan. *Ocus* bói ath*aid* i nDrui*m* Lethan amhlaidh si*n* 'ga frecur 7 'ga foghnamh, go ttainic fora menm*ain* imteacht a hEr*inn* os íseal, do sechna 7 d'iomghabail na honora 7 an ard-cadais bói ag cach 'na comhair.

xxi. (57) Dochualaidh[6] t*r*a Aodh fion*n* m*a*c Fergna .i. ri Breifne, Maodhócc do beith ag imt*echt* a hIbh Bríuin; 7 o'tcual*aid*, bói aga toirmescc uime, óir nir miadh 7 nir maisi lais a athair baiste 7 bennaigthi, 7 tucc rogha dealbha 7 démna[7] go foll*us* fair, do scc*aradh* fris, daigh nír maith leis nach ina tír, na ina talamh féin do biadh a comn*aidh*e 7 a comhaitreab. Do raidh Maodog riss | iarsin: 'Leicc f. 177$^b$ damhsa imtecht gan anadh, gan í*ar*mhór*acht* uait', ar se, '7 fogheba caidreabh 7 cumhsanadh i tigh nimhe ón Choimd*edh*', ar se, 'do chom*aidh* dia chion*n*.' Nír faomh im*morro* Aodh fion*n* imtecht do leiccen dó da déoin. Gidh edh do treor*aigh* an Trinoid tara ced san

---

[1] gur H. [2] boghainne A; bothuine H. [3] benncobhal A, H. [4] caomh-aidhme A; caomh-aimhithe H. [5] antrén H. [6] = M § 11; S § 10; Ir.$^1$ § 10; see note on § 35 above. [7] deanamhusa H.

⁊ tara cum*acht*uibh Maodog go crich Laigen go lán-folaight*ech*, ⁊ assein i mBretain[1], d'ionns*aigh*e easp*oic* naomhtha boi innte .i. Dáuidh Cille Muine; ⁊ boi aims*ir* imcian ina fharr*adh* and.

xxii. (58) Laithe naon[2] dia raibhe Maodhocc ag radh a leigin*n* laimh risan mainistir amuigh, tanaicc procadóir mhainist*r*each Dauit 'na dhochum maille le feircc móir, ⁊ do raidh ris: 'Eircc, a droch-duine', ar se, 'a ndiaigh na mbrath*ar* isin coill*idh*'; *ar* cenn *con*naigh dochuat*ar* na braithre deiredh na hoidhche an la sin. Ni raibe da*no* a fhios si*n* ag Maodhóg, ⁊ da mbeith, dorach*ad* ina ndiaigh gan furáilemh. Bói im*morro* fuath mor agan bprocadoir *ar* Maodhócc, gan adbar, gan fochan*n*. Faccbais im*morro* Maodog a leabh*ar* oslaicthi an u*ai*r sin le hanbuain imteachta a ndiaigh caich.

(59) Tucc an tocclach dá dhamh dhás*acht*acha dhocennsaighthi da ion*nsaigh*e, ⁊ do raidh ris a ccur fon cc*artaidh*[3], ⁊ dol fon ccoill *ar* cend con*n*aigh. Ar ulca re Maedocc dorinne an procadoir gach ní dibhsi*n*. *Ocus* comhluath do ghlac Maodhócc na doimh, do bhatt*ar* min móir-cen*n*sa ó fhurailemh an *ar*d-naoimh orra; dochuir fon cc*artaidh* íatt asa haithle. Do len Maodhocc na braithre iarsi*n*, ⁊ gan acht aon lenamh immaille fris.

(60) Bói da*no* móin[4] mór, maoth, ro-bocc, ro-aimhreidh, 'san athgoirit roimhe aran slicchidh, ⁊ timcheall mor aice. Adub*airt* Maodhocc rísan lenamh[5]: 'Do ba mor an athgoiritt dúin*n*, da roichmís t*ar*san mónaigh, óir as gerr go roichfemís na braithre.' Do raidh Maodocc risan lenamh i*ar*sin: 'Dena do roscc ⁊ do croidhe do chomh*ar*tucch*ad* on Sp*irut* Naomh, ⁊ o fioghuir na croiche césta, ⁊
f. $178^a$ dochife tú cumh*acht*a | Criost go hathlamh it fiadhnaisi.' Ro impo Maodog na doimh ⁊ an chairt an tan sin dochum na mona. Doroine Dia slighe sochair shior-blaith, ⁊ conair cobsaidh coimhreidh tresan mon*aidh* maoith mong-bhuig do Máedog ⁊ da damhaibh. Maraidh an tslige sin fós, do cuimniug*adh* na mór-miorbhal sin Maodhog, go ttéid a ttarbha ⁊ a móir-les do dhaoinib ⁊ do damhaibh osin anuas. Rangatt*ar* *iarsin* mara rabatt*ar* na braithre, '*ar* ttab*airt* gloire ⁊ buidhechais do Dia.[6]

(61) Gach ní im*morro* da nderna an procatoir do d*r*och-méin ar Maodóg, do fhoillsigh Día do Dhauit eisem, ⁊ do foillsigh Dia do Dauit m*ar* tucc an procattoir ar Maodhog a leabh*ar* d'fagbáil oslaicthe amuigh agan múr. Tainic doinenn ⁊ falc fertana an uair sin ann; ⁊ do*con*n*air*c Dauit leab*ar* Maodhog oslaicethi, ⁊ ge do*con*n*air*c, do léicc dó amhail do bí. Gidh ed do chuimnigh arís an leabh*ar* do beith oslaicthi, ⁊ docuaidh da fhoiridin, ⁊ fu*air* tirim trén-cumhdaighthe

---

[1] móir *add.* H. [2] §§ 58–63, 79; = M § 12; S § 10; Ir.$^1$ § 11. [3] cartaidh H. [4] morí A. [5] It should be: 'adubairt an lenamh fri Maodhocc'. [6] ⁊ do Maodhoig *add.* A, H.

i*ar*sin é, gan dith litre no líne, 7 gan braon d'uiscce no d'fertain an aieoir do buain ris.

(62) M*ar* do*con*nairc Dauit a*n* miorbal ˋmórˊ sin, do léicc don leabh*ar* m*ar* do bái, 7 doch*uaid* féin m*ar*a rabhatt*ar* na deiscip*uil*, go traigh an m*ar*a, doigh as laimh risan muir atá Ceall Muine. Dochuaidh go hairm irraibhe Maodhocc, 7 adub*air*t ris: 'Cidh'már faccbais do leabh*ar* oslaicthe', *ar* sé, 'ag imtecht duit lesna damhaibh *ar* madai*n* a ccoin*ne* caich fon ccoill le hagh*aid* na baistighe 7 na doinin*ne*?' M*ar* do*connair*c Maodhócc sin, do léicc a ghlúine re lár go humhal urra*m*ach d'aithméula a leabh*air* d'fáccbáil oslaicthe; 7 do raidh gurab[1] deithbhir dola 'na diaigh siumh ar cenn con*n*aigh tucc air a fháccbháil[2].

(63) Ní dhubairt da*no* Dauith lé Maodhócc eírge do dhenamh, *acht* doch*uaid* i ndiaigh na mbrath*ar*. Tiagait isteach leth ar leth .i. Dauit 7 na braithre. Ro indis an lenamh doibh 'na degh*aidh* gach ní t*ar*la doibh i*ar* nimthea*cht* don coill, 7 m*ar* fu*ar*utt*ar* an tslighe reidh rotirim isi*n* mon*aidh* | tre miorbuilibh Máedhócc. Fiarf*aigh*is Dauit f. 178$^b$ cait irraibhe Maedhóg. Adubratt*ar* cach go coitcenn nach facat*ar* é, ó doluigh aran traigh a bfiadnaisi Dauit, 'ar ffaghail sccel a leab*air* dó. Docuiredh d*r*ong do mhaithibh na ccleir*ech* *ar* cenn Mhaodhog go traigh an m*ara*, 7 tuccatt*ar* leo é ón traigh. Tainic an lán mór-adbal m*ar*a 'na múraibh 7 'na mór-tolcaiph[3] gach taoibh ina thimcell, *acht* an ait ina raibhe féin, 7 nir urcoidigh aon ní dó. Ro in*n*is im*morro* esp*oc* Dauit gach miorbaile da ndérna Dia tré Maodhócc; tuc Dauit spreccadh 7 c*ur*sachadh go minic aran bprocadoir tréna míbésuibh *ar* Maodhog. Ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Maodog tresna miorbuilibh sin.

xxiii. (64) Do bretnaigh[4] an fer c*et*na .i. an procadóir, Maodhocc do m*ar*b*adh* lá eile tré thnuth 7 tre fhormat. Dochuir se fon ccoill é 7 mog*aidh* on tuaith[5] leis do buain chonn*aigh*. Do furáil an procadóir *ar*an occl*ach* Maodhócc do m*ar*bhadh, 7 do gheall cennach dó da chion*n* sin. *Ocus* '*ar* ndol fon ccoill doibh, do chrom Maodhog ar mhaide da togbháil. Do toccaibh an tocclach a lamha frisan tuaigh do bualadh Mhaodóg. Tainic do chumachtuibh an Choimdedh gur lenatt*ar* lamha an óccl*aigh* don tuaigh, *co nar* f*ét* a ngluas*acht* na a ngnath-luam*aire*c*ht*[6]. Ro adaimh an tocclach a choir go hullamh an*n*sin, 7 tainic d'iarr*aidh* maithemhnais ar serbhont*aidh*e Dé go diocra ina decchaid sin .i. ar Mhaodócc.

(65) 'Arna faicsin si*n* do Maodhóg, cuiris a urn*aigth*e go Dia go diograis*ech*. Tainic t*r*a don urn*aighth*e si*n* gur fuaslaiccedh lamha an óccl*aigh* on cuibhr*iuch* 7 on crapall arabhatt*ar*. Teid an fer sin go luath don bhaile, 7 do in*n*is anní sin da gach duine da ttarla dó. 'Ar

---

[1] dermud 7 *add.* A, H. [2] osluigthe *add.* H. [3] -tulchaibh H ; -thonnaibh A. [4] §§ 64–66, 80 = M § 13 ; S § 10 ; Ir.$^1$ § 12. [5] 7 tuata A, H. [6] grinn-luthmairecht H ; lán-lumhthaireacht A.

ffoillsiucch*ad* an sceoil sin do Dauit, ro eir*igh* ar colbha a leaptha, 7 docuir leth-brócc air, 7 dochuaidh go luath d'ion*n*saigh*ed* na coill*ed*h a ccoin*n*e Maodhog. M*ar* docon*n*catt*ar* na braithre é acc imtecht f. 179$^{a}$ cos-lomnacht, do lenatt*ar* | go hullamh a maighistir. Tainic Maodocc 'na coin*ne* go sruth do bí a ngar don baile. Adub*air*t Dauit lena deiscioplaibh acca faicsi*n*: 'Tiacchaidh uaim fós[1]', ar se; oir do*con*nairc Dauit sl*uagh* aingel i nuirtimcheall Maèdhócc isin aít sin.

(66) M*ar* do*con*nairc Maodog Dauit ag fuir*ech* fris, do reth go ro-luath m*ara* raibhe 7 do uml*aigh* dó. Ata cros isin ionad sin do com*arrtha* a ccattaigh 7 a ccomhaonta le ceile. Tuccat*ar* grasa 7 ger-guidhe do Dia na ndul dibhlinibh, 7 dochuatt*ar* don baile leth ar leth. Imderccais Dauit an procattóir go hadbal a ffiadhnaisi caich don cur sin. Adub*air*t Maodhócc: 'A maighistir ionmui*n*, na bí aga chertucc*adh*, óir ceìrteoch*aid* Dia é, m*ar* as lór, uair dogeba bás bith-oban*n*, 7 oid*edh* eccosmail, 7 ni bia fios a adhnacail ag aoinnech *ar* talmai*n*, *acht* acc Dia na ndul.' Tarla don occlach m*ar* do tairrngir Maodóg, bás oban*n* eccub*aidh*, 7 gan fios a écca ina a adhnacail ag aon duine. *Ocus* ro mor*adh* ain*m* De 7 Máodhócc desin.

xxiv. (67) La ele[2] cuir*edh* Maodhócc ar cen*n* soidhtigh lenda dia tab*air*t leis don mainistir; 7 acc gabháil dó laimh le glen*n* grainemhail gnath-dhom*an* do bái aran slighidh roimhe, do thuit an chairt ina raibhe an soidht*ech*, 7 do thuitett*ar* na doimh fon cc*artaidh* fri hall uathmar-gran*na*.[3] C*uir*is Maodóg comh*ar*tha na croiche cesta etorra 7 an tall. '*Ar* togb*áil* a laimhe a nairde don erlamh, nír urchoidigh aoin ní dona da*m*aibh, 7 nir bris*edh* an chairt; 7 nir doirt*edh* braon don lion*n*; 7 ro moradh ain*m* De 7 Maodocc tritsin.

xxv. (68) Do bi[4] mac ag righ Bretan, 7 se dall, bodhar, bacach. O 'tcualatt*ar* a chairde 7 a lu*cht* oilemhna Maodhócc do denamh na f. 179$^{b}$ míorbal | mór sin, dochuirett*ar* an mac dia ion*n*saigh*ed*; 7 doguidett*ar* é ima shlánucch*ad*. Doguidhedh im*morro* ona maigistir go mór é .i. o Dáuit. Dorin*ne* da*no* Maodog urn*aighth*e go diochra dochum nDé, gur slánaicch*ed* go hullamh an tócc-mac ona ainmib da éis si*n*. Tuccattar cairde an leinimh budech*us* mór do Día 7 do Maodhóg desin; gur mór*adh* ain*m* De 7 Maodhóg tresna miorbuilibh si*n* doronadh ar mac righ Bretan.

xxvi. (69) Do bi[5] neach ele i mBretnaibh 'gá raibhe a acch*aid* 'na háon clár[6] uile, gan súil, gan sróin, 7 do bí m*ar*si*n* aga breith. Ruccadh go Maodhócc é da leicches. 'Ar nguidhe De do Mhaodóg ara son do slanaighed é focettoir, go tangatt*ar* a suile 7 a srón ina nionadhaibh iomchuibhde fein fadeoigh; 7 ro móradh ain*m* De 7 Maodog desin.

---

[1] imidh uaim go foill A, H.

[2] §§ 67, 81 = M § 14; Ir.$^{1}$ § 13.

[3] frisan naill mhara H.

[4] §§ 68, 82 = M § 15; S § 11; Ir.$^{1}$ § 14.

[5] §§ 69, 83 = M § 16; S § 12; Ir.$^{1}$ § 15.

[6] chomthrom *add.* H.

xxvii. (70) Tangatt*ar*[1] Saxan*aigh* uair ele i mBretnaibh, sluagh mór doáirme. Do cruin*n*igett*ar* Brethnaigh ara ccion*n*, 7 docuirettar tea*cht*a go Dauit da rádha ris, Maodog do chur cuca do ben*n*ucc*adh* a sluaigh, 7 do coisreccadh a ccatha. Docuaidh Maodhog *ar* furailemh Dauit mara rabatt*ar* Bretnaigh, 7 íatt féin 7 Saxan*aigh* ar acch*aid* a ceile. Ni rabatt*ar* Bretn*aigh* lion catha i nacch*aid* na Saxan*ach*. Doguidh t*r*a Maodóg ar son na mBretnach, gur teichett*ar* Saxanaigh i*ar*sin, 7 do lenatt*ar* Bretn*aigh* iatt, go rabatt*ar* seacht laithe na seachtmuine aga m*ar*b*adh* 7 acca muccnech*ad*[2]; 7 nir tuit aon duine do Brethnaibh lé Saxancaibh *ar* fedh na haimsire sin tre grasaibh Dé, 7 tre miorbuilibh Maodhócc. Co nach tainic aoinnech do Saxancaibh don Bretain an fedh do bi Maodhóg in*n*te i*ar* bfoillsiucc*adh* na miorbal si*n*. Ocus ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Maodóg desi*n*. |

xxviii. (71) Do bi[3] nech ele i mBretnaibh, 7 do tion*n*scain se f. 180$^{a}$ Maodhócc do mhealladh, oir do fhuráil ara muin*n*tir a breith cuicce, 7 a radha go raibhe féin dall, bod*har*. Do raidh Maodhocc '*ar* naithne a cheilcce: 'Do bi do righe 7 do ro-flaithes *ar* do chum*us*', ar se, 'no gur brethnaighis na tiodhlaicthi tucc Día duit do ceilt. *Ocus* o doronaisi an mbréicc si*n*, beir si amhail adubhradais go haimsir do bhais'; 7 ro comhaill*edh* sin.[4] Ro mor*adh* ain*m* Dé 7 Maodhócc desin. Is iomdha da*no* miorbuile 7 moir-*fer*ta dorin*n*e Dia a nonóir Mhaodog i mBretnaibh nach airmither an*n*so do sechna an emheltais. *Con*idh airesi*n* ro faccaibh an tughd*ar* iad *gan* a nin*n*isi*n*.

xxix. (72) A haithle[5] gach a nderna Maodhocc do miorbuilibh i mBretain, gabhais ced[6] aga oide .i. Dauit Cille Muine, 7 do tion*n*sgain te*cht*[7] tara ais go hEr*inn* maille lea dheiscioplaibh. '*Ar* ndol dó a bfocc*us* trachta na hEr*enn* do*connairc* sladaighthi do lettaobh[8] na slicch*ed*, 7 siad ag slad 7 ag m*ar*b*adh* oilitr*ech* 7 áosa eccruaidh, no bíodh acc siub*al* o ionad go hionad. Adub*airt* Maodocc lea muin*n*tir: 'Déinem deithnes d'ion*n*saighe na noilitr*ech*', ar se. Do bhen a clocc gan fuir*ech* don chur sin, go ccuala tigerna na ngadaighedh e: 'As guth cluicc fir diadha degh-craibhthigh so', *ar* sé, '7 as uime bhen*us* a clocc da fhurail orai*n*ne gan an gniomh so do dhenamh.' Do sccuirett*ar* dona hoilithrech*aibh* i*ar*si*n*.

(73) Is amhl*aidh* do bhí an fer sin dob ferr aca ina duine saidhbir *sár*-cum*acht*ach, 7 móran maoine 7 maithesa fora cum*us* .i. Dio*m*a mac Fion*n*tain, m*eic* Branain[9], m*eic* Cendlach*an*, m*eic* Armara, m*eic* Nax*air*[10], m*eic* Foth*aid*, m*eic* Each*ach* Laim-deircc, m*eic* Meisincorb[11],

---

[1] §§ 70, 84 = M § 17; S § 13. [2] muchad H. [3] §§ 71, 85 = M § 18 (V § 18$^{b}$); S § 14. A omits this chapter as far as 'is iomdha' (homoiotel.). [4] 7 ro chomhall na fagbhala sin ó sin súas H. [5] §§ 72, 73, 86 = M § 19; S § 15. [6] 'ar ngabhail a cheda A, H. [7] secht 7 techt H. [8] leadhrigh H. [9] m*eic* Briain *add.* A. [10] Nax. with mark of abbreviation Br.; Naxair A; Nachuir H. [11] m*eic* Conchorb *add.* A.

m*ei*c *Con*cubh*air* Abhrat-ruaidh, m*ei*c Fin*n*-filedh, m*ei*c Rosa R*uaia*, m*ei*c Ferg*us*a Fairrge. 'Ar tte*cht tr*a do Maodhóg a ccomhfocc*us* f. 180$^b$ doibh, cuiris Dioma | duine dia muin*n*tir ara cend. Ro iomch*air* an fer si*n* Maodhog *ar*a mhui*n* asa luing, ⁊ rucc lais m*ar*a raibhe a ticcerna é. Dorin*n*e aithr*igh*e adbal i*ar*sin, ⁊ tucc feron*n* i nofrail do Dia ⁊ do Maedog go brath. Is an*n* ata an feron*n* sin isin ran*n* tes d'Er*inn* ren ab*air*ther h*Úi* Cen*n*seal*aigh*, ⁊ doroine ecclas an*n* .i. *Ard* Ladhran*n*, ⁊ tucc an neoch adubhram*ar* .i. Dioma é féin, maille lea chenel, ⁊ lena caoimh-feran*n* do Dia ⁊ do Maodhócc.

xxx. (74) La ciccin[1] iarsin da raibhe Maodhócc laimh risan muir, ⁊ a bhrait*r*e ina fhochair an*n* ; ⁊ adub*air*t friu : 'As aithr*ech* lem gan a fhi*arfaigh*e do mo maigistir .i. do Dauit, cia an tath*air* faoisittne do biadh accam ind Er*inn*.' Do tion*n*sgnatt*ar* a deiscip*uil* long do dheisiucc*adh* dó, ⁊ imtecht leisan toiscc sin. Gidh edh do bi eccla na m*ar*a go mór orra. Téid Maodhócc dochum na m*ar*a, ⁊ dob ail leis dol gan luing i mBretnaibh dochum an mhaigistir aga raibhe.

(75) Tainic an taingel da ion*n*s*aigh*e, ⁊ adub*air*t ris : 'As borb a nd*er*nais', ar sé. 'Ní ó bhurba dob áil damh a denamh, *acht* tre cu*m*achtaibh Dé', bh*ar* Maodóg. Adub*air*t an taingel : 'Ní heicc*in* duit ath*air* faoisittne ele d'i*arraidh acht* Dia na ndul, óir tuicc*idh* sé rún ⁊ deirriti*us* gach duine. Gidh edh mad ail duit fiadnaisi d'fág*ail* ar th'faoisittin ⁊ ar do coccús, biodh Molua m*ac* Oiche d'ath*air* faoisitne accat.' Do iompó Maodócc t*ar*a ais, ⁊ docuaid isin tir ren ab*ar* I Chein*n*sel*aigh*, isin feran*n* le raiter *Ard* Lad*r*and ; ⁊ m*ar* do shuidh isin ionad re nab*ar*t*ar* Acchél[2], do cuimnigh se *ar*an cclocc do dermaitt i mBretnaibh. *Ocus* an tan do ba mith*ig* a bhuain dó f. 181$^a$ [do]*con*n*air*c Maodhócc laimh ris he. Tucc*us*tair Maedóg | buidechas mór ⁊ moladh do Dia trittsin.

xxxi. (76) La[3] da raibhe Maodhocc ar t*r*aigh an m*ar*a roin*n*es it*er* Muimhneachaibh ⁊ Laighneachaibh '.i.' hÚi Cendsealaigh ⁊ na Deisi, dob ail leis an traigh d'imthecht dochum na nDéisi, ⁊ do bí se *ar* each maille lena deisciplaiph. Boi gabhal 'mara' rompa aran imghittis longa ⁊ lan-*ar*t*r*aighe.[4] Dob áil lena muin*n*tir tuirling da neachuibh, óir nír saoileatt*ar* go ff*ét*fadais imthe*cht* gan *ar*t*r*ach[5] 'san ionad sin. Adub*air*t Maodóg : 'Leiccidh na heich ara nacch*aid* féin ar siubhal', *ar* sé, 'óir féd*edh* Día an muir do tracchadh*adh* ⁊ do thiormucc*adh* dúin*n*', *ar* sé. Dorin*n*ett*ar* san aml*aidh* sin 'ar ccur an dothc*us*a go daingen i nDía ; *co n*dechat*ar* na heich ga*n* a ningne do fhliuch*ad* isin muir mór-thond*ach*, amhail b*udh* talamh tiri*m*, nó ród ro-réidh ele í. *Co n*dechat*ar* 'san athgoirit[6] amhl*aidh* sin isna Déisibh.

---

[1] §§ 74, 75, 87 = M § 20 ; S § 16 ; Ir.$^1$ § 16.

[2] Icheil A ; Icel H.

[3] §§ 76, 88 = M § 21 ; S § 17.

[4] -arthar*aigh* A ; -atharthach H.

[5] artharach A ; atharach H.

[6] athgherra H.

(77) Cumhdaigis[1] Maodhócc ecclas isin ionad sin ren ab*ar*thar Disert nDáirbre, ⁊ bói aims*ir* fhada an*n*sin maille lea dheiscioplaibh. Bátt*ar* dá bha ⁊ aon laogh an*n*sin agna braithribh. Bói Maodhóg[2] laithe náon an*n* ina aon*ar* isticch ina sealla. Do*conn*airc na coin all*aidh*[3] da ion*nsaigh*e; batt*ar* go mín muin*n*terda ag *techt* 'na thimceall. Do thuig Maodhócc gurab acc iarr*aidh* bídh do bhatt*ar*. Taínic a thro*caire* forra; tucc an laogh doibh, ⁊ do ráidh ría a ithe. An tan *tr*a tainic bean do bhleoghan na mbó tráth nóna[4], do shir an laogh do léiccen chuca. Do raidh Maodhócc ria: 'Na bí aga iarr*aidh*, óir tucc*us*a dona *con*aibh allta[5] é.'

(78) Adub*air*t brath*air* dona braithribh: 'Cion*nus* fétfaidher na ba do bleoghan, ⁊ gan a laogh aca?' Adub*air*t Maodocc risan mbrath*air*: 'D*r*uid cug*um* do chend', ar sé, 'go mbennaigin*n* é; óir an tan dochífitt na ba hé, dobéraitt a mbain*n*e go humhal orramach.' As m*ar*sin im*morro* do bí, an tan atcíttis na ba cend an bhrath*ar*, do bídis 'ga lighe go lán-obann, ⁊ dobeirdís a mbain*n*e amhlaidh sin. | As minic doniodh Maodocc na miorb*aile* sin .i. an tan do muirf*idh*e laogh, cenn antí dorachad do bleoghan[6] na mbó do benduc*cadh*, go ttab*r*atais a mbain*ne* m*ar* dochíttis he. f. 181$^{b}$

(79) *Con*idh da dherb*adh* atbe*rt* an fili amlaidh:

Toiscc Maodhócc i ttír mBretan,
Toiscc da lentar lea laoidhedh,
A clú ósin fa shéla,
Dúal na sccela do sccaoiledh.

A mescc na nerlamh uile
Maodhócc fa duine derbhtha,
Don dá dhamh díana, díuide,
Doní doimh ciuine cennsa.

Scáoilte lé báistigh mbraon-móir
Leabh*ar* Maodóg gan bine,
Nocha dherna dó an dile
Easb*aidh* líne n̄o litre.

Gion gur slige ag cach ria*m*h roimhe,
Si ag cách oile 'na hoilbéim,
Trésan món*aidh* ruaidh ro-bhuicc
Dorin*n*e *con*air coimhréidh.[7]

(80) Dá laimh as tuagh an túata
Do cengladh uadha a náoinfeacht,
Da bhallaibh n*ar* fhét én chor,
Gur fhóir an terlaṁh aointeach.

---

[1] §§ 77, 89 = M § 22; S § 18; Ir.$^{1}$ § 17. [2] an laodh (!) H. [3] na mic thíre A; mac tire H. [4] laodhlaighe H. [5] dona macuibh tíre A, H. [6] do chrú A; do chrunna H. [7] H transposes the two halves of this stanza.

Bás an phrocadóir pheacthaigh,
M*ar* do chedaigh an cleirech,
D' feircc le Maodocc go minic;
A bhás nír fhidir enneach.

(81) Na dhoimh is cairt na corma
Risan aill[1] ndorcha ndomhain
Do thuitset uile a naoinf*echt*,
M*air*cc d*ar*[2] caoimhthech[3] an chon*air*.
Cuirther leis crois da cCoimhde,
Go nderna an Coimdhe a ccobh*air*.[4]

(82) Mac rígh Bretan gan baoth-glór
Foiris Maodócc na manach;
Tri hainmhe n*ar* féd d'folach,
Do bhí dall, bodh*ar*, bacach.

(83) Neach ainmheach 'sa[n] crich cedna,
Gerr an térma go tterna[5],
Nír chuir c*air*de ara chabhair,
[I]s é 'sa acch*aid* 'na hen clar.

(84) Buidhne Bretan gan míognáoi
Tre guidhe an fhíor-naoi*m*h etail
Cuirit ár i ngach achadh
*Ar* shluagh Saxan le sechtmain.

(85) Neach do raidh mar cóir ceilece,
Dó nír fferr ďe 'mun am soi*n*,
Beith bodh*ar*, dall; ger dhuiligh,
Go brath do fhuirigh amhl*aidh*.

(86) 'Ar tte*cht* tar ais go hÉirin*n*
Don náomh, fa gér-ghrin*n* guidhe, |
f. 182$^a$ Bás na noilitr*ech* néccruaid
Do bhac i nen uair uile.

(87) A clocc fadheoigh do dhermaitt
I mBretai*n* bhend-bhuicc[6] blad*aigh*,
M*ar* tainicc trath a búana,
Dochí uadha ara aghaidh.

(88) Tre múr anfaidh go hin*n*ill
Ráon 'na ráon tirim t*ar*la
Ar Maodhócc go méd ngáoisi,
Ar lorcc Máoisi m*ei*c Amra.

---

[1] alt A, H. [2] darab A, H. [3] caointech H. [4] A omits these two lines. [5] go ndernadh H. [6] benn-glain A, H.

(89) Cend an bhrathar do bhen*n*aigh
I nam bleoghain don bhan-coicc,
Na ba m*ar* laogh do lighdís,
An trath ticcdís; nir bhan-toisg.

Toiscc.

xxxii. (90) La ele[1] do Maodhócc ag meilt cruithne*cht*a isin muilen*n*. Batt*ar* na braithre uile le tosccaibh ele. Tainic ócclach d' Osraighibh istech, go rucc ní don min *ar* eiccin uadha. Tainic an togl*ach* c*et*na chuicce 'na diaigh sin, 7 sé '*ar* cclaochlodh datha 7 crotha 'ar níadhadh súl dá suilibh d' en toiscc, gur í*arr* ní a nathchuinghidh ar Maodhócc don min. Fechais Maodocc f*air*, 7 do fhi*arfaigh* de c*ret* tucc m*ar*sin hé, ge do bí a fhios aicce. *Ocus* adub*airt*: 'Dogebhair si ní don min lea breith let; 7 gidh edh biaidh tú cáoch[2] tr*é* bithe, 7 ni bía do shíol go brath gan nech leth-cáoch dhíobh it dhecc*aid*'; amhail ro comailledh.

(91) Ro cumhdaighedh[3] cealla iomdha 7 mainistrecha le Maodhócc i nUibh Cein*n*seal*aigh* don chur sin, 7 do bí féin i mainistir díbh ren ab*ar*th*ar* Cluain[4] mór Dícholla; 7 is aml*aidh* do bí Dícholla feisin ina abb*aidh* urdhálta fo cúram Maodhóg isin maighin sin. *Con*idh uadha ain*m*nighther an tionadh día éis.

xxxiii. (92) Do thiomaircc Aodh '.i. rí Er*enn*', m*a*c Ainmir*ech*, sluagh mór d'*ar*gain 7 do chreach*ad* h*Ua* Cein*n*sea*laigh*. Brandubh *immorro* mac Each*ach*, m*ei*c Muireadh*aig*, fa rí *ar* Uibh Ceindseal*aigh*; 7 isé bói ag cathucc*ad* i nacch*aid* righ Er*enn* .i. Aodhae. Tionoilit t*ra* móran do daoinibh an tire si*n* a neide[5] 7 a nindile fo díden Dé 7 *ar* comairce Maodhócc isin ion*adh* irraibhe .i. Cluain mór Dicholla. M*ar* dochual*aigh* an rí an tainiom*a*t spreidhe 7 cethra | do thiomsucch*ad* i naoin ionad, doch*úaidh* do chreach*ad* an bhaile. f. 182$^b$

(93) Ro eir*ig* Maodhócc amach a ccoin*ne* an tsl*úaigh*, 7 cuiris comh*arrtha* na croiche naoimh le rin*n* a bachla 'na nacch*aid* an*n*. Adub*air*t neach don tsl*úagh* bói a ttosach cáich do*n* cur si*n*, ag dol taran cc*om*h*artha*: 'Ní fhuil da nao*m*htacht nech do fhétf*edh* mo thoirmescc', *ar* se, 'gan dol taran cco*martha*.' *Ocus* '*ar*na radha si*n* dó, do thuit m*ar*bh gan anmain a bfiadhnaisi cáich a ccoitcin*ne*. Gabhais eccla adhbal cách a ccoimhneinfhecht don gniomh sin; 7 do iompott*ar* t*a*ra nais dochum an riogh. Iompoidhis an rí iarsin on ecclais, 7 as*edh* adub*airt*: 'Ní f*et*muid ne catucch*ad* i nacch*aid* na naomh, 7 na Trinoide[6] tré-phersanna*igh*e, 7 Maodhócc *con*a míorbuilibh.' G*ur* mor*adh* ain*m* De 7 Maodóg desi*n*.

---

[1] §§ 90, 106 = M § 23; S § 19.

[2] leth-cáoch A, H.

[3] §§ 91–93, 107 = M § 24; S § 20; Ir.$^1$ § 18.

[4] Claodh H.

[5] eaduighe H.

[6] 7 na noide noitte noide (!) H; i.e. the scribe takes the word 'Trinoide' as 'tri noide', three 'noides'.

xxxiv. (94) Fe*chtus*[1] ele da ttainic Maodhóc don recles re nab*ar*th*ar* Senboth Átha[2] fo bhun an tsleibhe re ráiter Suidhe Laighen, m*ar* do bai an*n* ag siubhal na slicched, tarla sagh m*eic* tíre dó *ar*an slicch*ed* 'na coinde, 7 sí t*r*uagh, anffan*n*, ocarach. Tainic go min muinter*tha* chuicce. Do fi*arfaigh* Maodhócc don ghiolla tárla dó *ar*an slicch*ed*, an raibhe áoi*n* ni aicce, dobher*edh* sé don choin. Adub*air*t an giolla go raibhe ao*n* *ar*án 7 órda éiscc. Gabhais Maodhóg anní sin uadha, 7 teilccis dochum na con hé. Do dhercc 7 do las an giolla acca faicsi*n* sin; 7 adub*air*t an gioll[a] gur eccail lais a thiccerna, óir nír bó do muin*n*tir Maodócc féin dó, *acht* a theccmáil dó *ar*an sligidh. Adub*air*t Maodhócc: 'Tab*air* let ní do duille na coill*edh* cuccam', *ar* sé; 7 dorin*ne* samhlaidh. Bennaighis Maodhóg an duillebh*ar* 'na dheaghaid sin, gur sóadh i n*ar*án 7 i niascc é. Tucc don gioll[a] é asa haithle. Gur mor*adh* ain*m* Dé 7 Maodócc t*r*esna miorbhuilibh sin.

xxxv. (95) Fe*chtus*[3] ele da raibhe an rí do raidhemar .i. Brandub m*a*c Each*ach*, '*ar* ngab*áil* | f. 183$^a$ ricche Laighen dó, 7 crecha móra roimhe '*ar* na mbuai*n*[4] don leith tuaidh d' Éirin*n*, tarla lobh*ar* do muin*n*tir Mhaodhóg dó, 7 do íarr déirc *air* i nonóir Dé 7 Mhaodóg. Tucc an ri m*ar*t maol-odh*ar* i ndeirc dó. 'Na diaig sin tainic an rí da tír féin, 7 gabhais fos-longp*ort* agan abhain*n* darab ain*m* Slaine. Gabhais tin*n*es adhbal-mhór an oidhce si*n* hé, 7 do*con*nairc aisling iongn*adh* .i. m*ar* dobértai i nifrion*n* hé, 7 m*ar* do bheittís piasta ifrin*n* uile, 7 a mbeoil oslaiccthi da ion*n*saicch*ed*. *Ocus* dar lais fós do*con*n*air*c se peist mór i ndor*us*[5] if*r*in*n* do ba mó dhíobh uile; 7 asi do ba san*ntaigh*e cuicce. *Ocus* d*ar* leis féin do bí ullamh dochum a shluiccthi.

(96) Do th*ar*raing sí an ri lena hanáil da hion*n*saighe, gur becc n*ar* shluicc sí a naoinf*echt* hé; go ttainic cleirech sochraidh soidhealbhda dá ion*nsaigh*e go hathlamh, gur chuir m*ar*t maol-odh*ar* i mbeol na piasta, 7 do ba cosmail risan m*ar*t tucc an rí roimhesin don lobhar hí; gur shaor an rí o bheol bioth-oslaicthi na píasta. Do tharraing an pheist dha hion*nsaigh*e arís hé, 7 dob áil lea shluccadh cuice m*ar*an ccedna. Tainic an cleir*ech* c*ét*na arís ó[6] ro*cht*ain, 7 do bhuail an mbachaill i ccend trom-adhbal na péste, 7 do dún a bel go bioth-ullamh, gurab aml*aidh* sin ro saor*adh* an rí o ghuais na piásta 7 ifrind a naoinfe*cht*.

(97) Do iompó spiorat an rígh dochum a chuirp, gur eir*igh* asa haithle, gur indis da muin*n*tir gach ní at*con*nairc. Rucc*adh* an rí im*morro* iarsi*n* don ionad ren ab*ar*thar Inbher Crimth*ainn* isin tin*n*es c*et*na irraibhe. Adubhratt*ar* a charaitt ris: 'Ata nech naomhtha isin talamh so', ar síad, 'd*ar*ab ain*m* Maodócc. Donither ferta mora 7

---

[1] §§ 94, 108 = M § 25. [2] atá A, H. [3] §§ 95-99, 109 = M § 26 (V § 29); S §§ 20-22; Ir.$^1$ § 19. [4] d'Ibh Neil .i. don Midhe 7 *add.* H. [5] a mbrollach H. [6] da A, H (*recte*).

míorbuile do lathair leis. *Ocus* cuir si techta cuicce, do tab*air*t uisge choisercta cuccat uadha.' Adub*air*t an rí: 'Ni ba hamhl*aidh* sin bías', *ar* sé, 'acht rachat sa féin m*ar*a bfuil sé.'

(98) Teid an ri ina c*ar*p*at*, | 7 tainic mara raibhe Maodog. Ó dochualaidh f. 183$^b$ Maodhócc an ri do bheith da ion*n*saighe, doch*uaid* ina coin*ne*. *Acht* cena m*ar* do*conn*airc an rí Maodhóg úadha, adub*air*t: 'Asé súd an cleir*ech* do shaor meisi o bél na piasta, 7 o phéin ifrin*n* *ar*cena; óir aithnighim a cruth 7 a caoimh-eccoscc uaim.' Slechtais an rí fo chosaibh Maodhócc an tan sin, 7 adub*air*t: 'As aitr*ech* lem mo peac*adh*', *ar* sé, 'oir dorinnes morán uilc 7 eccora riamh go soiche so; 7 gibe ar bith aderai si frim im slainte m'anma, doghén fom dithcell.' Do slanaigedh an ri *iar*sin o gach eslainte da raibe 'na diaigh, '*ar* nguidhe do Maodhóg ara shon. Adub*air*t an rí: 'Do slanaighis mé om eslainte', ar sé, '7 rom scc*ar*ais ó phianaibh ifrin*n*.' *Ocus* ro in*n*is do Maodog an*n*sin gach ní at*con*nairc isin aisling adubhramar.

(99) Adubhairt an ri an*n* sin: 'Dobheirinn si me féin gom cinedh 7 gom clan*n*màicne i mbith-dílsi do Dhia 7 duitsi; 7 adeirim m'adhlacadh maille ré mo shiol 7 rem chlan*n*m*ai*cne[1] go brath it reilicc si .i. Ferna.' Tucc an rí offrail go hiomdha 7 feran*n* fairsing do Mhaodhóg, áit inar cumdaigh ecclas álain*n* onorach .i. Ferna mór Maodóg. Ro ordaigh in rí .i. Brandubh, i ttul*aigh* aonaigh 7 oirechtais Laighen, et*er* cler*ech* 7 túata, aird-espuccoide*cht* chucc*idh* Laighen uile do beith i necclais catoilice Maodog, 7 Maodhog féin 'na aird-esp*oc* in*n*te, '*ar*na oird*nedh* 7 '*ar*na onorucc*adh* i rRóim roimhesin le fer ionaid Dé i ttalm*ain*, amhail do raidhem*ar* romhain*n*, an u*air* fuair an *m*bric Maodóig 7 an mbachaill mBranduibh .i. Brandubh m*ac* Each*ach*, doroine do leiges leisan mbachaill do cum*acht*aibh Dé.

xxxvi. (100) An tan[2] im*morro* bói Maodhóg ag cumdach mainistrech hi fFerna, darónsat a deiscip*ui*l eccaoi*ne* ris na raibhe uiscce a bfocc*us* doibh 'san mbaile. Bói cran*n* mor isin mbaile an tan si*n*. Adub*air*t Maodog lea dheiscioplaiph: | 'Gerr*aidh* an cran*n* ut[3] da bhun', ar se, f. 184$^a$ '7 lingf*idh* top*ur* taitnem*ach*, 7 s*ru*th seimide sol*us*-glan d'uiscce each*ar*gorm uainidhe uadha.' Do gerradh an cran*n* don cur sin, 7 '*ar*na gerradh[4] lingis loch-top*ur* lán-álain*n* ina dhecch*aid* don dal sin, ren ab*ar* Tiopra Maodocc. Do gnathaighdis mna 7 mion-daoine techt do nighe a nedaigh*e*[5] 7 do niamh-glan*adh*[6] a nerr*eidh* dochum an tsrotha do shil asan top*ar*.

xxxvii. (101) Baoi f*er* úas*al*-conaigh isin feran*n*, dar bó comain*m* Becc m*ac* Eog*ain*, 7 bói a bhaile bun*aidh* a bfocc*us* don cill 7 don caoimh-ecclais, óir dothiccedh a feran*n* *con*uicce an sruth sin. *Ocus* doticcdís mna an bhaile do nighe a néd*aigh* as, amhail adubhram*ar* cena. Rop olc le Maodhócc anní sin, 7 adub*air*t ríu: 'Tiagaidh uaim go hullamh, 7 na teccaidh comhgar sin don ecclais na duinne', *ar* sé. Adub*air*t ben dona mnaibh nach rachdais [1], 'óir as lind féin an tuiscce, 7 an feran*n* a naoinfe*cht*,' *ar* síad.

---

[1] 7 rem feimionn (= seimionn = Lat. semen) *add.* H. [2] §§ 100–102, 110–111 = M § 27 (V § 26); S § 23; Ir.$^1$ §§ 20, 21. [3] a ccomhdhail don baile *add.* H. [4] gerreamh H. [5] edaigh A. [6] nua-ghlanadh A.

(102) I*ar*sin t*r*a bói inghen álain*n* il-dhealbhach do Bhecc m*ac* Eog*ain* ag nighe édaigh lena cosaibh for[s]na clochaibh. Do lenatt*ar* a cosa don édach, 7 an tédach dona clochaibh, 7 na clocha don talamh; 7 do bái sí amhail gach niomhaigh, nó m*ar* gach ndeilbh ndaonna, gan aister, gan gluas*acht*[2] aml*aidh* sin, c*onar* lamh corrucch*ad* do thaoibh seach a ceile[3]. 'Arna cloistin si*n* d'athair na hinghine .i. do Becc m*ac* Eog*ain*, tainic go luath m*ar*a raibhe Maodhócc, 7 doghuidh go humhal é fa fhuasgl*adh* don inghin. '*Ar*ndenamh urn*aighthe* do Mhaodóg ara son, do sccáoiledh go luath í on cuibr*iuch* irraibhe. *Ocus* tucc an fer sin .i. Becc m*ac* Eog*ain*, é féin 7 an baile sin, 7 a sliocht go brath a mbith dílsi do Dhía 7 do Mhaodhocc.

xxxviii. (103) 'Na diaigh sin[4] tainic airgech bói a ccomfocc*us* do cathr*aigh* Maodhócc cuicce, 7 ro innis dó[5] go raibhe a math*air* i neslai*n*te géir; 7 i*ar*rais uiscce coisreccta chuice. Téid Máodog fein f. $184^b$ m*ar*a raibhe an bhen. Do ba taoscca in tairgech ina Maodocc | an tan sin; 7 fu*air* a math*air* marbh, gan anmain ara cion*n*. Tainic a ccoin*n*e Maodocc t*ar*a ais amach, 7 do raidh ris: 'A serbhont*aidh*e dílis Dé, 7 a mogh an Choim*dedh* cum*acht*aigh, na buaidhert*ar* tú, óir atá mo math*air* m*ar*b isin maighin si.' Adub*airt* Maodhócc ris: 'Éirigh si', *ar* se, 'm*ar*a bfuil do math*air*, 7 ab*air* ria, tea*cht* m*ar*a bfuilim si da slanucch*ad*.' Téid an tairgeach tara ais, 7 adubhairt lea mathair: 'Eircc go luath, óir ata Maod*óg* móir-fhertach 'gut iarr*aidh*.' Ro eirigh an ben i*ar*si*n* le haithne Maodócc, amhail no bheith ina codladh, go ttainic slán da ion*n*saigh*ed* ina coin*n*e. *Ocus* ro mór*adh* ainm Dé 7 Maodhócc desin.

xxxix. (104) Araile[6] aims*ir* docuaidh Maodócc m*ar*a raibhe an tab naomhtha .i. Mun*n*a m*ac* Tulcáin, go Tech Mun*n*a: 7 do fiadaighedh go honórach an*n* hé. Adub*air*t Mun*n*a m*ac* Tulcai*n* risan ccoimhtionól do bí ag frithailemh dó: 'Eircc m*ar*a bfuil Maodhócc', *ar* se, '7 ab*air* ris a bfuil do braithribh 7 do daóinibh ele isin mbaile do chur dom aittreibh si 7 dom *árus*, do chaithem bídh 7 dighe[7] a ccoimhneinf*echt* 'na onóir féin anocht', *ar* se. Do raidh Maodhócc go ccaithfitís uile biadh an oidhche sin. Adub*air*t Mun*n*a risan t*echt*aire:

---

[1] imeochdis A, H.

[2] iomluaghail A.

[3] conarb feidir leith-luaghail no lán-gluasacht don taob go cheile A; and practically H.

[4] §§ 103, 112 = M § 28 (V § 27); S § 24.

[5] For ''Na diaigh sin . . . . ro innis dó'. A reads: Ina dheaghaidh sin tiomairgios Bec an méid do bhí a ccoimhfegus do c. M. chuige, 7 adubhairt nech aca.

[6] §§ 104, 105, 113 = M § 29 (V § 28); S § 25; Ir.$^1$ § 22.

[7] blasa A, H.

‘Innis do Maodhóg, nach fétaitt uile biadh do caithemh, oir atá móran easlán díbh’. Adub*air*t Maodhócc ’arna cluinsin si*n*: ‘As celgach da i*ar*r an tab slainte dona braithribh; gidh edh féd*adh* Día slainte do thab*air*t doibh im onóir si’, *ar* sé. *Ocus* ’*ar*na radha sin do Maodócc, tainic gach nech da raibhe easlán diobh maille le g*air*dech*us* don proin*n*tigh; 7 ro bátt*ar* drong diobh 7 gurab *ar* eíccin do batt*ar* beo roimhesin; 7 tangatt*ar* sei*n* do chaithemh a suipéir a ccuma cáich don cur si*n*. |

(105) A ccion*n* an tres lái *immorro* ac fáccbail an bhaile do Mhaedócc, f. 185$^a$ adub*air*t Mun*na*: ‘Ni raghair asan mbaile’, ar sé, ‘no go ru bhaitt na braithre ’san eslainte cedna, m*ar* do bhatt*ar* roimhe.’ Adub*air*t Maodog: ‘Do thiodlaic Dia damhsa sláinte lea tab*air*t doibh’, ar se. Do raidh Munda: ‘Ní hamlaidh sin bías’, or sé, ‘óir foirbhtighit na subailce[1] ’sna heslanaib.’ *Acht* cena ’arna ceducc*adh* do Maodog tre furailemh Munda ro iompótt*ar* na braithre .i. an coimhthionól c*et*na ina neslaintibh fein dorísi. Do imthigh Maodog an*n*sin ’*ar* ngabhail cheda, 7 ’*ar* cceileabrad do Mhunda; 7 téid da ionad féin ’*ar* ffáccbháil benn*acht*a, 7 ’*ar* ffagháil bhenn*acht*a.

(106) Conidh de mhiniucc*adh* gach neithe diobhsin doronadh an laidh si[2]:

Lá do Mhaodhócc ’sa muilenn,
Da rucc tuirend[3] da tréin-bhleith,[4]
Cuicce go ttainic tuata,
Go rucc min uada ar eicin.

Min arís a riocht ele,
Nir gniomh goile na gaisccidh,
D’éis a shúl uadh d’iadadh
Leis do hiarr*adh* a naisccidh

A hucht naomh *ocus* naom-ogh.
‘Biaidh’, *ar* Maodócc gan man*n*ar,
‘Go brath do dhéoin an Duilimh
‘Súil dot suilibh gan amh*arc*’.

(107) Ar righ Er*enn* go heiccn*ech*,
Ger mór d’einnech m*ar* ob*air*,
Crodh Laighen uile d’forccla
Dorin*n*e a ccomhda[5] ar choccadh.

---

[1] soailce A; saoilche H. [2] Conadh da dhearbadh sin adubhairt an file an fursanadh A; Cona da derbhadh sin dobert an file na furranna so ar ndíaigh go forleathan, filiota, focal-cert, iongantach, cia (? co) firinnech diadha, deghlabharthach. Aniudh an aoine órtha .i. an ched-aoine don corghas H. [3] i. cruithnecht Br. (interlined). [4] -mheilt H. [5] coimed A; a ccomhdhochar cog*aidh* H.

(108) An cú ocarach allta
D'eis a cabhra ara casán,[1]
Doní do dhuille an doire
Iascc re 'roile[2] *ocus* arán.

(109) Brandubh m*a*c Eachach ainmín,[3]
Do bí an taird-rí go heslán;
Da leighes ni fu*air* einnech,
Gur fhóir an cleirech cnes-bán.

Rí Laighen, ni cás ceilte,
Foiris mac Eithne árnaigh,[4]
Tucc an rí arís 'na rithing
O pianaibh if*rin*n adhbail.

(110) Uiscce *ar* tosach na tennta
Ni frith a fFerna roimhe, |
f. 185$^b$ Gur muigh a bun an bhile
Top*ar* fa gile gloine.

Tiopra Maodhócc go maisi
Ainm na glaisi go gnathach,
Biaidh os gach uiscce iodhan
Sreabh na tiopra gan *tr*agadh.

(111) O bhaile Bheic m*eic* Eogh*ain*
Ticcdís mná an cheol*aidh* cornaigh,[5]
Do nighe a nédaigh dobair
A sruth an top*air* ton*n*-gloin.

Do thoirmiscc Maodocc málla[6]
An bantra*cht* dána daith-gheal;
Nír gabh ben dibh on deigh-fer,
Doibh fa deir*edh* dob aithreach.

Ticc ingen an fir eolaigh,
Bec m*a*c Eogai*n* gan ainméin,
Gusan tiop*r*ait nguirm ngle-gloin,
Do nighe a héd*aigh* ain*n*séin.

Clocha an tsrotha *arar* saltair,
Don mhnáoi nir ch*arcair* cosmail,
An tedach 's an úir endacc[7]
Do bí a ccengal da cosaibh.

---

[1] tar acbhfainn H. [2] reir uile H. [3] airmnidh H. [4] árn*aidh* A; fhenaidh H. [5] chaoim*igh* (?) A. [6] mhanla H. [7] enn*aigh* A; eannuidh H.

Sealbh an bhaile caoim-cheo*laigh*
Tucc Bec, m*ac* Eog*ain* fin*n*-gil,
Do Mhaodhóg fa mór-cum*acht*
Uadh *ar* furt*acht* da ingin.

(112) Tucc hí ó bás go beath*aid*,
Dia do cedaigh m*ar* cumhacht,
D' fertaibh an fíréoin ailgin,
Mathair an airgidh d' f*urtacht*.

(113) An áos eslán gan fuigel,
Orra nír cuiredh cuma,
Gur leighis iatt gan falach,
Coimhtinol manach Mun*n*a.

Dénamh air tar gach naoin fer,
Don fhoir aoidhedh nirb antrath,
Ar nech fa ní dan iarfadh,
Le hAodh nír hi*arradh* athla.

Lá.

xl. (114) Fe*cht* ele[1] doch*uaid* Maodhócc *ar* cu*air*t m*ar* rabhatt*ar* ogha nao*m*htha niamh-ghenmn*aidh*e, batt*ar* d'inghenaibh ag[2] Aodh m*ac* Cairpre, ⁊ rucc leis seisr*igh* dhamh a ndeirc doibh. '*Ar* ngabhail na seisr*igh*e dona h*air*eamhnaibh, tainicc ben bocht, ⁊ sí 'na lobh*ar*, meirbh, móir-easlán, go Maodócc, ⁊ do i*ar*r damh dona damhaibh i ndeirc air. Tucc san sin di. Adubhratt*ar* na hoiremhain: 'Cionn*us* dogenmais ne | treabadh anosa?', ar síad, 'óir testa[3] damh d'uimhir na seis*righ*e uain*n*'. Adub*air*t Maodhócc: 'Anaidh si fós', *ar* sé, '⁊ dobhéra Día damh daoibh ina ion*adh* sútt.' Docon*n*catt*ar* i*ar*sin damh ag tea*cht* don fhairrge da nion*n*saicch*ed*. Tainic dochum na seisr*igh*e, ⁊ dochuir a chend fon ccuing go hullamh isi*n* áit irraibhe an dam ele adubhram*ar*. Bói isin seisrigh amhl*aidh* sin fedh an earr*aigh* acc treab*adh* dona hoghaibh; ⁊ no teighed gach noidhche dochum na fairrge. *Ocus* do léiccedh tri fraissi[4] geimn*igh*e[5] as, ⁊ nó thigedh gacha maidne docum na seisr*igh*e c*et*na, no gur imthigh aims*er* an treabhtha. '*Ar*na cloistin sin do cach a ccoitcinne, ro mór*adh* ain*m* Dé ⁊ Maodhóg. f. 186$^a$

xli. (115) Fecht*us*[6] ele do Maodhócc 'san ionad ren ab*ar* Ard Lathran*n*, ⁊ do*connair*c se seisrigh damh ag treabh*adh* laimh le Ferna .i. a chathair féin; ⁊ do bí a ng*ar* do chéd mile et*er* an dá áit sin. Gidh edh do*connair*c Maodhócc íatt tre grásaibh an Spiorait Naoimh. 'Ar niompódh im*morro* don tseisrigh ón iomaire go 'roile, tarla an toiremh ’*ar*na legadh go lár et*er* an soc ⁊ an colt*ar* don cur sin, ⁊ an tseisr*ech* fo réim saoth*air* ⁊ siubhail. Toccbais Maodócc a laimh aga fhaicsin sin, ⁊ do bhenn*aigh* an toireamh uadha, gér bó fada ettorra, ⁊ na doimh ’na dhegh*aid*. Do an*us*t*air* an tseisr*ech* ina sesamh m*ar*a raibhe da siubhal; *co nár* urcoidigh do*n* oiremh, go ndech*aid* slán on eiccen sin. G*ur* mor*adh* ain*m* Dé ⁊ Maodog dona míor*buil*ibh sin.

---

[1] §§ 114, 120$^a$ = M § 31; S § 26; Ir.$^1$ § 23. [2] altered from 'la'; ag A; aig H. [3] teasduighe H. [4] raisi A; raise H. [5] geimnidh H. [6] §§ 115, 120$^b$ = M § 30.

xlii. (116) Fea[cht]*us* ele[1] docuirest*air* esp*occ* Dáuith .i. a mai-
ghistir féin, fios *ar* cen*n* Maodhócc do dhul *ar* cua*ir*t cuicce ní sa
luaithe, ria dogheb*edh* fein bás. Dochúaidh im*morro* Maodhócc fo
fhios a oide go humhal go Bretain an tan sin, ⁊ do bái aims*ir* fada ina
fochair an*n*. Adub*air*t Maodócc lá éiccin lé heaspucc Dáui: ‘Do
f. 186$^b$ gheall*us*, a Thiccerna, ⁊ a oide io*n*mu*in*’, | ar sé, ‘do druing do
daoinibh airidhe fám chomgheall ⁊ fam choccus, go mbein*n* aca
i nEirin*n* aníu.’ ‘Beir si go deimhin i nEirin*n* aníu’, *ar* espucc Dáui.
Do fhiarfaigh Maodhócc cion*nus* do biadh. ‘Rachait do muin*n*ter
i lluing it diaigh’, *ar* esp*ucc* Dáuit; ‘⁊ raghair féin aníu rempu m*ar*
ader sa riot .i. ei*righ* dochum an m*har*a, ⁊ gibe ainmidhe theiccemh*us*
duit *ar*an traigh, ei*righ* *air*, ⁊ béraidh go hullamh go hE*rinn* tú.’

(117) Doghluais Maodhócc ’*ar* cceileabradh d’easp*ucc* Dauit, ⁊ *ar* ffagáil a bhen*nach*ta, ⁊ ’*ar* ccengal pairte ⁊ priom-chairdesa fris, ⁊ eit*ir* an druing do tiocfadh ina ndecch*aid* go brath ina nionadhaibh dia néis. Téid Maodocc go t*r*aigh an m*ar*a i*ar*sin, ⁊ fu*air* ainmide adbul ainttrend*da* ’na choin*n*e ⁊ ’na comhaircis and. *Ocus* dochuaid *ar*a mui*n* maille le creidemh daingen doch*us*ach. Rucc an tanmidhe leis hé ass si*n* *con*uicce an port re raiter Inbher Criomtain. Ro iompo uadha an*n*sin *ar* ngab*ail* ceda aicce doréir a ceille féin; ⁊ docuaidh Maodhócc da ionad fein, amhail ro gheall da lu*cht* ruin ⁊ ro-thairisi, ⁊ tangatt*ar* a mhuint*er* ⁊ a lu*cht*[2] coimhitechta ’na díaidh, gan brón, gan bás, gan bathadh, tre cum*acht*aibh De ⁊ Mhaodócc.

xliii. (118) Fe*cht*us ele[3] (doréir eisiomlara Maoisi m*ic* Amra, ⁊ Elias faith ⁊ Pat*r*aicc m*ic* Calpuirn, ⁊ fós doréir eisiomlara ri nimhe ⁊ naomhtalm*an* .i. Iosa Criost) do bhaoi Maodhocc da fichet lá ⁊ da fichet oidche an chorgais i ttroscc*adh* ⁊ a ttreidhen*us* ina cathr*aigh* fein, i fFerna, gan digh, gan bíadh daonna *ar* domhan do caithem risan re sin. A ndiaigh an troiscсthi sin tra d*ar* lena muin*n*tir fein, ⁊ le gach náon ele, do ba reime, ⁊ do ba ro-laidire, ⁊ dob ferr a cruth ⁊ a caoimhdenamh d’eis a throiscthi ⁊ a threidenais ina ria*m*h roimhe.

(119) Fu*air* Maodocc ceithre hathcuingedha o Dia ’*ar* criochnu-
f. 187$^a$ g*adh* | a throiscсti an tan sin. An céd athchuinge: gibe nech do shiol
Brandaibh m*ic* Each*ach*, no do shiol Aodha finn, ’m*ic* Fergna’, m*ic*
Ferg*us*a, do suidhfedh ina catraigh no ina caoimh-ecclais, ⁊ dogebhad

---

[1] §§ 116, 117, 121 = M § 32; S § 27; Ir.$^1$ §§ 24, 25.

[2] coimsi ⁊ *add.* A; cumuind ⁊ *add.* H.

[3] §§ 118–119, 122 = M § 33; S § 28.

bás in*n*te, gan dol i fflaithes De tre bithe na bethadh. And*ar*a hathcuinge: gibé da mhancaibh nó da muintir do threiccf*edh* nó do theichf*edh* roimhe, ga*n* dol i bflaithes Dé dó m*ar*an ccedna. An tres athchuinghe .i. gan if*r*ion*n* d'iadhadh *ar* en nduine da nadhlaicf*idh*e i nen ecclais dá eccalsaibh go deiredh[1] domhain. An cethram*adh* athcuinghe .i. anam do shiol Aodha Finn, ⁊ do shiol Brandaib m*ic* Each*ach* do tab*air*t a hif*r*ion*n* gach náon la go dei*redh* an domhain.

(120) *Con*idh da foirgell sin go sunradach do chan an file na briathra sa:[2]

Fert [follus] ele in*n*isfett
Anos, d'eis *ar* áirmem*ar*,
*Ar* Maodog mor miorbui*lech*[3];
A nairemh ní hur*us*a,
Ferta Maodhocc míorbuiligh.

Damh a ttrath an treabhtachais[4]
Da sheisrigh do shirestair
Ben bocht air m*ar* athcuinghe,
A nonóir Chriost chum*acht*aigh,
Gur bhron*n* di an degh-damh sin.

Tucc Dia 'arna dherlaccadh,
Go ticcedh damh degh-nertm*ar*,
Do dhénamh a degh-oibre,
On fairrge gach aon laithe
I náit an doimh déirce sin.

(120$^b$) O Ard Latran*n* lan-fada
Go Férna moir muireraigh,
Gerbh imcia*n* an uidhe sin,
Docí, m*ar* dochualabh*air*,
D'fertaibh Iosa an tamharc si*n*,
Guais adhbal an oiremhan.

An soc is an sioth-cholt*ar*,
T*ar*la an toiremh ettorra,
'Ar siubhal na seisrighe,
An terlamh gur fóirestair
An toiremh ón eiccen sin.

(121) Cuid d'fertaibh an firén*aigh*,
Beith d'*ar*trach[5] *ar* ainmidhe,
Nach*ar* fhidir en nduine,
Ó Chill Muine a móir-Bretnaibh

---

[1] deiremh H. [2] This poem is written as prose in Br. [3] A omits this line. [4] treabhacais A. [5] a bheith d'artharach A; a bheith a dtatharrach H.

Go t*r*acht Er*enn* iath-glaisi
Le hen lá gan iomach*ar*[1]
An gealladh ro gheall*us*tair
Gur comhaill an cleirech sin.

(122) Ar lorg Iesu aingl*idh*i,
Is Elias fhaidemhail, |
f. 187^b Is Maoisi m*i*c mo[i]r Amra,
*Ocus* Pat*r*aicc priomh-apstail,

Do bi Maodocc móir-fhertach
Da fichet lá an lán-corgais
I ttrosc*cadh*, 's a ttreidhen*us*,
Gan biadh *ar* bith buan-adhbal
Do caithemh an ccomhfad sin.

D*ar* léa mbiodh 'ga bith-féchain,
Nír meistte a cruth caomh-alain*n*,
Beith gan biadh, gan bethacadh,
Risan aimsir fada sin.

Itchi fhíren ailgenach[2]
Fo ceth*air* ro cuingest*air*
*Ar*an cCoi*m*de ccu*mhacht*ach
'*Ar* deir*edh* a degh-troisccthe:

Gach nech do siol sáor Brandaiph
Mhic Each*ach* aird iol-buadhaigh,
No Aodha finn fír-sochraidh,
Do anf*adh* ag áiteachadh[3]
Ina cathraigh coisreccta,
'S do racadh d'ég in*n*ti sei*n*,
Ifrion*n* *con*a il-pianaibh
Do beith aicce d'urlatu.[4]

Itche [n]ele fhoillsighim,
Do i*ar*r asa haithle sei*n*:
Gibé énnech d'airidhe
Do muin*n*tir an Mhaodócc sin
Do diultfadh e d'andothcas,
Tech nimhe na naomh-aingel
Do beith uadh gan áitechadh.

An tres itche as ionáirme:
Tech ifrin*n* nach iadhf*aidh*er
*Ar* enneach da nadhnaicther
I necclais da eccalsaibh.

---

[1] iomorchar A; iomharcuraidhe H. [2] firein ailgenaigh A. [3] 'na aiteachadh H. [4] aicce urdalta A, H.

An cethram*adh* caoimh-itce:
Anam fechtnach firénta
Do shíol Brandaibh boirb-thresaigh,
Is Aodha fin*n* fíor-álain*n*
Do breit[h] leis go lán-ullamh
A hif*rion*n gach nao*n* laithe,
Go deir*edh* an domhain si.
Gach itchi d*ar* i*ar*rust*air*
Fúair an firén foircli*dhe*.

Aingil De '*ar*na deimhniucc*adh*
'Ar ttoide*acht* ar tinden*us*
An u*air* sin da ion*n*saig*edh*
On Trínoid m*ar* techt*air*e
*Ar* Mhaodócc mín muirerach.[1]
Go tti bruth na buain-breithe,
Bidh follus na ferta sa.

Fert.

xliv. (123) Fe*cht* ele[2] do Maodhóg hi fFérna; isí sin úair do bí drong da chinedh i mbraighden*us* ag Muimhneachuibh i nÚibh *Con*aill Gabhra. Téid Maodhóg da ffuascсladh. *Ocus* 'ar tteacht dó an*n*, nír léicc rí an tire si*n* istech é; 7 nírbh áil lais a faicsin, ina a eist*echt*, gur congaibh amuigh é i ndor*us* an dun*aidh*. Troisgis M*aodhóg* aran rígh i*ar*sin. I*ar* ccoimhlionadh a throiscсthi dó, fuair inghen ro-g*r*adhach do bí agan righ bás | bioth-oban*n* asa haitle. Do bhi a fhios ag mnaoi an righ, gurab do brigh troiscсthi an naoimh fu*air* an inghen bás: 7 rucc corp na hi*nghin*e lé m*ar*a raibhe Maodhócc, 7 doguidh go diochra degh-t*air*is hé ima hi*nghin* d'aithbeoug*adh*. Dori*n*ne Maodocc urn*aighth*e ara son, gur aithbeoaigh í asa haithle. Gidh edh do mhair miorún an righ do Maodhócc gan claochlodh don cur sin; 7 do bí sesm*ach* síor-aingid he o briathraibh ro-ferccacha ris. f. 188a

(124) An tan t*r*a dob áil do Maodhócc a malluсс*adh*, tainicc lenab ócc il-dhealbhach da ion*n*saicс*edh*, 7 adub*air*t ris: 'Gurab Día do betha 7 do shlainte, a fhir fhoirbthe, fír-naomhtha', *ar* se, '7 biodh do mall*acht* 7 do mhóir-diomdha *ar*an cc*ar*raic cloiche sin it fiadhnaisi.' 'As ced lemsa an ch*ar*racc so do bheith mallaighthe', *ar* Maodocc. Dorón*adh* da leith certa chudrama dhi fadheoigh. M*ar* do*con*n*air*c an rí an mhíorbal sin dori*nne* aith*righ*e go hiom*ar*cach, 7 do leícc na braighde uadha do Maodócc gan fuascс*ladh*[3], 7 tucc an feran*n* d*ar*b ainm Cluain Claoidheac[h] dó, do shith ina diultadh o dorus a tighe 7 a dunaidh. Cumdaighis Maodócc ecclas isin ionadh sin, 7 bhenn*aigh* í 7 an rí *ar*aon. Gur moradh ain*m* Dé 7 Maodhócc desin.

---

[1] muinnterrach A; muinnterdha H.
[2] §§ 123, 124, 130, 131 = M § 35; S § 30; Ir.$^1$ § 27.
[3] gan iocuidheacht *add.* H.

xlv. (125) Fe*cht* ele[1] do Maodhóg maille le céd *ar* chaoccat do mhanchaibh ag buai*n* arbha 'san foghm*ar*. Tainic an rí .i. Brandabh m*a*c Each*ach*, dochum na búana *ar* cuairt go Maodhócc. O' t*conn*air*c* an rí íadsein umhal orramach da cheile, adub*air*t: 'As iongn*ad* lem a comhmór si*n*, ⁊ a comhg*rád*ach, ⁊ a comhumhal, do beith i náon coimthionol.' 'Is iongant*aigh*e ina si*n*', *ar* Maodog, 'go ffuilit uile 'na mancaibh don bheth*aid* naomhtha shuthain, *acht* aon mhanach amhain.' 'Cia he an fer sin? ata 'na manach don bás, o nách manach don beth*aid* naomhtha hé; go ccuirmís docu*m* báis é', *ar* an rí, '*co n*ach f. 188$^b$ raibhe et*er* cháorcaibh Dé ní as foide.' Do raidh | esp*ucc* Maodhocc: 'Ní muirfe tusa he; ⁊ gidh edh biaidh a fhios acc*a*t do lathair cia hé; óir an tráth thiocf*us* am ceileabh*ar*tha *ar* ttrath, umhlóchaitt cách uile go talmai*n* iatt féin a naoinf*echt*, *acht* eisiumh 'na aon*ar*.'

(126) An tan t*r*a tainicc trath teirte do ló, do cláon Maodhócc ⁊ na man*aigh* uile dochum talman, *acht* manach na droch-beth*ad* amháin. Do fhi*arf*a*igh* Maodhocc de, cidh im n*ar* umhl*aigh* do Dhia m*ar* dorinnett*ar* fein uile. Adub*air*t siumh g*ur*ab ní ele do bí ara aire. Dochuir Maodhócc eisiumh asan ccoimhtionól m*ar* n*ar* chreid; ⁊ fu*air* bás do rin*n* *ar*in seachtmadh lá d'éis an uird d'fagbail; ⁊ as do rin*n* fu*air* a oid*edh*, gur comaill*edh* b*r*iat*r*a Maodóg et*er* na mancaibh isin maighin sin.

xlvi. (127) Fe*chtus* ele[2] do Maodocc, ⁊ rob áil lais dol don cath*raigh* rioghdha ro-oird*er*c .i. Caisiol Mumhan. Do anatt*ar* eich an charp*ai*t *ar*in ccon*air*, *co n*ár gluaisett*ar* d'aoin leith. Rob iongn*adh* im*morro* le Máodócc anní si*n*. Tainic aingel an Choimdedh da ion*nsaigh*e, ⁊ do raidh ris: 'Is*edh* as ail le Día, do duitsi i ttalamh oile', *ar* sé, '⁊ ni don Mum*ain*, *acht* go c*r*ich *Con*nacht; óir atá Gu*air*e Aidhne rí *Con*nacht i ttin*n*es docamlach isin cathraigh re ráiter Ceall m*ei*c Dúach, ⁊ as duitsi ata a ndán a leighes a hu*cht* Dé ⁊ do naomht*acht*a.' Adub*air*t Maodhócc: 'Gibe ní adéra tea*chtair*e mo Thigerna riomsa, as ullamh mé da dhénamh.' Do raidh an taing*el*: 'As an*n*súd dob áil le Dia tusa do dhul; ⁊ gluaisfid h'eich go hullamh da ion*n*saicch*ed*.'

(128) Adub*air*t Maodócc lea ghiolla: 'Léicc uáit na heich', *ar* sé, 'gibe leth rachait féin.' Ro ghluaisett*ar* na heich g*us*in *air*d túaidh an tan sin; ⁊ '*ar* ttecht doibh go Loch nDeirgd*er*c, docuat*ar* na heich do chosaibh tiormaibh tríd, amhail b*udh* talamh tirim, no con*air* coi*m*hréidh[3], no beith aca isin úair sin. I*ar* ffágbail an locha doibh, t*ár*latt*ar* días d'feraibh doibh ara ccion*n* isin con*air*. Fiarf*aighis* f. 189$^a$ Maodhócc eol*us*[4] na slighedh | díorgha diobh go Cill m*ei*c Duach, óir as innte bói Gu*air*e Aidhne i neslai*n*te an u*air* sin. Adub*air*t duine dibh, nach raibhe slighe maith rompa. Adub*air*t and*ar*a fer: 'Masa

---

[1] §§ 125, 126, 132 = M § 36; S § 32. [2] §§ 127–129, 133 = M § 37; S § 32; Ir.$^1$ § 28. [3] coisidheachta *add.* H. [4] iul A, H.

maithe na clei*righ* sibhsi, doghena Día slighe maith daoibh féin, ⁊ dá bh*ar* nechaibh.' Do bhenn*aigh* Maodócc an tslighe, ⁊ do raidh m*ar*so: 'Atá a fhios ag Dia m*ar* atamaid; ⁊ f*etadh* Día slige maith do dhenamh dúin*n* amhail adeiri se.'

(129) I*ar*na radha si*n* dó da*no*, dob foll*us* doibh slighe shoc*air* thirim, ⁊ ród cobhsaidh coimhreidh, tresna sleibhtiph *ár*da anshocra, ⁊ tresna coilltibh craobhacha comhdlúithe, ⁊ t*r*esna móintibh máotha mórbhocca, go rangatt*ar* go Cill m*eic* Duach, m*ar*a raibhe Gu*air*e m*ac* Colmái*n* m*eic* Cobh*thaigh* rí *Connacht* i nothras ⁊ i nesláinte. *Acht* ch*en*a do slanaigedh an rí o gach esláinte do raibhe ina lenmai*n*, '*ar* nden*amh* guidhe ⁊ gér-urn*aighth*e do Mhaodhóg *ar*a shon. *Ocus* do raidh Maodocc ris i*ar*sin: 'Biaidh do righe ⁊ do ro-fhlaithes accat go cenn deich mbliad*an* fichet oníu; ⁊ beir tri bli*ad*na a ndeiredh do beth*ad* i ngal*ar* do bháis, ⁊ doghebh*air* flaithes Dé fadheoigh ar son do dheirce ⁊ do dheigh-einigh.' Do bhenn*aigh* Maodhócc an ri i*ar*sin '*ar* nden*am* t*r*oiscthi ⁊ urn*aighth*i *ar*a shon, ⁊ 'ar ccengal anmcairdesa ris; ⁊ do cumhdaighedh recles[1] annsin a nonóir Maodhócc, ⁊ do fáccaib an cill sin ag Colman mac Duach; *conidh* uadha ain*m*nighter an cheall .i. Cill m*eic* Duach. *Ocus* do imthigh Maedhócc da áit féin iarsin.

(130) *Conidh* da cuimniugadh sin ro chan an file an laid:

Cuairt Aodha na nard-ecclas,
Da chinedh fa cu*air*t[2] cabhra,
Dia mbai a braithre i mb*r*aighden*us*
I ccrich O cConaill Gabhra.

D' fuasccl*adh* a ghaoil geineal*aigh*
Téid Maoehócc, an fáidh fíre,
Nech d*ar* córa creidem*ain*,
Go dún ticcerna an tire.

Don érlamh nír umhl*aigh* siumh,
Ri O cConaill na ccaomh-ród,
A ndor*us* a dhun*aidh* siumh
Do congmhadh amuigh Maodhóg. |

Troisccis Maodhocc mor-dálach f. 189$^{b}$
Aran righ gan cóir coiscethi;
A inghen caomh comgradach
Doch*uaid* d'écc d'éis an t*r*oiscti.

Ben an righ go rath-ceill*ech*
Guidhis Maodhócc gan mion-dail,
A hinghen gur atheirigh
O bhás go beth*aid* bith-slán.

---

[1] reilic H. [2] bert A, H.

Miorún an fhir aineolaigh
Mo 'sa mó risan fhíor-faidh,
Maodhócc, ge do aithbeoaigh
A inghen do gan dioghbháil.

(131) Fóbrais Maodhócc malach-dubh
Esccaine an óig-fhir uaibhrigh;
Gerb é a mhían a mhallacadh,
Do thoirmiscc lenamh an u*air* sin.

Glór an leinib lenbaighe:
'Biodh do mhall*acht* núa anoisi,
'A thailgin*n* seimh, seabhc*aidh*e,
'Uait *ar*an ccarraicc ccloiche.'

'Ced lem, a leinib roi-deissi,
'A beith di m*ar* adeire,
'Buain don ch*ar*raicc chloiche si,
''S gan a buain d'einní eile,

'Go nderna di urran*n*a.'
Tucc Dia don érlamh d'onóir
Da leith cherta chudroma
Doní don ch*ar*raic comhmoir.

D'éis gach neith d*ar* nochtam*ar*,
Dochuir Maodhócc *air* d'uamhan,
Tucc an ri go ro-ullamh
A braighde uadh gan fhuasgl*adh*.

Tucc tiodhlacadh teccmaisi
Arís do Maodhócc maoineach,
Feran*n* is áit ecclaisi,
Dana comain*m* Clúain Cláideach.

(132) Maodocc, mac na reltain*n*e,
An[1] cáocca *ar* chéd, ni ceileab,
Do foillsigh an ten duine
Do dhamnadh diobh fa deiredh.

(133) Da eachaibh nír anámhuill,
M*ar* ród tre faithche fion*n*-gloin,
Tre Loch nDeirg-d*er*c ndath-álain*n*
Dochuat*ar* chosaibh tiormaibh.

Coillte, móinte, is maoith-sleibhte[2]—
Fu*air* an naomh, ós da neimh-cheilt,

---

[1] an = on. [2] maigh-sl. A, H.

Raon tre iathaibh aimhreidhe
Go Cill m*ei*c Duach o Loch Deirg-d*er*c.

Ferta Maodhóg muireraigh,
'Ga mboi an creidemh *ar* congmáil,
Do fhurtaigh gan uireasb*aidh*
Gal*ar* Gu*air*e m*ei*c Colmain. |

Do bí ar lorcc an lain-creidimh f. 190$^{a}$
Maodhóg, dáilemh gach deigh-fis,
Fúair o Ghuaire an ghnath-einigh
Cill m*ei*c Duach mar luach leighis.

Fáccbais Mac Dúach deigh-eolach
'Sa chill da éis 'na abb*aidh*,
Nir chengal naomh neimh-treorach
Le ceile, a ccengal cadaigh.

Mac Colmáin féil arm-thana
Ag ri*ar* aoidhedh gach én u*air*;
Maodhócc dob é a an*m*car*a*
Ag[1] te*cht* cuicce ara céd cu*air*t.

Cu*air*t.

xlvii. (134) Tainic[2] nech naomhtha, d*ar* bó comhain*m* Molua m*ac* Oiche, m*ur*a raibhe Maodhócc; ⁊ adub*air*t ris, gurb áil dó dol dia oilithre don Ro*im*h. Adub*air*t Maodhócc fris: 'Ni fes damhsa go ffuighe mo ched féin cuigesin.' 'As cin*n*te go ffuige meisi bás, muna bfaice mé an Roimh', *ar* Molúa. Dochuaidh Maodócc ina c*ar*pat don ch*ur* sin, ⁊ rucc Molua leis don Roimh an oidhce sin gan gúais m*ar*a na mór-anf*aidh*, séda ina siubhail, na síor-aisttir, tre grasaibh an Sp*iorai*t Naoimh, ⁊ tre míorbhuilibh Maodhócc móir-fhertaigh. *Ocus* tangatt*ar ar*namh*arach* go Férna Laighen gan lán-turbhaid.

(135) Do raid Maodhocc ris i*ar*sin: 'An áil lat anois, a Molúa, dol d'oilithre na Romha?' 'Cidh fa budh ail?' *ar* Molua, '⁊ go ra b*adhus* arréir in*n*te, ⁊ go ffuar*us* locch*ad* mo pecc*adh* d'aithle m'aistir, ⁊ m'urn*aigh*thi, ⁊ m'aithrechais. Gidh edh as ná*r* lem a[3] dol c*om*h-luath so dom ionad féin d'eccla an amarais ora*m*.' Teid tra Maodóg leis an*n*sin da iodhlacadh goa mhainistir féin, d'eis a beith 'san Roimh doibh *ar*áon. *Acht* cena as acc Día na ndúl amháin atá a fhios cion*nus* doronadh an siub*a*l sin, ⁊ ní ag daoinibh *ar* domhan, oir do *fét* Dia aithgiorra slicc*idh* ⁊ nemh-fad *co*naire do chur 'sna ródaibh docra, ⁊ isna conairibh comhaimhreidhe, et*er* mu*ir* ⁊ tír, do*n*a nao*m*h-aibh nert-*cr*áibh*tech*a sin re hedh en oidhce, amhail no beith aims*er* imchian aca rea himteacht. |

---

[1] ar A, H. [2] §§ 134, 135, 172 = M § 38; S § 33. [3] *om.* A, H.

f. 190$^b$ xlviii. (136) Fe*chtus*[1] ele do Máodhócc, 7 tainicc procattoir Mochua Lothra da ion*nsaighe*; 7 adubairt ris: 'Ni fhuil *acht* beccán cruithnechta again*n*; 7 cia díbh dogénam? a cur san i tír[2], no a tab*air*t dona braithribh?' Adub*air*t Maodog: 'Cuiridh go hiom*dha*, 7 tabr*aidh*[3] go lór dona braithribh.' Do fhi*arfaigh* an te*cht*aire: 'Cion*nus* b*udh* eidir sin do dena*m*?' Adub*air*t Maodhóg: 'Gibe do méd, no do laghat ata agaibh anossa, ní theisdeobha enní uadha, da mhéd cuirfidher no caithfidher é, no go tti an t*ar*b*ar* nua don[4] talmai*n*.' *Ocus* do coi*m*hledh si*n* t*re* bréithir Mhaodhóg.

xlix. (137) Fe*cht* ele[5] tainic fedhman*n*ach Mhaodócc fein da ion*nsaighe*, 7 adub*air*t ris: 'Ní fhuil ní *ar* domhan 'san ccisdenaigh again*n*', *ar* sé, '*acht* en soidtheach dighe, 7 beccan ime, 7 ní fhedam*ar* an dona manchaibh do*ber*am é, no dona haoidedhaibh.' Adub*air*t Maodhócc: 'Tabr*aidh* doibh leth *ar* leth é gan coiccill, m*ar* do beith a lán 'san cisdenaigh do cinel gacha bídh 7 gacha dighe.[6]' 'Na diaigh sin ni raibhe easb*aidh* bídh na dighe *ar* duine isin tigh, *acht* gér-líonm*ar* doibh t*re* cumachtaibh 'Dé', 7 tre miorbuilibh Maodhocc.

l. (138) Fe*cht* ele[7] da ttangatt*ar* daoine celgacha go Maodhócc '*ar* ffágbháil an éd*aigh* féin i ccoill i ffolach do taoibh amuigh don baile, d'iarr*aidh* ed*aigh* ele fair. Adu*bair*t Maodhócc '*ar* ffoillsiugadh a cceilcce dó ó Dhia: 'Anaid fós', *ar* se, 'go ffaght*ar* edach.' *Ocus* cuiris Maodóg go folaigt*ech* duine *ar* cend a nédaigh féin dochum na coill*edh*, 7 do teccaiscc dó m*ar*a bfuighedh é. Tucc an tócclach an tédach leis go Maodhóg, 7 tucc Maodhócc doibhsion hé. Gabhais n*aire* adhbalmór íatt '*ar* ffaicsin a ned*aigh* fein, 7 do imghett*ar* asa haithle, 7 do foillsigh Dia m*ar*sin a cceálg 7 a ccluai*n*[8] do Maodog. |

f. 191$^a$ li. (139) Tainic[9] t*r*a ri Er*enn*[10] i n*ar*oile aims*ir* maille le morsluaighedh mór ina f*arradh* .i. Aodh m*ac* Ainmir*ech*, 7 rí *Con*nacht, 7 an ran*n* tuaidh d'Eirin*n* *con*a nuirrighaibh, 7 *con*a n*ar*d-taoiseachuibh, d'*ar*gain 7 d'ion*n*radh Laighnech a ndioghail Chumascc*aigh* m*eic* Aodha, m*eic* Ainmir*ech*, do m*ar*b*a*d le Laighneachaibh feacht roimhe .i. Cumascc*ach* docuaidh *ar* cu*air*t rioghdamnachta í lLaignib, 7 ni gabadh gibe baile in tteigedh, gan ben an baile do beith fora cum*us* an fedh do biadh 'san mbaile.

(140) Téid go baile B*r*andaibh m*ic* Eachach .i. rí Laighen, 7 nír ghabh gan a bhen sein d'faghail *ar*a leab*aidh* lánamhnais m*ar* gach mnáoi. G*ur* m*arbadh* Cum*us*cc*ach* ina ciontaibh la righ Laig*en*, g*ur*ab airesin dodẹach*ai*d Aodh m*ac* Ainmir*ech* i lLaighnibh da dioghail; *co nar* ghabh comha na cennach uatha, *acht* a ndíth 7 a ndilgen*n*

---

[1] §§ 136, 173 = M § 40; S § 35. [2] MS. san itir. [3] dona braigh *add.* H. [4] on A, H. [5] §§ 137, 174 = M § 41; S § 36. [6] blasa H. [7] §§ 138, 175 = M § 42; S § 37; Ir.$^1$ § 30. [8] a neasinnioll A, H. [9] §§ 139-141, 176 = M § 55 (V § 54); S § 51. [10] Temhra A; Teamhrach H.

a naoinfe*cht*. Tainicc ri Laighen an tan si*n* m*ar* araibhe a pat*r*ún ⁊ a p*r*iomh-an*m*c*ar*a[1] .i. Maodhóg fertach Ferna, ⁊ dorin*n*e a eccnach ⁊ a iomhchosáoid fris. Do raidh Maodhócc: 'As iom*dha* nech naomhtha ⁊ duine degh-*cr*ab*aidh* ag seirbhís go duthr*acht*ach do Dia it duth*aig* si', *ar* sé, '⁊ ni f*ur*áil daibh guidhe lat. Ocus eirigh si im*morro*', ar Maodhócc, 'maille le himditin*n* laidir docum an catha, a hucht do naomh ⁊ do naomh-ecclasach[2] fein; ⁊ bett sa go laindiochra lat.'

(141) Dorin*n*e Maodocc urn*aighth*e adhbal ⁊ guidhe Dé go duth*racht*ach t*a*r cenn a thigerna saogalta .i. Brandabh m*ac* Each*ach*. Teid Brandabh *ar*namh*ar*ach maille le dothc*us* daingean a nDía ⁊ a Maodóg d'ionns*aigh*e an chatha i nacch*aid* aird-righ Ér*enn* ⁊ na leithe tuaidh go ti*n*nesnach. Aithrister im*morro* go raibhe ceit*r*e mile fichet m*ar*cach i neccmais coisighedh ⁊ caomh-troight*ech* 'san cath. Tucc*adh* t*r*a cath Bheal*aigh* Duinbolcc etorra i*ar*sin. Do | bris*edh* an f. 191$^{b}$ cath i*ar*si*n* la righ Laighen *ar*an lathair si*n*, ⁊ do marb*adh* rí Er*enn* an*n* .i. Aodh m*ac* Ainmirech, maille le líon dírimhe d'uaislibh ⁊ d'*ar*dmaitibh Er*enn* ina fhoc*hair* an*n*, tre g*r*asaibh De, ⁊ t*r*e míorbhuilibh Maodóg isi*n* u*air* sin.

lii. (142) Baoi[3] occlach i lLaighnibh, dár bo comain*m* S*ar*án Saoibhderc, oircin*n*ech Senbotha Sine, ler m*ar*b*adh* an ri do raidhem*ar* .i. Brandubh mac Each*ach*, rí laoch-armach Laighen. Fu*air* an ri si*n* im*morro* bás gan faoisittin, gan lesucch*ad* na hecclaisi. I*ar*na cluinsin do Maodocc rop olc, ⁊ rob imsniomhach leis hé, ⁊ cháoi go toirrs*ech* trom-chumtach, ⁊ adub*airt*: 'As olc lem an lamh do m*ar*bh ⁊ do mhugh*aig* didnighteoir na hecclaisi, ⁊ f*ur*taigteóir na ffan*n*, ⁊ bíatach na mbo*cht* ⁊ na mbain-treabt*ach*, ⁊ didnighteóir na ndaoine neccruaidh nanarsaidh[4], nach tuitenn sí dá gualain*n* go gnath-foll*us*.' Ro fioradh si*n* fadheoigh, amhail in*n*ister romhain*n*.

(143) Docuaidh Maodhog m*ar*a raibhe corp ⁊ caomh-taisi an aird-*r*iogh i*ar*sin, go raibhe b*liadain* bith-lan on callain*n* go cheile, *con*a cleir, ⁊ *con*a coimhtionol, 'na troscc*adh* *ar* arán ⁊ *ar* uiscce, amhail do raidhem*ar* romain*n* a ttús *ar* ttinsgettail, 'ga thaithbeough*ad*, gur slanaigedh é asa haithle, ⁊ gur eirigh a bfiadhn*us*e caich a ccoitcin*n*e. Do raidh an ri le Maodhócc: 'Guidhim tú, a ath*air* ionmain', *ar* sé, 'ma dogeibhe flaithes Dé damh, mo leigen da ionns*aigh*e go luath, óir as lor lem a fhad ⁊ a imchéine ataim ag cruin*n*iucc*adh* chaire ⁊ pheac*adh* isin saogal *gus*an tan sa.' Ro thaitin an comhrádh sin go mór le Maodhócc. I*ar* neist*echt* im*morro* a fhaoisittne dó, ⁊ 'ar nglac*adh* cumaoineach, ⁊ sac*r*am*ent*e don rígh o Maodhóg, | dochuaidh dochum f. 192$^{a}$ nimhe focéttoir. Do hadhlaicced go honorach é asa haithle i fFerna

---

[1] a phriomh-charuid priuileidech A; a charaid pribhleideach H. [2] eglaiseach A; egluise H. [3] §§ 142–144, 176 = M § 43; S §§ 38, 39; Ir.$^{1}$ §§ 31, 32. [4] anarracht A; anarrachtach H.

móir Maodhócc, m*ar*a nadhlaicther a shiol 7 a sli*ocht* oshin alle, 7 rioghr*adh* Laigen *con*a lain-tional.

(144) Tainic Sarán saoibh-d*er*c .i. an nech útt do raidhem*ar*, ler thuit an rí .i. Brandabh m*ac* Each*ach*, 'ar ngabháil aithrechais dó; 7 '*ar* ffaghail aithr*igh*e docuaidh *ar* uaigh an rígh go Ferna, 7 bói ag cái 7 acc comhtuirsi uirre. Baoi a ttroscc*adh* 7 a ttredenas gacha trat[h]a, 7 as becc fós nár bo nocht ó édach. *Ocus* ni fáccbadh an uagh do ló no d' oidhce. 'Ar mbeith aims*ir* fada aml*aidh* sin dó, adub*air*t an guth fris asan uaigh, m*ar* budh é guth an rígh é: 'A Saráin', *ar* sé, 'as céd le Dia 7 le Maodhócc an lámh dár m*ar*bhais meisi do thuitim for talm*ain* díot, amhail atb*er*t Maodhócc *ar* tosach.' 'Arna radha sin dó, do thuit a lamh asa thaobh, m*ar* do órdaigh Maodhócc roimhe. 'Arna fhaiccsin sin don coi*m*tion*ól*, ruccatt*ar* Sáran leo on uaigh; 7 rucc a betha as go maith i*ar*si*n*.

liii. (145) Fe*chtus* ele[1] do Maodhócc ac denamh urn*aigh*the, go ccual*aidh* gotha[2] na naingel go hiom*ar*cach ósa chionn isin aér. *Ocus* o 'tchual*aidh*, doguidh Día go dio*cr*a go mberti don dom*un* é go hullamh, óir do ba toir*r*seach do seirbhís an tsaoghail an uair sin eisiumh. Gidh edh dob ferr le Día Maodhócc do mh*ar*thain i ccolain*n* daon*n*a ní bu*dh* sia inasin, ion*nus* go ttiocfattais mórán dona míchreidmechaibh dochum creidme 7 cráb*aidh* asa loss. *Ocus* do ráid an taing*el* isin aér: 'Ni hail le Dia gan do beith si it beth*aid* fós', *ar* sé '7 docu*m* lesa 7 lán-
f. 192$^b$ fhurt*acht*a na ndaoine do denamh, dia tabh*airt* | dochum puirt beth*ad* tre shíoladh 7 tre foillsiucc*adh* na canoine coi*m*dheta.'[3] Adub*air*t Maodocc: 'An fedh b*us* ail letsa, no le Día, no bheith si i mbeth*aid*', *ar* se, 'ní toirrs*ech* liomsa m*ét* mo shaoth*air* 7 mo shior-foganta dosan.'

liv. (146) Fe*cht* ele[4] tāinic duine daidhbir go Maodhócc d*ar* dhligh a thiccerna cíos 7 fiacha[5] mora, 7 gan maithemhn*us* aicce da fagháil ion*n*ta, 7 ro[6] éccaoin sin le Maodhócc; 7 i*ar*rais furt*acht* 7 foirithin fair. Do bí Maodhócc an tan sin le hagh*aid* sil éorna do chur, 7 tucc lán a mhaim[7] don ócclach. Adubh*air*t an tocclach le Maodocc: 'Créd dob áil lemsa do denamh deso?' *ar* se. Do raidh Maodhócc: 'Diolfa tú do chios, 7 fiacha tferain*n* uile a naoinfe*cht* rissin', *ar* sé, '7 bíaidh cuid acc*at* féin fádheoigh dhe.' Dorin*n*e an mac daidhbir gen gaire 7 subhachais[8] '*ar* cclos an chomhráidh sin uadha. Do claochló an síol eorna ina ór dath-álain*n* tre cum*acht*aibh Dé i nucht an óccl*aigh*, 7 rucc lais m*ar*a raibhe a thiccerna é i*ar*si*n*.

(147) Fi*ar*f*aigh*is an rí de: 'Cáit a bfu*ar*ais an lán óir si acc*at*?' *ar* se.

---

[1] §§ 145, 177 = M § 44 (V § 34$^b$); S § 40. [2] 7 sciseilbe *add.* A, H. [3] 7 breithre Dé go degh-thuitmheach *add.* A; 7 br. Dé go deithionach H. [4] §§ 146, 147, 178 = M § 45 (V § 44); S § 41; Ir.$^1$ § 33. [5] coimhfiacha A, H. [6] altered from *re.* [7] lan a mham don tsiol A; lamhunn don tsiol H. [8] glesubachais H.

Adub*air*t siu*m*h da*no*, *gur*ab e Maodhócc dorin*ne* do shiol éorna na hithr*ach* é, 7 t*u*c da thiccerna é asa haithle. Do ráidh an ticc*er*na an tan sin : ‘Ni hoirces damhsa an tór so do ghabail, *acht* as do Dhía, 7 do Maodhócc féin dleg*ar* a tabh*air*t. *Ocus* dobheirim si sáor tusa do Día 7 do Mhaodhócc go bráth.’ Tainic an tócclach sin *ar* ccúla arís go Maodhóg maille fri gáirdech*us* mór, 7 do i*n*nis dó gach ní adub*air*t a thig*er*na ris, 7 m*ar* tucc sáor osin amach go brath é. Tucc an fer si*n* a fherand uile do Maodhócc i*a*rsin. Dorin*ne* Maodocc urn*aighthe* | go Dia ina dhecch*aid* sin, gur claochló an tór ina ghran f. 193$^a$ iomcub*aidh* eorna, m*ar* do bí a easb*aidh ar*an ithir ’ga raibhe roimhe. Gur moradh ain*m* De 7 Maodocc desi*n*.

lv. (148) Fe*cht* ele[1] dob áil lé Maodhócc ecclas do chumdach, 7 ní fhu*air* saor i naon ionad día cumhdach dó. Do bhenn*aigh* iar*amh* lamha an óccl*aigh* dar comhain*m* Gobán, 7 dorin*ne* sáor derscnaight*ech* de. Do saor*adh* dó an eccl*us* si*n*, 7 do hain*m*ighedh uadha hí. Ní raibhe im*morr*o fer a saraighthi[2] no sh*ár*aigti a chilli, 7 ni raibhe sáor a sáraighthe ósin amach do cum*acht*aibh Dé 7 tre míorbhuilibh Maodhócc.

M'anam *ar* cor righ nimhe,
Im fili, im faidh, ro fes,
As de shloin*n*im an senchas.

Sench*us*.

lxxi. (215) Is amhl*aidh* 'so' im*morro* ro órdaighsett na naoimh .i. Colaim Cille 7 Caillín cíos Maodhog for Úibh Briuin, 7 for Laighneachaibh, do comhroin*n* et*er* a ceallaibh 7 a chomarbaibh .i. et*er* Druim Lethain, 7 Ros Inbhir, 7 Férna mór, óir fa dalta dil degh-thairisi do Chaillin Maodhócc, 7 fós fa fer cumain*n* 7 c*ar*attr*aidh* dó Colaim Cille m*ar*an ccettna, g*ur* órdaighettar *ar*an adhb*ar* sin cíos Maodhócc do roind et*er* a thrí ceallaibh. Trían cíosa Maodhócc go Drui*m* Lethan, an méid dogébth*ar* i nÍbh Bríuin de; 7 a dá ttrían go Ros Inbhir 7 go Férna. Da ttrían ciosa Laighen[1] go Drui*m* Lethan, 7 go Ros Inbhir. Ni dligit mui*nter* Droma Lethain an cíos ab*h*us[2] d'iodhlac*adh* amach go Férna, 7 dlighitt | muin*n*ter Férna an cíos d'iodhlacadh uatha go D*ru*im Lethain; oir do fháccaiph Maodhócc d'fiachaibh *ar* muin*n*tir Céile 7 *ar* mhuin*n*tir Aódháin iodhlachadh an chiosa sin go Druim Lethan; dith fine im*morro*, 7 sprecc*adh*, 7 athais gach aoin orra muna ttuccdáois an tiodhlacadh sin dó. f. 205a

(216) Até an*n*so áiremh cíosa Laighen Mhaodhócc .i. beirt righ Laighen an lá dogent*ar* rí Laighen de, *acht* a léine sroil, 7 a áon ghae; 7 lán a bhróicce d'airccett; 7 fer ionaid Aodh[a] m*e*ic Setna do theacht fo thrí 'na timceall. *Ocus* ó dobhéra féin, nó fer a ionaid, slat i llaimh in rígh, biaidh buaidh tréine 7 treisi fair. Dlicc*edh* an rí an lá si*n* *con*a muin*n*tir[3] offrála móra do dhénamh[4] o bhécc go mór, 7 an tres cuid dá ttiubra rí Laighen uadha, dlighitt rioghr*adh* Laighen a thab*air*t uatha, 7 an cíos si*n* uile do thab*air*t ar laimh na ccomh*ar*badh, gibe roin*n* thoileochait[5] do thab*air*t fair .i. O Fairceall*aigh* 7 O Ferg*us*a, óir ni fhuil cum*acht* ag aoinnech ele f*air*, *acht* amhail oirdeochaitt.

(217) *Con*adh do dherb*adh* 7 do dheimniucch*ad* chomhronda an chiosa si*n* ete*r* na comharbaibh dorónadh an laidh:

Comhroin*n* Maodhócc, fa mór modh,
Mar do ordaigh an térlamh,
Et*er* a cheallaibh go cóir
Ara chíoscain accédóir.

Atád '*ar*na dherbh*adh* damh
Ag Maodhócc Dhroma Leth*an*,
Trí cealla lána gan locht
I lLaignibh 'sa ccl*ar* *Con*nacht.

---

[1] ó Fhern*aidh* *add.* H. [2] a bhíos orra A. [3] cona m. *om.* A, H. [4] do fein, 7 da chinedh, 7 da chomhghaol *add.* A, H. [5] thuigeoraid A; toig- H.

Férna mór Maodóg gan bréicc
I ccrich Laighen go lán-meid[1],
Drui*m* Lethan, as sealbh sochr*aidh*,
As naomh-port do *Con*nachtoib.

Ros Inbhir, Cuillin na bFer,
As úaisle na gach aittreabh,
Port na fFinnlec, tar gach fód,
An*n* do hadhlaicedh Maodhócc.

Maodócc féin dorin*n*e an roin*n*
*Ar*na trí ceallaibh chanaim,
Roin*n* a chiosa 's a cána,
Fa roin*n* díles diongmála.

Colum Cille is Caillín caomh,
Do ordaigh an da ard-naomh
Roin*n* na cíoscána gan col
Do denamh i nDruim Lethan. |

f. 205*b* Do ordaigh Colaim Cille
D'Aodhócc, fáidh na[2] firinde,
Roin*n* na cíoscána do chum
Ara cheallaibh a ccomhtrom.

(218) Cíos Laighen d' Férna na ffledh
An la rioghtar ri Laighen,
Beirt an choccedhaigh da ched,
Is lán a broicce d' airget.

Do rígh Cruachan dlighther soin,
'Ga rioghadh hi Con*n*achtaibh,
Fer ionaid Maodhócc gan feall
Do thecht fo t*r*i 'na thimceall.

Acc fer ionaidh mheic Séttna
Ata an lúach maith si ader sa,
Err*edh* rígh *Con*n*acht* na ccath,
*Acht* lene sróil is áon ghae.

Offrála lá dénma an righ
Óna sleachtaibh, ona shiol,
Dlighitt et*er* sen is ócc
D'fior ionaid miadh*ach* Maodhócc.

Cath Aodha find fein malle,
Gibe díbh gebh*us* righe,
Ná siritt slata 'na ndoid,
*Acht* ó fhior ionaid Maodhóicc.

---

[1] na lain-ched A, H. [2] *om.* Br.

Óccłach Máodócc ó dobheir
Slat righ i llaimh in righ sin,
Bér*aidh* búaidh i ngach tach*ar*,
Na sluaigh féin da áontachad.

Trén ele a ion*n*samhail sin
Atá ag gach rí do Laighnibh
*Ar* fedh caomh-fód[1] a chrioch féin,
*Ocus* Maodhócc do mín-reir.

(219) Trían a chíosa 'sa chána
Do ordaigh Maodocc málla
Do Dhruim lán-oirdheirc Lethan,[2]
A ndeinedh Áodh áitechadh.

Trian ele an chiosa gan chaill
Do Cuillín na fFer nÁlain*n*
Tucc Maodócc m*ar* cóir cairte,[3]
Da Roimh aoibhinn adhlaicthe.

Trian gach císa da mbé a bhus,
Dliccid Férna go foll*us*
Do chuid ron*n*a on táoibh túaidh,
'S gan a iodhlacadh[4] en ú*air*.

Da ttrían ciosa Ferna féin
Do theacht *ar* aithne an fhiréin
Go Druim Lethan[2] gan locadh,
Is íadh féin da iodhlacadh.

Cele *ocus* Aodhan gan on
Dó órdaigh da iodhnacal,
Muna iodhlaicit,[5] gan acht
Tuillit ó Maodhócc mallacht. |

Ard-port[6] Maodhócc, asé sin — f. 206a
B*udh* cenn uidhe da gach aoidhidh,
Druim Lethan, treabh go ttaintibh,
Re linn Maodhócc mór-fhailtigh.

Dá madh le Maodhócc na ffledh,
M*ar* bú leo[7] Caiseal do sheal,
Ní treiccfett Drui*m* Lethan lór
*Ar* maith[8] 'san cruin*n*e co*m*hmór.

---

[1] -fhóid A. [2] Lethain Br. [3] chuarta A; cairrde H. [4] an *add.* A. [5] iodhlaicaidis H. [6] adubairt A. [7] budh leis A, H. [8] áit A, H.

T*ri* dabhcha, as dá dligedh soin,
Is blas meala *ar* gach ndab*aigh*,
D' fior ionaid Aodha i nam óil,
'S do Ros Inbhir m*ar* onóir.[1]

(220) Na trí haird-cealla gan on
Atád ag Aodh m*ar* ionad,
Tucc cenn*us* na cceall ele
Do Ros Inbhir d'áiridhe.

Ros Inbhir nír tréicc Aodh oll
*Ar* impidhe, na *ar* fhorgall,
*Mar* tá[2] in*n*te a clí 's a corp,
D' feithemh dhi *ocus* d' furtocht.

Do tiodhlaic Aodhóg go bráth
Cenn*us* is uaisle iomlán,
Smacht is cáin a cheall go cert
Do Ros Inbhir a neinfea*cht*.

Ata 'sa chill si a bfuil sin*n*,
Leabh*ar* *ar*d-náomh na hEr*enn*,
Sgela gach naoimh díbh gan ail,
Is sccela a cceall go cub*aidh*.

Gibe diobh nach leghth*ar* lim,
Do leabhraibh ard-naomh Er*enn*,
Léghaim fa mhaisi gan móid
Leabhar Molaisi is Maodhócc.

Leabhar Maodhócc, fa caomh cruth,
*Ar* grad cin*n*te is *ar* chadach,
A tregad[3] dím[4] ni dligid,
Leghtar lim go lain-minic.

Giolla Moghoda re a ghairm
Ag eolchaibh, is e m'forain*m*,
Ar ceallaibh Maodhócc gan mhoill
Mé rea chíoscáin do comhroin*n*.

Co*m*roin*n*.

(221) Eittirbhretha Maodhócc an*n*so do réir Ghiolla Mochoda Í Caiside an tsáoi fhesach, fhír-eolach, m*ar* fúa*ir* lea scc*r*iob*adh* on *ar*d-naomh gan merball, gan merach*ad* .i. a bhretha et*er* a cheallaibh cadhasachaibh co*m*hmóra, ⁊ cath Aodha Fin*n* co*n*a rioghuibh ro-úaisle, co*n*a táoiseachaibh tenna, tiodhláictheacha, co*n*a mbrughadhaibh, ⁊ co*n*a mbíatachaibh .i. onórucch*ad* a cheall ⁊ a chlí*ar*, a mhion*n*

---

[1] a ccedóir A, H. [2] atá A. [3] treigen A. [4] dámh H.

⁊ a mhóir-fethal,[1] a thermann ⁊ a thrén-cadhas, ⁊ gan a mhion*n* no a mháoir | do leiccen go brath fo eiteach ; ⁊ gan étheach fo mion*n*aibh f. 206$^b$ Maodog. Gibe dodhéna gach ní díbhsin rucc Maodhócc do breith *air* féin *con*a cléir ⁊ cona coimhtionol guidhe t*ar*a chenn da shaor*adh* o phiantaibh adhuathmara iffr*in*n. *Ocus* gibe rí no tigerna coimheo*lus* do Maodog, nach dlegh*ar* a esccaine *acht* fo trí cásaibh .i. sáruch*ad* a cheal[1]. ⁊ laghducc*adh* onóra a com*ar*badh, ⁊ cumgachadh a fhuin*n* ⁊ a fherain*n*.

(221$^b$) *Con*idh da derbh*adh* sin do chum an tughd*ar* .i. Giolla Mochoda, an laidh :

Eittirbretha Maodhócc min,
An áil libh a nairemh dhíbh ?
A shluagh fer mBreifn*ech* go mbloidh,
Gabaidh uadha bh*ar* múnadh.

Isé céd munadh dobheir,
Le Maodhócc erlamh eistigh,
Rí*ar* a cleir*ech* gan cionaidh,
Gan eitheach fana aird-mhion*n*aibh.

M*ar* comh*air*le da chleir fein
Tucc Maodócc an caomh cneis-réidh,
Sior-ghuidhe *ar* cath Aodha Fin*n*,
Da sechna *ar* piantaibh if*rin*n.

Da ccennch*ar*[2] an guidhe glan
O cléir craibt*igh* na coradh,
*Acht* muna diolait da cion*n*,
Focc*us* doibh ecc is if*rion*n.

Eittirbhretha meic Setna,
Ata accam gan tsena
Gach ní atú do luad go g*r*ind,
Et*er* tuaith *ocus* aird-chill.

Gibe baile a bfáicfit sin
Cli*ar* Maodhócc mall*acht* bun*aidh*,
Olc an baile 'sa daoine,
Beith[3] gan rath, gan ro-naoime.

(222) Eittirbhretha Maodóigh móir,
A cath Aodha Fin*n* fíor-cóir,
Éistt*idh* lea léghad go cert,
Ríar*adh* cách íarna neisteacht.

---

[1] mhor-edáil A. [2] da ccenncháir A ; -chur H. [3] béid A, H.

Na bretha *cet*na gan c*air*
Doréir tiomna do órd*aigh*,
Da mbeith *ar* cuimne imosech
Ag uaislibh riogh is taoisech.

Gan dáoirsi do chur 'na cill,
'S mór-cumd*ach* a mac leigin*n*,
Congbáil a cadhais go cert,
M*ar*sin tuillt*er* a bennacht.

Tuill*edh* ele sloin*n*fe sin*n*
D'eittirbreith[1] Maodog béil-bin*n* |
f. 207a Ar cách m*ar* do bhaistt go glan,
Ag luadh c*er*t Droma Lethan.[2]

Adb*ar* fan ab*ar*thar sin,
Eittirbretha léa brethaibh,
Siad do bheith[3] eidir da ran*n*,
'S a[n] naomh da mbreith go comt*r*om.

*Ar* Breifneachaibh, m*ar* do dligh,
Da sechna *ar* fheircc an Dulimh,[4]
A nDruim Lethan[5], 'na naomh-fod féin,
As breithemh Maodocc mín-réid.

Gan esccaine *ar*a rioguibh
Go brath, *acht* fa trí gniomhaibh,
Do mhol Maodócc 'na cill cain,
'Na naomh-fód, i rRos Inbhir.

(223) M*ar*so tucc Maodócc da mhaor:
Gibe thuilles[6] na tri gniomh,
Beith gan medh*air* 'na righe,
Ma dleg*air* a easccaine.

A haon diobh: da nderna so
Adhb*ar* righ, no rí ullamh,
Cumhgug*adh* a fhuinn na a fhoid
Go brath *ar* muin*n*tir Maodhoig;

Fulang s*ar*aighthe a cille
D'fior tren gan[7] rath firin*n*e,
Isé deiredh bías[8] de,
A gniomh féin da easccaine.

---

[1] -brethaibh A. [2] Lethain Br. [3] bhreththa H; sia do bhreith A. [4] erlaimh A. [5] Leth Br. [6] thillfios A. [7] go A, H. [8] thiocfus A, H.

Agso on tres gniomh diobh, nach lag,
Fer a ionaid do dermat,
A onóir o nach ffaige,
Breth Maodocc a easccaine.

Tiom*argain* cethra no cruidh,
Goid no meirle nach moth*aig*,
*Acht* gaodh[1] adhbal a dhaoine,
Ni hadhb*ar* righ d'esccaine.

Agsin na hadb*air* gnátha
Do cros an breithemh bratha
Ar riogr*aidh* catha Aodha fin*n*
Do cluinsin ina aird-chill.

(224) Saoghal fada, rath bun*aidh*,
Fa gach ní da ndubhram*air*,
Tucc mac Séttna, réim go rath,
Do luach a cheall do cumhd*ach*.

Gach mac riogh coimhedf*us* sin,
Biaidh m*ar* gach ri don rioghr*aidh*,
Seachnadh sé fon*n* na coire
Na[2] ceall muna medoighe.[3]

A chlan*n* 's na riogha go rath,
A tháois*igh* tuath[4], 'sa sleachta,
Fa cath Aodha ferr*dha* feil
Mórfaid puirt Máodhocc mín-reidh.

Dénaitt[5] gach maith da chill caoimh,
Da cléircibh d'éis[6] an naoimh, |
Dobhéra Maodhócc da chind f. $207^b$
Iomain*n*, uird, *ocus* aiffrind.

Guidhe ar gach duine im*m*aille
Fu*air*, doréir a chumaoine,
Gach aon ceileabhr*us* 'na fhód,
Doréir breithemhnais Maodhócc.

Agsin bretha m*ei*c Séttna ;
M*air*g Breifn*ech* bes da séna,
Nach diolfa a chíos faseach,
Suil tí lá na neittirbreth.

---

[1] goid A ; gidh H. [2] ?an. [3] medaighthe A, H. [4] sluagh H.
[5] denam A, H. [6] tareis A, H (*recte*).

Ni hain*m* ele goirter diom
Acht Giolla Mochoda na naomh,
Molaisi is Maodhócc faseach,
Gnath leghann a neittirbreth.

Eitt*irbretha.*

lxxii. (225) Feachtus dia mbaoi Maodocc hi fFérna móir a ndeir*iudh* a aimsire, g*ur* fhoillsigh aingeal an Coimdhedh dó crioch a shaoghail, ⁊ deir*edh* a bhethadh do beith ina fhocc*us* ⁊ 'na fhoiccseradh don dul sin, ⁊ do raidh ris tocht go hionadh a eiseirge, ⁊ go háit a adhnacail, ⁊ a chealla, ⁊ a an*n*óide úaisle, ⁊ a thermain*n* togh*aid*e d'fagbáil 'ga nurradhaibh ⁊ 'ga noighredhaibh iomcuibhde dia éis. Doróine Maodhócc amhl*aidh* sin. Faccbais Ferna *con*a feran*n* for cum*us* Cele ⁊ Aódh*ain*, ⁊ aga ccinedh ⁊ aga cclan*n*m*ai*cne, maille re cioscháin Laighen go laithe an bratha do toccbáil ⁊ do thiomsucch*ad*, da comhroin*n* go comt*r*om et*er* a cheall*aibh* ⁊ a com*ar*baibh, amhail do raidhem*ar* romhain*n*.

(226) Tainicc aissein go Drui*m* Lethan, ⁊ doroine m*ar*an ccédna isin ccill sin. Fáccbais cenn*us* ⁊ com*arbus* na cille sin ag Urcain m*a*c Oi*lel*la, dárbh ain*m* Fairceallach, gur baist Maodhócc an fer sin .i. Urch*ain*, go ttucc F*air*ceall*ach* d'ain*m* fair; oír asíatt *cét* ócl*aigh* batt*ar* acc Maodhócc .i. Fairceall*ach* ⁊ Ferg*us*a,[1] da m*a*c Oil*ell*a, m*ei*c Recht*aid*e,[2] m*ei*c Eitin,[3] m*ei*c Felim, m*ei*c Caoil, m*ei*c Aodha, m*ei*c Oi*lel*la, m*ei*c Eirc, m*ei*c Eog*ain*, m*ei*c Neill *Noi*-giallaigh. *Ocus* nochan faghadh Maodhócc, d'ór no d'*air*get, d'ion*n*m*us* no d'erradhaibh, do chíos no do caomh-offrail, enní nach fora lai*m*h dobheiredh go soiche f. 208$^a$ a scáoil*edh ar* bho*cht*aibh an Coimdhe, ⁊ *ar* dheibhlénaibh Dé, | ⁊ ar áos ciuil, ⁊ oirfitt*idh*, ⁊ ealadhna, a ndéirc ⁊ a ndaon*n*acht, *ar* sgath a einigh, ⁊ a uaisle, ⁊ a ion*n*rácais.

(227) Doigh isíatt cethr*ar* coimhitteachta batt*ar* maille ris isin Roimh, a ffeccmais an trir ord*eir*c ele do raidhemar .i. Molaisi, ⁊ Caillin, ⁊ Ulltan .i. Cele ⁊ Aodhan Fherna, Faircellach ⁊ Fergusa[4] o Druim Leathan ⁊ ó Chuillin na fFer[5], gurab airesin ro fhágaibh siumh a oidhreacht aca i*ar*na eccaibh, ⁊ acca noighredhaibh ina ndeghaid. Fáccbais t*r*a Maodhócc Fairceallach ina ionad féin i nDrui*m* Leth*an*, ⁊ tuccastair an baile *con*a maithes ⁊ cona mór*con*ach fora cu*m*us, ⁊ fora cumh*acht*uibh, ⁊ aga síol, ⁊ aga shliocht, osin amach go brath. Faccbais fos rath ⁊ sobh*ar*than fora cinedh ⁊ fora clan*n*m*ai*cne, acht go rabhaitt doréir Maodócc. Fáccbais benn*acht* isin mbaile, ⁊ ceileabhrais dó 'na deagh*aid.*

(228) Téid go Ros Inbhir asa haithle .i. d'ion*nsaigh*e fóid a adhnacail ⁊ a eiseírge. Beiris lais Ferg*us* m*a*c Oi*lel*la mic Eitin .i. a dhalta díles

---

[1] *so* H; Fergus A. [2] Reachtadha A. [3] Eithin A. [4] *so* H; Fergus A. [5] nÁluinn *add.* A, H.

degh-thairisi ⁊ a chele comháoisi ⁊ comhaittechta. Tucc*ustair* oircin*n*echt ⁊ aird-cenn*us* an bhaile fora breith, ⁊ fora bh*ará*nt*us*, ⁊ for cum*us* a fhine ⁊ a fhior-aicme, go laithe an bratha. Faccbais rath sonais ⁊ soichill, rath feile ⁊ fír-einigh, rath neccna ⁊ nin*n*tleachta, for fher a ionaidh dia éis, ⁊ foran mbaile do bunadh, *acht* go rabhat fo umhla ⁊ fo onóir do Maodhócc. Báoi Maodócc im*morro* aims*ir* i rRoss Inbhir amhl*aidh* sin, ag furn*aidh*e a écca ⁊ a oidhedha, '*ar*na foillsiucchad on aingeal dó, deighenach a bethadh ⁊ a bhuan-tsaogail do bheith cuicce.

(229) Cuiris te*cht*a go tin*n*esn*ach* *ar* cenn Dalláin Forgaill go Cill Dalláin dia bheith[1] 'na fiadhnaise aicce fora thoga, ⁊ fora thiomna, *ar*a mion*n*aibh, ⁊ *ar*a m*ó*r-fethlaibh,[2] ⁊ for cengal a cíosa ⁊ a chána for cath Aodha fin*n*, ⁊ for aicmedhaibh oile *ar*chena; óir ba file, ⁊ ba faidh, ⁊ ba fír-naomh, an fer sin .i. Dallán; ⁊ fós ba fer baide ⁊ bith-codaigh, cumain*n* ⁊ c*ar*attr*aidh* do Maodhóg é, | da mbeittís gan a ngaol re f. 208$^b$ 'roile, oír fa clan*n* deisi derbhrat*ar* Dallán ⁊ Maodhócc .i. Maodog m*ac* Séttna, m*ei*c Eirc, m*ei*c Feradh*aig*; ⁊ Dallán m*ac* Colla, m*ei*c Eirc, m*ei*c Feradh*aig*. Ticc Dallán *ar*na hadb*ar*aibh si*n* fo toghairm an naoimh nemhd*id*e nert-c*r*aibht*igh*, ⁊ an tailgin*n* tocch*aid*e tr*ó*cairigh, go Ros Inbhir, go hair*m* a mbói Maodhócc; ⁊ bói re hath*aid* fada 'na fhochair, go ro fhoillsigh a togha ⁊ a thiomna, ⁊ no gur comhroin*n* a chluicc ⁊ a caomh-bachla, ⁊ a mhionna maordha móir-fhertacha *ar* eccalsaibh ⁊ ara aird-cheallaibh; ⁊ fos no gur foillsigh a chioscain forna cinedhaibh fadhéoigh do Dhallán, amhail dorin*n*e d'Ulltán *Air*de Brecai*n* d'faisnéis ⁊ d'in*n*isin, no gur chuirest*air* féin glósnaithe filedh fuithe da cuma ⁊ da cumhd*ach* *ar* aithne an erlaimh ⁊ an *ar*d-naoimh, ⁊ in ógh-espuicc, oír fa faidh, ⁊ fa fili, an fer si*n* .i. Ulltán.

(230) Iss*edh* andso adb*ar* cíoschána Maodhócc for Ibh Briuin, ⁊ for Breifneachaiph, *ar* bhaisttedh, ⁊ *ar* bhennach*ad* Aodha Duibh m*ei*c Fergna i nÁth Airm, amhail adubhram*ar* romhain*n*.[3] Gur foillsigh Maodhócc do Dhallán gach *ar* gheall, ⁊ gach *ar* chengail Aodh fion*n* fora chinedh, ⁊ fora clan*n*m*aic*ne, amhail do fhoillsigh d' Ulltán roimhe .i. each ⁊ err*adh* rígh Breifne an la rioghfaider é; screpall *ar* gach n-death*aig*, bó i ngach baile, m*ar*t as gach creich, muc as gach crú, cáora as gach trét; bond baistte gacha bliadhna for gach nao*n* dia aicme; ⁊ offrail gacha feile Maodhócc; serrach da gach g*r*oigh, tri dabhca *con*a lion*n* go mblas meala foran lion*n* sin do Ros Inbhir gacha bliadna. Tús suidhighte i ttigh nóla ag muin*n*tir Maodhócc, tús fáilte ⁊ fothracc*aidh*, tús gacha cuirn comhóla; gúala gach righ ⁊ gach taoisigh acc muin*n*tir Maodocc; eirghe rompa, ⁊ re gach mion*n* da mion*n*aibh gach uai*r* teccaitt i ccen*n* cháich, | ittigh no amuigh. f. 209$^a$

---

[1] breth H. [2] -eadalaibh A; -dalaibh H. [3] *supra*, § 41.

(231) An chioscáin c*ét*na so for Oirghiallaibh, 7 Mhancachaibh malle, *ar* thaithbeoucc*ad* Daimin Daimh-arccaitt. 'Iss*edh* an*n*so t*r*a mo thiomna for mo mhion*n*aibh', *ar* Maodhóg fri Dallan. 'An chéd thiomna diobh da*no* .i. an Bachall Bhrandaibh', ler thaithbhéoaighest*air* Brandabh m*ac* Each*ach*, m*ei*c Muir*eth**aig*, m*ei*c Aong*us*a, aird-ri Laighen, 'fáccbhaim iséi*n* i fF*ér*na Móir Maodhóg, im cathr*aigh* inmhe 7 aird-espuccoid*echt*a, i mescc laochr*aidh*e Laighen.

(232) 'Fáccbaim fos Clocc an deilcc, 7 Clocc na tt*r*ath i nDrui*m* Leth*an*, 7 an mion*n* oird*er*c il-cumh*acht*ach ele .i. mo ministir mais*ech* móir-fhert*ach*, no biodh ar aistter i ngach ionad accam, ina bfuil ní do thaisibh na naomh 7 na nuasal-aithreach .i. taisi Steafain mairtir, 7 Laur*in*t, 7 Clem*in*t, 7 ina bfuil mudhorn M*ar*tan, 7 cuid d'folt Maire, maille le morán do thaisibh na naomh 7 na naomh-ogh *ar*chena, '*ar*na comhroin*n* 7 '*ar*na comhbrecadh et*er* an Bric 7 an menistir; óir as aire adber*ar* an Bhrec fría, ó comhmbrecadh taisedh[1] na[2] nao*mh* 7 na naomh-ogh a náoinfea*cht*, '*ar*na co*m*hol 7 'arna daingniucc*adh* in*n*te, '*ar*na ttionól 7 '*ar*na ttiomsucch*ad* a hu*cht* Molaisi míorbhuil*igh* *ar* bein*n* bhruit Mhaodhócc,[3] amhail adeir betha Molaisi.

(233) 'Faccbaim da*no* na tri mion*n*a ána oirdherca ele .i. an Brec, 7 an Bhachall bhán, 7 an Mac rath i rRos Inbir[4] .i. hi rRos Inbhir na nAingeal, áit a mbia mo thaisi, 7 mo thiomna, 7 mo thiru*air*si go laithe an brátha, 7 aingil 'ga niomcoimhett go huasal-onórach. Isé fath fan ordaighim m'adhnacal 'san ionad so .i. i rRos Inbhir, 7 mo mion*n*a onóracha im fharr*adh* an*n*, *ar* mét a foithredh 7 a fhásaighed[5] gacha taobh ina timceall, 7 m*ar*sin beitt go brath ionn*us* go mbia mo chorp, 7 mo chaomh-thaisi, 7 mo mhion*n*a míorbuil*ech*a maille friom, f. 209$^{b}$ ag | aithbear an uilc 7 an eccóra *ar* lu*cht* m'inghrema 7 m' esonóra, ag anacal 7 acc imdeghail do lucht m'umhla 7 m'orrama, mo troisccte 7 mo treidhenais, 7 da gach áon thoghas im ecclais. Díth 7 dioghbáil, laghducch*ad* righe 7 ro-fhlaithesa, saoghal aithgerr, 7 iffr*ion*n fadhéoigh ag slio*cht* Aodha fin*n* da ttréigett mo mhainchesa 7 mo mhor-thogha, 7 da sechnait a nadhlac*adh* im ecclais.'

(234) 'A Dhalláin da*no*', *ar* Maodóg, 'ataoi ag imtheacht anosa; beir lat soir go sunradhach go Breifneachaibh mo bhenn*acht*, oir as iad dorin*ne* 7 dodena caomhna 7 comhfurtacht dom chill 7 do*m* co*m*harbaibh, 7 nár ér mh'occlach na mh'oircin*n*each im brat no im biadh no im buan-tiodhlaicthibh, 7 n*ar* i*ar*r m'umhla nó mh'urraim im aon adhb*ar*, 7 dodhenait amhl*aidh* sin go brath .i. sliocht Mhaolmhor*dha* m*ei*c Carnachai*n*, m*ei*c Duibh Dothra .i. riogr*adh* ro-bheodha Ragallach

---

[1] 7 tiaruoirsi *add.* A, H. [2] nuile *add.* A, H. [3] ionnus gurab e Molaisi féin tug an tainm si fuirre .i. an Bhreac M*aodocc* *add.* A (not H). [4] an mac rath sin .i. mo chlog [oirdheirc H] do chur os cenn m' fert 7 m' adhnacail isin ionadh so *add.* A, H. [5] ar loighed cradhbaidh 7 coguis na ccinedh 7 na ccomhaicne filid ar gach taobh 7c. *add.* A; and so nearly H. (This is borrowed from the poem, § 243.)

⁊ goma fíor-buid*ech* Criost cumachtach da síol ⁊ da slechtaibh. Mo bhenn*acht* fós go síol Dúnch*ad*a go duthr*acht*ach, óir doronsat mo réir go ro-thairisi i ngach inam,[1] ⁊ dodhénait go siorrd*aidh*e óso amach.

(235) 'Beir fós mo bhennacht go Teall*ach* uaibhr*ech* Eachach, óir dorónsat mo ríar go ro-mhinic; ⁊ as fúthaibh ata fod mo gheinemhna ⁊ mo ghnáth-choimperta .i. Inis buadhach Brecm*aigh*e for Magh Slecht go sonradhach. Mo bhenn*acht* gomá secht[2] aris[3] go Breifneachaibh, a Dhall*áin*', *ar* sé, 'et*er* íseal ⁊ úasal, et*er* rígh ⁊ ro-dhuine, et*er* uath*ad* ⁊ soch*aid*e, óir nir tuillset m'esccai*n*e ná mh' oirbire riam 'tar'[4] gach áon aicme ele, ⁊ gion go ffaicfit mo chorp coidhce fes*ta*, docífitt m'fiorta ⁊ mo miorbuile 'ga niomcoimhett óso amach.'

(236) Bói da*no* Dallan go cu*m*htach, ciam*air*, comhthuirs*ech*, ag ceileabhr*adh* do Maodhocc isin maighin sin. *Acht* cena fa dedhail mná rea mac, nó oighe rea láogh, no con fri cuaine, no lachan re lin*n*, an ett*ar*scc*aradh* re 'roile an *tr*ath si*n*. Atbert Maodhócc: 'Ni fhuil *acht* áon bliadhain amhain dom shaoghal óso súas', *ar* sé, 'bí si a ccion*n* na blíadhna sin maráon risna trí cáocca naomh ele bhias im fhoch*air* i naimsir | m' eitseachta, do cathucch*ad* fri demhnaibh ⁊ f. $210^a$ dubhailcibh, ⁊ do lath*air* m'adhnaicthi isin ionad so.'

(237) *Ocus* as cuma do bhái aga radha, ⁊ dorin*n*e an duan so, do dherbadh a thoccha ⁊ a thiomna, do cui*m*hneach*ad* a chíoscána do Dhallán fadeoidh, amhail ro cuimnigh da gach aon ele *con*uicce sin, go ndubhairt:

Bind an tiomna lúaiter lind,
Dom trí ceallaibh, nach ceilim,
Ferna Mór, mo cheall gan cleth,
Druim Lethan, is Ros Inbhir.

I Ros Inbhir hi ffuil sind,
I cCuillin na fFer nÁlaind,
Áit a mbía mo chorp gan ceal,[5]
Isin port sa fa deiredh.

Me Maodhócc dani an tiomna,
Dár dheon*aigh* Dia gan diom*dha*,
Do chath Aodha fin*n* gan tlus,[6]
A mbreith lim go breithemhnas.

Cath Aodha find thiar is toir,
Nemh uaimsi da nanman*n*aibh,
Gach a nadhnaicther dibhsin
I nDrui*m* Lethan is Ros Inbir.

---

[1] th. a riam A; th. gach áon am H. [2] andara feacht A; go Magh Sleacht H. [3] agus *add.* H. [4] sech A, H. [5] ceil H. [6] dlus H.

A taoisigh, a sleachta, a slua[i]g,
Is a meic riogh go ro-buaidh,
A ttéid díbh fóm úir go beacht,
Bérat lem *ar* nemh naemh-cert.[1]

(238) Do Manch‘ach’aibh don taoibh toir,
Doréir chengail mo chattaig,
Da nadhnaicther im chill cain,
Nemh gan elang da[2] nanmain.

Do Laighnibh go léir anos
Deonaighim nemh go follas,
Da nadhnaicther diobh uile
Hi fFérna fam fior[3]-ghuidhe.

Con*n*achtaigh, Laighnigh go léir,
Íocait sin a ccert[4] rem cléir,
Nemh uaimsi go brath gan goid
Da gach énnech m*ar* éraic.

O Eirne go Sionain*n* suairc
Fairche mo chiosa fa ccu*airt*,
O righ Cruachna as dom cert
A each 'sa earr*adh* a náoinfecht.

Ofrail go beacht derbhth*ar* lim
Ó gach éinneich dom aird-mion*n*
Gacha bliadhna, ní saobh soin,
'S a hi*arraidh* ar gach urraidh.

Fath mo chana is mo chíosa
*Ar* sliocht Aodha fin*n* fiochda,
Ar bhaistedh Aoda i nAth Airm,
Dar len Aodh fin*n* an forain*m*.

Íocfaitt[5] a sleachta 'sa slu*aigh*
Mo chíos gach bl*iadh*na go mbuaidh, |
f. 210$^b$ Is beratt sa *ar* nemh anond
Gach neach dodhena a comhall.

(239) Eol*us* mo chíosa go ccéill
Dobher sa go cert dom cléir,
A tabach doibh ara thír
D' fiachuibh aca ar gach *air*d-righ,

---

[1] a naomhtheacht H. [2] éra aga H. [3] mór- A, H. [4] mo chios A, H.
[5] iocaid A, H.

Do chom*ar*baibh mo cheall caomh,
M*ar* onóir tar gach en naomh,
Seach gach nduine d'feraibh Fail,
Da rabhait uile i nen dail.

Tosach suidhighthe go sír[1],
Is gúala gacha deigh-righ,
Tosach tairce[2] is comhóil cain,
Tosach fáilte is fot*r*acc*aidh*.

Bó *ar* gach baile derbhaim duibh,
Is screpall *ar* gach ndeat*aigh*,
Dom chíos ar chath Aodha fin*n*
Fáre[3] humhla is re hoirrim[4].

Each is earradh, derbhtha a ndíol,
La dénma gacha deigh-righ;
Tuill*edh* ele as dliccedh duibh,
M*ar*t, muc, is molt ga*n* meab*ail*.

(240) T*r*i dabhca, m*ar* derbht*ar* lim,
Is roin*n* ciosa go coitchind
Ar rioghr*aidh* catha Aodha finn
Don[5] Ros Inbhir si a bfuilim[6].

Bon*n* baiste gacha bliadhna
*Ar* gach náon do réir riaghla,
Is off*r*ail gach fir ele
Im féil Maodocc d'áiridhe.

Muc as gach crú, glór gan goid[7],
Caora as gach tréd togh*áidh*i,
Searr*ach* da gach groigh gan tlus[8],
O Laogh*an* go Cenann*us*.

Re faicsin mo mion*n* go mbaidh
Do shlio*cht* Aodha fin*n* fír-náir,
*Ar* son mo guidhe gan gheis,
Eirgitt uile 'na nairrceis.

Íocait mo chíos gach samhna
Slio*cht* Aodha fin*n* m*ei*c Fergna,
Dobhér doibh, as b*er*t go mbrigh,
Nemh is nert da gach deigh-righ.

---

[1] fíor A. [2] tairrc H. [3] farre ré H. [4] hurraim A, H. [5] do A.
[6] adeirim A, H. [7] glan gan gháoi A, H. [8] tlás H.

(241) Ata an cios cedna go cert
*Ar* Oirgiallaibh a neinfheacht,
Cul*aidh* righ Oirghiall go hán,
Each[1] is err*adh* go hiomlán.

Mo chíos cataidh is mo cháin
*Ar* Manchachaibh, feirde an dáil,
Diombuaidh, muna íocait soi*n*,
Go brath *ar* a seacht tuathaibh.

Mo sheacht mion*n*a, as bhrigh go mbuaidh,
Dobher a nanmanna uai*m*:
An Bhrec, is a[n] Bhachall bán,
'S a[n] Bhachall Brandaibh bith-lán. |

f. 211a An cethramhad mion*n* dibhsin,
An mblaith-min*es*tir mbuadh*ach*,
Ina bfuil an taisccidh sáor,
Roin*n* do thaisibh na nard-naomh.

An cuiccedh diobh, an Mac rath,
Bhios im laimh amuigh is amach,
Clocc na ttrath, as Clocc an deilcc,
Bhíos fom brot ar gach en leirg.

(242) Roin*n* na mion*n* sin uaim gan fhaill
Doden a Dallán Forghaill,
Do ordaigh Caillin go cceill,
Is Colaim Cille cneis-reidh.

Fáccbaim mo Brec go méd[2] ngluin*n*[3]
Hi cCuillin na fFer nÁluin*n*,
'S mo ministir, mar maoidhim,
I nDrui*m* Lethan lán-aoibhin*n*.

Fagbhaim an mBachaill mBranduibh
Hi fFérna féil almsan*aigh*,
D' fagail mo chiosa gan ceal
Go brath o laochr*aidh* Laighen.

Cuid maith dom mion*n*aibh ele
Fáccbhaim íad rea nesccai*ne*[4];
Clocc na ttrath, is Clocc an deilcc,
Bhios fri easccai*ne* d'éin ceird;
An da clocc so labhras sinn
I nDrui*m* Lethan, im *ar*d-chill.

---

[1] a each A. [2] go mblaidh A. [3] *om.* A, H. [4] fri esc. A, H.

Fáccbhaim fós an mBachaill mbáin,
Ata accam im urlaimh,
Isin chill si hi ffuil mo clí,
I Ros Inbhir aingl*idh*i.

Fáccbaim an Mac ratha tra,
Bhíos im laimh si gach nen lá,
Os cenn mf*er*ta 'san cill caidh,
I rRos Inbhir m*ar* onóir.

(243) As uime fháccbhaim an Bhrec
'S mo corp hi bPort na bFinn-lec,
*Ar* laghatt coccúis gach áoin
*Dá* ffuil uime i ngach en taoibh.

Gibe diobh do throiscc*fedh* rim[1]
I rRos Inbhir na naiffrion*n*,
Dobhér sa da chionn gan caill
Nert, is umhlacht, is oirrim[2].

Rath tor*aidh*, is coimhétt cruidh,
Saoghal fada, is rath bunaidh,
Ar schlio*cht* oird*er*c Aodha fin*n*,
Da ttroisccit isin[3] *air*d-chill.

Bíd cath Aodha fin*n* uile
'S a tionol fam trom-guidhe,
Dober sa naoimh-nemh da chion*n*
Da gach aoinnech gan foircion*n*.

Gibe nach toghfa an*n* mo cill[4]
Do chath Aodha ferr*dha* find,
Bidh bith-gerr ina shealbh*us*[5],
Bidh if*rion*n gan amharas. |

(244) Beir[6] mo benn*acht*ain si lat[7] soir, f. 211$^{b}$
A Dhállain, go Breifneachaibh,
As riu thaobhaim mo cill cai*n*,
Et*er* daoinibh *is* cethraiph.

Nír érsat mo manach riamh
Rem beth*aid* im brat no im biadh,
Nocha clos le duine ndil
Mh' orraim[8] ag flaith da flathaibh.

---

[1] linn A; liom H. [2] urraim A, H. [3] im Br. [4] gibe nech [a *add.* H] shuidhfios im chill A, H. [5] -gerr a sealbh abhus A; a rée abhus H. [6] si *add.* A, H; omitting 'si' after 'bennachtain'. [7] uaim A, H. [8] m'urraim A; mh'aruim H.

M*ar*sin dodénait go bráth
Muint*er* Maolmordha sech cach,
Gurab gnáth[1]-buid*ech* Criost cai*n*
Da síol *ocus* da sleachtaibh.

Mo bhenn*acht ar* slio*cht* Dunch*aid*,
Aran mbuidhin[2] su*air*c sulch*air*,
A ccaidreabh do fháccaib sind,
Aille an aittreabh g*us*a tteighim.

Benn*acht* for Theall*ach* nEachach,
An cuire crodha, creachach,
Ata aca d' fód sealbha
Fod gnatach mo gheinemhna.

Mo bhenn*acht* goma sheacht seacht,
A Dhalláin, iomchair íatt lat
Soir go Briefneachuibh uile,
Et*er* righ is ro-dhuine.

Nír tuillset m'esccaine riamh,
Acht mo cealla do choimhri*ar*,
Gion go ffaicfit mo corp cain,
Beid m'ferta im diaigh 'na mbeth*aid*.

(245) Gach nech mórfas Drui*m* Lethan,
Tiomna as cóir do cuimhneacadh,
Mórfatt sa a ainim *ar* nimh
D' onóir *ocus* d' airmhittin.

Na tabhratt cor ele uaim,
Toghait accam gach en ú*air*,
Eitt*er* fhiora, is maca, is mna,
Deighenach na tiomna sa.

Gach aon do chath Aodha find
Treiccfes me, a Dhalláin Forgaill,
Treiccfet sa a ccaomhna gan clodh
La coinne na ttrí tionól.

Deichneabhar tri cháocca naomh
Bí si, a Dhalláin, leo rém thaobh,
Oníu amach ní fhuil lá
*Acht* bliadain dom shaoghal sa.

Bun na tiomna sa adeir me:
Berat *ar* nemh go naoimhe[3]
Lucht mo togha, gidh lór lind,
M*ar*a mbia fogh*ar* fír-bhind.

---

[1] glan- A, H. [2] ccuire A, H. [3] nimhe A; nimh H.

Aodh m*a*c Séttna, meisi adeir,
An duan-tiomna sa is deimhin,
I rRos Inbhir hi ffuil sind,
I niomd*aidh* bhuiligh blaith-bind.

Bind.

lxxiii. (246) Ceileabhrais Dallán do Maodhócc isin maighin sin, 7 teid reime[1] | go Cill Dalláin, dia áit budhdéin; 7 bói an*n* nó g*ur* f. $212^a$ comhfoiccsigh cend na bl*iadh*na dó[2] adub*air*t Maodhócc fris. *Ocus* bói acc furn*aidh*e le fios fírinn*ech* do b*r*eith on fíor-náomh[3] *air.* Cuiris Maodhócc fios deithnesach go Dallán, 7 d'ion*n*saighe na naomh 7 na nuasal-aithr*ech* ele, do neoch nach raibhe do lath*air* díbh; go mbeittis i náon ionadh re hacch*aid* báis an fhior-naoi*m*h 7 an fíreoin. Tionoilit t*r*a 7 tiomsaig*it* as gach aird arabhat*ar*, go rangatt*ar* Ros Inbhir, m*ar*a raibhe Maodhócc. '*Ar* ttorr*acht*ain doibh go háoin ionad, bói Maodhócc acca ullmhucc*adh* féin fo coin*n*e an bhais.

(247) Ro fháccaibh im*morro* a ffiadhn*us*e a sruithedh 7 a samhadh rath, 7 son*us*, 7 sobh*ar*than, i ngach cill 7 i ngach tuaith dodhénadh cumhdach 7 comhfurt*acht* día cheallaibh 7 dia chomh*ar*baibh, dia dhaoinibh 7 dia deibhlenaibh. *Ocus* fós i ngach áit a leghth*ar*, no a lain-sg*r*iobhth*ar* a bhetha 7 a bhúain-sccéla go brath, 7 gach rí 7 gach taois*ech* dia leghth*ar* a bhetha do bunadh i*ar*na rioghadh, ni haithrioghthar go brath eisséin dá éis.

(248) I*ar* ccumhdach[4] im*morro*, 7 i*ar* ccomhonórucc*adh* ceall 7 caoimh-ecclas nio*mdha* niol*ar*dha, 7 i*ar* nden*amh* miorbuil*edh* mór-adhbal do Mhaodhócc .i. i*ar* ttódúscc*adh* m*ar*bh, i*ar* leicches dall, 7 loscc, 7 lán-bhacach, i*ar* ccobh*air* clamh, 7 enert, 7 anbfand, 7 aósa eccrúaidh, i*ar* nion*nar*badh iodhal, 7 *ar*racht, 7 ainchreidmheach an Coimd*edh*, i*ar* ttóccbháil fedb 7 iriseach Iosa a[5] ngach ionad, i*ar* ccoscc úna 7 ard-ghorta i ngach an*n*óitt 7 i ngach aittreibh dí*ar* fhoghain, i*ar* leiges áosa gacha treablaitte, 7 gacha trom-esláinte da ttainicc chuicce forsan T*r*inoid; tainicc an laithe deighen*ach* dia áois 7 día aimsir 'na fhocc*us*, m*ar* do fhoillsigh aingeal a fhurtachta 7 a imcoimhéda dó. Tangatt*ar* deichneabh*ar* 7 tri *caocait* naomh 7 nao*m*h-ogh go lath*air* a écca 7 a eitseachta, go ffu*air* cumain 7 sácarfaic o'roile dibhséin 7 uatha *ar*áon asa haithle, g*ur* fáoidh a spioratt dochum nimhe et*er* na naomhaibh 7 na nao*m*h-ainglibh i*ar* mbreith buadha ó dhemhan 7 ó dhomhan isin laithe deighenach do mí Iánáir d' airidhe. |

(249) Tangatt*ar* t*r*a sl*úaigh* adhbal-mhóra aingeal 'na airrcis, 7 *ar* f. $212^c$ cenn a anma go ccéol*aibh* coi*m*hmbin*n*e, 7 co norgánaibh aobh*dha* examhla, 7 go núallaibh múisecdha mór-thaidiúiri. Ro hadhnaicedh

---

[1] reime dia domhnus dilios H.
[2] *om.* A, H.
[3] go cinnte *add.* A, H.
[4] = M § 59 (V § $57^b$); S § 55.
[5] MS. a*n*.

Maodhócc go honór*ach* isin maigin sin leisna hainglibh, ⁊ leisna h*ar*d-naomhaibh *ar* lorcc a thiomna ⁊ a thogha féin, hi bPort na bFinn-lec, re ráiter Ros Inbhir, go naomhaiph, ⁊ go naomh-oghaibh 'na uirthimceall and maille [le] hiomat[1] dí*air*mhe[2] d'ainglibh nua-ghlana nimhe, d'fiadhnaisi ⁊ d'iomcoimhet fora écc, ⁊ fora adhnacal, go ffuil et*er* airbhribh ogh ⁊ aingeal ⁊ *ár*chaingeal i naont*aidh* apstol, ⁊ *ar*d-naomh, ⁊ deiscip*ul* an Duileam*an*, i náont*aidh* treisi ⁊ taithneimhche na Trínóide, i mbeth*aid* gan bás, i náois gan urc*r*a, i ttigern*us* gan traoth*ad*, i ninme[3] gan foircend, i comhflaithes gan cin*n*ed, i ffrecn*arcus* tocc*aidh*e na Trínóide, Ath*air*, M*ac* ⁊ Spiorat Nao*m*h, tre bithe na beth*ad*, tre shaoghal na saoghal. *Con*idh bladh do bheth*aid* Mhaodhocc *con*uicce sin an fedh ro bói ina beth*aid*.[4]

(250) As iomdha t*r*a miorbuile dorin*n*e Día *ar* Maodhócc ina bheth*aid*, nach *air*imhther andso, do mhian[5] an eimheltais do seachna ⁊ d'iomgabháil. Dorinne[d] ⁊ dogníther miorbuiledha mora i ttalmai*n* fora thaisibh osin alle, ⁊ dogént*ar* go laithe an bratha, amhail as foll*us* asan sccel so siosana.[6]

lxxiv. (251) Do bái[7] nech[8] isin Roimh *ar*a raibhe p*air*ilis; ⁊ do ba duine laidir lán-cum*acht*ach é. Bói acc iarr*aidh* a leighis ⁊ a lan-fhurt*acht*a a móran d'ionaduibh, ⁊ ni fuair idir. Adubhratt*ar* daoine iom*dha* ris, go raibhe fe*ar* naomhtha nós-oirdheirc ind Eirinn, d*ar*b ain*m* Maodocc, ⁊ gomadh deimhin sláinte d'faghail dósamh, dia tticcedh dia ion*n*saigh*ed*, ⁊ go rabhatt*ar* tiodhlaicthe on Trinoid go hiom*ar*cach aicce.

(252) Tainic thra an fer sin go hÉirin*n*, ⁊ do bí sin ai*msir* a bfu*air*
f. $213^a$ Maodhog bás. | Gidh edh do bi do doigh as naomhtacht Mháodocc aiccesium, g*ur* doigh leis a easláinte do chur ar ccúl tre corp an tailgin*n* do thadhall, ⁊ do tren-glac*adh*. Dorónadh eol*us* go Ros Inbhir, m*ar*a raibe corp ⁊ caomh-taisi an érlaimh ⁊ an fhireóin. Docuaidh m*ar*a raibhe an corp don chur sin, ⁊ do i*ar*r cett fora lucht coimhetta, dol dia fhoirnedh, ⁊ dia fhíor-glacadh a nonóir an Choimdhe chum*acht*aigh. Fu*air* siumh an ced sin; glacais an corp accedóir, ⁊ fu*air* aiseacc a shlainte gan uiresb*aidh* asa haithle a ffiadhnaisi cáich a ccoitchin*n*e, go ndeach*aid* slán dia c*r*ích ⁊ dia chaoimh-fheran*n* maille re luathg*air*e ⁊ le lán-ghairdech*us*. Gur móradh ain*m* Dé ⁊ Maodhócc detsin.

lxxv. (253) Do bai[9] nech eslan ele fri re *deich* mbl*iadhan* fichet i ccoicc*r*ich Laighen, dár bó comhain*m* Fínán Lob*ar*. Doco*nnairc* se in aisling oidhce féile Máodocc fea*cht* ele .i. m*ar* docíledh sé c*ar*pat 'ar ttea*cht* go hecclais Férna, ⁊ días isin c*ar*patt .i. fer for*us*ta, fíor-naomhta, *co* ndealr*adh* degh-mais*ech* na diad*acht*a i ndreich ⁊ i neccoscc in chleirigh; ⁊ do bái ogh álain*n* éxamail ina fochair; ⁊ íatt fein acc onórucc*adh* *ar*oile, m*ar* dodhénadh serbont*aidh*e a thiccerna.

---

[1] drechtaibh A, H. [2] ⁊ l' [re H] uimhir adhbhal-mhor A, H *add.* [3] inbhe A. [4] saoghalta *add.* A, H. [5] na hathchuimere d'ionnsaighidh ⁊ *add.* A, H. [6] re sgaoiledh A, H. [7] §§ 251, 252, 259, 260 = M § 56 (V § 55); S § 52; Ir.[1] § 37. [8] naomhtha *add.* A, H. [9] §§ 253-255, 261, 262 = M § 57 (V § 56); S § 53; Ir.[1] § 38.

(254) Fiarf*aigh*is Fínán sccela dibh. Do fhrecc*air* an cleir*ech* he, ⁊ iss*edh* adub*air*t: 'An ógh bith-álain*n* benn*aigh*the úd', ar sé, 'Brighitt ban-ogh issidhe .i. ban-naomh na nÉiren*n*ach, ⁊ Maodhócc Ferna Moire meisi', *ar* se, 'mogh ⁊ serbhónt*aidh* díles an Duilemhan. *Ocus* am*ár*ach atá m'féil, ⁊ a noirrcher[1] feil na ban-óighe úd; ⁊ as aire tangam*air* ne do bhennucc*adh* gach áoin onóraighfes na laithe ⁊ na féilte a bfu*ar*am*ar* bás corp*arrdha*, d'almsanaiph ⁊ d'offralaibh. *Ocus* bí si go hullamh i noircill écca', *ar* Maodhócc, 'óir rach*air* tú an tres lá oniu dochum nimhe.'

(255) Do éirigh Fínán go forbailt*ech* *ar*nam*arach*, ⁊ do gabh*adh* a ch*ar*patt dó, ⁊ dochúaidh roimhe go Magh Liffe go hecclais mB*r*ighde .i. go Cill D*ara*; ⁊ do in*n*is a aisling do cách a ccoitcin*n*e .i. mar | adu- f. 213$^b$ b*air*t Maodocc o t*ús* go deir*edh*. Fu*air* Fínán féin im*morro* bás *ar*an tres laithe go lán-conáigh, '*ar* ffaghail furt*acht*a ona easlainte chorp*arrdha*, ⁊ '*ar* mbreith buadha *ar* domhan ⁊ *ar* deman, *co n*dech*aid* docum nimhe.

lxxvi. (256) Aims*ir*[2] ele a ndiaigh báis Maodhóg do bí Moling Luacra 'na easp*occ* urdhálta ind ecclais Maodhócc hi fFerna móir. Docuaid sei*n* oidche air*idh*e do codl*adh* i lleabaidh Maodhocc .i. leaba i ngnathaigh*ed* siumh troisccthe, ⁊ slechtana síor-gnathacha, ⁊ crab*adh* diochra, duthrachtach, do denamh. *Acht* chena nír lamh en nduine ríamh roimhe dul in*n*te, o fú*air* Maodócc bás *con*uicce sin. Adu*bair*t cleir*ech* da raibhe is tigh[3]: 'A Moling', *ar* sé, '*con*uicce so ni dheach*aid* ennech isin leabaidh sin d' éis báis *ar* bpátruine, *ar* m*ét* a grás ⁊ a ghnath-naomhtachta, óir as an*n*sin doniodh cumhsanadh d'eis a shaoth*air* ⁊ a shior-urn*aighth*e do Dia.' Do raidh Moling: 'Gibe "na' easpucc ina ionad, fhéd*adh* sein doréir cora ⁊ c*eir*t codl*adh* ina leab*aidh*.'

(257) '*Ar*na radha sin do Moling gabais galar anbháil[4] é asa haithle '*ar* luighe 'san leab*aidh* dó. M*ar* dochon*nair*c siumh sin doch*uir* urn*aighth*e diochra go Dia d'faghail furtachta ⁊ fhoirithne uadha. Gidh edh nir treicc a theindios ná a troim-easlainte leissi*n* hé. *Ocus* do chom*ar*thaigh ó comhartha na croiche naoimh é féin, ⁊ do ghoir ain*m* Maodhócc go minic d'i*arraidh* a fhurtachta, go ndeach*aid* a gal*ar* as ⁊ a easlainte uadha asa haithle.

(258) Do eir*igh* Moling go luathghairech maille le g*áir*dech*us* mór[5]

---

[1] = oirrther. [2] §§ 256–258, 263 = M § 58 (V § 57); S § 54; Ir.$^1$ § 39.
[3] cl. don choimhthionol H. [4] ancfforlannach A, H. [5] domheasda H.

as leab*aidh* Maodhócc, 7 adub*air*t: 'As fír', *ar* sé, 'nach diongmála do dhuine ar domhan isin aimsir si, d'iomatt a mhaithesa nó a mhórnaomhthachta, codl*adh* no cumhsanadh i lleab*aidh* Maodhóg mór*cr*aibht*igh*.' As foll*us* assi*n* im*morro* a med do grasaibh 7 d'onoir fuair Maodhócc *ar* nemh, an tan ata an urdail sin d'onoir 7 d'airmidin ag Día *ar*a thaisibh *ar* talmai*n*, 7 fós *ar*an leab*aid* ina ngnathaigh*ed* f. 214ª cumhsanadh 7 comhairisiumh do denamh d'aithle a urn*aighth*e | 7 a fhior-cráb*aidh*.

(259) *Con*adh do derbadh gach neith dia ndub*ramar* doron*adh* na roinn si:

Maraitt ferta Maodhóicc móir,
Fúair ó Dhia Athar d'onóir;
Nach lia a fherta rea lind féin,
Ina aniu d'éis an fíréin.

Gion go ffuil a colan*n* caomh
*Ocus* a anam d'en taobh,
Atad go mór *ar* m*ar*thain
Ferta Maodhócc malach-duibh.

Ata sccel na sgél chosmail
Accam *ar*an erlamh soin,
Fan onóir fuair t*ar* gach nech
D'éis a bháis o Dhía duileach.

Tarla nech roimhe 'sa Roimh
I ngal*ar* anba anbhóil,
Ní fu*air* sin liaigh a leighis,
Is é i bpéin o pairilís.

Gach aird 'san ccruinde gan cleith
Do siredh leis da gach l*et*h,
Ni fhuair *acht*, gid dál deimhin,
I nen aird a fhoiridhin.

Aon do laithibh do raidh ris
Neach eolach rea[1] teacht th*air*is:
'Dobhér duit, as fáth fáilte,
'Tecc*us*cc d'furttacht th'eslainte;

'Ata érlamh don thaobh thíar
'I ttír na bfuinedach ffír-fíal,
'Fóirfes th' ainimh gan fuireach,
'Dan hain*m* Maodhócc míorbuil*each*.'

---

[1] iar A; ar H.

(260) Go hEr*inn* ttonn-gloin ttairthigh[1]
Ticc an tocclach anaithn*idh*
On Róimh irraibhe a fine,
D'fios an fhireóin aingl*idh*i.

An trath sin '*ar* tteacht oa thoigh
Do bháoi Maodhóg gan m*ar*thain;
Tascc an erlaimh, fa táscc tind,
Doclos i ngach *air*d d'Éirin*n*.

'*Ar* ccloistin báis Maodhóicc móir
Donté sin tainic on Roimh,
Ticc go Ros Inbhir gan ail,
Go roimh adhlaicte an erlaimh.

Re lu*cht* coimheda an cuirp caoimh
Doní a easlainte d'eccaóin;
Ced glactha an cuirp gan ces
I*ar*rais mar liaigh d'a leighes.

Ced an chuirp saor-clanda shéimh,
Do derbadh fherta an fhirei*n*,
Fu*air* an teslan gan dol de
O coimhthionól na cille.

Lamh ó docuir ara corp,
Do bi uile '*ar*na furtocht,
Gan tin*n*es coisi no cind,[2]
M*ar* do glac taisi an tailgin*n*. |

Da tigh féin, ni ceilte *ar* cách, f. 214$^b$
Acc dol *ar*ais on occlach,
O Mhaodhócc diadha dércach
Do bí sleamhain slan-crechtach.

(261) T*ar*la nech easlán ele
I lLaighnibh úair d'áiridhe
'Ar nécc Maodhócc caoimh gan col,
Fínan lan-oird*er*c lobh*ar*.

Oidhce feile[3] Maodhócc do thuit
Codl*adh* *ar* Fhínán *order*c,
Dochí cuicce Maodócc mór
Le céle is Brighitt ban-óg.

Do in*n*is Maodhócc gan meth
Sgela d'Fíonán gan fhuir*ech*:
'Sin*n*[4] *ar*áon, as derbtha deit,
'Maodhócc féin *ocus* Brighit;

---

[1] taidhbhsigh A. [2] cuimh H. [3] feil A, H. [4] Sinn . . . buddéin, *om.* H.

'Gach nech onóraighes m'féil,
'Ocus féil Brigde b*ud*déin,
'Onóir[1] thall i ttigh nimhe
'Atá aicce d'airidhe.

(262) 'Áit a léghl*ar*, as ceim cert,
'No a sgriobhthar mo bhetha bheacht,
'Rath[2] faseach *ocus* sonas
'Biaidh 'san áit gan amh*arus*.

'Gach rí is gach taois*ech* tren
''Arna rioghadh gan ro-lén,
'Dá leght*ar* mo betha bil,
'A aithriogadh ni héidir.'

Do ráidh an térlamh áointeach
Le Fíonán go forb-fáoiltech,
Go bfuighedh bás 'na bás glan
Aran tres lá go loghm*ar*.

Teid go Cill D*ar*a 'na drubh
*Ar* maidin *ar*namharach
Fíonán go cléir na cille,
D'innisin a aislingi.

Fíonán lobhar m*ar* gréin gloin
Doch*uaid* o bhás go beth*aid*
*Ar*an tres laithe gan lén,
M*ar* do ráidh Maodhócc mór-trén.

(263) Moling, gérbh escop naomhtha
A nionad Maodocc máor*dha*,
Se 'na leabaidh '*ar*[3] luighe
Nir fét súan no sadhaile.

I niomd*aidh* a fhir páirte
Liont*ar* Moling d'esláinte,
No gur guidh Maodhog ga*n* acht,
O Dhia ni fhu*air* furtacht.

Do Moling 'arna guidhe
Doní Maodhócc míorbuile,
Gan cneid, gan galar, gan goimh,
Do bí '*ar* neirghe asa iomdhaigh.

Maodhócc fa derscn*aighth*e dreach,
Ata a aithne ag gach énneach |
f. 215v Gradh do bheith acc Iosa *air*
Re a bhás *ocus* re a bheth*aid*.

---

[1] a onóir A [2] rath . . . amharus *om*. A. [3] 'na H.

Ge ata a chorp i ccriaidh fa chruth,[1]
*Ocus* aingil 'ga folach[2],
Ni duine antí[3] nach tuicc
Ferta Maodhócc go m*ar*ait.

M*ar*aitt.

(264) Tuill*edh* ele do thestaibh 7 do thu*arus*ccbhalaibh Maodhócc d'aithle a bhais ó Giolla Mochoda ó Caisitte:[4]

Uasal an mac, mac Settna,
Terc nech do dligh a éra,
Noch*ar* ér féin duine dil,
'S nír shir ní *ar* nech *ar* talmain.

Ger fial Colaim Cille an flaith,
Gion gur ér riamh olc no maith,
Adeirim go bea*cht* gan moid,
Feile goma sheacht Maodhócc[5].

Nochan faca Maodhocc riamh
Duine gan brat na gan biadh,
As dáil cosmail De, fora corp
Nech nach*ar*[6] mían leis d'furtocht.

Bret[h]a[7] cláona 'na cill fein
Nocha rucc mac Séttna seimh
Leisan nech b*udh* *car*a dó
Taran bfer búdh easccaró.

Noch*ar* mhol a crabadh féin,
Nir chaisc*ed*[8] cain*n*teach a dheirc;
Droch-cráb*adh* da nderna nech,
Nocha clos é 'gá éccnach.

Esp*ar*ta gach trath nóna,
Aifrion*n*, léxa, is canóna;
Salma senais[9], riaghail ócc,
Dob iadsin míana Máodhóg

Gan longadh comhluath re cách
Go héis a saltrach 'sa tráth,
M*ar* do shásadh a corp cai*n*,
Ni líonadh é 'mun am soi*n*.

---

[1] gan carm A; gan char H. [2] uma anmhuin A; anomain H. [3] an duine A, H (*recte*). [4] ut dixit *add.* A. [5] ionann r(e)acht do is do M., A, H. [6] nech nar Br. [7] This stanza is not in A, H. [8] caisc Br.; chaisg- (with mark of abbreviation) A; chás gan H. [9] sena A, H.

(265) Tuill*edh* ele sloinnfe mé
*Ar* mhac Sétna *ocus* Eithne,
Anté 'sa ain*m* lúaiter lind,
Mían leis einech 'na aird-cill.

A ndérna Maodhócc na mion*n*
Do cráb*adh* 's do crois-fighill,
Is *ar* scath a chaoimh-ceall go rath
'Sa lucht ciosa *ocus* cana.

Aird-chealla Maodhócc íattso:
Druim Lethan *ocus* Férna,
O*cus* Ros Inbhir oghdha,
Nemh da gach áon onórfa[1].

Maith érlamh dan scela[2] so
Maodhócc na mbriath*ar* mbúadha, |
f. 215$^b$ Ocus maith saor-fhuil da ffuil,
Maith a aittreabh re háoid*id*.

Derlaict*ech* mac Eithne dún,
Fosaidh a chiall, beacht a rún,
Mochen daon*n*a as cruaidh creidme,
Flaith firén na foighitte.

Maodocc gan mes *ar* mhaoinibh,
Gnúis fíor-alain*n* forbfáoil*idh*,
Taccra claon[3] ni bi 'na bhél,
Saoi chreidm*ech*, n*ar*ach,[4] neimh-thréith.

Da ttuiccdis uaisle Eren*n*
A dheigh-bhretha[5], a dheig-leighean*n*,
Do bhíadh miadh ó shen go hócc
Ar briatraibh millsi Maodhócc.

Na dermadad a shluagh féin
Briathra Maodocc, is a sccel,
A riaghla, a reachta 's a modh,
Briathra dechta[6] rea nderb*adh*.

Riarat clanna Neill gan acht,
*Ocus* caoimh-riogha *Con*nacht,
Iocth*ar*[7] a chios 'arna chur
Risan érlamh naomhdha[8] nuasal.[9]

Uasal.

---

[1] moraighfes Br. [2] scel Br.; sgela A, H. [3] claon A; clan Br. [4] nairidhe A. [5] -bheath A. [6] desa A. [7] iocar A, H. [8] nán A; ? naomh. [9] Here A and H give an additional stanza:

Giolla Modhubda [Moghuda H] m'ainm do fhior [shior H]
Dom chreid*iomh* mol*adh* mor-ghníomh

(266) Senchus Maodhocc meabh*air* lin*n*,[1]
M*ar* adeir sccel an scribhin*n*,
Do chach ré a chur do mheabh*air*,
Go bun gnath a gheinealaigh.

Maodhoce m*a*c Settna *ar* sliocht righ
Dochuir d' Eir*inn* a hessídh ;
Colla Uais ór fhás an naomh,
D' Úais nír chás *ar*a chomhgaol.

Mac Séttna, ni slighe cham,
A gheineal*ach* reidh romham,
M*ei*c Eirc fheramhail fedhm*aigh*,
M*ei*c Feradh*aig* indeall-gloin,

M*ei*c Fiachrach na narm ngaiscc*idh*,
M*ei*c Amalg*aidh* urmaisnigh,
M*ei*c Muiredh*aig*, fa seimh síol,
Don fhréimh fuinedh*aigh* aird-riogh ;

M*ei*c C*ar*rth*ainn* an croidhe feil,
M*ei*c Eirc, m*ei*c Each*ach* airm-géir,
Gan guais orra i ngleic na a ngniomh,
M*ei*c Colla Uais in aird-righ.

Re ceithre mbliadhan, beacht lind,
Do Cholla Uais os Eirin*n*,
'Sa righe i nam a hiomcair
Acc barr íle o Eireannchoibh.

Mac Séttna Maodhócc na mion*n*,
G*ar* é d'oireach*us* Eirion*n*,
Sé féin nír seachnadh m*ar* so
An dechmadh céim ó Cholla.

Do bí sé acc sechna na locht,
Do chaith a aois le hóghacht ; |
Do chenn*aigh* a[2] nert ar nimh, f. 216$^a$
Do ghremaigh[3] cert da chairdibh.

(267) Aodh m*a*c Settna 'san aois óicc
Fuair tiodhlaicthe on Trinoid,
Sé *ar* cach 'na oigh 's 'na eccn*aidh*
Bláth óir *ar*a fhoircettlaibh.

Dobheir cuid dom cheird gan chol
Go mac *Seth*na ard-uasal. Uasal.

---

They then give as heading to the piece which follows: Siodh*raidh* O Cuirnín dorinne an duain si síos [duan ar ndiaigh H] do sloin*neth* sench*us* ⁊ maithesa Maodhóg.

[1] leam A.

[2] ar A.

[3] greann*aigh* A ; -aidh H.

Tiodlacadh aidhbsech eile
Fu*air* an terlamh aingli*dhe*,
Feile n*ar* coiccledh ar chách,
Caidreabh[1] céille *ocus* conach.

Do chaith sé, saidhbir[2] a seal,
Le frestal clí*ar* is coin*n*emh,
A thainte, fa céim caithme,
Doréir fáilte[3] is fiadhaighte.

Con*n*radh lér cosnadh eineach[4]
Doniodh Maodhócc míorbuilech,
Rí*ar* na nuile go humal,
A biadh uile d'altuccadh.

Tucc sé da comh*ar*baibh ceall
Faccbála *ar* nach fuil foircend,
Geall reidhe[5] a ccenn gach cille,
Geall feile *ocus* fairsinge.

(268) Maodhócc, gér mór a ana,
A eineach, 's a almsana,
Betha bocht, ó mbíodh fa bláth,
*Ar* dil[6] rea corp da chonach.

Liach gráin eorna gach lái lais,
Do Maodhócc fa cuid corgais,
Sásadh gan*n* don bh*arr*-dhon*n* bin*n*
Abhlan*n* i nam in aiffrin*n*.

Ocht ccorghais 'sa mbliad*ain* mbuicc,
M*ar* do bhái i mbeth*aid* Pat*r*aicc[7];
Sríán rea corp in gach corg*us*,
Oc riar[8] na nocht niom*ar*b*us*.

Moran trath re timceall cros,
Beccan suain, druim re díom*us*,
Seal amhlaidh agan ulaidh
*Ar* shalmaibh, *ar* slechtanaibh.

Maodócc mór, m*ac* Séttna sáoir,
Becc da re rucc go diomháoin,
Seal do ló re hoideacht[9] scol,
Seal ag proicept don popal.

---

[1] creidemh A. [2] saidhbhrios A, H. [3] aithne A, H. [4] rer cosnamh oinech A, H. [5] rethghe A; retha H. [6] In Br. there is a space left in the text, and '*ar* dib' is written on the margin; ar dhiol A, H. [7] Pháduig A. [8] A space is left in the text, and 'oc riar' written on the margin; ag riar A, H. [9] hoideas H.

(269) Smuainis Maodocc, fa mor ngill,
Dul da oilithre a hErin*n*,
Tríall go Roimh *tar*la ara thoil
Go hadhba Poil is Ped*air*.

Le culáidh[1] Maodhócc t*ar* muir
Docuatt*ar* cethr*ar* cráb*aidh*,
Drem cáoim dochuaid o chiontaibh,
Naoimh gan uaill 'na naigentaibh.

Maodhócc féin, is Ċaillin cáidh,
